# AN PLEAN BAINISTÍOCHTA NÁISIÚNTA MAIDIR LE LIMISTÉIR SPEISIALTA CAOMHANTAIS PORTAIGH ARDAITHE 2017-2022



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

Grianghraf ar an gClúdach – Limistéar SAC Phortach Dhoire an Fhia, Co. Ros Comáin.

Íomhánna le caoinchead Sheirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, RPS, Tina Claffey Photography, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Theresa Kelly, George Smith (Blackthorne Ecology) agus Bord na Móna.

Déantar mapaí agus íomhánna áirithe sa phlean a athfhoilsiú as ábhar de chuid na suirbhéireachta ordanáis le cead an Rialtais (Ceadúnas Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann Uimh. EN 0059216) © Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann Rialtas na hÉireann.

Tabhair ar aird nár cheart íomhánna ná léaráidí atá sa bhfoilseachán seo a atáirgeadh gan cead ón ngrianghrafadóir nó ón údar

Bhí na naisc ar fad atá sa bhfoilseachán seo chuig láithreáin ghréasáin beo agus reatha nuair a chuaigh an foilseachán i gcló i mí Eanáir 2018.

Dearpha ag 2b:creative
info@2b-creative.com

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **RÉAMHRÁ AN AIRE** | | ii |
| **ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN** | | iv |
| CAIBIDIL 1 | An Gá Le Plean Bainistíochta | 1 |
| CAIBIDIL 2 | Stádas Chraobhchóras Phortaigh Ardaithe Na hÉireann | 8 |
| CAIBIDIL 3 | hAidhmeanna Caomhnúcháin Maidir Le Gnáthóga Portaigh Ardaithe a Leagan Síos | 22 |
| CAIBIDIL 4 | Na hAidhmeanna Caomhnúcháin A Bhaint Amach | 30 |
| CAIBIDIL 5 | Freastal Do Riachtanais Na nGeallsealbhóirí | 43 |
| CAIBIDIL 6 | Na Buntáistí agus an Tairbhe atá le Caomhnú an Phortaigh Ardaithe | 61 |
| CAIBIDIL 7 | An Obair Atá Romhainn | 70 |


## AGUISÍNÍ


| | | |
|---|---|---|
| AGUISÍN 1 | Limistéir na bPortach Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta in Éirinn | 81 |
| AGUISÍN 2 | An cur chuige maidir Stáid Eicihidreolaíochta Phortaigh Ardaithe na hÉireann a mheas | 85 |
| AGUISÍN 3 | Forléargas Teicniúil ar Chóras na Limistéar SAC Portaigh Ardaithe | 91 |
| AGUISÍN 4 | Staidéar Cáis maidir le hAirteagal 6(3)– Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin | 199 |
| AGUISÍN 5 | Sampla de Phlean Bainistíochta Draenála maidir le Limistéar SAC Cheathrú na gCapall, Co. na Gaillimhe | 223 |
| AGUISÍN 6 | Achoimre ar Dhréacht de Phlean Athchóiriúcháin Hidreolaíochta maidir le Limistéar SAC Ard an Chuilinn, Co. an Longfoirt | 228 |
| AGUISÍN 7 | An Próiseas Athlonnúcháin idir Portaigh | 235 |
| **GLUAIS** | | 237 |
| **ACRAINMEACHA** | | 241 |
| **TAGAIRTÍ** | | 242 |
| **LIOSTA NA dTÁBLAÍ** | | 245 |
| **LIOSTA NA bPLÁTAÍ** | | 245 |
| **LIOSTA NA LÉARÁIDÍ** | | 246 |

# RÉAMHRÁ AN AIRE

Réimsí talún atá suntasach sainiúil iad portaigh ardaithe na hÉireann. Tá ról tábhachtach leo maidir leis an mbithéagsúlacht, leis an eacnamaíocht, leis an tsláintiúlacht agus leis an oidhreacht nádúrtha agus leis an gcultúr in Éirinn. Áit maireachtála ag an bhfiadhúlra, umar carbóin agus réimsí nádúrtha don chaitheamh aimsire – sin cuid den bhuntáiste a ghabhann le ceann de na héiceachórais is sine agus is buntábhachtaí in Éirinn. Ach breis athchóiriúcháin a dhéanamh, beidh tairbhe as na portaigh ardaithe ag na glúnta atá fós le theacht.

Rinneadh bainistíocht ar phortaigh ardaithe na hÉireann leis na céadta bliain ar mhaithe le húsáid tionsclaíochta, tráchtála, talmhaíochta agus tís de chineálacha éagsúla chun freastal do riachtanais na nglúnta éagsúla. Tugadh faoi deara in Éirinn i rith na 1990idí go raibh acmhainn thábhachtach na bportach ardaithe seo imithe go mór i léig agus rinneadh bearta chun 53 láthair portaigh ardaithe a ainmniú ina Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus limistéir eile a ainmniú ina dhiaidh sin ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha. Láithreacha faoi leith na láithreacha portaigh ardaithe seo ó thaobh réimsí suntasacha de ghnáthóga de chineálacha neamhchoitianta a bheith ar fáil iontu agus gur féidir, ach cúinsí a beith cóiriúil chuige, go mbeadh móin á cruthú iontu agus deis ag an bhfásra agus ag an bhfiadhúlra faoi leith iontu leanúint den bhorradh fáis.

Is é fírinne an scéil faoin tráth seo go bhfuil dochar mór tarlaithe, ar chúiseanna éagsúla, do phortaigh ardaithe na hÉireann le himeacht ama. Cailleadh níos mó ná 37% de na portaigh ardaithe beo (mar a bhíonn cúinsí sa chaoi is go mbíonn móin á cruthú) a thagann faoi chóras na Limistéar SAC le fiche bliain anuas agus ní mór oibriú anois chun an cás sin a chur ina cheart. Fágann sin ceist anróiteach le réiteach again – bainistíocht agus caomhnú a dhéanamh ar na portaigh ardaithe ainmnithe in Éirinn an tráth céanna a bhfreastalaítear don ábhar buartha atá ag lucht bainte móna, lucht úsáide talún agus úinéirí talún taobh istigh de chóras na Limistéar SAC. Meastar isteach is amach le 9% den ghnáthóg portaigh ardaithe a bhíodh ann a bheith oiriúnach maidir le hobair chaomhnúcháin ar láithreacha cosanta agus sin a thagann faoi scáth an phlean náisiúnta seo.

Tugann portaigh na hÉireann smaointe éagsúla chun cuimhne do dhaoine éagsúla. Spreagadh comhar na gcomharsan orthu agus daoine ag obair le chéile i meitheal. Áiteanna iad freisin atá sámh suaimhneach agus léargas faoi leith le fáil iontu ar an iontas a bhaineann leis an dúlra. Mar a leagtar amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta (Bealtaine, 2016), glacann an Rialtas leis go bhfuil ceart seanbhunaithe ag na daoine a bhaineann móin le húsáid ag baile an mhóin sin a bhaint agus gur gá an ceart sin agus na haidhmeanna caomhnúcháin agus a leagtar de dhualgas ar an Stát faoin dlí a thabhairt le chéile. Tugtar aitheantas sa phlean bainistíochta don ról agus do na cearta atá ag geallsealbhóirí i gcaomhnú an éiceachórais shainiúil seo. Tá daoine go leor de lucht úsáide na talún, de na húinéirí talún agus den lucht bainte móna a d'oibrigh leis an Roinn chun cloí leis na dualgais a eascraíonn ó Threoir an AE maidir le Gnáthóga agus glacaim buíochas leo as sin

Leagtar amach den chéad uair sa phlean náisiúnta seo maidir le córas na limistéar SAC portaigh ardaithe an mapa eolais maidir leis an obair bainistíochta, athchóiriúcháin agus caomhnúcháin ar na portaigh ardaithe cosanta go fadtéarmach. Déantar soláthar le forálacha an Phlean, maille leis an Athbhreithniú ar Chóras na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Portaigh Ardaithe agus an Plean Náisiúnta Tailte Portaigh, do chur chuige comhleanúnach maidir le caomhnú na bportach ardaithe ainmnithe in Éirinn. Déanfar cíoradh freisin ar bhearta trína ligfí don chomhbheartaíocht ar limistéir áirithe SAC. Ní réiteach críochnúil atá anseo ós fada an réim atá go fóill faoi na portaigh ardaithe. Is bealach é ina ionad sin chun modhanna úsáide talún atá ag teacht lena chéile seachas ag dul in aghaidh a chéile a thabhairt i gcrích.

Tugadh an deis do gheallsealbhóirí, trí chomhairliúchán poiblí agus ag cruinnithe, tríd an gComhairle Tailte Móna agus an Grúpa Stiúrtha maidir le Staidéar ar Chaomhnú na bPortach Ardaithe, cur le hullmhú an phlean. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a d'oibrigh i gcomhar leis an Roinn agus leis an gComhairle Tailte Móna chun ábhar an phlean a shocrú. Rinne comhaltaí de chuid na Comhairle Tailte Móna, i mbun ionadaíochta ar son an lucht bainte móna, úinéirí talún agus dreamanna timpeallachta, a gcás sin a raibh siad ag feidhmiú thar a gceann a chur chun cinn go tréan agus chuidigh siad le mé a stiúradh i dtreo an chur chuige atá beartaithe. Chuir an Grúpa Comhairle Eolaíochta agus Beartais a bhí ag an gComhairle Tailte Móna comhairle agus treoir rí-thairbheach ar fáil i rith an phróisis. Bhí an Coimisinéir Vella agus oifigigh dá chuid sa Choimisiún Eorpach ina bpáirtnéirí fiúntacha freisin ag dul i ngleic leis an ábhar anróiteach seo.

Is eol dom go bhfuil portaigh ardaithe taobh istigh agus taobh amuigh de chóras na limistéar SAC portaigh ardaithe a bhfuil cúram agus freagracht á léiriú ina leith ag comhlachtaí Stáit de leithéid Bhord na Móna agus Choillte maidir le cion tairbhe a dhéanamh i ndáil le dícheall caomhnúcháin an Stáit leis an mbainistíocht a dhéanann siad ar na tailte atá faoina n-úinéireacht ar iontaobhas ar son mhuintir na hÉireann. Tá tréandícheall á dhéanamh chomh maith ag eagraíochtaí timpeallachta neamhrialtais agus ag grúpaí pobail maidir leis na gnáthóga sainiúla tailte bogaigh seo a chosaint agus a chur ar ais mar a bhíodh. Tá súil agam go bhfuil athrú i ndán do phortaigh ardaithe ainmnithe na hÉireann óna bhfeiceáil mar acmhainn tráchtála go mbíonn siad ina n-áiteanna lena mbaineann sciamhfhiántas nádúrtha, bithéagsúlacht agus deis ag daoine a theacht le chéile ar chúiseanna nua. Beidh deiseanna á gcur ar fáil leis an bplean seo dóibh siúd a bhfuil geall acu i gcóras na bportach ardaithe teacht chun tosaigh agus páirt a ghlacadh ina gcaomhnú ionas gur féidir leis na glúnta atá le teacht cuairt a thabhairt orthu agus taitneamh a bhaint astu.

Is é an Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe an creat oibre de bhearta na mblianta seo romhainn agus sinn ag leanúint den timpeallacht a chosaint, de dhualgais na tíre maidir leis an AE a chomhlíonadh, agus d'oibriú i gcomhar leis na húinéirí talún agus leis an lucht bainte móna a bhféadann dualgais den chineál sin cur isteach suntasach a bheith acu ar an saol acu.



**Heather Humphreys T.D.**

**An tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

## An Chuspóir atá leis an bPlean

Is é seo an chéad phlean bainistíochta náisiúnta maidir le córas Limistéir Phortaigh Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) na hÉireann. Tá an plean seo, mar aon leis an Straitéis Náisiúnta Tailte Portaigh (NPWS, 2015) agus an tAthbhreithniú ar Chóras na Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Portaigh Ardaithe (NPWS, 2014), ina chuid de chur chuige comhtháite an Rialtais maidir leis an mbainistíocht ar thailte portaigh na hÉireann. Dírítear sa phlean freisin ar ábhar buartha atá curtha in iúl ag an gCoimisiún Eorpach maidir le lagú ar stádas caomhantais an phortaigh ardaithe i gcóras na limistéar cosanta.

Rinneadh an plean a ullmhú de bhun mholadh ón bhFóram Tailte Portaigh, a tionóladh sa bhliain 2012, agus rún de chuid Dháil Éireann. Tá acmhainní suntasacha curtha ar fáil ón mbliain 2012 anall chun bainistíocht a dhéanamh i ndáil leis na ceisteanna a bhaineann le móin a bhaint ar láithreacha ainmnithe. Chuidigh an Chomhairle Tailte Móna a chur ar bun, agus cúiteamh cuimsitheach airgid agus scéim athlonnúcháin a thabhairt isteach don lucht bainte móna, go mór leis an iarracht réiteach a fháil ar an gceist seo.

Is é atá de chuspóir leis an bPlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe 2017–2022, mar a leagtar amach i gCaibidil 1, go mbeadh soiléire ag na páirtithe uile faoin gcaoi a ndéanfar craobhchóras limistéir SAC portaigh ardaithe na hÉireann a bhainistiú, a chaomhnú agus a chur ar ais i gcaoi mhaith san am atá romhainn. Is i gcomhar leis na húinéirí talún, leis an lucht bainte móna agus le pobal an cheantair a dhéanfar sin ar bhealach a bheidh ag teacht lena bhfuil de dhualgas agus de sprioc leagtha síos faoin dlí, mar shampla faoi Threoir an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le Gnáthóga (an Treoir maidir le Gnáthóga, Flóra agus Fiadhúlra a Chaomhnú 92/43/EEC). Leagtar spriocanna náisiúnta athchóiriúcháin amach sa phlean maidir le gnáthóga portaigh ardaithe nach mór athchóiriú ar chóras náisiúnta na limistéar SAC portaigh ardaithe agus na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) chun iad a shásamh.

Leagtar amach sa phlean chomh maith an chaoi a ndíreofar ar an ábhar buartha atá ag lucht úsáide na bportach ardaithe in Éirinn. Áirítear leis sin scéim a chur ar fáil maidir le cúiteamh airgid agus athlonnú don lucht bainte móna agus, i roinnt bheag cásanna, nuair nach féidir a mhalairt de sheift a oibriú, fiosrú a dhéanamh an bhféadfaí leanúint de mhóin a bhaint taobh istigh de láithreacha SAC gan a n-éilítear faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga a shárú. Leagtar amach sa phlean na buntáistí iomadúla atá le córas limistéir SAC ainmnithe na bportach ardaithe agus déantar cíoradh ar an bpáirt a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal áitiúil sa bhainistíocht agus sa chaomhnú ar phortach ardaithe.

Tá cúig cinn de phríomhchuspóirí leis an bplean a bhfuil clár de bhearta caomhnúcháin á chur de bhonn treise fúthu chomh maith le haidhmeanna náisiúnta caomhnúcháin a leagtar síos maidir le gnáthóga portaigh ardaithe. Seo a leanas na príomhchuspóirí:

1. Tuiscint a ghnóthú ar an stádas caomhantais agus cuntas a thabhairt ar na tréithe éiceolaíochta agus hidreolaíochta maidir le portaigh ardaithe na hÉireann;
2. Craobhchóras náisiúnta de phortaigh ardaithe ainmnithe a chur ar bun i bheidh inmharthana san am atá le theacht;
3. Modhanna oibre a fhorbairt maidir le gnáthóga cosanta taobh istigh de chóras na bportach ardaithe ainmnithe a athchóiriú agus a athshlánú;
4. Bainistíocht a dhéanamh ar phortaigh ardaithe cosanta ar bhealach a thagann leis an úsáid a bhaintear astu agus leis an ábhar buartha atá ag na geallsealbhóirí an tráth céanna a gcoinnítear an bhithéagsúlacht agus an fheidhm nádúrtha atá leo ar bun; agus
5. Tuiscint ar an mbuntáiste agus ar an tairbhe atá le portaigh ardaithe chothú agus páirt an phobail sa chúram a spreagadh ionas go mbíonn lón eolais ar fáil do chinntí a dhéanfar san am atá le theacht.

Tagann an plean seo faoi anáil na bprionsabal a leagtar síos i bpolasaithe náisiúnta a bhaineann le hábhar, go háirithe an Plean Náisiúnta Tailte Portaigh (NPWS,2015) agus an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017–2021 (NPWS, 2017), chomh maith le coinbhinsiúin idirnáisiúnta, mar shampla an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Coinbhinsiún Ramsar agus an dliteanas maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe a chaomhnú do na glúnta atá le theacht.

Is iad na príomhthorthaí ar an bplean seo:

- Clár cuimsitheach de bhearta caomhnúcháin maidir le córas na bportach ardaithe ainmnithe a chur ar bun;
- Bearta leitheadacha athchóiriúcháin agus athshlánúcháin a dhéanamh taobh istigh de chóras na bportach ardaithe ainmnithe d'fhonn an meath ar ghnáthóga cosanta a chur ina cheart;
- Dhá limistéar nua SAC a ainmniú chun an caillteanas buan maidir le portach ardaithe beo (an tsraith uachtair den phortach atá beo agus ag fás) a thabhairt isteach;
- Aitheantas do chearta seanbhunaithe lucht bainte na móna;

- Scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna a bhainfeadh le háiseanna taitneamhachta caitheamh aimsire taobh istigh de chraobhchóras limistéir SAC na bportach ardaithe;
- Oibriú le comhlachtaí eile chun bearta faoin bPlean Náisiúnta Tailte Portaigh a thabhairt i gcrích;
- Príomhbhearta faoin Athbhreithniú ar Chóras na Limistéir Oidhreachta Náisiúnta Portaigh Ardaithe (2014) a chur i bhfeidhm;
- Oideachas a chur chun cinn chomh maith le tuiscint ar an bhfiúntas atá le seirbhísí éiceachórais (réimse na mbuntáistí a thagann chun cinn agus a eascraíonn as córas nádúrtha) agus le bithéagsúlacht taobh istigh den chóras;
- Leanúint de sheifteanna a aimsiú chun freastal do riachtanais ghealsealbhóirí gan cur isteach ar shláine chóras SAC na limistéar portaigh ardaithe;
- Bonn a chur faoi pháirt an phobail sa phróiseas maidir le cinntí a dhéanamh; agus
- Tabhairt faoi dheiseanna taighde maidir le feabhas a chur ar na modhanna bainistíochta agus athchóiriúcháin i ndáil le córas na bportach ardaithe ainmnithe san am atá le teacht.

Beidh comhthuiscint idir cuid mhór daoine agus eagraíochtaí éagsúla, ar a n-áirítear úinéirí agus lucht úsáide na talún, lucht bainte móna, lucht eolaíochta agus dreamanna timpeallachta, agus an Rialtas, de dhíth i ndáil leis an mbealach a chuirtear chun cinn sa phlean seo chun bainistíocht inmharthana a dhéanamh ar chóras na bportach ardaithe ainmnithe. Beidh cistíocht, acmhainní, cúnamh agus am de dhíth chun a bhfuil sa phlean a thabhairt i gcrích. Tabharfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoin gceapadh beartais is gá chun an plean a chur i bhfeidhm agus faoi cheannródaíocht a dhéanamh maidir leis an obair i gcomhar leis na comhlachtaí eile Stáit a bhaineann le hábhar agus le cabhair ó na geallsealbhóirí.

## Stádas Phortaigh Ardaithe na hÉireann

Tá tailte móna á gcruthú in Éirinn ón Oighearaois dheireanach anall agus iad ar chuid de na héiceachórais (córais nádúrtha) is fadmharthanaí sa tír chomh maith le hiarsmaí seanfhoraoiseanna atá gan gearradh ón gcianaois. Tá tailte portaigh in Éirinn ar chuid de na réimsí fiántais is mó agus is fairsinge, iad leath bealaigh idir talamh agus uisce sa chaoi is go bhfuil gnáthóga neamhchoitianta ar fáil iontu lena mbaineann fásra agus fiadhúlra sainiúil. Bhí cuid mhór den tír faoi thailte portaigh tráth amháin, idir phortach ardaithe, bhratphortach nó eanach agus tá sainiúlacht ag baint leo sa taobh tíre i bpáirteanna éagsúla den tír.

Ó thaobh cúrsaí timpeallachta agus éagsúlacht bitheolaíochta, tá tábhacht le portaigh ardaithe na hÉireann, ní hamháin go náisiúnta ach ar leibhéal na hEorpa agus ar leibhéal an domhain freisin. Tá 53 limistéar SAC portaigh ardaithe agus 75 limistéar NHA portaigh ardaithe i gcóras na réimsí portaigh ardaithe ainmnithe faoi láthair a bhfuil achar 17,995 ha faoi. Meastar gur gá limistéir SAC a chosaint faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga mar gheall ar ghnáthóga agus speicis a bheith ar fáil iontu atá neamhchoitianta agus faoi bhagairt i gcomhthéacs na hEorpa. Tagraítear do limistéir SAC mar láithreacha Natura 2000 nó mar láithreacha Eorpacha freisin i gcúrsaí reachtaíochta. Córas láithreacha ar fud an Chomhphobail Eorpaigh atá in Natura 2000 a roghnaíodh ar mhaithe le gnáthóga nádúrtha agus speicis plandaí agus ainmhithe a chaomhnú atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó i mbaol. Limistéir SAC (mar aon le Limistéir Speisialta Cosanta (SPA) atá i gcóras Natura 2000. Limistéir a ainmnítear faoi na hAchtanna Fiadhúlra atá sna Limistéir NHA agus meastar tábhacht leo sin mar gheall ar na gnáthóga atá iontu nó ar na speicis plandaí agus ainmhithe ar gá a gcuid gnáthóg a chosaint.

Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach sa bhliain 2014 ar an bhfiúntas caomhnúcháin maidir leis na limistéir NHA portaigh ardaithe agus le portaigh ardaithe neamhainmnithe. Thángthas ar an gcomhairle tar éis an athbhreithnithe gur éifeachtúla a bhainfeadh Éire caomhnú ghnáthóg portaigh ardaithe a bhí faoi bhagairt amach le cosaint agus athchóiriú a thabhairt ar chóras atheagraithe. Tá beartaithe dá réir sin 46 limistéar NHA portaigh ardaithe (réimsí i seacht gcinn de limistéir NHA san áireamh) a dhí-ainmniú. D'fhonn cailliúint gnáthóige taobh istigh de láithreacha a meastar gur féidir leanúint ag baint mhóna orthu a thabhairt isteach, tá beartaithe 25 portach ardaithe neamhainmnithe, atá faoi úinéireacht phoiblí den chuid is mó, nó a bhfuil maolú ar an mbrú maidir le móin a bhaint orthu, a ainmniú mar limistéir NHA.

Leagtar amach sa phlean seo an staid ina bhfuil na portaigh ardaithe faoi láthair atá beartaithe a ainmniú i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gnáthóga agus a ainmniú faoi na hAchtanna Fiadhúlra, agus mínítear an chúis gur gá iad a chaomhnú agus bainistíocht chuí a dhéanamh ina leith. Tugtar cuntas i gCaibidil 2 ar an staid ina bhfuil córas phortaigh ardaithe na hÉireann.

## An Acmhainn Náisiúnta maidir le Portach Ardaithe

Deirtear go mbíodh achar 310,000 ha faoi phortach ardaithe sa Stát ar dtús (Hammond, 1981) agus meastar **go bhfuil tuairim is 9% den tseanacmhainn portaigh ardaithe (portach ard atá i gcaoi slán go maith maille leis an bportach réitithe ina thimpeall)** oiriúnach le hathchóiriú a dhéanamh air faoi láthair.

Tá le tuiscint ón Tuarascáil is deireanaí ar Mheasúnacht maidir le Stádas Caomhnúcháin (Fernandez *et al*., 2014) nach bhfuil níos mó ná 50,000 ha de phortach ard

"neamhbhearnaithe" fágtha sa tír as an achar sin a mheas Hammond a bheith ar fáil ar dtús. Tá achar measta 17,995 ha de phortach ard agus ar a laghad 9,100 ha de phortach réitithe taobh istigh den chóras ainmnithe (limistéir SAC agus NHA) portaigh ardaithe agus nach féidir níos mó ná 1,639 ha de sin a rangú mar phortach ardaithe beo. Tá réimsí de phortaigh réitithe chomh maith sna limistéir SAC agus NHA araon, a bheadh san áireamh leis an 310,000 ha de phortach ardaithe sin a luann Hammond. Fágann sin go bhfuil ar a laghad 27,100 ha de phortach ard agus de phortach réitithe sna láithreacha cosanta.

Rinneadh draenáil nó dúshaothrú ar bhealaí éagsúla ar fhuílleach na hacmhainne náisiúnta de phortach ardaithe, mar shampla, sábháil mhóna ar bhonn tionsclaíochta. Tá cuid mhór de thailte portaigh na hÉireann faoi úinéireacht phríobháideach cé go bhfuil réimsí suntasacha freisin faoi úinéireacht an Stáit nó faoi úinéireacht chomhlachtaí de leithéid Choillte agus Bhord na Móna ar comhlachtaí iad atá faoi úinéireacht an Stáit.

## Rinneadh stádas caomhnúcháin náisiúnta na gnáthóige portaigh ardaithe beo, gnáthóg príomhthábhachta (Iarscríbhinn 1) faoin Treoir maidir le Gnáthóga, a mheas a bheith 'Mífhabhrach Go Dona- Ag Meath' i dtuarascáil na hÉireann a thugtar gach sé bliana faoi airteagal 17 don Choimisiún Eorpach, an ráta is measa is féidir.

Meastar (Fernandez *et al.*, 2014) gur tharla meath 25–36.7% maidir le hachar na réimsí portaigh ardaithe a bhí beo ar 48 portach ardaithe in Éirinn a ndearnadh a meas i rith an tréimhse tuairisce idir 1994/95 agus 2004/05. Tharla meath breise, meath measta 1.61%, ar an achar portaigh ardaithe beo i rith an tréimhse tuairisce idir 2004/05 agus 2011/13 taobh istigh den 44 portach ardaithe a ndearnadh measúnacht ina leith.

## Achar na Réimsí Portaigh Ardaithe

B'ionann **achar na réimsí portaigh ardaithe** beo taobh istigh de 53 Limistéar SAC na hÉireann sa bhliain 1994 (an bhliain ar tháinig an Treoir maidir le Gnáthóga i bhfeidhm) agus 1,940 ha de réir meastacháin a rinneadh le suirbhéireacht éiceolaíochta. Bhí sin laghdaithe go dtí 1,210 ha faoin mbliain 2012/13, ísliú 730 ha. Is ionann sin agus cailliúint timpeall is 37% den ghnáthóg portaigh ardaithe beo i limistéir SAC idir an bhliain 1994 agus an bhliain 2012/13. Meastar, chomh maith leis sin, gurbh ionann achar na réimsí portaigh ardaithe beo taobh istigh den chóras tosaigh 75 limistéar NHA sa bhliain 1994 agus 490 ha agus gur tharla laghdú go dtí 284 ha faoin mbliain 2012/13, ísliú 206 ha. Is ionann sin agus ísliú timpeall is 42% den ghnáthóg portaigh ardaithe beo i limistéir NHA le himeacht an ama sin.

Anuas air sin, meastar gurbh ionann achar na réimsí portaigh ardaithe beo taobh istigh de phortaigh neamhainmnithe a bhféadfadh fiúntas a bheith lena n-athchóiriú agus 200 ha sa bhliain 1994, agus gur ísligh sin go dtí 145 ha faoin mbliain 2012/13, ísliú 55 ha.

Is ionann achar na réimsí **portaigh ardaithe díghrádaithe** (DRB) (portach ardaithe is féidir a athchóiriú go mbíonn ina phortach ardaithe beo) (gnáthóg eile de chineál Iarscríbhinn 1 faoin Treoir maidir le Gnáthóga) taobh istigh de chóras limistéir SAC portaigh ardaithe na hÉireann agus 1,114 ha a raibh 440 ha de sa chóras limistéir NHA tosaigh. Meastar go raibh 650 ha de phortach DRB taobh istigh den 53 limistéar SAC portaigh ardaithe agus 520 ha taobh istigh de chóras an 75 limistéar NHA tosaigh sa bhliain 1994.

Tharla cailliúint tuairim is 2% d'achar an phortaigh ard i limistéir SAC portaigh ardaithe idir an bhliain 1994 agus 2012/13, ísliú ó 10,740 ha sa bhliain 1994 go dtí 10,515 ha sa bhliain 2012/13. Tharla cailliúint tuairim is 4% d'achar ghnáthóg portaigh ardaithe na limistéar NHA le linn na tréimhse céanna sin.

**Tábla E1: Achoimre maidir le Limistéir Phortaigh Ardaithe in Éirinn**

| Gnáthóg Portaigh | Acmhainn | 1994[1] (ha) | 2012/13[2] (ha) | Athrú (ha) |
|---|---|---|---|---|
| Portach Ardaithe Beo | Sa chóras SAC reatha | 1,940 | 1,210 | -730 |
| | Sa chóras NHA reatha | 490 | 284 | -206 |
| | Láithreacha gan ainmniúchán | 200 | 145 | -55 |
| | **An Córas Náisiúnta** | **2,630** | **1,639** | **-991** |
| Portach Ardaithe Díghrádaithe | Sa chóras SAC reatha | 650 | 1,114 | +464 |
| | Sa chóras NHA reatha | 520 | 440 | -80 |
| | Láithreacha gan ainmniúchán | 625 | 570 | -55 |
| | **An Córas Náisiúnta** | **1,795** | **2,124** | **+329** |
| Portach Ard | Sa chóras SAC reatha | 10,740 | 10,515 | -225 |
| | Sa chóras NHA reatha | 7,790 | 7,480 | -310 |

Mar is léir ó Thábla E1 tá laghdú tríd is tríd ar na limistéir phortaigh ardaithe bheo agus phortaigh arda laistigh de chraobhchóras phortaigh ardaithe na hÉireann agus an caillteanas is mó i limistéir a bhfuil portach ardaithe beo i gcomórtas le caillteanas phortaigh arda.

Ionas go mairfeadh portach ardaithe beo, ní mór go mbeadh an meánleibhéal uisce gar do dhroim na talún nó os a chionn an chuid is mó den bhliain an phortaigh. Eascraíonn an bhagairt is mó do chaomhnú phortaigh ardaithe na hÉireann ó bheartaíocht a fhágann go ndéantar uisce a dhraenáil agus an portach a thriomú. Áirítear le bagairt de na cineálacha sin draenáil, sábháil nó baint mhóna, crainn a chur maidir le foraoiseacht ar bhonn tionsclaíochta, dó agus bearta eile ar nós uisce a tharraingt chun bealaigh a d'fhéadfadh an leibhéal réigiúnda screamhuisce a ísliú.

Leagtar amach go mion i gCaibidil 2 an tionchar a fhéadann a bheith ag draenáil agus ag gníomhartha eile ar réimeas hidreolaíochta an phortaigh ardaithe agus go bhféadann dá réir sin díghrádú ar éiceachóras an phortaigh ardaithe eascairt as sin.

## Aidhmeanna Caomhnúcháin maidir le Gnáthóga Portaigh Ardaithe a Leagan Síos

Ar cheann de na príomhchuspóirí atá le Treoir an AE maidir le Gnáthóga, tá a chinntiú go mbaintear "stádas caomhantais fabhrach" amach maidir leis na gnáthóga agus na speicis a liostaítear sna hIarscríbhinní. Is é a chiallaíonn sin go bhfuil na gnáthóga agus na speicis sin á gcoinneáil i gcaoi shásúil agus gur dócha go leanfaidh an cás amhlaidh chomh fada agus is féidir sin a thuar.

Tá ísliú tagtha ar stádas caomhnúcháin na ngnáthóg portaigh in Éirinn a liostaítear sa Treoir maidir le Gnáthóga agus tá an meath ag leanúint ar aghaidh. Ní mór aidhmeanna caomhnúcháin ar scálaí éagsúla a leagan síos mar chéim tosaigh sa phleanáil maidir le portach ardaithe beo a athbhunú. Sonraítear i gCaibidil 3 na haidhmeanna caomhnúcháin is gá chun córas náisiúnta portaigh ardaithe atá iomlán ó thaobh na héiceolaíochta de a thabhairt i gcrích. Féachtar, trí na haidhmeanna caomhnúcháin a leagtar síor ar bhonn eolaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal gach ceann faoi leith de na láithreacha, le hachar agus le hionad na gnáthóige agus na cúinsí éagsúla is gá chun córas na bportach ardaithe a chothabháil nó a chur ar ais i staid fabhrach caomhantais a leagan amach go sonrach. **Is é atá d'aidhm náisiúnta caomhnúcháin maidir le hachar an phortaigh ardaithe beo i gcóras náisiúnta na bportach ardaithe: achar ag fairsingiú agus gan é a bheith níos lú ná 3,600 ha.**

1. An bhliain faoina raibh ar Bhallstáit an AE cloí le forálacha na Treorach maidir le Gnáthóga
2. An tréimhse lena mbaineann an mhonatóireacht is deireanaí agus an mheasúnacht samhaltúcháin is deireanaí

Tá na haidhmeanna caomhnúcháin a bhaineann le láthair áirithe go sonrach, trína sonraítear go sainiúil na cúinsí fabhracha caomhnúcháin maidir le gnáthóg faoi leith nó speiceas faoi leith ar leibhéal na láithreach, leagtha síos anois maidir leis na limistéir SAC portaigh ardaithe. Tá eolas breise ar fáil sna cáipéisí maidir le limistéir SAC ábhartha a fhoilsítear ar http://www.npws.ie/protected-sites.

## Anailís Eolaíochta agus Bearta Caomhnúcháin

Gheall an Stát sa bhliain 2012 tabhairt faoin anailís eolaíochta is gá chun bonn treise a chur faoin bPlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe. Tá saineolaithe ar an meitheal anailíse sna brainsí sin den eolaíocht a bhfuil tábhacht leo chun lón eolais a chur ar fáil do cheapadh an bheartais maidir leis an obair caomhnúcháin agus athchóiriúcháin agus leis an mbainistíocht hidreolaíochta ar na portaigh seo. Mar chuid den anailís eolaíochta sin, rinneadh athbhreithniú ar stáid reatha agus ar an deis athchóiriúcháin maidir le cuid mhór de na portaigh ardaithe, an chuid atá ainmnithe i limistéir SAC agus i limistéir NHA san áireamh chomh maith leis an iliomad portach neamhainmnithe a mbeadh leas as athchóiriú a thabhairt orthu. Rinneadh córas de limistéir SAC agus NHA portaigh ardaithe a shonrú mar gheall ar an bpróiseas seo trínar féidir na haidhmeanna náisiúnta caomhnúcháin a shásamh agus achar na réimsí de ghnáthóg portaigh ardaithe beo sa tír a mhéadú níos mó ná a dhá oiread faoin tráth a mbíonn an obair athchóiriúcháin curtha i gcrích.

## Spriocanna maidir le Córas na Limistéar SAC portaigh ardaithe

Tá geallta ag Éirinn faoin Treoir maidir le Gnáthóga córas de phortaigh ardaithe atá slán sábháilte ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta agus inmharthanachta maidir leis an am atá romhainn, a bheith ar fáil. Áirítear leis sin na limistéir SAC portaigh ardaithe, ina bhfuil na samplaí is fearr atá ar fáil faoin tráth seo den chineál seo gnáthóige. Baineann leis an ngealltanas sin athchóiriú a dhéanamh ar na réimsí sin de phortach ardaithe beo taobh istigh de chóras na limistéar SAC a cailleadh ón tráth ar tháinig an Treoir maidir le Gnáthóga i bhfeidhm sa bhliain 1994 agus réimsí eile a chur ina n-ionad.

Tharla cailliúint mhór (circa 1,000 ha) ar fud na tíre den ghnáthóg portaigh ardaithe a raibh achar timpeall is 2,630 ha de ar fáil sa bhliain 1994 agus 1,639 ha sa bhliain 2012 (féach Tábla E1). Mar a luaitear thuas, tá sprioc náisiúnta de 3,600 ha leagtha síos maidir le gnáthóg portaigh ardaithe beo i gcóras náisiúnta na bportach ardaithe. Déantar sin a ríomh trí achar na réimsí den ghnáthóg portaigh ardaithe a bhí beo nó díghrádaithe an tráth ar tháinig an Treoir maidir le Gnáthóga i bhfeidhm sa bhliain 1994 i gcórais reatha na limistéar SAC agus na limistéar NHA a áireamh.

Tá achar iomlán isteach is amach le 1,500 ha de ghnáthóg portaigh ardaithe beo sna limistéir SAC agus i gcóras nua beartaithe na limistéar NHA, chomh maith le 1,616 ha de ghnáthóg portaigh ardaithe díghrádaithe ar féidir a cur ar ais ina portach ardaithe beo leis na bearta a leagtar amach sa phlean seo. Anuas air sin, cuirfear 183 ha de ghnáthóg portaigh ardaithe beo nó díghrádaithe ar fáil trí dhá limistéar SAC breise a ainmniú mar ghnáthóg cúitimh taobh istigh de chóras na limistéar SAC. Fágtar easnamh, ina dhiaidh sin agus uile, maidir leis an sprioc náisiúnta a shásamh. Ní mór dá bhrí sin, ionas gur féidir an aidhm náisiúnta caomhnúcháin maidir le portach ardaithe beo a shásamh portach ardaithe beo a athbhunú ar réimsí den phortach ard chomh maith leis na cúinsí ina dtarlaíonn cruthú móna a chur ar bun i réimsí den phortach réitithe.

Is léir ó Thábla E2 gur féidir go fadtéarmach, ach an obair athchóiriúcháin a dhéanamh go gearrthéarmach agus go meántéarmach, achar iomlán 3,747 ha de phortach ardaithe beo a bhaint amach taobh istigh de chóras na bportach ardaithe ainmnithe. Sháródh an figiúr sin an sprioc

**Tábla E2: Achoimre maidir le hachar na réimsí beo agus na réimsí díghrádaithe de phortaigh ardaithe taobh istigh de chraobhchóras na limistéar ainmnithe portaigh ardaithe**

| Gnáthóg Portaigh | Craobhchóras na Limistéar SAC (dhá limistéar nua SAC san áireamh) (ha) | Craobhchóras nua na Limistéar NHA (ha) | Iomlán (ha) |
|---|---|---|---|
| Portach Ardaithe Beo | 1,244 | 290 | 1,534 |
| Portach Ardaithe Díghrádaithe | 1,263 | 502 | 1,765 |
| Gnáthóga ina bhféadfadh móin a bheith á cruthú | 298 | 150* | 448* |
| Iomlán | **2,805** | **942** | **3,747** |

**Meastachán bunaithe ar an gcéatadán den phortach réitithe i gcóras na limistéar SAC a meastar gur féidir gnáthóg ina gcruthaítear móin a dhéanamh as*

náisiúnta d'achar 3,600 ha de phortach ardaithe. Ní thugtar san áireamh leis sin, áfach, aon chailliúint leanúnach mar gheall ar bhearta díobhálacha.

## Athchóiriú

Leagtar amach i gCaibidil 4 go ndearnadh, anall go dtí an bhliain 2011, obair athchóiriúcháin ar 47 láthair portaigh ardaithe ina raibh achar 2,500 ha talún. Beidh na haidhmeanna caomhnúcháin sonracha maidir le láthair faoi leith a leagtar amach anois i ndáil leis na limistéir SAC portaigh ardaithe ina mbunús leis an bpleanáil ar obair athchóiriúcháin ar gach láthair faoi seach. Tá spriocanna ag gabháil leo sin ar féidir an toradh ar an bplean athchóiriúcháin a mheas i gcomórtas leo.

Tá dréachtphleananna maidir le láithreacha sonracha curtha i dtoll a chéile agus déanfar iad sin a chur i bhfeidhm de réir a chéile i ndáil le gach limistéar SAC portaigh ardaithe. Leagtar amach go soiléir i ngach plean na bearta is gá a dhéanamh chun na spriocanna atá ag gabháil leis na haidhmeanna caomhnúcháin sonracha maidir leis an láthair a bhaint amach agus tairbhe a dhéanamh dá réir maidir leis na spriocanna náisiúnta. Is pleananna fadtéarmacha iad na pleananna seo a bhaineann leis an mbainistíocht ar na láithreacha go ginearálta. Tá trí phríomhghné le gach plean:

- Mionsonraí faoi na bearta athchóiriúcháin fisiciúla a mholtar a dhéanamh;
- Moltaí maidir leis an mbainistíocht ar chúrsaí draenála atá le tabhairt isteach mar dhlúthchuid den phlean athchóiriúcháin;
- Eolas faoin mbealach ina dtabharfar an tairbhe is mó is féidir don phobal i gcrích leis an bplean athchóiriúcháin.

Déanfar forbairt bhreise ar na pleananna i gcomhar le pobal na háite, úinéirí talún, lucht úsáide na talún agus daoine a bhfuil móin cheart acu san áireamh, ionas go gcinntítear an aird chuí ar aon ábhar buartha dá gcuid, agus, sa chás gur gá sin, déanfar na pleananna a leasú sula dtarlaíonn an obair athchóiriúcháin.

Tá Tionscadal LIFE maidir le hAthchóiriú Phortach Ardaithe na hÉireann 'An Portach Beo' (LIFE14/NAT/IE/000032) a cuireadh ar bun i rith na bliana 2016 agus maoiniú á dhéanamh air faoi Chlár LIFE 2014–2020 an AE, ar an tionscadal Stáit is mó riamh maidir le hathchóiriú talamh portaigh. Beidh an tionscadal seo dírithe ar phortach ardaithe beo a athchóiriú ar 12 láthair SAC agus ar an gcéad tionscadal lena mbainfear leas as na dréachtphleananna athchóiriúcháin mar bhunábhar comhairliúcháin. Tá sampla de dhréachtphlean, maidir le Limistéar SAC Phortach Ard an Chuilinn i gCo. an Longfoirt, ar fáil in Aguisín 6. Cuirfear fuílleach na ndréachtphleananna limistéir SAC portaigh ardaithe ar fáil le linn na bpróiseas comhairliúcháin eile atá beartaithe. Tá scéim á hullmhú maidir le cúiteamh dóibh siúd a gcuirfeadh an obair athchóiriúcháin isteach orthu agus cuirfidh an Stát an scéim sin i bhfeidhm de réir a chéile in am tráth.

Beidh próiseas eolaíochta den sórt céanna á chur ar siúl maidir le limistéir NHA portaigh ardaithe d'fhonn spriocanna maidir le gach láthair faoi leith a leagan amach go sonrach agus pleananna athchóiriúcháin a ullmhú ionas gur féidir na spriocanna sin a bhaint amach.

Go ginearálta, sa chaoi is go mbainfear amach na spriocanna atá leis an bpróiseas athchóiriúcháin, beidh gá le gníomhartha ionas go seachnaítear níos mó den ghnáthóg a chailliúint. Ar na gníomhartha sin, beidh bearta seachanta (rialáil ar chineálacha áirithe beartaíochta, e.g. dó, draenáil, sábháil mhóna) agus bearta gníomhacha lena n-áirítear draenacha a bhlocáil ar an bportach ard, crainn foraoiseachta a bhaint, bundaí imeallacha, agus tochailt/athphróifíliú ar phortach ard agus ar phortach réitithe. Tugtar míniú níos iomláine ar na bearta sin i gCaibidil 4. Tá d'aidhm le gníomhartha idirghabhála den sórt seo go n-ardófaí leibhéal an mhaoschláir sa mhóin ionas go mbíonn cúrsaí hidreolaíochta sa chaoi atá cóiriúil maidir le cruthú móna. Is iondúil gurb é a bheadh i gceist leis sin an maoschlár a ardú go dtí droim na talún nó beagán beag os a chionn. Níl d'aidhm leis locháin dhoimhne (>50cm) a chruthú ó cuireann sin bac ar fhás Sphagnum (speiceas den chaonach móna), an speiceas is fearr maidir le hathfhorás móna. Ar an bportach ard agus ar réimsí portaigh réitithe is mó a dhírítear bearta athchóiriúcháin. Ní bheidh bearta den cineál seo á ndíriú ar limistéir ina bhfuil talamh feirmeoireachta ach amháin i gcás eisceachta nuair a bheadh riachtanas iomlán leis. Ní chuirfear bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm ach amháin nuair a aontaíonn úinéirí na talún lena dhéanamh.

Déanfar cáipéis treorach ina leagtar amach sárchleachtas na linne seo maidir le portach ardaithe na hÉireann a athchóiriú a fhoilsiú i gcomhar leis an bplean seo.

## Bearta Athchóiriúcháin agus Ábhar Buartha maidir le Tuilte

Is ábhar buartha ag roinnt geallsealbhóirí imní an bhféadfadh bearta athchóiriúcháin ar phortaigh ardaithe a bheith ina gcúis le tuilte breise sa cheantar máguaird.

I gcuid mhaith cásanna is é a mhalairt de thoradh a bhíonn ar obair athchóiriúcháin ó cuirtear cúinsí hidreolaíochta ar ais ar an nádúr sa chaoi is go mbíonn maolú ar an sruth sa chaoi is gur moille a thagann sé chomh fada leis na cúrsaí uisce máguaird ná mar a thiocfadh nuair a bhíonn draenacha ar fáil. Beidh plean bainistíochta comhtháite maidir le draenáil, arna ullmhú i gcomhar le geallsealbhóirí áitiúla, ina chuid den phlean athchóiriúcháin sonrach maidir leis an láthair i gcás gach ceann de na limistéir SAC portaigh ardaithe. Cinnteofar leis sin gur féidir na príomhdhraenacha imeallacha thart ar phortaigh a choinneáil sa chaoi is nach mbeidh aon tionchar chun dochair acu ar an bportach (féach 'Díriú ar Ábhar Buartha maidir le Tuilte' i gCaibidil 4).

## Díriú ar Riachtanais Gheallsealbhóirí

Gné thábhachtach den phlean bainistíochta seo is ea cíoradh a dhéanamh ar sheifteanna éagsúla chun déileáil le ceisteanna is ábhar buartha ag úinéirí talún, an lucht bainte móna agus geallsealbhóirí eile (go logánta agus go náisiúnta) a dtéann an plean i bhfeidhm orthu.

Tá ceangal dlúth ag muintir na hÉireann leis na tailte portaigh mar gheall ar an bhforbairt chultúrtha agus eacnamaíochta a tharla mar chuid de stair na tíre. Tháinig tábhacht breise le baint na móna mar ábhar tine de réir mar a bhí coillte dúchasacha na tíre á gcailleadh, rud a d'fhág go raibh glúnta i ndiaidh a chéile de theaghlaigh in Éirinn ag brath go hiomlán ar an móin ar mhaithe le teas. Bhí tailte portaigh ag teacht chun cinn ar feadh na mílte bliain gur cruthaíodh amhábhar a raibh tábhacht eacnamaíochta leis mar gheall go raibh slí mhaireachtála phobail éagsúla faoin tuath ag brath air.

Is obair thraidisiúnta a bhfuil meas uirthi ar fud réimsí éagsúla de na tailte portaigh baint mhóna ag saoránaigh ar mhaithe lena dó sa bhaile. Cé nach bhfuil aon rún ag an Rialtas deireadh a chur leis an gceart seanbhunaithe móin a bhaint ar mhaithe lena húsáid ag baile, is den riachtanas go dtéitear i ngleic leis na ceisteanna anróiteacha bainistíochta atá tagtha chun cinn le tamall anuas maidir le tailte portaigh cosanta. I gcuid mhór limistéar, is féidir leanúint de bheartaíocht den sórt sin san am atá romhainn ó tharla nach meastar tábhacht caomhnúcháin náisiúnta a bheith ach le 9% den acmhainn portaigh ardaithe a bhíodh ar fáil ar dtús. Ní mór, ina dhiaidh sin féin, sa chás go dtagann baint na móna salach ar aidhmeanna caomhnúcháin agus ar dhualgais an Stáit, srian a chur lena baint. Is é atá de chuspóir le polasaí an Rialtais go gcinnteofaí, sa chás gur gá sin a dhéanamh, ar mhaithe le leas an phobail, go ndéileáiltear go hiomlán le cearta an lucht bainte móna trí chúiteamh airgid a chur ar fáil dóibh siúd a dtarlaíonn cur isteach orthu nó trí chóir a chur ar an lucht bainte móna maidir le portaigh eile neamhainmnithe más féidir sin.

Ó cuireadh an scéim ar bun sa bhliain 2011 anall go dtí mí na Nollag 2016, bhí níos mó ná €17.7m íoctha le daoine den lucht bainte móna faoin Scéim maidir le Deireadh a chur le Móin a Bhaint. Caitheadh níos mó ná €3.2m eile anuas ar an méid sin ar mhalairt ionaid do bhaint na móna a mheas agus tá isteach is amach le €29m caite ag an Stát maidir le talamh nó cearta sna limistéir ainmnithe a cheannach ón mbliain 1999 anall.

A bhuíochas go háirithe den dícheall atá déanta ag ionadaithe an lucht bainte móna, eagraíochtaí neamhrialtais, an Chomhairle Tailte Móna agus comhlachtaí de leithéid Bhord na Móna agus Choillte, atá faoi úinéireacht an Stáit, ag obair i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le teacht ar na seifteanna lenar féidir dualgas na hÉireann faoin Treoir maidir le Gnáthóga a shásamh.

## Airteagal 6(3) agus Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga

Tarlaíonn, mar gheall ar na ceisteanna casta a bhíonn le réiteach, go bhfuil próiseas fada ag baint le hathlonnú. Tá infheistíocht mhór, ó thaobh ama, dúthrachta agus acmhainní, caite ag an Roinn, i gcomhar le Bord na Móna agus leasa lucht bainte móna ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil, leis an iarracht deiseanna bainte a aimsiú ar phortaigh eile i ngar do phortaigh limistéir SAC agus an bealach a réiteach d'athrú go dtí na háiteanna sin. I roinnt cásanna, áfach, níl aon ionaid athlonnaithe ar fáil nó níl dóthain áiteanna ar an dara portach go bhféadfaí freastal do na daoine ar fad ar mian leo leanúint ag baint mhóna. I gcás den sórt sin, déanann an Stát cíoradh sa phlean seo ar na roghanna maidir le forálacha faoi Airteagal 6(3) agus Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga a chur i bhfeidhm chun foráil do thoiliú le baint mhóna taobh istigh de réimsí sainsonraithe i líon bheag limistéar SAC.



Déantar foráil le hAirteagal 6(3) den Treoir nach féidir leis an údarás poiblí ábhartha toiliú a thabhairt le pleananna nó tionscadail áirithe ach amháin sa chás gur féidir a léiriú nach mbeidh tionchar chun dochair acu ar shláine láithreach Eorpaí. Ní mór tabhairt faoi Mheasúnú Oiriúnachta ar an tionchar a bheadh ag beart dá shórt ar aon láthair Eorpach (Natura 2000). Ní mór measúnacht den chineál sin, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíochta is fearr atá ar fáil, a dhíriú ar ábhar spéise cáilithe na láithreach, chomh maith leis na haidhmeanna caomhnúcháin agus an stádas caomhantais ina leith. Ní mór an tionchar a bheadh ag tograí a mheas ar leithligh agus maidir le tionchar cumaisc i ndáil le pleananna nó tionscadail eile chomh maith.

Tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe an lucht bainte móna, rinneadh scrúdú eolaíochta maidir le líon teoranta tograí i ndáil le leanúint ag baint mhóna i réimsí faoi leith de limistéir SAC áirithe portaigh ardaithe. Féadadh i roinnt cásanna a léiriú go bhféadfaí roinnt móna a bhaint i gcomhréir le forálacha Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga. Leagtar amach go mion i gCaibidil 5 an mheasúnacht a rinneadh maidir le roinnt limistéar SAC. Tá scrúdú eolaíochta ar siúl faoi láthair maidir le láithreacha eile. Go dtí go dtugann na húdaráis phoiblí ábhartha an toiliú is gá leis na tograí sin, ní féidir aon mhóin a bhaint ar na láithreacha sin.

Sa chás go mbíonn deimhnithe nach féidir leanúint le plean nó le togra faoi Airteagal 6(3), d'fhéadfadh go bhféadfaí a údarú faoi Airteagal 6(4). Déantar foráil le hAirteagal 6(4) do phlean nó do thogra a raibh toradh diúltach ar mheasúnacht ina leith ach nach bhfuil malairt seifte ar fáil a bhféadfaí déanamh dá réir nuair is gá a chur i gcrích 'ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh'. Is féidir féachaint ar an modh oibre sin, más gá, i roinnt bheag cásanna agus mar chuid de bheart foriomlán maidir leis an mbainistíocht ar chóras na limistéar SAC portaigh ardaithe. Sa chás go dtabharfaí an fhoráil seo i bhfeidhm maidir le baint mhóna, níor mhór bearta cúitimh, láithreacha nua a ainmniú ina measc, a dhéanamh ionas go gcinntítear comhleanúnachas éiceolaíochta ginearálta chóras Natura 2000 agus go mbaintear amach na haidhmeanna náisiúnta caomhnúcháin.

## Portaigh Ardaithe agus Úsáid Talún de Chineálacha Eile

Tuigtear go dtarlaíonn bainistíocht ar thailte portaigh agus úsáid as na tailte sin taobh istigh de thimpeallacht rialála atá casta, a dtagann polasaithe ina leith agus coinníollacha maidir le ceadúnais agus toiliú trasna ar a chéile. Maidir le portaigh ardaithe, is iondúil gur féidir le húsáid eile as an talamh seachas baint na móna a dhéanamh ar na réimsí de phortaigh réitithe máguaird sna limistéir SAC portaigh ardaithe ach an úsáid sin a bheith ag teacht le haidhmeanna caomhnúcháin na láithreach agus í faoi réir ag an measúnacht riachtanach maidir le tionchar ar an láthair Eorpach (limistéar SAC nó SPA). Tugtar eolas i gCaibidil 5 faoin gcóras toilteanais maidir le limistéir SAC agus tugtar samplaí de chineálacha eile úsáide, mar shampla talmhaíocht agus caitheamh aimsire. Leagtar amach an cur chuige maidir leis an mbainistíocht ar chúrsaí uisce, dramhaíola, oidhreachta agus dóiteáin i limistéir SAC portaigh ardaithe, bunaithe ar na polasaithe faoin Straitéis Náisiúnta Tailte Portaigh, sa chaibidil sin freisin.

## Na Buntáistí agus an Tairbhe ó Phortaigh Ardaithe a Chaomhnú

Is cuid den éiceachóras is faide ar siúl in Éirinn iad na portaigh ardaithe agus is cuid thábhachtach iad de 'chaipiteal nádúrtha' na tíre (na gnéithe sin de chuid an dúlra a chuireann tairbhe ar fáil – go díreach nó go hindíreach – do dhaoine (DEFRA, 2013)). Is iomaí seirbhís fhiúntach éiceachórais nó de bhuntáiste ón dúlra a chuirtear ar fáil leis na portaigh ardaithe mar shampla:

- Stóráil agus ceapadh carbóin;
- Bonn treise faoi bhithéagsúlacht gnáthóg agus speiceas;
- Íonú uisce agus maolú tuilte;
- Caomhnú na hoidhreachta cultúir;
- Taobh tíre suimiúil agus ionad caitheamh aimsire; agus
- Móin mar acmhainn (foinse fuinnimh, gairneoireacht, traidisiún cultúir, caitheamh aimsire).

Ar na buntáistí a thiocfaidh le caomhnú an phortaigh ardaithe, tá uisce glan, rialú aeráide, bithéagsúlacht agus bonn daingean faoi shláinte agus mhaitheas na ndaoine. Fágann an acmhainn atá i bportaigh neamhbhearnaithe maidir le carbón a charnadh, agus cuid mhór carbóin a stóráil, go bhfuil tábhacht mhór leo maidir le gealltanais na hÉireann faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide. Pléitear na buntáistí agus an tairbhe don phobal agus don duine a fhéadann a theacht ó na portaigh ardaithe i gCaibidil 6.

Tá an oidhreacht chultúir maidir le móin a bhaint ar phortaigh ardaithe á chaomhnú i gcónaí ar phortaigh neamhainmnithe (os cionn 91% den acmhainn náisiúnta portaigh ardaithe); agus is féidir beagnach gach buntáiste eile atá ag an bpobal as portaigh ardaithe a ghnóthú in athuair as an bhfuílleach 9% den acmhainn measta atá suite i láithreacha cosanta. Aithnítear go bhfuil deiseanna ann forfheabhsú a thabhairt ar chóras na bportach ardaithe mar áis turasóireachta agus caitheamh aimsire agus chun buntáiste a ghnóthú don phobal.

## An Bealach Romhainn

Tá clár caomhnúcháin maidir le tréimhse tosaigh sé bliana an phlean seo (2017–2022) curtha le chéile ionas go dtugtar cosaint agus caomhnú chóras phortaigh ardaithe ainmnithe na hÉireann i gcrích agus go dtreisítear le haidhmeanna níos ginearálta an phlean. Tá bearta seachanta agus athchóiriúcháin, monatóireachta agus athbhreithnithe, taighde agus suirbhéireachta sa phlean chomh maith le bearta maidir le caidreamh leis an bpobal, oideachas agus cothú tuisceana a eascraíonn i bpáirt ón reachtaíocht atá i bhfeidhm agus ó thionscnaimh chaomhnúcháin atá ar bun. Leagtar an clár oibre amach go mion i gCaibidil 7 agus tugtar cuntas achoimre in Tábla E3.

## An Plean a chur i bhFeidhm

Ionas gur féidir an plean seo a chur i bhfeidhm go sásúil, ní mór caidreamh leanúnach a bheith idir daoine den lucht bainte móna agus ionadaithe dá gcuid, geallsealbhóirí eile, an pobal áitiúil, ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit, comhlachtaí leathstáit agus eagraíochtaí neamhrialtais a bhaineann le hábhar, agus an Chomhairle Tailte Móna ionas go mbíonn gach duine ag obair i gcomhar taobh istigh dá bhfuil dlite faoin reachtaíocht.

Fágfaidh an clár oibre iomlán de bhearta caomhnúcháin a leagtar amach sa phlean seo a chur i bhfeidhm go mbeidh córas éiceolaíochta níos inmharthana de phortaigh ardaithe cosanta ar fáil agus go dtiocfaidh réimse forleathan de dheiseanna maidir le seirbhís éiceachórais thairbheach dá thoradh freisin, gan géilleadh maidir le nóisin chultúrtha sheanbhunaithe. Is gné bhunriachtanach den chaomhnú agus den bhainistíocht ar phortaigh ardaithe na hÉireann go mbíonn pobal na háite páirteach sa chúram agus tugtha dó.

Déanfar an plean seo a chur i bhfeidhm i rith tréimhse sé bliana 2017 - 2022, agus tiocfaidh dhá thréimhse sé bliana eile ina dhiaidh sin. Déanfar athbhreithniú ar an bplean tar éis trí bliana d'fhonn dul chun cinn maidir lena thabhairt i gcrích a chinntiú agus beidh an toradh ar an obair thaighde agus monatóireachta a bheidh ar siúl go leanúnach ina lón treorach ina leith sin. Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoirseacht maidir le cur i bhfeidhm an phlean, an tuairisc is deireanaí faoi na bearta atá á ndéanamh a thabhairt go tráthrialta don Chomhairle Tailte Móna, agus tuarascáil a chur ar fáil don Rialtas ar an athbhreithniú trí bliana agus ag deireadh an tréimhse sé bliana.

**Tábla E3: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022)**

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| 1. Fógra agus ainmniúchán maidir le dhá limistéar nua SAC | Talamh faoi úinéireacht Bhord na Móna den chuid is mó | 2017 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | €0.005m (gan an costas cúitimh/ athlonnaithe maidir leis an lucht bainte móna a thabhairt san áireamh) |
| 2. Athchóiriúchán trí mhodhanna athchóiriúcháin den sárchleachtas a chur i bhfeidhm maidir le córas na bportach ardaithe ainmnithe lena mbainfidh: (tá sonraí breise ar fáil i gCaibidil 4) | 53 Limistéar SAC portaigh ardaithe (agus dhá SAC atá le hainmniú) agus láithreacha maidir leis an craobhchóras nua NHA | | | |
| • Tionscadal LIFE an AE – "Restoring Active Raised Bog in Ireland's SAC Network 2016–2020" – a chur i bhfeidhm | 12 Limistéar SAC portaigh ardaithe | 2016–2020 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS))/ Meitheal Thionscadal LIFE/An Coimisiún Eorpach | €5.4m (75% á mhaoiniú ag an AE) |
| • Bearta athchóiriúcháin ar limistéir SAC agus NHA a chuireann leis na haidhmeanna náisiúnta caomhnúcháin maidir le córas na bportach ardaithe, pleanana athchóiriúcháin agus bearta dreasachta maidir le hathchóiriúchán a leagan amach. Aidhmeanna caomhnúcháin maidir le gach láthair faoi leith a leagan amach do limistéir NHA portaigh ardaithe. Cáipéisí treorach agus cód cleachtais mar bhonn taca faoin mbeartaíocht seo. | Láithreacha áirithe i gcraobh-chóras na limistéar SAC agus láithreacha maidir leis an gcraobh-chóras nua NHA portaigh ardaithe | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)<br><br>Eagraíochtaí eile: Coillte/Bord na Móna/Grúpaí Pobail/ geallsealbhóirí eile | €12m |

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| 3. Bearta seachanta (deireadh le bearta díobhálacha lena n-áirítear draenáil agus baint mhóna, crainn a chur d'fhoraoiseacht thráchtála, dóiteáin agus bearta díobhálacha eile de chuid an duine)<br><br>Bearta eile: | 53 limistéar SAC portaigh ardaithe reatha (agus dhá láthair atá le hainmniú) agus láithreacha maidir leis an maidir leis an gcraobh-chóras nua NHA | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus geallsealbhóirí eile<br><br>Comhlachtaí reachtúla agus údaráis ceadaithe de réir mar a bhaineann le hábhar | An Scéim Cúitimh maidir le Scor de Mhóin a Bhaint (cúiteamh airgid, seachadadh móna agus athlonnú) €26.1m<br><br>(Nóta: déantar costas bainistíochta maidir le dóiteáin/ dramhaíl/ speicis ionracha agus gníomhaíocht eile an duine a áireamh i ndáil leis na bearta athchóiriúcháin) |
| Féachaint le forálacha Airteagal 6(3) a chur i bhfeidhm trí anailís eolaíochta a dhéanamh chun réimsí i limistéir SAC a shonrú atá oiriúnach maidir le baint mhóna nach mbainfidh ó shláine na láithreach (Féach Caibidil 5) | Líon beag láithreacha a roghnófar tar éis dul i gcomhairle leis an lucht bainte móna go háitiúil agus aontú mar gheall orthu | 2017–2018 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ Geallsealbhóirí | €0.1m in aghaidh an ionaid (ní gá gur mar a chéile an costas i ndáil le gach ionad ag brath ar oiread an fhiosrúcháin eolaíochta a bhíonn de dhíth) |
| Scrúdú a dhéanamh maidir le forálacha Airteagal 6(4) a chur i bhfeidhm maidir le limistéir SAC áirithe, más gá sin | | 2017–2018 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ Geallsealbhóirí | €0.1m in aghaidh an ionaid (ní gá gur mar a chéile an costas i ndáil le gach ionad ag brath ar oiread an fhiosrúcháin eolaíochta a bhíonn de dhíth) |
| Leanúint le bearta forfheidhmiúcháin agus le monatóireacht ón aer ar limistéir SAC Pleananna | Gach limistéar SAC portaigh ardaithe | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ An Garda Síochána/ Óglaigh na hÉireann | Ní áirítear costas maidir leis an bplean seo – beartaíocht leanúnach |
| Bainistíochta maidir le Draenáil a chur le chéile | Limistéir SAC portaigh ardaithe | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ OPW/údaráis áitiúla/ úinéirí talún) | €0.300m |
| 4. Athbhreithniú a dhéanamh ar Chóras na Limistéar NHA Portaigh Ardaithe | Craobh-chóras na limistéar NHA reatha agus limistéir nua NHA | 2017–2018 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | Ní áirítear costas maidir leis an bplean seo – beartaíocht leanúnach (déantar an costas athchóiriúcháin maidir le limistéir áirithe NHA portaigh ardaithe a áireamh faoi bheart 2) |

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| 5. Cúnamh d'eagraíochtaí eile agus do dhaoine aonair maidir le bearta caomhnúcháin i limistéir SAC portaigh ardaithe | Láithreacha áirithe | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus geallsealbhóirí eile | €0.5m |
| 6. Athbhreithniú Lár Téarma ar an bPlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Portaigh Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta | Náisiúnta | 2020 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | €0.2m |
| 7. Obair Ullmhúcháin ar an Dara Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Portaigh Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta Speisialta Caomhantais | Náisiúnta | 2022–2023 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | €1.0m |
| 8. An Clár Caidrimh, Oideachais agus Feasachta Pobail maidir leis na Portaigh Ardaithe | Náisiúnta | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS), údaráis phoiblí agus geallsealbhóirí eile | €0.5m |
| 9. An Clár Suirbhéireachta agus Monatóireachta maidir le hÉiceatópanna Phortaigh Ardaithe | Náisiúnta | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | €1.0m |
| 10. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011–2015, Rialacháin maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Rialacháin maidir le Dliteanas Comhshaoil a chur i bhfeidhm d'fhonn gníomhartha díobhálacha a chosc de réir mar is cuí agus a bhaineann le hábhar | Náisiúnta | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus údaráis eile a bhaineann le hábhar | Ní áirítear costas maidir leis an bplean seo – beartaíocht leanúnach |

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| 11. An Clár Taighde maidir le Portaigh Ardaithe | Craobh-chóras na bPortach Ardaithe | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus comhlachtaí/ gníomhaireachtaí eile a bhaineann le hábhar | €0.2m |
| 12. Ceangal ó thaobh reachtaíochta agus beartais le pleananna agus cláir eile a chinntiú, Pleananna Bainistíochta Abhantrach agus Pleananna Bainistíochta maidir le Baol ó Thuilte i nDobharcheantair san áireamh | Náisiúnta | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | Níl costas i gceist a chuirtear i leith an phlean seo |



# Caibidil 1
## AN GÁ LE PLEAN BAINISTÍOCHTA

# Caibidil 1
# AN GÁ LE PLEAN BAINISTÍOCHTA

## Réamhrá

Leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Náisiúnta seo maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe (2017–2022) an mapa eolais maidir le portaigh ardaithe ainmnithe na hÉireann a chaomhnú go héifeachtúil. Tuairim is 9% den acmhainn portaigh ardaithe ainmnithe (portach ard agus portach réitithe araon taobh istigh de chóras na bportach ardaithe ainmnithe (féach Caibidil 2)) atá i gceist leis sin. Leagtar amach sa phlean na haidhmeanna náisiúnta caomhnúcháin maidir le gnáthóga portaigh ardaithe taobh istigh de chóras na láithreacha cosanta d'fhonn inmharthanacht na ngnáthóg sin go fadtéarmach a chinntiú. Déantar soláthar freisin do chlár beartaíochta lena dtabharfar an chuspóir sin agus athshlánú chóras náisiúnta na bportach ardaithe ainmnithe i gcrích. Tá d'aidhm leis an bplean go ndíreofar ar chearta, ar ábhar dóchais agus ar riachtanais na ndaoine a dtéann an plean i bhfeidhm orthu ar bhealach a chuireann bonn treise faoi ionracas iomlán éiceolaíochta chóras Limistéir na bPortach Ardaithe faoi Chosaint (SAC) agus a chinntíonn go sásaíonn Éire a leagtar de dhualgas ar an tír faoin dlí maidir le caomhnú an dúlra.

## Portaigh Ardaithe Cosanta in Éirinn

Is fíor bheag portach ardaithe atá ar fáil i gcomhthéacs an domhain nó i gcomhthéacs na hEorpa. In Éirinn atá tuairim is 50% (*Foss et al.*, 2001) den phortach ardaithe ar fad atá fágtha i réigiún Atlantach iarthuaisceart na hEorpa agus tá cúram faoi leith ar an leibhéal idirnáisiúnta ar an Aontas Eorpach maidir lena chaomhnú.

Natura 2000 an chuid is lárnaí de bheartas an AE maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht. Tá craobhchóras de limistéir chosanta dúlra ar fud an AE ar fad i gceist leis, Limistéir SAC arna gcur ar bun faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga 1992 (an Treoir maidir le Gnáthóga, Flóra agus Fiadhúlra a Chaomhnú 92/43/CEE), agus Limistéir Cosanta Speisialta (SPA) arna gcur ar bun faoi Threoir an AE maidir le hÉin 1979 (an Treoir maidir le hÉin Fhiáine a Chaomhnú 2009/147/CE). Is é aidhm atá leis an gcóras go gcinnteofaí go maireann na speicis agus na gnáthóga is fiúntaí agus is mó atá faoi bhagairt san Eoraip go fadtéarmach.

Déantar Limistéir SAC a roghnú chun gnáthóga agus speicis a chosaint atá neamhchoitianta agus faoi bhagairt i gcomhthéacs na hEorpa. Liostaítear gnáthóga áirithe (in Iarscríbhinn I) agus speicis áirithe (in Iarscríbhinn II) le Treoir an AE maidir le Gnáthóga nach foláir iad a chaomhnú trí limistéir SAC a ainmniú agus an bhainistíocht chuí a dhéanamh orthu, lena n-áirítear athchóiriú de réir mar is gá sin. Tá 59 gnáthóg liostaithe in Iarscríbhinn I a bhaineann le hÉirinn, ina measc portaigh ardaithe, bratphortaigh, turlacha, dumhacha, pábháil aolchloiche, fraochmhá, talamh féaraigh ina bhfuil magairlíní ag fás go flúirseach, inbhir agus sceireacha. Ar na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II atá ar fáil in Éirinn, tá an bradán, an madra uisce, an diúilicín péarla fionnuisce, raithneach Chill Airne agus an deilf bholgshrónach. Tugtar gnáthóga agus speicis "príomhthábhachta" ar na gnáthóga agus ar na speicis a liostaítear agus a mheastar a bheith i mbaol faoi leith. Déantar gach limistéar SAC a ainmniú i ndáil le ceann amháin nó níos mó ná sin de ghnáthóga Iarscríbhinn I agus/nó de speicis Iarscríbhinn II; tá 439 limistéar SAC ar fud an Stáit curtha chun cinn maidir lena n-ainmniú agus 153 acu sin ainmnithe go foirmeálta le hIonstraim Reachtúil.

Tá ceithre chineál gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga a bhíonn ceangailte go coitianta le portaigh ardaithe:

- Portaigh ardaithe beo (ARB);
- Portaigh ardaithe díghrádaithe (DRB) a mbeadh d'acmhainn go fóill ann go dtarlódh athfhorás go nádúrtha;
- Coillearnach portaigh; agus
- Logáin ar fhoshraitheanna móna *Rhynchosporion*.



**Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn "beo" go bhfuil cúinsí sa chaoi is gur leantar den mhóin a chruthú** (rud nach

móide a bheith fíor, mar shampla, sa chás go ndéantar portach a dhraenáil). An portach DRB a mbeadh acmhainn athforáis go nádúrtha go fóill ann, is portach sin ina bhféadfaí a cheapadh go dtarlódh atosú chruthú móna ach bearta a dhéanamh chun dochar a tharla don phortach a chur ina cheart agus bainistíocht a dhéanamh ina leith, mar shampla, trí bhainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí draenála. Meastar gur cineál gnáthóige príomhthábhachta an portach ardaithe ina bhfuil na cúinsí ar fáil ina bhféadfadh cruthú gníomhach móna tarlú agus tá baol faoi leith go dtiocfadh deireadh lena leithéid a bheith ar fáil taobh istigh den Aontas Eorpach. Is gnáthóg de chineál príomhthábhachta an choillearnach portaigh chomh maith.

## Limistéir SAC Portaigh Ardaithe

Idir an bhliain 1997 agus an bhliain 2002, mhol Éire 52 láthair portaigh ardaithe lena n-ainmniú mar limistéir SAC. Tá an chuid is mó dá bhfuil fágtha i riocht feidhme de na réimsí fairsinge portaigh ardaithe a bhí ar fud chuid mhór de lár na tíre tráth san áireamh leis na limistéir SAC portaigh ardaithe. Is é is neamhchoitianta fúthu go bhfuil réimsí suntasacha iontu de phortach ardaithe beo ina bhfuil na cúinsí cóiriúil ag cruthú móna agus inar féidir leis na speicis thipiciúla de phlandaí agus d'ainmhithe maireachtáil.

## Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Portaigh Ardaithe

Idir an bhliain 2003 agus an bhliain 2007, d'ainmnigh Éire 75 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) portaigh ardaithe go foirmeálta faoi na hAchtanna Fiadhúlra. Chomh maith le cúiseanna eile, bhí an cás sáraithe a thug an Coimisiún Eorpach in aghaidh na hÉireann mar gheall ar an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a chur i bhfeidhm maidir le móin a bhaint ina chuid den chúis leis na láithreacha seo a ainmniú. Déantar foráil faoi na hAchtanna Fiadhúlra do chosaint limistéir NHA mar gheall go bhfuil dlite toil an Aire a lorg sula dtugtar faoi bhearta áirithe a bhféadfadh go dtarraingeofaí díobháil leo. Is iondúil baint mhóna, obair dhraenála agus foraoiseacht a lua ar na bearta ar gá toiliú den sórt sin leo.

# An Gá atá le Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe

Agus bainistíocht á dhéanamh ar phortaigh ardaithe ainmnithe na hÉireann, feictear coimhlint idir an t-éileamh a ghabhann le húsáid de chineálacha éagsúla as an talamh, baint mhóna go háirithe, agus an dualgas faoin dlí gnáthóg atá i mbaol imeacht as a chaomhnú. Tá ceangal dlúth ag muintir na hÉireann leis na portaigh ardaithe mar gheall ar an bhforbairt cultúrtha agus eacnamaíochta a tharla mar chuid de stair na tíre. Tá cuid mhór de na portaigh ardaithe faoi úinéireacht phríobháideach cé go bhfuil réimsí suntasacha freisin faoi úinéireacht an Stáit nó i seilbh cuideachtaí de leithéid Choillte agus Bhord na Móna atá faoi úinéireacht an Stáit.

Tá an Plean Bainistíochta Náisiúnta seo maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe ina chuid de chur chuige straitéiseach an Rialtais maidir leis an mbainistíocht ar thailte portaigh na hÉireann. Dírítear freisin ar ábhar buartha a chuir an Coimisiún Eorpach in iúl maidir le córas phortaigh ardaithe ainmnithe na hÉireann a chaomhnú agus a bhainistiú. I bhfianaise a shuntasaí atá portaigh ardaithe na hÉireann i gcomhthéacs na hEorpa agus i gcomhthéacs an domhain ar fad, agus an stádas caomhnúcháin a bheith ag dul chun donachta faoi láthair, is gá a dheimhniú go maireann an chuid is fearr dá bhfuil ar fáil go fóill, más le hÉirinn maith a dhéanamh de na gealluíntí atá tugtha ag an tír maidir le cúrsaí timpeallachta ar fud an domhain.

Tá de chúram ar an gCoimisiún Eorpach a chinntiú go gcomhlíonann na Ballstáit a bhfuil de dhualgas comhaontaithe orthu faoin dlí. Bhí aird ghéar ag an gCoimisiún ar an mbainistíocht a bhí Éire a dhéanamh ar phortaigh ardaithe cheana roimhe seo agus tugadh cás in aghaidh na hÉireann i rith na 1990idí mar gheall ar mhainneachtain cosc a chur ar shaothrú thailte portaigh ar bhonn tionsclaíochta ollmhór nach raibh measúnú á dhéanamh ina leith faoin Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA). Éiríodh as an gcás sin tar éis d'Éirinn réimsí a ainmniú ina limistéir NHA agus dlí na pleanála a leasú. Rinne an Stát bearta freisin chun deireadh a chur le móin a shábháil ar bhonn tráchtála ar phortaigh ardaithe ainmnithe. Sa bhliain 1999, tugadh maolú dlí isteach maidir le daoine a bhaineann móin ar mhaithe lena húsáid ag baile agus cuireadh scéim ar bun maidir le ceannach deonach portaigh. Ina ainneoin sin, ba léir i rith na mblianta dár gcionn go raibh sábháil mhóna ar mhaithe le húsáid ag baile ar siúl ar leibhéal chomh mór agus go raibh cur isteach suntasach ar stádas caomhantais na bportach ardaithe in Éirinn.

Thionscain an Coimisiún caingean maidir le sárú sa bhliain 2011 agus cuireadh i leith na hÉireann gur mainníodh cloí leis an Treoir maidir le Gnáthóga (i ndáil le baint mhóna i limistéir SAC a rialú) agus leis an Treoir maidir le measúnacht EIA. Thug Éire freagra foirmeálta ar an Tuairim Réasúnaithe sa bhliain 2011 agus leagadh amach na bearta éagsúla a bhí déanta chun na Treoracha a chur i bhfeidhm in Éirinn, lena n-áirítear deireadh a chur de réir a chéile le baint mhóna i 53 limistéar SAC portaigh ardaithe agus scéim cúitimh a thabhairt isteach do dhaoine áirithe den lucht bainte móna a bhí ina theideal.

Ón mblian 2011 i leith, tá iarrachtaí suntasacha déanta ag an Stát teacht ar réiteach ar an gceist maidir le limistéir SAC phortaigh ardaithe na hÉireann a chaomhnú taobh istigh den chreat oibre a bhaineann le Treoir an AE maidir le Gnáthóga. Áirítear ar an mbeartaíocht sin caidreamh dlúth leanúnach le lucht bainte móna, le lucht feirmeoireachta,

le heagraíochtaí neamhrialtais agus leis an gCoimisiún Eorpach. Tá na cinntí a rinneadh, tá siad seo a leanas:

- Ainneoin cúinsí eacnamaíochta a bheith chomh géar agus a bhí i gcás na hÉireann, chuir an Rialtas scéim cúitimh fhadtéarmach ar bun don lucht bainte móna ar fad taobh istigh de limistéar SAC portaigh ardaithe a raibh dlite orthu éirí as móin a bhaint chomh maith le scéim chun socrú a dhéanamh maidir le baint mhóna a athrú go dtí háit eile nach raibh i limistéar SAC/NHA;
- Tosaíodh ar chaidreamh díreach le gach duine arbh eol leas a bheith acu i láthair SAC portaigh ardaithe, chomh maith le fógraí a chur sna meáin chumarsáide, arna leagan amach go gcaithfeadh deireadh a theacht le móin a bhaint ar na láithreacha sin;
- Cuireadh córas faireacháin, monatóireachta agus forfheidhmiúcháin ar bun maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe ionas go dtabharfaí móin a bhaint gan údarás chuige sin faoi deara agus go ndéanfaí bearta forfheidhmiúcháin, ionchúiseamh san áireamh; agus
- Tugadh rialacháin nua isteach i mí Meán Fómhair 2011, mar chuid den leasú cuimsitheach a tugadh ar na rialacháin lena gcuirtear an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga i bhfeidhm in Éirinn, ionas go bhféadfaí smachtbhannaí níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm ina n-aghaidh siúd a raibh damáiste neamhúdaraithe á dhéanamh acu do limistéar SAC.

Ar bhearta eile de chuid an Rialtais, bhí an Chomhairle Tailte Móna a chur ar bun agus an Plean Náisiúnta Tailte Portaigh a fhoilsiú

**An Chomhairle Tailte Móna** – Chuir an Rialtas an Chomhairle Tailte ar bun, Móna faoi chathaoirleach neamhspleách, i mí Aibreán 2011 d'fhonn a chinntiú go mbeadh deis ag geallsealbhóirí caidreamh a dhéanamh le chéile agus leis na húdaráis Stáit a bhaineann le hábhar, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar a bhíodh ag an am ina measc, ionas go bhféadfadh na páirtithe ar fad a theacht ar chomhthuiscint ar an ábhar dúshláin atá i gceist agus oibriú i gcomhar chun dul i ngleic leis an gceist chasta. Cé gur shocraigh an Turf Cutters and Contractors Association (TCCA) tarraingt siar ón gcaidreamh leis an gComhairle Tailte Móna i mí Meán Fómhair 2011, bhí páirt lárnach ag an gComhairle i gcur chuige a aimsiú a bheadh inghlactha agus indéanta maidir le dul i ngleic le ceisteanna anróiteacha agus bhí comhaltaí na Comhairle éifeachtúil maidir le leasa éagsúla a chur in láthair. Rinne Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus Nasc Tuaithe na hÉireann ionadaíocht maidir le leasa lucht bainte móna agus úinéirí talún agus Líonra Comhshaoil na hÉireann maidir le cúrsaí timpeallachta. Chuir Bord na Móna, Coillte agus Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann saineolas ar fáil maidir le bainistíocht agus athchóiriú an phortaigh. Cuireadh leis an saineolas sin le hobair an Ghrúpa Stiúrtha maidir le Bonn Eolaíochta a Chur ar Fáil maidir le Caomhnú an Phortaigh Ardaithe in Éirinn[3].

**An Straitéis Tailte Portaigh** – Agus an Chomhairle Tailte Móna á cur ar bun ag an Rialtas, iarradh cúnamh maidir le Straitéis Náisiúnta Tailte Portaigh a dhréachtadh. Tá an Plean Bainistíochta Náisiúnta seo maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe á chur ar fáil mar cheann amháin de na gnéithe a bhaineann leis an Straitéis Tailte Portaigh sin a chur i bhfeidhm. Tá d'aidhm leis an Straitéis go mbeadh creatchóras fadtéarmach ar fáil ar féidir bainistíocht chúramach a dhéanamh taobh istigh de ar na tailte portaigh uile sa Stát ionas go mbaintear an tairbhe sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíochta is fearr is féidir astu do mhuintir na linne seo agus do na glúnta atá le theacht. Cuireann an straitéis deireadh le haon ábhar imní gur mian leis an Rialtas cosc a chur ar mhóin a bhaint in Éirinn an tráth céanna a ndearbhaítear gur gá bainistíocht a dhéanamh ar bhealach cothrom ar thailte portaigh na tíre. Tá an Plean Náisiúnta Tailte Portaigh 2015 ar fáil ar an láithreán gréasáin ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) http://www.npws.ie.

**Fóram Tailte Móna 2012** I mí Feabhra 2012, ar chomhairle Chathaoirleach na Comhairle Tailte Móna, tionóladh Fóram Tailte Móna faoi chathaoirleacht Bhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte, an Giúistís Uasal John Quirke. Cuireadh moltaí faoi bhráid an fhóraim ó dhreamanna bainte móna i ngach ceann de na limistéir SAC portaigh ardaithe d'fhonn réiteach a fháil ar gach cás faoi leith. Mhol an chuid is mó de na dreamanna sin athlonnú go dtí portaigh eile. Mhol roinnt leanúint ar aghaidh le taobh a chéile, go leanfaí de mhéid áirithe móna a bhaint taobh istigh de na láithreacha SAC. Mhol roinnt bheag daoine gnáthóg ionadaíochta, go leanfaí de bhaint na móna agus go gcuirfí gnáthóg cúitimh ar fáil.

Sa tuarascáil a chuir sé ar fáil tar éis Fhóram Tailte Móna na bliana 2012 (Quirke, 2012), mhol an Giúistís Quirke go gcuirfí plean náisiúnta le chéile maidir le gnáthóga portaigh ardaithe i limistéir SAC ionas go gcinnteofaí cur chuige uilechuimsitheach maidir leis an mbainistíocht ar chóras limistéar SAC portaigh ardaithe na hÉireann. D'aontaigh an Rialtas leis an moladh sin ag cruinniú an 6 Márta 2012 agus foilsíodh dréacht (ar mhaithe le comhairliúchán) de Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe i mí Eanáir 2014. Is é an Plean Bainistíochta Náisiúnta seo maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe 2017–2022 an chéim deiridh sa phróiseas a thosaigh leis an moladh ón nGiúistís Quirke agus rún Dháil Éireann.

3. Bhí ionadaithe ar an nGrúpa Stiúrtha ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, An Taisce, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, an Chomhairle Tailte Móna, Bord na Móna, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus RPS.

## Athbhreithniú maidir le Limistéir NHA portaigh ardaithe

Tháinig athchóiriú bunúsach ar chóras na limistéar NHA faoi anáil athbhreithniú cuimsitheach sa bhliain 2014 ar limistéir NHA portaigh ardaithe agus ar phortaigh ardaithe neamhainmnithe a raibh fiúntas athchóiriúcháin leo. Leis an gcóras nua de limistéir NHA seo, beidh soláthar á dhéanamh do thorthaí caomhnúcháin i bhfad níos fearr an tráth céanna a seachnaítear réimsí ina dtarlódh cuid mhór móna a bhaint. Fágfaidh sé gur lú go mór an costas ar an lucht íoctha cánach maidir le cúiteamh a chur ar fáil i ndáil le deireadh a chur le baint mhóna. Beidh portaigh éagsúla atá faoi úinéireacht an Stáit á dtabhairt isteach faoi chóras na limistéar NHA. Beidh láithreacha eile a bhfuil fiúntas leo ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin agus ar beag brú ag baint leo ó thaobh baint mhóna , más ann do bhrú ar chor ar bith, á dtabhairt san áireamh freisin. Meastar go ndéanfar 46 láthair (39 ina n-iomláine agus 7 gcinn i bpáirt) atá ina limistéir NHA portaigh ardaithe reatha a dhí-ainmniú. Rinneadh an Bille Fiadhúlra (Leasú) 2016 chun feidhm a thabhairt don dhí-ainmniú a thionscnamh i nDáil Éireann agus a fhoilsiú. Ó dhéantar na láithreacha sin a dhí-ainmniú, beidh scóip breise ann maidir le láithreacha athlonnaithe. 61 limistéar NHA a bheidh sa chóras nua atá beartaithe. Déanfar plean bainistíochta maidir leis a láthair go sonrach, a bheith dírithe den chuid is mó ar an obair athchóiriúcháin ar an láthair, a ullmhú maidir le gach láthair NHA a choinnítear ina chuid den chóras leasaithe NHA.

# Aidhmeanna an Phlean

## Tá dhá aidhm ghinearálta leis an bplean:

### 1. Bainistíocht agus caomhnú a dhéanamh ar chóras na bportach ardaithe ainmnithe

Tá d'aidhm leis an bplean go mbeadh soiléire ag na páirtithe uile faoin gcaoi a ndéanfar craobhchóras limistéir SAC portaigh ardaithe na hÉireann a bhainistiú, a chaomhnú agus a chur ar ais i gcaoi mhaith san am atá romhainn. Is i gcomhar leis na húinéirí talún, leis an lucht bainte móna agus le pobal an cheantair a dhéanfar sin ar bhealach a bheidh ag teacht lena bhfuil de dhualgas faoin dlí faoi Threoir an Aontais Eorpaigh. Leagtar spriocanna náisiúnta athchóiriúcháin amach sa phlean maidir le gnáthóga portaigh ardaithe nach mór athchóiriú ar chóras náisiúnta na limistéar SAC agus NHA portaigh ardaithe chun iad a shásamh.

### 2. Díriú ar riachtanais lucht bainte móna, úinéirí talún agus lucht úsáide talún

Leagtar amach sa phlean chomh maith an chaoi a ndíreofar ar an ábhar buartha atá ag daoine a úsáideann na portaigh ardaithe seo, lucht bainte móna agus úinéirí talún san áireamh. Tagann san áireamh leis sin scéim cúitimh agus athlonnaithe don lucht bainte móna agus, i roinnt bheag cásanna, nuair nach ann do mhalairt seifte, scrúdú a dhéanamh maidir le leanúint le baint mhóna taobh istigh de láthair SAC ach a bhfuil dlite faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga a shásamh. Leagtar amach sa phlean na buntáistí iomadúla atá le córas na bportach ardaithe ainmnithe agus cíortar bealaí inar féidir le daoine de phobal na háite páirt a ghlacadh sa bhainistíocht agus san chaomhnú ar phortaigh ardaithe.

### Seo a leanas príomhchuspóirí an Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe:

1. Tuiscint a ghnóthú ar an stádas caomhantais agus cuntas a thabhairt ar na tréithe éiceolaíochta agus hidreolaíochta maidir le portaigh ardaithe na hÉireann;
2. Craobhchóras náisiúnta de phortaigh ardaithe ainmnithe a chur ar bun i bheidh inmharthana san am atá le theacht;
3. Modhanna oibre a fhorbairt maidir le gnáthóga cosanta taobh istigh de chóras na bportach ardaithe ainmnithe a athchóiriú agus a athshlánú;
4. Bainistíocht a dhéanamh ar phortaigh ardaithe cosanta ar bhealach a thagann leis an úsáid a bhaintear astu agus leis an ábhar buartha atá ag na geallsealbhóirí an tráth céanna a gcoinnítear an bhithéagsúlacht agus an fheidhm nádúrtha atá leo ar bun; agus
5. Tuiscint ar an mbuntáiste agus ar an tairbhe atá le portaigh ardaithe chothú agus páirt an phobail sa chúram a spreagadh ionas go mbíonn lón eolais ar fáil do chinntí a dhéanfar san am atá le theacht.

## Treoirphrionsabail maidir leis an bPlean

Tagann an plean seo faoi anáil na bprionsabal a leagtar síos i bpolasaithe náisiúnta a bhaineann le hábhar, go háirithe an Plean Náisiúnta Tailte Portaigh (NPWS,2015) agus an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017–2021 (NPWS, 2017), chomh maith le coinbhinsiúin idirnáisiúnta, mar shampla an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Coinbhinsiún Ramsar agus an dliteanas maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe a chaomhnú do na glúnta atá le theacht.

Déanfar athbhreithniú agus leasú ar an bplean de réir trí thréimhse sé bliana; cinnteofar ar an gcaoi sin go n-oibrítear an coigeartú cuí de réir mar a tharlaíonn dul chun cinn. Baineann an plean seo leis an gcéad tréimhse sé bliana idir 2017 agus 2022. Tá úsáid á bhaint as an tuiscint agus na sonraí eolaíochta is fearr atá ar fáil tráth a fhoilsithe. Tiocfaidh sé faoi réir ag athbhreithniú lár téarma lena dtabharfar san áireamh an t-eolas is nua as foilseacháin phiarmheastóireachta.

## Beartais Eorpacha agus Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta a bhaineann le hábhar

### BEARTAS BITHÉAGSÚLACHTA AN AE

I mí Márta 2010, ghlac ceannairí an AE leis nach mbainfí amach sprioc na bliana 2010 maidir leis an mbithéagsúlacht ainneoin bearta suntasacha chun feabhais, mar shampla Natura 2000, an córas is mó ar domhan de limistéir chosanta, a chur ar bun. Aontaíodh mar sin leis an aidhm fhadtéarmach agus leis an bpríomhsprioc uaillmhianach arna mholadh ag an gCoimisiún in "Options for an EU vision and target for biodiversity beyond 2010" (CE, 2010).

### AIDHM 2050 AN AE

Is é atá d'aidhm fhadtéarmach ag an AE go mbeadh, *"faoin mbliain 2050, bithéagsúlacht an Aontais Eorpaigh agus na seirbhísí éiceachórais a chuirtear ar fáil léi – an caipiteal nádúrtha – faoi chosaint, faoi mheas agus athchóirithe ar mhaithe leis an bhfiúntas intreach atá sa bhithéagsúlacht agus leis an gcion tairbhe buntábhachtach a dhéantar do mhaitheas an duine agus don rachmas eacnamaíochta agus ionas go seachnaítear na hathruithe tubaisteacha a thagann ó bhithéagsúlacht a chailleadh"* (CE, 2011).

### PRÍOMHSPRIOC NA BLIANA 2020

D'fhoilsigh an AE de phríomhsprioc don dul chun cinn faoin mbliain 2020 *"go mbeadh deireadh curtha le cailleadh bithéagsúlachta agus le díghrádú ar sheirbhísí éiceachórais san AE faoin mbliain 2020, athchóiriú tugtha orthu chomh mór agus ab fhéidir, agus brostaithe le cion tairbhe an AE maidir le cailliúint bithéagsúlachta ar fud an domhain a sheachaint"* (CE, 2011).

### COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE MAIDIR LEIS AN mBITHÉAGÚLACHT

Tháinig de thoradh ar an deichiú Comhdháil de Pháirtithe an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht, a tionóladh i Nagoya sa bhliain 2010, gur glacadh leis an bplean straitéiseach domhanda maidir leis an mbithéagsúlacht 2011–2020, agus le straitéis chun acmhainní ar mhaithe le bithéagsúlacht an domhain a chur in úsáid. Tagann straitéis bithéagsúlachta 2020 an AE leis an dá bheart sin tríd an AE a chur ar an mbóthar ceart maidir le haidhmeanna bithéagsúlachta an AE féin a thabhairt i gcrích agus na dualgais dhomhanda a chomhlíonadh. Tá Éire, ina páirtí de chuid an choinbhinsiúin di, tugtha do bhearta chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú, ina measc éiceachórais, gnáthóga agus speicis a chaomhnú ina dtimpeallacht nádúrtha. Leagtar an doígh ina dtabharfar sin i gcrích in Éirinn amach sa Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017–2021 (NPWS, 2017).

### BONNEAGAR GLAS CUR LE CAIPITEAL NÁDÚRTHA NA hEORPA

Tá Bonneagar Glas bunaithe ar an bprionsabal go ndéantar cosaint agus forfheabhsú an dúlra agus na bpróiseas nádúrtha, agus an t-iliomad buntáiste a bhíonn ag an duine ón nádúr, a thabhairt isteach d'aon ghnó mar dhlúthchuid den phleanáil spáis agus den fhorbairt talúnda. Tá sonraithe ag an gCoimisiún Eorpach gur féidir le bonneagar glas tairbhe mhór a dhéanamh maidir le cuid mhaith de chuspóirí beartais an AE a thabhairt i gcrích.

### COINBHINSIÚN RAMSAR

Is é an Coinbhinsiún maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar) an comhaontú idir rialtais trína ndéantar foráil don chreatchóras maidir le tailte bogaigh agus a gcuid acmhainní a chaomhnú agus úsáid stuama a bhaint astu. Aontaíodh an Coinbhinsiún i gcathair Ramsar na hIaráine sa bhliain 1971 agus tháinig sé i bhfeidhm sa bhliain 1975. Ón tráth sin i leith, tá aontaithe ag beagnach 90% de Bhallstáit na Náisiún Aontaithe, as gach réigiún den domhan, a bheith ina bPáirtithe Conarthacha[4].

### CREATCHOINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE MAIDIR LE hATHRÚ AERÁIDE

Cheangail tíortha le comhaontú idirnáisiúnta sa bhliain 1992 a dtugtar Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide, mar chreatchóras don chomhoibriú idirnáisiúnta chun cur i gcoinne athrú aeráide. Tá ceangal dlí de réir Phrótacál Kyoto (1997) ar Pháirtithe is tíortha forbartha maidir le spriocanna ísliú astaíochta. Lean an tréimhse tosaigh gealltanais faoin bPrótacál ón mbliain 2008 go dtí an bhliain 2012. Tháinig tús leis an dara

4. www.ramsar.org

tréimhse gealltanais ar an 1 Eanáir 2013 agus leanfaidh go dtí an bhliain 2020[5].

I mí na Nollag 2015, d'aontaigh iomlán an 196 Páirtí le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide comhaontú domhanda nua, atá ceangailteach faoin dlí, maidir le hathrú aeráide. Faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015, cuirtear na Creatchórais Náisiúnta ar bun in Éirinn is gá chun a chinntiú gur féidir pleanáil agus na bearta cuí a dhéanamh maidir le oiriúnú agus maolú i gcomhthéacs na n-iarrachtaí domhanda atá ar bun faoi láthair d'fhonn an chuspóir atá againn i gcoitinne a bhaint amach.

## Comhairliúchán Poiblí

Sa bhliain 2012, d'fhostaigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar a bhíodh, dream conraitheoirí seachtracha eolaíochta, faoi cheannaireacht RPS[6], chun tabhairt faoin anailís eolaíochta ba ghá mar bhonn treise faoi aidhmeanna an Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe .

Foilsíodh dréacht den phlean i mí Eanáir 2014 chomh maith le dréacht den Straitéis Náisiúnta Tailte Portaigh agus an tAthbhreithniú ar Chóras na Limistéir Oidhreachta Náisiúnta Portaigh Ardaithe. Eagraíodh comhairliúchán poiblí ó mhí Eanáir 2014 go dtí mí Aibreán 2014 agus tháinig níos mó ná 1,500 freagra ina leith sin. Is féidir an chuid is mó de na freagraí a tháinig i rith an phróiseas comhairliúcháin a rangú i dhá ghrúpa faoi leith. Tháinig líon mhór freagraí ó dhaoine agus ó ghrúpaí den lucht bainte móna ar mian leo leanúint ag baint mhóna taobh istigh de na portaigh ardaithe ainmnithe agus ó úinéirí príobháideacha talún a bhfuil imní orthu go dtiocfaidh tionchar chun dochair maidir lena gcuid talún ón athchóiriú ar phortaigh ardaithe. Os a choinne sin, bhí líon suntasach aighneachtaí a chuir daoine faoi bhráid a raibh imní orthu faoin dochar atá tarlaithe don ghnáthóg portaigh ardaithe agus ar mhian leo go ndéanfaí dícheall níos déine an réimse cúng go leor de ghnáthóg portaigh ardaithe atá ann go fóill a chosaint. Tharla cruinnithe agus plé le geallsealbhóirí freisin ó tháinig deireadh le tréimhse an chomhairliúcháin.

Rinneadh an plean seo a chur le chéile sa chaoi is go dtugtar na tuairimí éagsúla sin san áireamh agus cuirtear modh oibre don am atá romhainn chun chinn tríd an mbealach a ndéanfar bainistíocht agus obair chaomhnúcháin ar réimsí ionadaíochta de na portaigh ardaithe a leagan amach.

## Measúnacht Timpeallachta Straitéiseach agus Measúnacht Oiriúnachta maidir leis an bplean

Is próisis an Mheasúnacht Timpeallachta Straitéiseach (SEA) agus an Mheasúnacht Oiriúnachta (AA) trína ndéantar cúrsaí timpeallachta a thabhairt san áireamh mar dhlúthchuid den obair ullmhúcháin ar phleananna agus ar chláir oibre sula dtugtar chun críche iad. Is é cuspóir atá leis na próisis soláthar a dhéanamh d'ardleibhéal cosanta don timpeallacht agus forbairt inmharthana a chur chun cinn trí mhaith a dhéanamh maidir le ceisteanna timpeallachta a thabhairt san áireamh mar dhlúthchuid den obair i ndáil le pleananna sonraithe agus cláir oibre a leagan amach agus a aontú, chomh maith le lón eolais a chur ar fáil a bheadh mar bhonn le cinntí a dhéanamh, i bhfianaise a mbeadh i gceist leis don timpeallacht, an leanfaí ar aghaidh le plean. Mar gheall ar an dóigh go mbeadh tionchar ag na bearta sa Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe ar phortaigh ardaithe agus ar ghnáthóga agus ar speicis eile a dtarlódh iad a bheith á gcosaint freisin faoin Treoir maidir le Gnáthóga, rinneadh measúnacht AA faoin bPlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe an tráth céanna leis an measúnacht SEA. Beidh an mheasúnacht AA agus an Ráiteas SEA ar fáil ar láithreán gréasáin Sheirbhís NPWS na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta: https://www.npws.ie.

5. http://unfccc.int/
6. Comhlacht seirbhísí pleanála, dearthóireachta, innealtóireachta, timpeallachta agus cumarsáide





# Caibidil 2

## STÁDAS CHRAOBHCHÓRAS PHORTAIGH ARDAITHE na hÉIREANN

# Caibidil 2

## STÁDAS CHRAOBHCHÓRAS PHORTAIGH ARDAITHE na hÉIREANN

### Cad is Portach Ardaithe ann?

Éiceachóras bogaigh atá sa phortach ardaithe a chruthaítear mar gheall ar mhóin dhomhain a charnadh tar éis di eascairt ar dtús as cuach thanaí locha nó as logáin topagrafaíochta nuair a tháinig deireadh leis an oighriúchán deiridh 10,000 bliain ó shin. Fágann bá na talún i gceantar den sórt sin go dtarlaíonn cruthú móna. Fásra leathlofa á charnadh is cúis le móin a chruthú i dtailte bogaigh mar a bhfágann bá na talún nach mbuaileann ocsaigin ón atmaisféar leis an ábhar, rud a fhágann an ráta lobhaidh níos moille. As uisce, ábhar orgánach (plandaí) agus beagán d'ábhar mianraí a chruthaítear ithir mhóna den chuid is mó. Ar an bportach slán in Éirinn, caonach móna *(de chineálacha an Sphagnum)* an fásra is tréine agus is tábhachtaí maidir le móin a chruthú.

De réir mar a scríobhann Schouten (2002), bíonn idir 88% agus 97% de thoirt na móna neamhbhearnaithe ina uisce. Ó tharla go seasann ábhar orgánach i dtosca anaeróbacha na bportach móna, fanann adhmad, éadach, torthaí agus síolta, fiú amháin craiceann, fíochán agus gruaig an duine, agus ábhar eile de na cineálacha sin gan mheath nuair a bhíonn siad faoi uisce. Is é bun atá leis an ainm portach ardaithe an dromchla ardaithe a thagann chun tosaigh de réir mar a fhásann portach ardaithe in airde sa chaoi is go gcruthaítear mar a bheadh cruinneachán beag is airde ná a mbíonn ina thimpeall, faoi mar a léirítear i bPláta 2.1. Uisce báistí is mó a shileann sa phortach ard seo agus is iondúil a cheapadh go bhfuil sé neamhspleách ar an maoschlár áitiúil.

Is iondúil dromchla an phortaigh ardaithe, ach é a bheith slán go maith, fliuch, aigéadach agus easnamhach ó thaobh cothaitheach (ó tharla gur leis an mbáisteach a thagann an chuid is mó den ábhar cothaithe ar an bportach). Cothaítear fásra de chineálacha faoi leith ar dhroim an phortaigh ardaithe nach mbíonn le fáil go hiondúil in éiceachórais eile. Mar a luaitear thuas, tá caonach *Sphagnum* ar cheann de na cineálacha is flúirsí a bhíonn ar fáil cé gur iomaí speiceas eile a tharlaíonn ar an bportach chomh maith. Bíonn cineálacha féir agus cineálacha cíbe ar fáil go flúirseach san áit atá fliuch agus fásann toimíní de chineálacha éagsúla fraoigh in áiteanna is tirime ná sin. Tugtar cuntas níos mine ar an bhfásra a bhíonn ar phortach ardaithe níos faide amach sa chaibidil seo.

Is é atá de shaintréith ag rith le portach ARB, mar a léirítear i bPlátaí 2.2 agus 2.3, go bhfuil acraiteilm nó sraith (10–30cm) fásra in uachtar, a sonraítear gurb í an tsraith den phortach ardaithe í atá beo agus ag fás (ráta fáis tuairim is 1–3cm in aghaidh na bliana), agus gur caonach móna beo (speicis *Sphagnum*) den chuid is mó atá ar dhroim na sraithe uachtair sin. Tá bunriachtanas leis an acraiteilm



**Pláta 2.1: Limistéar SAC Phortach Ardaithe Sheithe Fhraoigh, Co. Chiarraí**

sin maidir le portach ardaithe ós sa tsraith sin a tharlaíonn cruthú na móna agus bíonn tionchar tréan aige ar an ráta maidir le huisce a ritheann le sruth den phortach. Níos faide síos ná an acraiteilm bheo sin, tá an chataiteilm ina bhfuil sraitheanna i mullach a chéile d'fhásra neamhbheo atá báite agus óna gcruthaítear. le himeacht cuid mhór ama, an mhóin dhonn. Bíonn ráta fáis suas le 1mm in aghaidh na bliana faoin gcataiteilm agus féadann níos mó ná 10m doimhne a bheith leis i bportaigh na hÉireann. De réir mar a leagtar níos mó den fhásra neamhbheo i mullach a chéile, tagann dath dubh ar na sraitheanna is íochtaraí den mhóin.

Bíonn tailte bogaigh de chineálacha eile, mar shampla seascann, eanach nó coillearnach bhogaigh, thart ar phortaigh ardaithe neamhbhearnaithe. Is idir-réimsí na gnáthóga imeallacha sin idir an mhóin agus ithreacha mianra in aice láimhe. Crios eascaigh a thugtar ar réimsí den sórt sin agus tá siad an-neamhchoitianta in Éirinn.

Is ar thailte nach bhfuil níos crochta ná 130m atá portaigh ardaithe na hÉireann den chuid is mó. Déantar iad a rangú de réir dhá fhochineál ag brath ar an méid báistí a thiteann iontu (Hammond, 1984). Glactar leis go bhfuil an teorainn eatarthu, ó thaobh cúrsaí tíreolaíochta, cóngarach don líne maidir leis an isiheit 1,000mm (líne ar mhapa trí na limistéir ina dtarlaíonn oiread áirithe báistí). Soir ón líne sin atá 'portaigh ardaithe dáiríre lár tíre' agus siar uaidh is coitianta 'portaigh ardaithe idirmheánacha' nó 'portaigh ardaithe an Iarthair'. Ba é tuairim Hammond go raibh an dara cineál sin idir-réimseach idir portaigh ardaithe lár tíre agus na bratphortaigh is iondúla san áit a dtarlaíonn níos mó báistí ná íoslíon 1,250mm, an cineál portaigh atá coitianta le cósta an iarthair.

Bhíodh na portaigh ardaithe ina gcuid de choimpléascanna leitheadacha de thailte bogaigh a tháinig chun cinn ar fud chuid mhór den talamh íseal i lár na hÉireann, mar a bhfuil an machaire aolchloiche faoi ithir dhroimneach oighearshíobach ar dhoimne athraitheach, go háirithe in Abhantracht na Sionainne. D'fhág sin logáin inar tharla locha agus/nó eanach (cineál talún a thagann roimh an bportach) a theacht chun cinn iontu. Is ar thailte ísle i lár tíre agus i meániarthar na hÉireann is mó atá na portaigh seo ar fáil sa lá atá inniu ann (féach Léaráid 2.2).





**Plátaí 2.2 agus 2.3: Samplaí de phortaigh ardaithe beo na hÉireann - fásra ar an gcaighdeán is fearr**

## Acmhainn Náisiúnta na bPortach Ardaithe

De réir na tuarascála is deireanaí ar Mheasúnacht Stádais Caomhantais (Fernandez et al., 2014) níl níos mó ná 50,000 ha de phortach ard "neamhbhearnaithe" fágtha sa tír as an mbunfhigiúr 310,000 ha a luaigh Hammond (1981) mar mheastachán (féach Léaráid 2.1). Meastar go bhfuil 17,995 ha de phortach ard agus ar a laghad 9,100 ha de phortach réitithe i gcóras na bportach ardaithe ainmnithe (limistéir SAC agus limistéir NHA) agus nach féidir níos mó ná 1,639 ha de sin a rangú ina phortach ARB. Tá réimsí réitithe freisin sna limistéir SAC agus limistéir NHA a bheadh san áireamh leis an 310,000 ha de phortach ardaithe ar thug Hammond (1981) tuairisc air. Fágann sin go bhfuil ar a lagh 9% a bheag nó a mhór den acmhainn portach ardaithe a bhíodh ar fáil ar dtús.




**Léaráid 2.1: Acmhainn náisiúnta na bportach ardaithe**

D'fhág sábháil mhóna a dhéanamh ar bhonn tionsclaíochta gur cailleadh an portach ard go tréan ó lár an 20ú aois anall. Tá tuairim is 80,000 ha de thailte portaigh faoi úinéireacht Bhord na Móna agus rinneadh móin a bhaint agus a shábháil ar bhonn tionsclaíochta ar sciar mór den réimse sin. Ina ainneoin sin, tá réimsí suntasacha den talamh portaigh nach ndearnadh a dhraenáil go hiomlán agus a chóiriú le móin a shábháil air agus, le tamall de bhlianta anuas, tá infheistíocht á dhéanamh ag Bord na Móna i gClár Athchóiriúcháin maidir leis an bPortach Ard ar chuid mhór de na portaigh sin. Tá roinnt comhlachtaí eile a shábháil móin ar bhonn tráchtála ar phortaigh ardaithe in Éirinn freisin, cé nach ar scála chomh mór le Bord na Móna é. Meastar go ndearnadh isteach is amach le 100,000 ha de phortach ardaithe in Éirinn a shaothrú ar bhonn tionsclaíochta. Ciallaíonn sin, dá bhrí sin, ó tharla nach bhfuil níos mó ná 50,000 ha den bhunacmhainn 310,000 ha ar fáil faoin tráth seo, go ndearnadh móin a bhaint, le hobair láimhe den chuid is mó, ar tuairim 160,000 ha de phortach ard in imeacht na gcéadta bliain roimhe sin.






**Léaráid 2.2: Mapa ar a léirítear an méid den phortach ard atá ar fáil go fóill i bPoblacht na hÉireann**

Bhíodh coimpléascanna fairsinge portaigh, a raibh na mílte heicteáir achair iontu, coitianta i lár tíre. Tá cuid mhór de na seanphortaigh sin a saothraíodh ar bhonn tionsclaíochta (nó a bhfuil sin ar siúl faoi láthair orthu) nó ar baineadh móin astu lena dó ag baile. Léirítear i Léaráid 2.3 achar agus ionad na láithreacha ainmnithe (teorainneacha uaine nó gorma) i gceantar amháin i lár tíre i gcomórtas leis an hachar agus ionad na réimsí portaigh ardaithe atá anois ina lagphortach cuid mhór agus gan fásra (teorainneacha dearga). Tá Limistéar SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí ar an réimse is fairsinge de phortach ardaithe atá ar fáil go fóill i lár na tíre. Tá 440 ha de phortach ard sa réimse sin. Bhíodh tuairim is 990 ha ann.




**Léaráid 2.3: Portaigh ainmnithe agus neamhainmnithe sa cheantar thart ar Limistéar SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí**

## Cuntas níos mine a thabhairt ar ghnáthóg portaigh ardaithe

Tá córas mapála agus tuairiscíochta seanbhunaithe in Éirinn faoin tráth seo maidir le cur síos a thabhairt ar an bhfásra ar réimsí den phortach ard. Is é a ghabhann le "rangú éiceatóip" coimpléascanna plandaí a rangú ina n-éiceatóip a bhfuil tréithe fisiciúla éagsúla ina gcomharthaí sóirt orthu. Féach Fernandez et al. (2014) maidir le sonraí breise.

Seo a leanas na príomhchineálacha éiceatóip:

- Éiceatóp lárnach
- Éiceatóp fo-lárnach
- Borrfhás gníomhach agus maothchóras
- Éiceatóp fo-imeallach
- Éiceatóp imeallach
- Borrfhás neamhghníomhach
- Éiceatóp phort móna.

San éiceatóp lárnach agus san éiceatóp fo-lárnach a tharlaíonn cúinsí carntha móna (ionas go gcruthaítear portach ARB). Is iondúil gur réimsí den éiceatóp lárnach an chuid is fliche den phortach agus is teist é ar phortach ardaithe beo de chaighdeán maith a bheith ar fáil. Caonach Sphagnum is mó a bhíonn ag fás ar réimsí den bhorrfhás gníomhach agus den mhaothchóras freisin agus is iondúil iad sin fliuch chomh maith. Gnéithe iad sin a cheanglaítear le portach ARB agus cuireann siad leis an iléagsúlacht go ginearálta ar an ngnáthóg. Mar a luaitear i gCaibidil 1, tá portach ARB ar na gnáthóga príomhthábhachta a luaitear in Iarscríbhinn I leis an Treoir maidir le Gnáthóga.

Feidhm taca is iondúil leis na réimsí imeallacha agus fo-imeallacha in aice láimhe agus na poirt mhóna agus, cé nach dtarlódh carnadh móna orthu, bíonn an fheidhm sin cinniúnach maidir le fásra na réimsí lárnacha agus fo-lárnacha. Beidh roinnt de na réimsí seo a bhféadfaí iad a athchóiriú mar phortach ARB. Ar na héiceatóip eile is tirime

a bhíonn ar fáil ar an bportach ard agus nach dtéann leis an bportach ARB, tá "borrfhás neamhghníomhach" nach iondúil caonach *Sphagnum* go flúirseach air.

Is féidir an t-athrú beag féin ar chaighdeán na gnáthóige a mheas le mapáil éiceatóip arís agus arís eile le himeacht ama. Leagtar amach mionsonraí faoi shuirbhéireacht monatóireachta ar láithreacha cosanta sa rannóg ina dhiaidh seo.

Ní nach ionann agus an portach ARB, ar féidir mapáil chruinn a thabhairt air leis na modhanna oibre a ghabhann le suirbhéireacht éiceatóir de réir an chuntais thuas, tá sé níos deacra mapáil a dhéanamh ar phortach nach bhfuil móin á cruthú air faoi láthair ach a bhféadfaí é a athchóiriú (ar a dtugtar portach ardaithe díghrádaithe nó portach DRB) ó tharla, de réir sainmhíniúcháin, nach dtugtar san áireamh ach na réimsí sin ar féidir athchóiriú a thabhairt orthu taobh istigh de thréimhse 30 bliain tar éis na bearta athchóiriúcháin a dhéanamh. (Tugtar chun aire, mar a luaitear i gCaibidil 1, go luaitear gnáthóg den chineál seo in Iarscríbhinn I leis an Treoir maidir le Gnáthóga.) D'fhonn réimsí DRB den sórt sin a thomhas, tugadh modh oibre chun cinn chun na réimsí de phortach ardaithe a shonrú ina bhfuil na cúinsí hidreolaíochta cuí ar fáil go bhféadfaí portach ARB a athbhunú iontu.

Leis an modh oibre seo, baintear úsáid as mionsonraí topagrafaíochta maidir le gach réimse portaigh ardaithe a fhaightear le suirbhéireacht LiDAR (Brath agus Rianáil Solais) d'fhonn an dóigh go bhféadfaí portach ARB a chothú ar dhroim an phortaigh a mheas. Teicneolaíocht cianbhraiteoireachta atá sa chóras LiDAR lena ndéantar airde ingearach dromchla a thomhas trí sprioc a lasadh le léasar agus anailís a dhéanamh ar an solas a fhrithchaitear. Déantar na sonraí a chruinniú le heitleán a eitlíonn go híseal os cionn na talún. Cuirtear mapaí topagrafaíochta i bhfad níos mionsonraithe agus níos cruinne den phortach ardaithe ar fáil ar an gcaoi sin ná is féidir a chur ar fáil leis na seanmhodhanna suirbhéireachta traidisiúnta.

Tá sonraí ón tsuirbhéireacht LiDAR ina bhonn faoi chlár taighde eolaíochta a chuireann go mór leis an eolas eicihidreolaíochta (an chaoi a n-oibríonn uisce agus na héiceachórais ar a chéile) maidir le portaigh ardaithe na hÉireann. Tríd na mionsonraí ón tsuirbhéireacht thopagrafaíochta a úsáid, is féidir samhaltú a dhéanamh anois ar chúinsí eicihidreolaíochta (bunaithe ar an bhfána atá le portach ardaithe, na pátrúin draenála agus an méid báistí a thiteann) agus na cúinsí sin a cheangal le hábhar suirbhéireachta le tamall anuas. Is féidir, ar an gcaoi sin, an réimse de gach portach ina bhfuil na cúinsí cuí ionas go bhféadfaí portach ARB a thabhairt chun cinn, nó ina dtiocfadh sin chun cinn, a dheimhniú. Is féidir an dóigh go bhféadfaí athchóiriú a dhéanamh ar aon phortach ardaithe faoi leith a mheas leis an bpróiseas samhaltúcháin eicihidreolaíochta seo agus na réimsí sin a cheapadh le portach DRB. Tugtar cur síos mionsonraithe ar na modhanna samhaltúcháin eicihidreolaíochta in Aguisín 2.

Ó tharla sonraí topagrafaíochta in úsáid don samhaltú mar bhealach chun cúinsí hidreolaíochta a mheas, is féidir ó am go chéile go dtugtar tuar ródhóchasach maidir leis an dóigh go dtarlódh portach ARB a athbhunú sa chás go dtarlaíonn cailliúint ingearach uisce ar ráta ard. D'fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb sin agus a chinntiú go leagtar síos spriocanna réasúnta maidir le haidhmeanna caomhnúcháin, rinneadh an éifeachtúlacht a ghabhann le bearta athchóiriúcháin a mheas i ndáil le gach portach ardaithe faoi leith. Mar shampla, sa chás gur léir fáth faoi leith, mar shampla draenacha feidhmeacha a bheith san áit, nach bhfuil portach ARB i limistéar áirithe a mbeifí á thuar leis an samhaltú go mbeadh sin ar fáil, glactar leis modh athchóiriúcháin a mbeidh an-éifeacht leis is ea blocáil draenacha i ndáil le portach ARB a chur ar bun in athuair (ardéifeachtúlacht). I gcodarsnacht leis sin, sa chás nach bhfeictear cúiseanna soiléire den sórt sin le heasnamh portaigh ARB, glactar leis nach mbeadh oiread sin éifeachta le bearta athchóiriúcháin agus déantar an dóigh go n-éireodh le hathchóiriú de réir mar a thuartar sin leis an samhaltú a mhaolú (lagéifeachtúlacht) agus, dá réir sin, ní mheastar an limistéar sin a bheith le tabhairt san áireamh mar ghnáthóg portaigh DRB faoi Iarscríbhinn I.

## An Riocht Caomhantais ina bhfuil Portaigh Ardaithe faoi leith a Mheas

Rinneadh an chéad sraith de bhearta suirbhéireachta eiceatóip in Éirinn idir na blianta 1992 agus 1995 (Kelly (1993) agus Kelly *et al*. (1995)). Mar chuid den tsraith ssin, rinneadh suirbhéireacht iomlán nó páirteach ar 45 portach ardaithe i 40 limistéar SAC. Rinneadh sraith eile de bhearta suirbhéireachta eiceatóip i rith na mblianta 1999 agus 2000 lenar bhain suirbhéireacht iomlán nó páirteach ar 14 portach ardaithe i 11 limistéar SAC (Derwin & MacGowan, 2000). Rinneadh bearta suirbhéireachta eiceatóip eile ina dhiaidh sin idir na blianta 2003 agus 2005 (a bhfuil tuairisc orthu in Fernandez *et al*. (2005) agus Fernandez *et al*. (2006)) lenar bhain suirbhéireacht athuaire ar chuid mhór de na portaigh a ndearnadh suirbhéireacht orthu idir na blianta 1992 agus 1995. Rinneadh suibhéireacht eiceatóip ar limistéar SAC portaigh ardaithe amháin (Portach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí) sa bhliain 2009. Idir na blianta 2011 agus 2013 (Fernandez *et al*., 2014) a rinneadh an tsraith is deireanaí de bhearta suirbhéireachta eiceatóip nuair a rinneadh suirbhéireacht ar 44 portach i 37 limistéar SAC agus aon limistéar NHA amháin.

Tá leasú agus feabhsú áirithe curtha i bhfeidhm ó tosaíodh ar mhapáil eiceatóip den chéad uair ionas gur cruinne na próisis agus go gcinntítear comhleanúnachas idir suirbhéanna éagsúla. Le modh oibre na linne seo, baintear úsáid as gléasanna GPS atá an-chruinn go dtí fad is lú ná an méadar. Is eol dá bhrí sin go dtarlaíonn beagán iomraill idir torthaí na suirbhéireachta a rinneadh ag tráthanna éagsúla. Tugtar áfach, d'fhonn comparáid chruinn a chinntiú, athbhreithniú cuimsitheach ar an gcur síos ar an bhfásra agus ar thaifid suirbhéireachta ó na seanbhearta suirbhéireachta san áireamh go ndeimhnítear ar tharla

athrú dáiríre ar fhairsinge agus/nó ar chaighdeán na gnáthóige nó an mar gheall ar an mapáil a bheith níos cruinne an t-athrú atá le sonrú.

Trí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na sonraí ó sheanbhearta suirbhéireachta, b'indéanta meastachán níos cruinne maidir le hachar agus cuma an phortaigh ardaithe, ó tháinig an Treoir maidir le Gnáthóga i bhfeidhm, a chur ar fáil.

## An Stádas Caomhantais maidir le Gnáthóga Portaigh Ardaithe faoi Iarscríbhinn I

Tá dlite ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh tuarascáil a chur ar fáil gach sé bliana faoi stádas caomhantais na ngnáthóg agus na speiceas ar fad a liostaítear sna hiarscríbhinní leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Chuir Éire an dara measúnacht ar stádas caomhantais 58 gnáthóg agus 61 speiceas ar faoi bhráid i mí Meitheamh 2013 (NPWS, 2013). Tá measúnacht ar stádas caomhantais ghnáthóga Iarscríbhinn I an phortaigh ARB agus an phortaigh DRB (taobh istigh agus taobh amuigh den chóras ainmnithe) ina chuid de sin. Baineadh leas as torthaí na mbearta suirbhéireachta monatóireachta a dtugtar cuntas orthu thuas chun an mheasúnacht a dhéanamh. Sonraítear sa tuarascáil go meastar an stádas "mífhabhrach dona" a bheith i gceist maidir leis an bportach ARB agus leis an bportach DRB araon in Éirinn. Sonraítear gurb iad na cúiseanna is mó leis an mbrú ar an stádas, baint mhóna, draenáil, leibhéil an mhaoschláir a ísliú, plandáil shaorga ar chrainn neamhdhúchasacha agus tinte.

Rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar a bhí, le linn tuarascáil sé bliana faoi Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoin Treoir maidir le Gnáthóga, a mheas gurbh ionann an **stádas caomhantais nádúrtha** maidir le **gnáthóg portaigh ardaithe beo** agus ***"Mífhabhrach Go Dona - Ag Meath"***, an ráta is measa is féidir faoin gcóras tuairiscíochta. Mheas Fernandez et al. (2005) go raibh cúngú 25–36.7% ar achar an phortaigh ardaithe beo maidir le 48 portach ardaithe in Éirinn a ndearnadh meastóireacht ina leith i rith an tréimhse tuairiscíochta 1994/95–2004/05. Leagtar amach sa tuarascáil monatóireachta is deireanaí maidir leis an bportach ardaithe (Fernandez et al., 2014) gur cailleadh, ainneoin iarrachtaí leanúnacha athchóiriúcháin le fiche bliain anuas, tuairim is 13 ha (1.61%) den phortach ARB taobh istigh den 44 portach ardaithe a ndearnadh measúnacht orthu idir na tréimhsí tuairiscíochta 2004/05 agus 2011/13.

## Cúngú ar Achar an Phortaigh Ardaithe

Tá achar ar cheann de na slata tomhais is tábhachtaí agus stádas chóras phortaigh ardaithe na hÉireann á mheas. Déantar athrú ar an achar de réimsí portaigh ARB agus DRB a mheas, chomh maith leis an achar iomlán de phortach ard atá taobh istigh den chóras, d'fhonn na pátrúin athraithe atá faoi stádas an chórais a dheimhniú.

## Achar na réimsí portaigh ardaithe beo

B'ionann achar na réimsí portaigh ardaithe beo taobh istigh de 53 Limistéar SAC na hÉireann sa bhliain 1994 (an bhliain ar tháinig an Treoir maidir le Gnáthóga i bhfeidhm) agus 1,940 ha de réir meastacháin a rinneadh le suirbhéireacht éiceolaíochta. Bhí sin laghdaithe go dtí 1,210 ha faoin mbliain 2012/13, ísliú 730 ha. **Is ionann sin agus cailliúint timpeall is 37% den ghnáthóg portaigh ardaithe beo i limistéir SAC ARB idir an bhliain 1994 agus an bhliain 2012/13.**

Meastar, chomh maith leis sin, gurbh ionann achar na réimsí portaigh ardaithe beo taobh istigh den chóras tosaigh 75 limistéar NHA sa bhliain 1994 agus 490 ha (de réir meastacháin bunaithe ar na bearta suirbhéireachta éiceolaíochta a bhí ar fáil agus an cás go náisiúnta a cheapadh uaidh sin) agus gur tharla laghdú go dtí 284 ha faoin mbliain 2012/13, ísliú 206 ha. Is ionann sin agus ísliú timpeall is 42% den ghnáthóg portaigh ardaithe beo i limistéir NHA i rith an ama sin.

Anuas ar an méid sin, b'ionann achar na ARB taobh istigh de phortaigh neamhainmnithe a bhféadfadh tábhacht a bheith leo ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin agus 200 ha sa bhliain 1994, de réir meastacháin bunaithe, ar an gcaoi chéanna, ar na bearta suirbhéireachta éiceolaíochta a bhí ar fáil agus an cás go náisiúnta á cheapadh uaidh sin arís. Tháinig laghdú go dtí 145 ha sa bhliain 2012/13 le 55 ha á chailliúint. Fágann sin cailliúint gar do 28% in imeacht na mblianta sin.

Is léir uaidh sin gur tharla cailliúint mhór (circa 1,000 ha) maidir leis an ngnáthóg portaigh ardaithe beo ar fud na tíre ab ionann agus 2,630 ha sa bhliain 1994 agus 1,639 ha sa bhliain 2012/13.

## Achar na réimsí portaigh ardaithe díghrádaithe

Nuair nach bhfuil eolas iontaofa ó bhearta suirbhéireachta ar fáil, rinneadh achar na réimsí portaigh DRB faoi láthair a ríomh tríd an samhaltú eicihidreolaíochta a bhfuil cuntas air thuas a úsáid chun réimsí a mbeadh i ndán go bhféadfaí iad a athchóiriú mar phortach ARB a shonrú. Is ionann achar iomlán na réimsí portaigh DRB taobh istigh de 53 limistéar SAC na hÉireann agus 1,114 ha agus tá 440 ha sa seanchóras 75 limistéar NHA. D'fhonn iarmheastachán a thabhairt ar an achar de réimsí portaigh DRB a bhíodh ar fáil sa bhliain 1994, baineadh úsáid as grianghrafanna orta-choigeartaithe ón aer a tógadh i rith thréimhsí éagsúla ama chun imeallacha na réimsí den phortach ard a thabhairt chun suntais; cuireadh imeallchrios i bhfeidhm chun teorainneacha seachtracha na réimsí portaigh DRB a leagan amach; agus i ndeireadh báire, rinneadh achar stairiúil na réimsí portaigh ARB mar a bhí ar eolas a dhealú ón méid sin d'fhonn an t-achar de phortaigh DRB a ríomh. Ar chur chuige ar an gcaoi sin, meastar go mbíodh 650 ha de phortach DRB taobh istigh de 53 limistéar SAC na hÉireann

agus 520 ha de phortach DRB sa seanchóras 75 limistéar NHA sa bhliain 1994.

Cé go léiríonn na staitisticí fairsingiú ar an achar portaigh DRB taobh istigh de na limistéir SAC (Tábla 2.1), ní mór a thabhairt chun aire gur mór an dul ar gcúl atá i gceist maidir leis an stádas ó tharla gur le cúlú an phortaigh ARB a tháinig an méadú. Ba é cuspóir a bhí le portaigh sna limistéir SAC tráth a n-ainmnithe go n-athchóireofaí na réimsí portaigh DRB ina bportaigh ARB agus is é aidhm a bhain dá bhrí sin leis na réimsí portaigh DRB go dtiocfadh cúngú orthu seachas an fairsingiú a fheictear anois.

## Achar iomlán na réimsí den phortach ard i gcóras na bportach ardaithe ainmnithe

Baineadh úsáid as grianghrafanna orta-choigeartaithe ón aer a tógadh i rith thréimhsí éagsúla ama chun athruithe maidir le hachar na réimsí de phortach ard ó lár na 1990idí a ríomh. Chomh maith leis sin, baineadh leas as Samhaltú Digiteach ar an Tír-raon arna chruthú ó shonraí ardghléine LiDAR a bhailíodh i rith na bliana 2012 ionas gur géire an cruinneas maidir leis na teorainneacha le réimsí den phortach ard. D'fhág na sonraí sin sin gurbh fhéidir iad a dhigitiú agus a chur isteach i gcóras GIS (faisnéis tíreolaíochta) lenar féidir athruithe ar an achar a mheas.

B'ionann achar na réimsí de phortach ard taobh istigh de 53 limistéar SAC na hÉireann sa bhliain 1994 agus 10,740 ha, ar tháinig laghdú go dtí 10,515 ha air faoin mbliain 2012/13, le cailliúint 225 ha. Is ionann sin agus a rá gur tharla cailliúint mheasta 2% ó thaobh achair i rith an tréimhse sin de na réimsí de phortach ard sna limistéir SAC.

Anuas air sin, b'ionann achar na réimsí de phortach ard taobh istigh de 75 limistéar NHA na hÉireann sa bhliain 1994 agus 7,790 ha, ar tháinig laghdú go dtí 7,480 ha air faoin mbliain 2012/13, le 310 ha á chailliúint. Is ionann sin agus cailliúint mheasta 4% ó thaobh achair i rith an tréimhse 1994 - 2012/13 den ghnáthóg portaigh ard i limistéir NHA. Tá an ráta caillteanais beagnach dhá oiread chomh hard leis an ráta maidir le portaigh i limistéir SAC i rith an ama sin.

## Achoimre ar na pátrúin athraithe maidir le hachar portaigh ardaithe

Tá laghdú forghinearálta tagtha ar an achar de phortach ARB agus de phortach ard taobh istigh de chóras na bportach ardaithe in Éirinn. Tá laghdú i bhfad níos mó tagtha maidir le hachar portaigh ARB i gcomparáid leis an laghdú ar an achar de phortach ard. Leagtar amach sna rannóga ina dhiaidh seo na cineálacha is mó de na bagairtí atá ann do ghnáthóga portaigh ardaithe.

**Tábla 2.1: Achoimre maidir le hAchar Portaigh Ardaithe in Éirinn**

| Gnáthóg Portaigh | Acmhainn | 1994[7] (ha) | 2012/13[8] (ha) | Athrú (ha) |
|---|---|---|---|---|
| **Portach Ardaithe Beo** | Sa chóras SAC reatha | 1,940 | 1,210 | -730 |
| | Sa chóras NHA reatha | 490 | 284 | -206 |
| | Láithreacha gan ainmniúchán | 200 | 145 | -55 |
| | **An Córas Náisiúnta** | **2,630** | **1,639** | **-991** |
| **Portach Ardaithe Díghrádaithe** | Sa chóras SAC reatha | 650 | 1,114 | +464 |
| | Sa chóras NHA reatha | 520 | 440 | -80 |
| | Láithreacha gan ainmniúchán | 625 | 570 | -55 |
| | **An Córas Náisiúnta** | **1,795** | **2,124** | **+329** |
| **Portach Ard** | Sa chóras SAC reatha | 10,740 | 10,515 | -225 |
| | Sa chóras NHA reatha | 7,790 | 7,480 | -310 |

7. An bhliain faoina raibh ar bhallstáit an AE forálacha na Treorach maidir le Gnáthóga a shásamh
8. An tréimhse is deireanaí maidir le monatóireacht agus measúnacht samhaltúcháin

## Na Bagairtí is mó do Phortaigh Ardaithe in Éirinn

Tugtar de shainmhíniú ar éiceachóras in Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht[9] gur ionann é agus coimpléasc dinimiciúil de phobail plandaí, ainmhithe agus micrea-orgánaigh agus an timpeallacht neamhbheo ina maireann siad ag feidhmiú mar aonad idirghabhála amháin. Is den tábhacht, dá bhrí sin, go dtuigfí nach iad na nithe a chuirfeadh isteach ar na horgánaigh beo amháin a bheadh ina mbagairt maidir leis an éiceachóras a theacht slán ach nithe a chuirfeadh isteach ar an timpeallacht neamhbheo ina maireann siad chomh maith. Ós éiceachóras tailte bogaigh an portach ardaithe, eascraíonn an bhagairt is mó maidir lena gcaomhnú ó bheartaíocht a dtagann dá thoradh go ndraenáiltear uisce agus go dtriomaítear an talamh. Ní mór don mheánleibhéal uisce i bportach ARB a bheith cóngarach do dhroim an phortaigh nó os a chionn ar feadh mórchuid na bliana go dtiocfadh an portach slán. Ar na cineálacha bagartha is mó maidir le portach ardaithe na hÉireann, áirítear iad seo a leanas:

- Gnáthóg portaigh ardaithe agus gnáthóga tailte bogaigh máguaird a dhraenáil (e.g. maidir le portach réitithe a aisghabháil le haghaidh talmhaíochta);
- Sábháil agus baint mhóna;
- Crainn foraoiseachta a chur;
- Dó; agus
- Bearta eile de chuid an duine a fhágann ísliú suntasach ar leibhéal an mhaoschláir, mar shampla uisce a tharraingt as an screamhuisce agus obair cairéalachta.

Is féidir le bearta de na cineálacha thuas baint ó iomláine hidreolaíochta an phortaigh ardaithe ar bhealach a dtagann ísliú an mhaoschláir dá bharr agus sin arís ina shiocair le scoilteadh, éagruth, titim nó briseadh ó chéile. D'fhéadfadh na bearta sin an mhóin a fhágáil leis de réir mar a thiteann leibhéal an uisce ionas go n-oibreodh an t-aer ar ábhar plandaí marbh sa mhóin, go dtosódh sin ag lobhadh agus go scaoilfí dé-ocsaíd charbóin agus gáis eile amach san atmaisféar. Bíonn de thoradh ar na hathruithe sin ar struchtúr an phortaigh ardaithe freisin go gcailltear éiceolaíocht shainiúil an phortaigh ardaithe.

## An tionchar a bhíonn ag draenáil ar phortach ardaithe a thuiscint

Ní mór tuiscint ar na bunchúiseanna le hathruithe ar réimeas hidreolaíochta an phortaigh sular féidir dul i ngleic le díghrádú ar éiceachóras an phortaigh ardaithe. Nuair a chuirtear isteach draenacha ar an bportach ard, ní amháin go dtarlaíonn dá thoradh sin uisce a thabhairt chun bealaigh go tréan de dhroim an phortaigh, ach d'fhéadfadh freisin go dtiocfadh fánáin topagrafaíochta níos géire de thoradh air de réir mar a éiríonn an mhóin níos dlúithe mar gheall ar ísliú an mhaoschláir. I réimsí ina dtarlaíonn géarú ar fhánáin topagrafaíochta, imíonn an t-uisce le sruth i bhfad níos tréine agus fágann sin cúinsí hidreolaíochta i gcaoi nach bhfuil oiriúnach maidir le portach ARB a chothú. Is léir ó obair taighde go mbíonn tionchar as cuimse, i mbeagnach gach cás, ag leanúint le móin a bhaint le himeall an phortaigh aird ar an gcuid eile den phortach ARB agus DRB, mar a léirítear le Léaráid 2.4.

Is féidir le draenacha i réimsí imeallacha an phortaigh tionchar mór a imirt chomh maith. Tagann portach ardaithe chun cinn nuair a líontar isteach logáin bháite ionas go dtarlaíonn cothromaíocht hidreolaíochta leis an sil-ábhar neamhorgánach in aice láimhe (Léaráid 2.5A). Fágann leibhéal ard uisce sa mhóin agus leibhéal níos ísle sa sil-ábhar neamhorgánach atá ina bhonn faoin bportach (foshraith), go dtarlaíonn sileadh nádúrtha uisce portaigh. Bíonn an sileadh ingearach i gcomhréir leis an éagsúlacht ó thaobh leibhéal uisce idir an dá aonad agus bíonn tionchar ag tréscaoilteacht na foshraithe air. Nuair nach mbíonn aon difríocht mhór i gceist maidir leis an leibhéal uisce agus/nó mórán tréscaoilteacht ag baint leis an bhfoshraith, is iondúil gur beag a chailltear ar an gcaoi seo.

Cuireann baint agus draenáil na móna thart ar imeall portaigh an chothromaíocht nádúrtha hidreolaíochta as compás. Bíonn oiread an chur isteach ag brath ar thréscaoilteacht (K) an ábhair foshraithe agus ar an doimhne atá sna draenacha imeallacha a gearradh. Tá teorainn leis an tionchar a bhíonn ar an leibhéal uisce sa mhóin ag draenacha nach dtochailtear gar don bhunsraith móna (Léaráid 2.5B). Tagann turnamh móna dá thoradh sin a d'fhéadfadh síneadh na céadta méadair isteach faoin bportach. Is lú an cur isteach a oibrítear ar éiceachóras an phortaigh de réir mar is faide a bhítear ó na draenacha imeallacha agus braitheann an réimse a leanfaidh an tionchar ar shaintréithe na móna agus ar dhoimhne na ndraenacha.

I gcodarsnacht leis sin, sa chás go ngearrann draenacha i ngar don fhoshraith móna nó tríd an bhfoshraith móna, d'fhéadfadh laghdú suntasach a theacht ar an silábhar neamhorgánach faoin móin, ag brath ar shaintréithe fhoshraith an ábhair neamhorgánach faoi sin, agus go gcuirfí go mór leis an méid uisce a chailltear go hingearach tríd an móin go dtí an silábhar neamhorgánach in íochtar (Léaráid 2.5C). D'fhéadfadh tionchar éiceolaíochta a theacht dá thoradh sin ar fud réimse fairsing achair, fiú amháin tamall maith ó na draenacha. Is ag brath ar thréscaoilteacht (K) na foshraithe a bhíonn an méid uisce a chailltear agus oiread an damáiste éiceolaíochta a dhéantar, agus is déine an tionchar de réir mar is mó tréscaoilteacht ag baint leis an ábhar (mar shampla, murach an fhoshraith nach bhfuil mórán tréscaoilteacht ag baint léi a bheith ar fáil i gcás Léaráid 2.5C bheadh an sileadh ingearach ar ráta níos airde trí ábhar foshraithe níos tréscaoiltí agus bheadh i ndán gur mó an cúngú ar phortach ARB a tharlódh). I gcásanna ina raibh mírialtachta ag baint le cúinsí foshraithe,

9. www.cbd.int/convention/articles/default.shtml?a=cbd-02

(mar shampla, foshraith doscagach nach leanann faoi bhun na móna), d'fhéadfadh sileadh srianta tarlú go tréan agus turnamh a theacht dá thoradh. Tharlódh paistí logánta de phortach ARB a theacht chun cinn i logáin ísle a ghearrann tríd an maosclár mar gheall ar logáin a chruthaítear mar gheall ar thurnamh den sórt sin. Feictear cásanna de gach cineál acu sin thuas i bportaigh ardaithe ar fud na hÉireann.

Leagtar amach léargas ginearálta ar an tionchar a bhíonn ag turnamh talún a thagann de thoradh ar dhraenáil i saothar van der Schaaf (2002a) a léiríonn gur féidir le baint mhóna tionchar a imirt achar fada isteach ar an bportach.

Dé réir mar a íslítear an maoschlár sa mhóin mar gheall ar na draenacha, tarlaíonn comhbhrú don mhóin, ar gnách 95% di ina uisce nuair a tharlaíonn cur isteach uirthi, agus tarraingíonn sin éagruthú ar dhromchla an phortaigh. Is mó an t-éagruthú a tharlaíonn dá ghaire dá mbítear don áit ar tharla an maoschlár a ísliú. Fágann sin fána níos géire le dromchla an phortaigh ionas go dtéann uisce báistí le sruth i bhfad níos tréine. Is iondúil gur thart ar na réimsí imeallacha is géire a tharlaíonn tionchar den chineál sin agus, sna gnáthchásanna, gur fliche a bhíonn droim na talún de réir mar is gaire do lár an phortaigh a bhítear.




**Léaráid 2.4: Scéimléaráid maidir leis an tionchar díréireach is féidir a theacht ar ghnáthóg portaigh ardaithe beo agus díghrádaithe de bharr móin a bhaint i réimse atá ina "thaca beatha"**




**Léaráid 2.5: Scéimléaráid maidir leis an tionchar a bhíonn ag draenáil imeallach ar eicihidreolaíocht portaigh ardaithe i ndáil le portach ardaithe ar beag tréscaoilteacht i gceist leis an bhfoshraith, e.g. Cré Locha**

Léirítear i Léaráid 2.5: (A) Portach ard neamhbhearnaithe ina mbíonn maoschlár an phortaigh i bhfoisceacht 10cm de dhroim na talún ar feadh na bliana. Fágann leibhéal an uisce a bheith beagán níos ísle in ábhar na foshraithe gur beag an méid de shileadh ingearach a tharlaíonn. (B) Tagann de thoradh ar dhraenáil imeallach thanaí go n-íslítear maoschlár an phortaigh ag teannadh leis an imeall agus go dtéann an portach ardaithe beo a bheadh ag síneadh isteach sa phortach ar gcúl. Fágann tréscaoilteacht íseal na foshraithe go nach dtagann athrú suntasach ar leibhéal an uisce i gcineálacha. (C) Draenacha imeallacha atá domhain agus a ghearrann tríd an bhfoshraith d'ábhar mín go dtí ábhar níos tréscaoiltí sa chaoi is go dtarlaíonn tonnadh screamhuisce réigiúnda aníos. Tagann méadú ar an sileadh síos faoi bhun an phortaigh arb é toradh a bhíonn air gur mó a théann an portach ardaithe beo ar

gcúl ó thaobh fairsinge cé go bhfuil teora leis an doimhne a chailltear mar gheall nach mórán tréscaoilteacht atá ag baint leis an bhfoshraith.

## Foraoiseacht

Is féidir le crainn foraoiseachta a chur ar phortach ardaithe a bheith ina chúis le maoschlár i bhfad níos ísle sa mhóin mar gheall ar rátaí níos airde imghalúcháin agus idircheapúcháin. Tarlaíonn go hiondúil, anuas ar an méid sin, go ndéantar cuid mhór draenála sula gcuirtear crainn na bhforaoisí ionas go mbíonn talamh sách tirim ar fáil chun crainn a fhás. Déantar i gcuid mhaith cásanna, leasú a úsáid agus na crainn i dtús fáis agus féadann sin tionchar breise a imirt ar chúrsaí éiceolaíochta, ní amháin san áit a bhfuil na crainn curtha, ach i limistéir níos ísle a dtiocfadh ábhar cothaitheach breise le sruth iontu. Is minic a bhíonn leibhéal an uisce chomh híseal agus go mbíonn aer go seasta le sraitheanna uachtair na móna rud a fhágann go dtarlaíonn dianscaoileadh agus go ligtear carbón san aer.

## Speicis ionracha

Is féidir le speicis ionracha neamhdhúchais a bheith ina gcúis le hísliú an mhaoschláir ar an gcaoi chéanna le cúrsaí foraoiseachta. Tarlaíonn mar gheall ar bhearta tionchair eile a ghabhann leo gur mó is féidir leis na speicis seo greim a fháil nuair a bhíonn an ghnáthóg níos tirime.

## Dó

Is féidir le dó ar phortach ardaithe tionchar mór chun dochair a imirt go díreach mar gheall ar fhásra a chailliúint, roinnt de na speicis leochaileacha a bhaineann le portach ardaithe beo san áireamh. Fágann easpa fásra gur tréine a chailltear uisce mar gheall ar a rith le sruth ar dhroim talún ionas go dtarlaíonn athruithe níos suntasaí maidir le leibhéal an uisce sa mhóin agus go scaoiltear carbón isteach i gcórais uisce. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh dó a bheith ina chúis le portach ardaithe beo a chailliúint go sealadach ach go dtiocfadh sé chun cinn arís le himeacht aimsire. Ina ainneoin sin, ag brath ar a mhinice agus a ghéire a tharlaíonn an dó, is féidir portach ardaithe beo a chailliúint ar fad.

## Tarraingt uisce

D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag bearta eile, mar shampla uisce a tharraingt ón screamhuisce, ar phortaigh ardaithe trí leibhéal an screamhuisce réigiúnda a ísliú. Tagann cairéalacht san áireamh leis sin mar gheall ar chailliúint uisce ionas gur féidir ábhar cloiche a thabhairt chun bealaigh nó an screamhuisce féin, mar fhoinse uisce mar shampla. Is féidir le beartaíocht den chineál sin tionchar a imirt maidir le leibhéal an screamhuisce réigiúnda ar fud réimse fairsing achair. D'fhéadfadh brostú mór leis an insíothlúchán ingearach tríd an móin go dtí an talamh domhain a theacht dá thoradh sin. Braitheann oiread an tionchair ar a mhéid a tharlaíonn titim ar libhéal an uisce agus ar thréithe na móna agus na foshraithe faoi bhun an phortaigh.

## An bhfuil Tionchar ag Athrú Aeráide ar Ghnáthóg Portaigh Ardaithe Beo a Chailliúint?

Tá léirithe go mbíonn tionchar ag athrú ar chúrsaí aeráide ar charnadh/díscaoileadh móna ar phortaigh móna (Bellamy, 1986). Fágann sin an cheist le cíoradh an bhféadfadh gur chuir athruithe ar chúrsaí aeráide le cailliúint ghnáthóg portaigh ardaithe beo in Éirinn. D'fhéadfaí a mheas, go sonrach, go bhfágfadh maolú ar oiread na báistí nó ar mhinice báistí nach mbeadh na cúinsí lena gcothaítear portach ardaithe beo chomh tréan agus a bhíodh agus go bhféadfaí dá réir sin cuid den ghnáthóg a chailliúint. Seo a leanas achoimre ar thorthaí an fhiosrúcháin a rinneadh maidir leis an gceist seo.

Rinneadh comparáid idir sonraí aeráide (meán-ráta 30-bliain) maidir le báisteach agus imghalú ag 12 stáisiún aimsire sionoptach de chuid Met Éireann ionas go bhféadfaí dá thoradh sin díriú ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil titim tagtha ar an méid báistí a thiteann i rith an tréimhse céanna ar lena linn a tharla díghrádú ar an bportach ardaithe beo?
- Ar tháinig laghdú ar an méid báistí iarbhír an tráth céanna?
- Ar tháinig laghdú maidir le minicíocht na báistí i rith an ama seo?
- Ar tháinig athruithe suntasacha maidir leis na pátrúin réigiúnacha báistí a bheadh mar chúis le hathrú logánta aeráide agus athruithe dá réir ba bhun le gnáthóg portaigh ardaithe beo a chailliúint?

Is é a bhain le freagra a thabhairt ar na ceisteanna sin comparáid a dhéanamh idir sonraí aeráide (méid báistí, imghalú agus laethanta báistí) maidir leis an tréimhse 1961–1990 agus sonraí a tiomsaíodh maidir leis an tréimhse 1981–2010. Maidir le líon na laethanta báistí, cuireadh meánlíon fadtéarmach laethanta báistí Met Éireann i ndáil leis an tréimhse 1961–1990 (Met Éireann, 2013) i gcomórtas leis an meánlíon fadtéarmach laethanta báistí i ndáil leis an tréimhse 1981–2010 ag 12 stáisiún aimsire. Is léir ó thorthaí na hoibre go raibh iomlán na báistí ar fud na hÉireann i rith an tréimhse 1981–2010 beagán níos airde ná mar a bhí i rith an tréimhse 1961–1990 (Léaráid 2.6).




Léaráid 2.6: Codarsnacht maidir le báisteach i rith an tsamhraidh ar fud na tíre (Aib.–M.F.)

Tugadh toradh den chineál céanna chun suntais maidir leis an mbáisteach iarbhír (iomlán na báistí lúide imghalú ionchais a tharlaíonn ar ráta inchomparáide le (nó níos airde ná) rátaí ionchais maidir le tailte féaraigh). Anuas air sin, is léir ó anailís ar shonraí báistí ar fud réimsí náisiúnta agus réigiúnacha nár tháinig aon athrú suntasach maidir le déine báistí/líon na laethanta báistí i rith an tréimhse céanna (Léaráid 2.7).







Léaráid 2.7: Codarsnacht maidir le laethanta báistí i rith an tsamhraidh ar fud na tíre

Is léir ó thorthaí na hanailíse ar shonraí aeráide Met Éireann nach bhfuil na cúinsí aeráide is gá chun maith a dhéanamh do phortach ardaithe beo imithe ar gcúl agus go bhféadfadh gur tháinig feabhas beag ina leith idir 1990 agus 2010. Tá le tuiscint uaidh sin arís nach bhfuil baint ag na cúiseanna atá le gnáthóg portaigh ardaithe beo dul ar gcúl le cúrsaí aeráide agus gur nithe eile is siocair leis.

Is léir ó bhearta staidéir éagsúla, staidéar ar chásanna éagsúla in Éirinn san áireamh, gur lú a chuireann athruithe aeráide isteach ar phortach slán (mar a bhfuil caoi mhaith ar an bportach ard) ná mar a chuireann ar phortaigh draenáilte díghrádaithe a ndéanann ardú teochta agus aimsir níos tirime cur isteach go géar orthu sa chaoi is go ligtear breis $CO_2$ san atmaisféar.

## An Tionchar a bhíonn ag Droch-chaighdeán Aeir ar Ghnáthóg Portaigh Ardaithe

Is furasta a ghoilleann truailliú aeir, go háirithe sil-leagan nítrigine, ar thailte portaigh. Tarlaíonn go dtruaillítear báisteach agus sneachta le nítrigin imoibríoch ó bhreosla iontaise a dhó nó ó dhiantalmhaíocht agus go dtarraingíonn sin aigéadú ithreach, saibhriú cothaitheach agus meath ar speicis a ngoilleann cúinsí den sórt sin orthu. Tá fianaise ar fáil go bhféadfadh an tionchar carnach ó bhreis shil-leagan nítrigine agus téamh na haeráide iomlán an strusairí aonair a shárú a thabhairt go dtiocfadh ísliú suntasach ar an mbithéagsúlacht maidir le cineálacha caonaigh, plandaí soithíocha leochaileacha agus miocróib, agus go bhféadfadh cailliúint móna ar leibhéal cinniúnach tarlú dá bharr sin.

Is féidir le truailliú aeir athrú a chur ar chineálacha na speiceas agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn tailte portaigh. Tharla borradh tréan maidir le nítrigin imoibríoch (N) (go háirithe NO3- agus NH4+) a shil-leagan, rud a dtagann aigéadú agus eotráfacht dá bharr, ar fud réimse forleathan idir tús agus lár an 20ú aois agus is é an truailleán is coitianta anois é a dtarlaíonn sil-leagan atmaisféir air ar fud chuid mhór den Eoraip (Fowler et al., 2005). Is iondúil gur cothaitheach talún teorannaithe nítrigin agus tarlaíonn timthriallú teann air i dtailte portaigh neamhbhearnaithe. Nuair a tharlaíonn ardú fadtéarmach ar shil-leagan N, is iondúil go n-athraíonn cineálacha an fhásra go dtí speicis atá in oiriúint do leibhéil cothaitheach níos airde agus le laghdú ginearálta maidir le cúrsaí iléagsúlachta. (Malmer & Wallén, 2005).

Is léiriú ar a fhurasta a chuireann saibhriú nítrigine isteach ar thailte portaigh ombratrófacha ina mbíonn easpa cothaitheach an tairseach íseal idir 5kg agus 10kg N/ha/bl maidir leis na héiceachórais sin (Bobbink & Hettelingh, 2011), leibhéal a sháraítear ar fud chuid mhór dá réimse achair. Le staidéar a rinne Aherne & Farrell (2000) maidir le hÉirinn i ndeireadh na 1990idí, thángthas ar an tuiscint go dtarlaíonn méadú mór maidir le sil-leagan N de réir mar a theanntar soir sa tír, leis an méid is ísle, 2kg N/ha/bl san iarthar agus an méid is airde, 20kg N/ha/bl san oirthear agus san oirdheisceart. Measadh gur isteach is amach le 12kg N/ha/bl ar an meán de shil-leagan N bhí i gceist le Poblacht na hÉireann. Thángthas ar an tátal freisin gur sáraíodh tairseach an ualaigh chriticiúil maidir le N i gcás ar a laghad 15% de na héiceachórais a bhí faoi scrúdú. Is



ionann an t-ualach criticiúil a chuir Aherne & Farrell (2000) i bhfeidhm i ndáil le héiceachórais tailte portaigh agus 10kg N/ha/bl. Tá sin ag teacht lena moltar in Bobbink & Hettelingh (2011) gur cheart an t-ualach criticiúil a shocrú ar an gceann is airde den réimse san áit a mbíonn cuid mhór báistí agus ag an gceann is ísle den réimse san áit ar beag báisteach a thiteann, ag glacadh leis gur áit an tír seo ina dtiteann cuid mhór báistí.

Tá fianaise ann dá bhrí sin gur dócha go raibh tionchar ag athruithe maidir le caighdeán an aeir, go háirithe ag teannadh leis an gceann thoir den réimse tíre ina bhfuil na portaigh ardaithe, ar ghnáthóg an phortaigh ardaithe beo. Bheadh i ndán dá bharr sin go mbeadh meath breise ar chaighdeán an aeir ina chontúirt mhór maidir le portaigh ardaithe in Éirinn. Mar thoradh air sin tá sprioc i dtaobh caighdeán aeir leagtha síos do gach limistéar SAC portaigh ardaithe laistigh dena na cuspóirí caomhnúcháin bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta is fear atá ar fáil. Cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil tionchar ar phortaigh ardaithe na hÉireann ag teacht ó athruithe ar chaighdeán an aeir, is léir nach athrú den sórt sin is cúis leis an meath a fheictear ar achar agus ar chaighdeán na gnáthóige ARB.



# Caibidil 3

## AIDHMEANNA CAOMHNÚCHÁIN MAIDIR LE GNÁTHÓGA PORTAIGH ARDAITHE A LEAGAN SÍOS

# Caibidil 3

## AIDHMEANNA CAOMHNÚCHÁIN MAIDIR LE GNÁTHÓGA PORTAIGH ARDAITHE A LEAGAN SÍOS

Ar cheann de na príomhchuspóirí atá le Treoir an AE maidir le Gnáthóga, tá a chinntiú go mbaintear "stádas caomhantais fabhrach" amach maidir leis na gnáthóga agus na speicis a liostaítear sna hIarscríbhinní. Go bunúsach, is é a chiallaíonn sin go bhfuil na gnáthóga agus na speicis sin á gcoinneáil i gcaoi shásúil agus gur dócha go leanfaidh an cás amhlaidh chomh fada agus is féidir sin a thuar.

Mar a léirítear i gCaibidil 2, tá stádas caomhantais na ngnáthóg portaigh a liostaítear sa Treoir maidir le Gnáthóga imithe go mór chun deiridh agus tá an dul ar gcúl sin ag leanúint ar aghaidh go fóill. Tá leagtha amach ag Éirinn faoin Treoir maidir le Gnáthóga go mbeidh córas slán ar fáil de phortaigh ardaithe lena gcaomhnaítear sampla ionadaíoch den phortach ardaithe in Éirinn atá inbhuanaithe. Mar chuid den ghealltanas ina leith sin, tá réimsí eile a chur in ionad an réimse de phortach ARB taobh istigh de chóras na limistéir SAC a cailleadh ón mbliain 1994 i leith agus feabhas a chur ar an gcaoi ina bhfuil na gnáthóga portaigh ardaithe ar fud an chórais. Mar chéim tosaigh maidir leis an athchóiriú sin, leagtar amach sa chaibidil seo na haidhmeanna caomhnúcháin maidir le portaigh ARB ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal maidir le láithreacha faoi leith go sonrach.

Mar a luaitear thuas, tá dhá ghnáthóg ghaolmhara eile maidir le hIarscríbhinn I, eadhon, "portach ardaithe díghrádaithe ina bhfuil acmhainn athfhoráis nádúrtha go fóill" (i.e. portach DRB) agus "logáin ar fhoshraitheanna móna Rhynchosporion". Mar gheall ar an ngaol dlúth éiceolaíochta atá idir na trí chineál gnáthóige sin, ní gá aidhmeanna caomhnúcháin éagsúla a leagan amach i ndáil le gach cineál acu faoi seach. Meastar má thugtar cúinsí caomhnúcháin i gcrích atá tairbheach maidir le portach ARB go mbeidh cúinsí caomhnúcháin i réim atá tairbheach maidir leis an dá chineál eile gnáthóige chomh maith.

Féachtar le hachar agus le hionad na gnáthóige agus leis na cúinsí is gá chun an ghnáthóg a chothabháil nó a chur ar ais i staid a chuidíonn leis an gcaomhnú a leagan síos go sonrach leis an aidhm caomhnúcháin i ndáil le haon ghnáthóg faoi leith.

### Aidhmeanna caomhnúcháin a leagan síos

Is é atá i gceist le haidhm caomhnúcháin a leagan síos próiseas eolaíochta trína bhféachtar le stádas caomhantais fabhrach maidir le gnáthóg faoi leith a leagan amach go sonrach. Déantar sin trí cháilíochtaí ábhartha (saintréithe, buanna nó airíonna) a shonrú agus spriocanna maidir le gach ceann acu a leagan síos is féidir a úsáid chun an luach tagartha fabhrach ina leith a leagan amach go sonrach.

> Maidir le gnáthóga a liostaítear sa Treoir maidir le Gnáthóga, tugtar sainmhíniú mar seo a leanas in Airteagal 1 na Treorach ar stádas caomhantais fabhrach:
>
> "Measfar **stádas caomhantais** gnáthóige nádúrtha a bheith **'fabhrach'** i gcás:
>
> go bhfuil a **raon** agus na **limistéir** a chlúdaítear léi sa raon sin **cobhsaí nó ag méadú**, agus
>
> go bhfuil an **struchtúr** sonrach **agus na feidhmeanna** sonracha is gá dá cothabháil fhadtéarmach inti agus gur dóigh go mbeidh siad inti sa todhchaí is intuartha, agus go bhfuil an **stádas caomhantais** dá **speiceas tipiciúil fabhrach**."

Is féidir na haidhmeanna caomhnúcháin maidir le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I a shocrú de réir scálaí éagsúla, idir aidhmeanna maidir le láthair faoi leith (e.g. limistéar SAC) agus aidhmeanna náisiúnta nó aidhmeanna Eorpacha.

Ní luaitear aidhmeanna caomhnúcháin den chineál a bhaineann le láthair amháin go sonrach, i ndáil le gach limistéar SAC portaigh ardaithe faoi seach, sa phlean seo ó tharla go bhfoilsítear iad sin ina gcáipéisí faoi leith de réir na láithreach. Déantar, ina dhiaidh sin, an aidhm caomhnúcháin náisiúnta maidir leis an bportach ARB a leagan amach go sainiúil anseo, maidir leis an achar foriomlán, an dáileadh agus na cúinsí ginearálta is gá chun portach ARB a athchóiriú i gcóras na limistéar SAC agus ar an leibhéal náisiúnta. Leagtar amach freisin na prionsabail ar dá réir a leagtar na haidhmeanna sonracha maidir le réimsí faoi leith den phortach ARB. Déanfaidh athchóiriú ar phortach ARB taobh istigh de na limistéir SAC go mbíonn stádas caomhantais fabhrach á lua leis tairbhe maidir lena thabhairt go mbíonn stádas caomhantais fabhrach á lua leis an ngnáthóg ar a athchóiriú go forghinearálta ar an leibhéal náisiúnta.

## An Aidhm Náisiúnta Caomhnúcháin maidir le Portach ARB

Mar gheall go bhfuil stádas caomhnúcháin reatha an phortach ARB go dona, is í an aidhm náisiúnta caomhnúcháin:

**Stádas caomhantais fabhrach a thabhairt i gcrích in athuair maidir le portaigh ardaithe beo in Éirinn.**

Leagtar amach sna codanna seo a leanas na spriocanna maidir le raon, limistéar agus sraith de chineálacha cáilíochta a bhaineann le "struchtúr agus feidhmeanna". Is é a bhaineann leis an bparaiméadar deiridh sin na gnéithe fisiciúla a ghabhann le "struchtúr" na gnáthóige agus leis na próisis éiceolaíochta is cionsiocair leo ("feidhmeanna"). Leagtar na spriocanna maidir le réimse agus limistéar amach ar dhá leibhéal faoi leith – sprioc i ndáil leis an acmhainn náisiúnta de phortach ARB agus sprioc i ndáil le córas na limistéar SAC.

### Raon

Seo é an raon tíreolaíochta ina dtarlaíonn gach cineál éagsúil den phortach ARB in Éirinn a bhfuil suntas leis ó thaobh na héiceolaíochta. Ní mór chomh maith, lena thabhairt san áireamh, go mbeadh achar sách fairsing faoi go bhféadfaí an ghnáthóg a choinneáil ar bun go fadtéarmach.  Ní féidir, i gcás limistéar SAC, go dtiocfadh ísliú stádais maidir leis an raon seachas mar atá faoi láthair.

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Raon náisiúnta | Fairsingiú ar an raon seachas mar atá faoi láthair | Tá an sprioc bunaithe ar an raon náisiúnta maidir le portach ARB agus portach DRB faoi láthair. |
| Raon SAC | Raon nach cúinge ná an raon faoi láthair, faoi réir ag próisis nádúrtha | Tá an sprioc bunaithe ar an raon faoi láthair maidir le 53 limistéar SAC portaigh ardaithe. |

### Achar

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Raon náisiúnta | Fairsingiú agus achar nach lú ná 3,600 ha | Tá an sprioc bunaithe ar an achar do phortach ARB (2,430 ha) agus de phortach DRB (1,170 ha) a bhí taobh istigh de chóras na limistéir SAC agus NHA sa bhliain 1994. Is ionann an t-achar measta de phortach ARB taobh istigh de chóras na limistéir nua SAC agus NHA agus 1,534 ha agus de phortach DRB agus 1,765 ha (iomlán 3,299 ha) – féach Caibidil 4 maidir le sonraí breise |
| Raon SAC | Fairsingiú agus achar nach lú ná 2,590 ha | Tá an sprioc bunaithe ar an achar do phortach ARB (1,940 ha) agus de phortach DRB (650 ha) a bhí taobh istigh de chóras na limistéir SAC sa bhliain. Meastar gur ionann an t-achar de phortach ARB i gcóras reatha na limistéir SAC agus 1,210 ha (1,244 ha ar an dá limistéar SAC nua a chur san áireamh ) – féach Caibidil 4 maidir le sonraí breise |

## Tréithe cáilíochta a bhaineann le struchtúr agus le feidhmeanna

Luaitear deich gcinn de thréithe cáilíochta lena bhféachtar leis na cúinsí atá riachtanach ionas go mbíonn seasamh fadtéarmach faoi phortach ARB a thabhairt san áireamh.

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Réimis hidreolaíochta | Na leibhéil cuí uisce agus treo na sruthanna ar gach portach a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh | I gcás portach ARB, ní mór na meánleibhéil uisce a bheith i ngar do dhroim an phortaigh nó os a chionn an chuid is mó den bhliain. Níor cheart go mbeadh an t-athrú séasúrach níos mó ná 20cm, agus níor cheart go mbeadh an leibhéal 10–15cm faoi dhroim na talún ach amháin ar feadh tréimhsí gearra. Fána fada réidh (<0.3%) is fearr maidir le cúinsí den sórt sin a thabhairt i gcrích. Is féidir le hathrú ar threo srutha, mar gheall ar thurnamh talún, athrú ó bhonn a chur ar an réimeas uisce agus a bheith ina gcúis le réimsí ardchaighdeáin den phortach ARB agus de na maoschórais. |
| Bonn a chur faoi ngnáthóg a bhaineann le portach ard | Dóthain den phortach ard a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh ionas go mbíonn bonn treise faoi athfhorás ar phortach ardaithe beo agus a choinneáil | Tá tábhacht freisin le gnáthóg ar an bportach ardaithe nach rangaítear mar phortach ARB ná mar phortach DRB, go háirithe mar ghnáthóg a chuireann bonn treise faoi ghnáthóga de na cineálacha a luaitear in Iarscríbhinn I leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Is iondúil gur gné bhunriachtanach é den aonad hidreolaíochta atá ina bhonn faoin bportach ARB agus faoin bportach DRB. B'ionann achar na réimsí de phortach ard i gcóras na limistéir SAC sa bhliain 1994 agus 10,740 ha. Achar 10,515 ha a bhí ar fáil sa bhliain 2012– rud a chiallaíonn go bhfuil 225 ha anois ann ná mar a bhí an tráth ar ainmníodh na limistéir. |
| Réimsí idirchriosacha idir an portach ard agus ithir mhianrach in aice láimhe | Gnáthóga leathnádúrtha le leibhéil arda uisce a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh thart ar oiread de réimsí imeallacha an phortaigh agus is gá | Is iondúil gur portach réitithe agus eascach draenáilte na réimsí idirchriosacha idir portaigh ardaithe agus talamh mianraí ina dtimpeall. Cuideoidh na réimsí sin a chothabháil/athchóiriú le slánchóras hidreolaíochta na bportach a choinneáil i gcaoi mhaith agus bonn a choinneáil faoi ardéagsúlacht ghnáthóga eile ar na tailte bogaigh (e.g. coillearnach bogaigh, seascann agus eanach) chomh maith le speicis a mbíonn coimpléasc bogaigh riachtanach acu. Tiocfaidh dá bharr freisin go gcuirfí bac roimh thuilte agus go ndéanfaí íonghlanadh ar uisce do na réimsí atá le fána uathu. Tá achar measta 6,000 ha de chóras na limistéir SAC faoi thalamh idirchriosach de na cineálacha seo. |

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Caighdeán an fhásra | Dóthain fásra ardchaighdeáin (i.e. éiceatóp lárnach agus/nó maothchóras) a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh. Ba cheart gur éiceatóp lárnach agus/nó maothchóras a bheadh in ar laghad 50% den ghnáthóg ar phortach ardaithe beo | Ar na táscairí ardchaighdeáin, tá táscairí tulóige: caonach móna rua (*Sphagnum fuscum*) agus caonach móna Austin (*S. austinii*); táscairí linne: caonach móna cleiteach (*S. cuspidatum*), caonach móna beag corn bó beag (*S. denticulatum*) agus táscairí maidir le heaspa dóiteáin e.g. speicis éagsúla den léicean (spp. *Cladonia*). |
| Gnéithe micreatopagrafaíochta | Brat leordhóthanach de ghnéithe micreathopagrafaíochta ardchaighdeáin a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh | Bíonn locháin, logáin, plásóga agus tulóga, ar faoi chaonach móna is mó a bhíonn siad, le sonrú ar mhicreathopagrafaíocht ardchaighdeáin a choinníonn an éagsúlacht is fairsinge speiceas i réim. |
| Brat de speiceas an chaonaigh portaigh | Brat leordhóthanach de chaonach móna (speiceas *Sphagnum*) a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh ionas go gcinntítear gur féidir móin a chruthú | Tá athrú nádúrtha ar an mbrat *Sphagnum* ar fud na hÉireann, idir brat dlúth go maith ar na portaigh in oirthear na tíre agus brat maol go maith san iarthar sna réimsí idirchriosacha idir an portach ardaithe agus bratphortach.  Bíonn tairbhe faoi leith maidir le móin a chruthú le speicis a chruthaíonn tulóga, mar shampla *Sphagnumaustinii*. |
| Fásra sainiúil an phortaigh | Fásra sainiúil de chineál an phortaigh ardaithe a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh | Ar na speicis shainiúla, tá cineálacha forleata chomh maith le speicis nach bhfuil dáileadh chomh fairsing sin orthu ach ar gnáthspeicis iad ar fhochineálacha den ghnáthóg nó i réimsí áirithe tíreolaíochta. |
| Gnéithe den tsainiúlacht logánta | Táscairí shaintréithe áitiúla a choinneáil nó a chur ar ais mar a bhíodh | Ar na gnéithe den chineál seo, bíonn gnéithe geolaíochta, gnéithe topagrafaíochta, gnéithe seandálaíochta, gnéithe hidreolaíochta (e.g. maoschórais, réimsí borrfháis) chomh maith le speicis shuntasacha. Tugtar san áireamh leis sin speicis a luaitear sna Treoracha maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga, speicis ar an liosta dearg agus speicis eile atá neamhchoitianta nó a bhaineann le réimse tíre faoi leith, mar shampla an chearc fhraoigh (*Lagopus lagopus*). |
| Táscairí diúltacha fisiciúla | Móin lomtha agus táscairí eile maidir le díghrádú, ina measc locháin agus logáin ar algaí is mó atá iontu agus pátrúin réabtha, a bheith in easnamh nó ar bheagán suntais | Is comhartha táscairí den sórt sin ar dhíghrádú a bheith ag tarlú don ghnáthóg ARB. |

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Speicis is táscairí diúltacha | Táscairí diúltacha ar cineálacha dúchais iad agus speicis neamhdhúchais a bheith in easnamh nó faoi smacht | Is táscairí maidir le cur isteach tarlú speicis atá ina gcomhartha ar thriomach, mar shampla sciollam na móna (*Narthecium ossifragum*) agus cíb cheanngheal (*Trichophorum germanicum*) a bheith flúirseach; ceannbhán gaelach (*Eriophorum vaginatum*); caonach móna Magellan (*Sphagnum magellanicum*) i locháin ar cineálacha a bhíonn coitianta ar thalamh báite a bhíodh iontu roimhe seo (e.g. caonach móna cleiteach (*S. cuspidatum*)). Ar na táscairí maidir le dó tarlú go minic bheadh *Cladonia floerkeana* a bheith flúirseach nó réimse a bheith faoi bhrat dlúth den chíb chruithneachta (*Carex panicea*) (go háirithe i bportaigh ardaithe lár tíre de chineál sainiúil an limistéir sin). Ar na speicis ionracha is coitianta, bíonn an phéine chontórtach (*Pinus contorta*), an róslabhras (*Rhododendron ponticum*) agus an ascaid (*Sarracenia purpurea*). |

## Aidhm Caomhnúcháin Shonrach i ndáil le Portach ARB ar Láthair

Féachtar, le haidhm caomhnúcháin shonrach maidir le láthair faoi leith, le sainmhíniú a thabhairt ar riocht caomhnúcháin fabhrach ar leibhéal na láithreach. Chun críche idirdhealú a dhéanamh idir aidhmeanna náisiúnta caomhnúcháin agus aidhmeanna maidir leis an láthair amháin go sonrach, úsáidtear "riocht caomhantais fabhrach" maidir le leibhéal na láithreach agus "stádas caomhantais fabhrach" maidir le haidhm náisiúnta caomhnúcháin.

De réir phróiseas den chineál a leagtar amach thuas, socraítear aidhmeanna caomhnúcháin maidir le portach ARB i ngach limistéar SAC. Baintear úsáid as na tréithe cáilíochta a liostaítear thuas maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta mar bhonn tuisceana i ndáil le sainmhíniú a thabhairt ar riocht caomhantais fabhrach ar scála níos lú. I roinnt cásanna, tá cóiriú níos mine tugtha orthu ionas gur géire an cuntas a thugtar ar na riachtanais maidir leis an ngnáthóg ar leibhéal na láithreach agus tréithe cáilíochta breise luaite leo ina leithéid sin de chás. Déantar cáipéis a ullmhú maidir le gach láthair faoi seach ina leagtar amach an buneolas a bhí in úsáid agus an aidhm caomhnúcháin á leagan síos. Tugtar liosta thíos d'iomlán na dtréithe cáilíochta a cuireadh le chéile le húsáid maidir le leibhéal na láithreach.

Tá na haidhmeanna caomhnúcháin sonracha maidir le láithreacha faoi seach leagtha síos i ndáil leis na limistéir SAC portaigh ardaithe. Is féidir na cáipéisí maidir le haidhmeanna caomhnúcháin a aimsiú de réir na láithreacha trí leathanach na láithreacha cosanta ar an láithreán gréasáin ag seirbhís NPWS na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta https://www.npws.ie/protected-sites.



## Tréithe cáilíochta a úsáidtear maidir le haidhm caomhnúcháin shonrach a shocrú i ndáil le portach ARB ar láthair faoi leith

### Achar

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Achar gnáthóige | Achar na réimsí portaigh ardaithe beo a thabhairt ar ais go dtí spriocachar sonraithe, faoi réir ag próisis nádúrtha | Tá an sprioc maidir le hachar ar leibhéal na láithreach bunaithe ar an achar atá faoi phortach ARB faoi láthair agus an t-achar atá faoi phortach a d'fhéadfadh a bheith ina phortach beo (i.e. portach DRB), arna bhunú ar shamhaltú hidreolaíochta maidir leis an bportach ard, chomh maith le réimsí den phortach réitithe a bhfuil i ndán go mbeidís ina ngnáthóga ina mbeadh móin á cruthú. |

### Dáileadh gnáthóg

Tá an tréith cáilíochta seo ar aon chineál leis an raon ar an leibhéal náisiúnta.

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Dáileadh gnáthóige | An dáileadh agus an éagsúlacht maidir le portach ardaithe beo ar fud na limistéir SAC a chur ar ais mar a bhíodh | Is den tábhacht go ndéantar an ilchineáltacht maidir le portach ARB a choinneáil agus a chur ar ais mar a bhíodh ar fud na láithreach ionas go gcinntítear an éagsúlacht a chaomhnú agus an bhuanseasmhacht a threisiú. |

## Tréithe cáilíochta maidir le struchtúr agus feidhmeanna

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Achar faoi phortach ard | Nach mbeadh aon chúngú ar an achar de phortach ard atá riachtanach maidir le portach ardaithe beo a thabhairt chun cinn agus a choinneáil i réim | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| An réimeas hidreolaíochta: leibhéil uisce | Leibhéil cuí uisce a thabhairt ar ais mar ba chóir ar fud na láithreach | Tá an sprioc náisiúnta maidir leis an réimeas hidreolaíochta rangaithe ina dhá chuid (leibhéil uisce agus pátrúin sreabhaidh) chun críche aidhmeanna maidir le láthair go sonrach a leagan síos. I gcás réimsí den phortach ARB, ní mór meánleibhéal an uisce a bheith gar do dhroim na talún i ndáil le plásóga portaigh nó beagán os a chionn sin an chuid is mó den bhliain. Níor cheart go mbeadh athrú séasúrach níos mó ná 20cm i gceist agus níor chóir go dtarlódh leibhéal an uisce níos mó ná 10cm faoi bhun na talún ar feadh achar ama is faide ná tréimhse ríghairid. Is minic uisce oscailte ar cheann de na tréithe le maoschóras. |

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| An réimeas hidreolaíochta: pátrúin sreabhaidh | Gnéithe topagrafaíochta, treo sruthanna agus fánáin a chur ar ais mar a bhíodh ar an bportach ard más féidir sin | Tá portach ARB ag brath ar mheánleibhéil an uisce a bheith gar do dhroim na talún i ndáil le plásóga portaigh nó beagán os a chionn sin an chuid is mó den bhliain. Fána fada réidh an cineál talún is fearr a dtagann sin i gcrích ann. Is féidir le hathrú ar threo srutha mar gheall ar thurnamh portaigh athrú ó bhonn a chur ar réimeas uisce agus a fhágáil go dtriomaíonn réimsí de phortach ARB ardchaighdeáin agus maoschórais. |
| Réimsí idirchriosacha idir an portach ard agus ithir mhianrach in aice láimhe (réimsí de phortach réitithe san áireamh) | Dóthain réimsí idirchriosacha a athchóiriú agus a choinneodh bonn faoin bportach ardaithe beo agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil leis sin | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Caighdeán an fhásra: éiceatóp lárnach, borrfhás gníomhach, maothchórais, coillearnaigh bogaigh | Dóthain den éiceatóp lárnach/borrfhás gníomhach/maoschóras/coillearnach bogaigh agus a oireann a athchóiriú | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Caighdeán an fhásra: gnéithe micreatopagrafaíochta | Brat leordhóthanach de ghnéithe micreatopagrafaíochta ardchaighdeáin a athchóiriú | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Caighdeán an fhásra: speicis den chaonach móna (*Sphagnum*) | Brat leordhóthanach de chaonach móna (speiceas *Sphagnum*) a chur ar ais mar a bhíodh ionas go gcinntítear gur féidir móin a chruthú | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Speicis thipiciúla ARB: fásra | Fásra sainiúil de chineál an phortaigh ardaithe beo a chur ar ais mar a bhíodh nuair is cuí sin | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Speicis thipiciúla ARB: fiadhúlra | Fiadhúlra sainiúil de chineál an phortaigh ardaithe beo a chur ar ais mar a bhíodh nuair is cuí sin | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Gnéithe den tsainiúlacht logánta | Gnéithe sainiúla de chuid an cheantair a choinneáil, faoi réir ag próisis nádúrtha | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Táscairí diúltacha fisiciúla | Saor ó tháscairí diúltacha fisiciúla nó iad ar leibhéal neamhshuntasach | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Comhdhéanamh an fhásra: speicis dhúchasacha is táscairí diúltacha | Speicis dhúchasacha is táscairí diúltacha ar leibhéal neamhshuntasach | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |
| Comhdhéanamh an fhásra: speicis ionracha neamhdhúchasacha | Speicis ionracha neamhdhúchasacha ar leibhéal neamhshuntasach agus faoi bhun 1% d'achar an fhásra | Tá seo ar aon dul leis an sprioc maidir leis an aidhm caomhnúcháin náisiúnta. |

| Cáilíocht | Sprioc | Nótaí |
|---|---|---|
| Caighdeán an aeir: sil-leagan nítrigine | Caighdeán an aeir thart ar an bportach a bheith gar do na cúinsí tagartha nádúrtha. Níor cheart go sárófaí 5kg N/ha/bl i ndáil leis an sil-leagan iomlán N | Is féidir le hathrú ar chaighdeán an aeir a theacht de thoradh ar leasú a rith le sruth, cairéalacht a bheith ar bun in aice láimhe, nó tionchar eile ón atmaisféar. Tá an réimse ualaigh cinniúnach maidir le portaigh ombratrófacha socraithe ag leibhéal idir 5 agus 10kg N/ha/bl (Bobbink & Hettelingh, 2011). |
| Caighdeán an uisce | Caighdeán an uisce ar an bportach ard agus i réimsí idirchriosacha a bheith gar do na cúinsí tagartha nádúrtha | Bíonn tionchar ar uisce ón atmaisféar (báisteach) ar chúrsaí ceimice maidir leis an uisce ar phortach ardaithe. Taobh istigh de mhaoschórais áfach, bíonn tionchar ag tosca eile ar cheimic an uisce, mar shampla sruth dírithe nó an ceangal le foshraitheanna in íochtar. Tá éagsúlacht i gceist maidir le ceimic an uisce i réimsí thart ar an bportach ard mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag cineálacha éagsúla uisce ar chúrsaí (uisce portaigh, screamhuisce réigiúnda, agus uisce a ritheann le sruth de thailte mianraí in aice láimhe). |

Bíonn an aidhm caomhnúcháin a shocraítear maidir leis an bportach ARB i ngach limistéar SAC ina bhonn leis an bpleanáil i ndáil le gach láthair agus is dá réir a leagtar amach na spriocanna atá ina slata tomhais maidir le dul chun cinn an phlean athchóiriúcháin a mheas. Leagtar amach na bearta is féidir a dhéanamh chun na haidhmeanna maidir le láthair amháin go sonrach agus na haidhmeanna caomhnúcháin náisiúnta a bhaint amach i gCaibidil 4.





# Caibidil 4

## NA hAIDHMEANNA CAOMHNÚCHÁIN A BHAINT AMACH

# Caibidil 4
# NA hAIDHMEANNA CAOMHNÚCHÁIN A BHAINT AMACH

Is léir ón athbhreithniú ar stádas caomhnúcháin na bportach ardaithe in Éirinn (féach Caibidil 2) agus na haidhmeanna caomhnúcháin a leagan síos (féach Caibidil 3) go bhfuil gá le beart práinneach a dhéanamh chun na spriocanna náisiúnta maidir le portach ardaithe in Éirinn agus na spriocanna sonracha maidir le láithreacha faoi leith a bhaint amach. Is gá, dá bhrí sin, bearta a chur i bhfeidhm chun achar na réimsí portaigh ardaithe i limistéir ainmnithe a chosaint, a thabhair ar aon leibhéal lena mbíodh ar fáil agus a fhairsingiú chomh maith le feabhas a chur ar chuma agus ar chaoi na réimsí sin.

## Spriocanna Náisiúnta maidir le hAchar Portaigh Ardaithe

D'fhonn an chailliúint bhuan maidir le portach ARB i gcóras na Limistéar SAC a thabhairt isteach, **tá beartaithe dhá Limistéar nua SAC a ainmniú ina bhfuil achar iomlán 1,060 ha de phortach ard, 34 ha de phortach ardaithe beo agus 149 ha de phortach ardaithe díghrádaithe**. Is faoi úinéireacht Bhord na Móna den chuid is mó na coimpléascanna seo de phortaigh ardaithe, gan ach réimsí níos lú faoi úinéireacht phríobháideach. Tháinig na láithreacha seo, a bhfuil ardfhiúntas leo ó thaobh na héiceolaíochta, faoi scáth Chlár Athchóiriú na bPortach Ardaithe atá á chur i bhfeidhm ag Bord na Móna le blianta beaga anuas. Tá obair mhór athchóiriúcháin, blocáil draenacha san áireamh, i gceist leis an gclár sin atá ar siúl go fóill agus atá ina chuid de dhúthracht an chomhlachta faoin bPlean Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht (Bord na Móna, 2016).

Mar is léir ó Thábla 4.1, is féidir go fadtéarmach **3,747 ha** de phortach ardaithe beo a bhaint amach taobh istigh de chóras na láithreacha ainmnithe má dhéantar obair athchóiriúcháin go gearrthéarmach nó go meántéarmach. Tá an figiúr sin beagán níos mó an **sprioc náisiúnta maidir le portach ardaithe beo (3,600 ha)** mar a leagtar síos san aidhm caomhnúcháin ach ní thugtar san áireamh leis an portach ARB ná an portach DRB atá á chailleadh i gcónaí de thoradh ar bhearta díobhálacha san am a chuaigh romhainn. Ba cheart a thabhairt chun aire go bhfágfaidh aon mhóin eile a bhaint taobh istigh de chóras na bportach ardaithe agus an toradh atá ar an talamh a bheith ag tabhairt faoi gur deacra na spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

Rinneadh chomh maith, mar a leagtar amach i gCaibidil 1, athbhreithniú cuimsitheach maidir le córas portaigh ardaithe na Limistéar NHA agus foilsíodh sin i mí Eanáir 2014. Tá réimsí níos fairsinge de phortaigh ARB agus de phortaigh DRB sa chóras nua 61 Limistéar NHA. Tá réimse níos fearr ann freisin de na cineálacha éagsúla, ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta agus tíreolaíocht de, de phortaigh ardaithe in Éirinn. Anuas air sin, tá baol i bhfad níos lú ag baint leis an gcóras nua Limistéar NHA, go dtarlódh meath géarrtéarmach nó meántéarmach maidir le portach ARB mar gheall gur lú baint mhóna a bhíonn ar siúl agus gur fairsinge an réimse a bhaineann le talamh atá faoi úinéireacht an Stáit. Is fearr an seans go gcothófar speicis fáin, mar shampla an chearc fraoigh agus an crotach, mar gheall ar réimsí fairsinge de phortaigh a thagann le chéile a bheith sa chóras nua lena mbaineann éagsúlacht níos mó maidir le gnáthóga agus cineálacha éagsúla gnáthóg a shíneann le chéile go nádúrtha.

Bheadh i gceist go leanfadh athchóiriú ar na cúinsí ina dtarlódh móin a chruthú ar réimsí portaigh réitithe an obair athchóiriúcháin ar réimsí den phortach ard. Beidh gá le hathchóiriú ar réimsí portaigh réitithe ó tharla nach féidir an aidhm náisiúnta maidir le hathchóiriú portaigh ARB a shásamh le hobair ar an bportach ard amháin. Is iondúil áfach gur costasaí agus gur casta go mór portach ARB a athchóiriú ar réimsí portaigh réitithe ná ar an bportach ard. Meastar, chomh maith, gur faide go mór a thógfaidh athchóiriú den rath ar an bportach réitithe ná a thógfaidh ar an bportach ard. De ghnáth, bíonn tréimhse idir 10 mbliana agus 20 bliain ar a laghad i gceist le portach DRB a athchóiriú ina phortach ARB tar éis na bearta athchóiriúcháin a dhéanamh. Cé go bhfuil samplaí ar fáil de na cúinsí ina dtarlaíonn cruthú móna a chur ar bun in athuair ar réimsí portaigh réitithe, is iondúil nach mbíonn na tréithe agus an iléagsúlacht éiceolaíochta ba ghá ionas go measfaí iad ina bportach ARB ag rith leo. Anuas air sin, bíonn réimse éagsúlachta níos mó ag baint le cineálacha na ngnáthóg móinchruthaithe a thagann chun cinn mar gheall ar thosca áirithe, mar shampla cineál agus doimhne na foshraithe móna. Sa chás gur báisteach agus rith chun srutha ón bportach ard an phríomhfhoinse uisce, is dócha gur gnáthóga portaigh móinchruthaithe ombratrófacha (ó uisce báistí) a thagann chun cinn. I gcodarsnacht leis sin, sa chás go bhfuil tosca mianratrófacha i gceist (fuarán nó sruthán), d'fhéadfadh fásra eascaigh nó eanaigh a theacht. Bheadh i ndán go bhféadfadh réimsí de ghnáthóga portaigh móinchruthaithe ina bportach ARB tar éis tréimhse fada (50–100 bliain) agus meastar dá réir sin go bhfuil tairbhe á dhéanamh acu maidir leis na spriocanna fadtéarmacha i ndáil leis an gcineál sin gnáthóige.

**Tábla 4.1: Achoimre maidir le hachar na réimsí beo agus na réimsí díghrádaithe de phortaigh ardaithe taobh istigh de chraobhchóras na limistéar ainmnithe portaigh ardaithe**

| Gnáthóg Portaigh | Craobhchóras na Limistéar SAC (dhá limistéar nua SAC san áireamh) (ha) | Craobhchóras nua na Limistéar NHA (ha) | Iomlán (ha) |
|---|---|---|---|
| Portach Ardaithe Beo | 1,244 | 290 | 1,534 |
| Portach Ardaithe Díghrádaithe | 1,263 | 502 | 1,765 |
| Gnáthóga ina bhféadfadh móin a bheith á cruthú | 298 | 150* | 448* |
| **Iomlán** | **2,805** | **942** | **3,747** |

*Meastachán bunaithe ar an gcéatadán de na réimsí réitithe taobh istigh de chóras na limistéar SAC a meastar go mbeidh siad ina ngnáthóga ina gcruthaítear móin

D'fhonn na réimsí portaigh réitithe a shonrú is fearr an toradh a bheadh i ndán ar obair ina leith lena n-athchóiriú mar phortach ARB, rinneadh modh oibre a fhorbairt le limistéir a shonrú a raibh cúinsí hidreolaíochta fóirsteanach don chúram. Tá an modh oibre seo ar aon dul leis an modh oibre a cuireadh in úsáid chun réimsí portaigh DRB a shonrú ar an bportach ard. Baintear leas as sonraí LiDAR chun na réimsí portaigh réitithe is fearr a choinneofaí fliuch a thabhair chun aire (mar shampla logáin neamhthaosctha. Is é cuspóir a bhíonn le hobair athchóiriúcháin ar phortach réitithe an maoschlár sa mhóin a thabhairt aníos chomh gar agus is féidir do dhroim na talún ionas gur féidir leis na cúinsí a theacht chun cinn ina dtarlódh móin a chruthú (féach Aguisín 2 maidir le sonraí breise).

## Bearta Cosanta agus Athchóiriúcháin maidir le Portaigh Ardaithe

Tá réimse leathan ag baint le cineálacha tionchair a dhéanann díobháil ar phortach ardaithe in Éirinn, idir na cineálacha ar léir faoin tráth seo gur féidir den chuid is mó iad a chur ina gceart arís trí phróisis nádúrtha, mar shampla, athchoilíniúchán/athfhorás tar éis dóiteáin ar phortach ard, agus cásanna eile ina bhféadfadh gníomh idirghabhála (innealtóireacht) a bheith de dhíth chun deireadh a chur leis an díobháil agus seans a bheith ann go ndéanfaí portach ARB a athchothú.

D'fhonn na haidhmeanna caomhnúcháin maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe faoi chosaint (Caibidil 3) a bhaint amach, ní mór go mbeadh de thoradh ar gach beart a dhéantar go dtugtar próisis éici-hidreolaíochta ar ais sa chaoi is gur cosúil iad lena mbíonn ag tarlú san éiceachóras ar phortach ardaithe neamhbhearnaithe.

Is féidir, de réir sainmhíniúcháin, réimse a shonraítear a bheith ina phortach DRB a athchóiriú ina phortach ARB. D'fhonn spriocanna maidir leis na haidhmeanna caomhnúcháin a shásamh, is inmhianta oiread agus is féidir de na réimsí portaigh DRB faoi láthair a chur ar ais ina bportaigh ARB. Cé go bhféadfadh go dtarlódh sin go neamhspleách le himeacht aimsire (tréimhse an-fhada) i roinnt bheag áiteanna, is iondúil gá le gníomh idirghabhála chun brostú leis an bpróiseas, na haidhmeanna ginearálta a bhaint amach agus cailliúint bhreise ar láithreacha áirithe a sheachaint. Tá bearta éagsúla is féidir a áireamh mar sheifteanna innealtóireachta agus oiread áirithe acmhainní airgid agus pearsanra de dhíth maidir le gach ceann acu. I gcomhthéacs an Phlean Bainistíochta Náisiúnta seo maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe, meastar gurb iad na bearta is oiriúnaí maidir leis an aidhm chaomhnúcháin i ndáil le portaigh ARB a bhaint amach na cinn sin atá inmharthana go fadtéarmach agus lena ngabhann an riachtanas cothabhála is lú.

Is féidir bearta idirghabhála a rangú de réir dhá cheann de chatagóirí ginearálta.

1. Bearta réamhchoisctheacha, rialáil san áireamh maidir le gníomhaíocht áirithe, mar shampla:

- Gnáthóg portaigh ardaithe agus gnáthóga tailte bogaigh máguaird a dhraenáil;
- Sábháil agus baint mhóna;
- Crainn foraoiseachta a chur;
- Dó; agus
- Bearta eile de chuid an duine a fhágann ísliú suntasach ar leibhéal an mhaoschláir, mar shampla uisce a tharraingt as an screamhuisce agus obair cairéalachta.

2. Gníomhartha idirghabhála lena n-áirítear:

- Draenacha a bhlocáil ar phortach ard;
- Réimsí foraoiseachta a ghlanadh;
- Draenacha a bhlocáil i réimsí imeallacha;
- Bundaí imeallacha; agus
- Tochailt/athphroifiliú ar phortach ard agus ar phortach réitithe.

Tá d'aidhm le gníomhartha idirghabhála den sórt seo go n-ardófaí leibhéal an mhaoschláir sa mhóin ionas go mbíonn cúrsaí hidreolaíochta sa chaoi atá cóiriúil maidir le

cruthú móna. Is iondúil gurb é a bheadh i gceist leis sin an maoschlár a ardú go dtí droim na talún nó beagán beag os a chionn. Níl d'aidhm leis locháin dhoimhne (>50cm) a chruthú ó cuireann sin bac ar fhás Sphagnum, an speiceas is fearr maidir le hathfhorás móna. Ar an bportach ard agus ar réimsí portaigh réitithe is mó a dhírítear bearta athchóiriúcháin agus ní bheadh talamh feirmeoireachta san áireamh ach amháin i gcás eisceachta nuair a bheadh riachtanas iomlán leis. Ní chuirfear bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm ach amháin nuair a aontaíonn úinéirí na talún lena dhéanamh.

## Portaigh Ardaithe in Éirinn a Athchóiriú

San am a caitheadh, is ina bhearta scaipthe neamhspleácha a tharlaíodh athchóiriú ar phortaigh ardaithe in Éirinn, dírithe ar réimse áirithe portaigh agus ceisteanna éagsúla maidir le húinéireacht talún mar shampla nó cistíocht a bheith ar fáil ina gconstaiceanna roimhe. Ina ainneoin sin, bhí tugtha faoi obair athchóiriúcháin ar 47 láthair portaigh ardaithe, le hachar talún beagán faoi bhun 2,5000 ha, anall go dtí an bhliain 2011. Leagtar amach in Tábla 4.3 roinnt de na tograí athchóiriúcháin a thug NPWS na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta fúthu i gcomhar le páirtnéirí éagsúla agus a raibh dea-thoradh orthu.

Tá cur chuige níos uilechuimsithí maidir le hathchóiriúchán ar chóras na limistéar SAC portaigh ardaithe i gceist leis an bplean bainistíochta seo d'fhonn na haidhmeanna caomhnúcháin náisiúnta a thabhairt i gcrích. Beidh na modhanna a mholtar sa phlean seo á nglacadh chuige féin ag Tionscadal LIFE Phortaigh Ardaithe na hÉireann (LIFE14 NAT/IE/000032), atá ar cheann de na tograí athchóiriúcháin ar thailte portaigh is mó ar tugadh faoi riamh in Éirinn. Cuireadh tús leis an tionscadal i rith na bliana 2016 agus tá cúnamh á thabhairt ina leith faoi Chlár LIFE 2014–2020 an AE.

## TIONSCADAL LIFE PHORTACH ARDAITHE NA hÉIREANN (LIFE14 NAT/IE/000032)

Is é cuspóir atá leis an tionscadal 'Portaigh Ardaithe Beo i gCóras Limistéar SAC na hÉireann a Athchóiriú 2016–2020' **(LIFE14 NAT/IE/000032)**, a bhfuil maoiniú á dhéanamh air faoi Chlár LIFE 2014–2020 an AE, portach ardaithe beo a athbhunú ar phortach ardaithe i 12 limistéar SAC. Is iad na príomhaidhmeanna a bhaineann leis an tionscadal 'An Portach Beo' feabhas a chur ar an stáid ina bhfuil iomlán an 2,649 ha de phortach ardaithe trí mhodhanna athchóiriúcháin den sárchleachtas a chur i bhfeidhm. Cuirfidh sin bonn treise faoi na cúinsí a thabhairt chun cinn atá riachtanach maidir le forás ar an bportach ardaithe beo a bhfuil d'aidhm leis an sprioc fadtéarmach 752 ha de phortach ardaithe beo a thabhairt i gcrích. Tarraingeoidh an tionscadal aird freisin ar chóras na láithreacha Natura 2000 agus ar chaomhnú an dúlra go ginearálta. Leagtar amach an 12 láthair SAC a thiocfaidh faoi scáth an tionscadail in Tábla 4.2 thíos.

Cuirfear pleananna athchóiriúcháin, agus pleananna bainistíochta draenála comhtháite, le chéile maidir le gach ceann den 12 láthair sin. Mar chuid den phróiseas pleanála maidir leis an athchóiriú sin, tabharfar roinnt deiseanna taitneamhachta caitheamh aimsire a chruthú san áireamh, mar shampla, cosáin cláir agus slite siúlóide. Beidh sonraí faoin obair athchóiriúcháin ar láithreacha sonracha ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail, http://www.raisedbogs.ie, chomh maith le spás maidir le gach ceann den 12 láthair faoi seach, inar féidir eolas, stair agus ábhar cultúir áitiúil a chur i láthair. Tá páirt ghníomhach an phobail ar cheann de phríomhaidhmeanna an tionscadail agus tá an obair ina leith sin ar bun cheana féin.

**Tábla 4.2: Láithreacha Thionscadal na bPortach Beo**

| Uimh. na Láithreach | Ainm SAC | Cód SAC | Contae | Sprioc ARB (ha) |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Portach Choill Chonnaidh | IE000006 | Co. an Chabháin/ Co. na Mí | 15.52 |
| 2. | Portach Chlóirthigh | IE000572 | Co. Uíbh Fhailí | 180.61 |
| 3. | Portach an Fhéir Bháin | IE000575 | Co. Uíbh Fhailí | 43.51 |
| 4. | An Mongán | IE000580 | Co. Uíbh Fhailí | 63.18 |
| 5. | Portach Mhaigh Cláir | IE000581 | Co. Uíbh Fhailí | 35.37 |
| 6. | Portach an Ráithín Mhóir | IE000582 | Co. Uíbh Fhailí | 70.63 |
| 7. | Portach Shearbhóige | IE000585 | Co. Uíbh Fhailí | 41.54 |
| 8. | Portach Cheathrú Bheithí/na Ceachrach | IE000597 | Co. Ros Comáin | 94.70 |
| 9. | Portach Dhoire an Fhia | IE000604 | Co. Ros Comáin | 24.97 |
| 10. | Portach Gharbhascaill | IE000679 | Co. na hIarmhí | 86.13 |
| 11. | Portach Cheathrú na gCapall | IE001242 | Co. na Gaillimhe | 73.06 |
| 12. | Portach Ard an Chuilinn | IE002341 | Co. an Longfoirt | 23.48 |
| **Iomlán** | | | | **752.70** |

Tá sonraí breise agus an scéal is nua faoin tionscadal seo ar fáil ar an láithreán gréasáin agus ar na cainéil meán shóisialta a ghabhann leis: https://twitter.com/LIFEraisedbogs agus www.facebook.com/LIFEraisedbogs

## Pleananna sonracha athchóiriúcháin maidir le gach láthair faoi leith i gcóras na limistéar SAC portaigh ardaithe

Is léir ó athbhreithniú ar bhearta athchóiriúcháin agus ar ábhar léinn a foilsíodh ina leith gur gá tréithe áirithe na láithreach a mhionsonrú sula dtugtar faoi chlár oibre athchóiriúcháin. Dá bharr sin, tá plean athchóiriúcháin mionsonraithe maidir le gach láthair faoi leith curtha le chéile i ndáil le gach limistéar SAC portaigh ardaithe ina leagtar amach na bearta athchóiriúcháin is gá a dhéanamh ar gach portach chun na haidhmeanna athchóiriúcháin maidir leis an láthair sin go sonrach agus, i ndeireadh báire, na haidhmeanna caomhnúcháin náisiúnta a thabhairt i gcrích.

Pleananna fadtéarmacha atá iontu seo agus tabharfar forbairt bhreise orthu i gcomhairle le geallsealbhóirí ar a n-áirítear úinéirí talún agus pobal na háite. Cinnteofar ar an gcaoi sin go ndéantar an obair athchóiriúcháin ar bhealach a fhágann go sásaítear na riachtanais caomhnúcháin maidir leis an láthair an tráth céanna a gcothaítear an caidreamh is fearr agus a dtugtar buntáiste i gcrích do phobal na háite. Beidh na pleananna seo ar fáil ar láithreán gréasáin NPWS na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (https://www.npws.ie) le linn an phróiseas comhairliúcháin atá beartaithe. Tá trí phríomhghné ag baint leis na dréachtphleananna athchóiriúcháin:

- Sonraí maidir leis na bearta athchóiriúcháin atá rún a dhéanamh;
- Moltaí maidir leis an mbainistíocht draenála a thabharfar isteach mar dhlúthchuid de na pleananna athchóiriúcháin; agus
- Eolas faoi na bealaí ina dtabharfar oiread buntáiste agus is féidir as an bplean athchóiriúcháin i gcrích don phobal.

Caitear leis na pleananna seo mar a bheadh cáipéisí 'beo' iontu a mbeidh athrú agus forás orthu de réir mar a dhéantar iad a thabhairt chun cinn i gcomhar leis na príomhgheallsealbhóirí, ar a n-áirítear úinéirí talún, lucht úsáide na talún agus pobal na háite. I mbeagán cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag roinnt de na bearta athchóiriúcháin a leagtar amach ar úinéirí réimsí talún in aice láimhe. Cuirfear réimse de bhearta dreasachta maidir le hathchóiriúchán, lena mbainfidh cúiteamh, ceannach deonach talún nó comhaontuithe bainistíochta talún, chun tosaigh nuair is gá sin. Déanfar na pleananna a leasú agus a chóiriú de réir mar a thugtar bearta athchóiriúcháin i gcrích, mar a bhíonn sonraí breise faoin láthair áirithe atá i gceist ar fáil agus de réir mar a chothaítear eolas agus tuiscint níos fearr faoi mhodhanna athchóiriúcháin.

Sonraítear sna pleananna athchóiriúcháin bearta athchóiriúcháin atá indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla de i ndáil le criosanna éagsúla i ngach portach, an portach ard, portach réitithe agus na réimsí imeallacha máguaird san áireamh (féach sampla i Léaráid 4.1 de na bearta

athchóiriúcháin a bheadh i gceist do réimse de Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh, Co. an Chabháin/Co. na Mí mar ar tugadh faoi bhearta áirithe athchóiriúcháin san am a caitheadh). Déanfar monatóireacht leanúnach ar gach ceann de na pleananna athchóiriúcháin ionas go gcinntítear go bhfuil na bearta athchóiriúcháin a leagtar amach ag déanamh maitheasa maidir leis na haidhmeanna caomhnúcháin a bhaineann leis an láthair sin go sonrach a bhaint amach. Tá sampla de dhréacht de phlean athchóiriúcháin hidreolaíochta maidir le Limistéar SAC Ard an Chuilinn i gCo. an Longfoirt ar fáil in Aguisín 6.




**Léaráid 4.1: Mapa ar a léirítear an obair athchóiriúcháin atá beartaithe maidir le réimse de Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh, Co. an Chabháin/Co. na Mí**

## Cúrsaí timpeallachta

Tuigtear, cé go ndéanfaidh an plean tairbhe maidir le gnáthóga portaigh ardaithe mar gheall ar na bearta athchóiriúcháin atá leagtha amach, go bhféadfadh freisin tionchar chun dochair a theacht maidir le gnéithe eile de na limistéir SAC seo a bhaineann lena n-ainmniú nó maidir le láithreacha Eorpacha eile. D'fhéadfadh, anuas air sin, go dtarlódh tionchar ar an timpeallacht go forleathan, faoi mar a shonraítear sa mheasúnacht SEA a rinneadh maidir leis an bPlean. Tá de rún ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i ngeall air sin, dul i ngleic le haon choinbhleacht ionchais trí mheasúnacht a dhéanamh maidir le gach láthair faoi leith. Chuige sin, déanfar measúnacht AA i ndáil leis an láthair féin go sonrach chomh maith le measúnacht timpeallachta níos forleithne maidir le gach ceann den 53 limistéar SAC agus an dá limistéar SAC nua, a chuirfidh leis an bplean athchóiriúcháin a ghabhann le gach láthair go sonrach agus a bheidh ina lón eolais maidir leis an bplean athchóiriúcháin sin.

Déanfar a mheas mar chuid den mheasúnacht AA an bhfuil leasanna cáilithe eile a bhféadfadh cur isteach a bheith orthu mar gheall ar an obair athchóiriúcháin atá beartaithe agus bearta maolúcháin mionsonraithe a mholadh, sa chás gur gá sin, maidir le láthair faoi leith go sonrach, mar shampla maoláin chuí a chur ar fáil thart ar speicis leochaileacha (mar shampla cineálacha Veirtige) nó thart ar ghnéithe tíre (mar shampla poll slogaide nó turlach). Sa chás go dtagann coinbhleacht chun tosaigh, beidh prótacál á leagan amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta d'fhonn an tseift is fearr le cur i bhfeidhm i bhfianaise an ord tábhachta maidir leis an láthair féin agus leis na haidhmeanna caomhnúcháin náisiúnta a thabhairt chun suntais.

Anuas air sin, is dócha go dtiocfaidh de thoradh, le himeacht aimsire, ar an bportach a chur ar ais ina phortach ardaithe go dtarlódh athruithe éiceolaíochta a bheadh ina gcur isteach ar speicis fásra agus fiadhúlra a bhaineann leas as an láthair agus í i gcaoi dhíghrádaithe. Le linn an

athchóiriúcháin, déanfar monatóireacht ar na hathruithe sin agus ar an tionchar ar ghnáthóga nó ar speicis a bhfuil tábhacht leo ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin, ar leibhéal na láithreach agus ar an leibhéal náisiúnta araon agus coinneofar tuairisc ionas gur féidir bearta maolúcháin cuí a chur i bhfeidhm maidir le haon tionchar dochrach fadtéarmach den suntas ar leibhéal na láithreach nó ar an leibhéal náisiúnta i bhfianaise na n-aidhmeanna caomhnúcháin príomhthábhachta i ndáil leis an láthair féin nó ar an leibhéal náisiúnta.

Tabhar san áireamh leis an measúnacht timpeallachta ginearálta an dóigh go bhféadfadh bearta sonracha maidir leis an láthair cur isteach ar chúrsaí bithéagsúlachta; fásra agus fiadhúlra a dtarlaíonn go mbíonn siad ar an láthair ach nach bhfuil ina ngnéithe bunúsacha maidir leis an láthair; gnéithe a bhaineann leis an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus cultúir ar an láthair nó in aice láimhe; gnáthóga uisce nó talún in aice láimhe a dtarlaíonn idirchaidreamh idir iad agus an láthair; gnéithe de thréithe an taobh tíre; úsáid na talún in aice láimhe; agus caighdeán na hithreach; agus réimsí eile nach iad.

Sa chás go dtugtar tionchar nó baol suntasach chun aire, díreofar air sin trí bhearta maolúcháin sonracha maidir leis an láthair.  D'fhéadfadh go seachnófaí obair a dhéanamh ag tráthanna nach n-oireann (e.g. le linn ionú na n-éan nó séasúr an ghoir); go gcuirfí plean bainistíochta timpeallachta le chéile maidir leis an obair thógála; go mbeadh daoine leis an oiliúint chuí ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar an obair e.g. seandálaithe; go dtiocfaí i gcaidreamh le geallsealbhóirí áitiúla; nó go ndéanfaí bearta chun caighdeán an uisce a chaomhnú.

## Díriú ar Ábhar Buartha maidir le Tuilte

Baineann ní amháin atá ina ábhar buartha ag cuid mhór geallsealbhóirí, lucht bainte móna, úinéirí talún agus pobal na háite san áireamh, leis an gceist an bhféadfadh obair athchóiriúcháin ar phortach ardaithe breis tuilte a tharraingt sa cheantar máguaird.  Tharraing go leor geallsealbhóirí an cheist sin anuas le linn an chomhairliúcháin maidir leis an dréacht den Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe. Tá níos mó fianaise ag teacht chun cinn le tamall anuas gurb é a mhalairt de thoradh a bhíonn ag athchóiriú an phortaigh mar gheall ar na cúinsí nádúrtha hidreolaíochta a chur ar bun arís ionas go mbíonn maolú ar an sruth agus gur moille a shileann isteach sna cúrsaí uisce máguaird ná mar a tharlaíodh nuair a bhíodh draenacha ann.  Is léir sin ar phortaigh éagsúla, mar shampla Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh, Co. an Chabháin/Co. na Mí, mar a ndearnadh bearta leitheadacha athchóiriúcháin ar an bportach ard agus ar phortach réitithe gan aon tionchar chun dochair maidir leis an talamh feirmeoireachta in aice láimhe.  Mar a luaitear thuas, is iondúil nach mbeidh i gceist leis na bearta athchóiriúcháin a dhéantar ach an maoschlár a ardú go dtí droim na talún nó beagán os a chionn.

D'fhéadfadh, ina ainneoin sin, nach mbeadh gach duine ar aon tuairim faoi cheisteanna den sórt sin go dtí go mbíonn roinnt blianta caite tar éis an obair athchóiriúcháin a chur i gcrích.  D'fhonn cur leis an muinín, dá bhrí sin, tá leagtha amach go ndéanfar mar bheart faoi leith le gach ceann de na pleannanna athchóiriúcháin maidir le láithreáin shonracha i ngach limistéar SAC portaigh ardaithe plean bainistíochta comhtháite maidir leis an draenáil a ullmhú i gcomhar le geallsealbhóirí áitiúla.  Tá plean bainistíochta píolótach curtha le chéile maidir leis na príomhchainéil draenála thart ar Limistéar SAC Phortach Cheathrú na gCapall, Co. na Gaillimhe mar a raibh tuairisc tugtha ag úinéirí talún cóngarach don Limistéar SAC ar eachtraí maidir le hardú ar an leibhéal uisce (féach Aguisín 5 madiir le hAchoimre ar Phlean Bainistíochta Draenála Píolótach Limistéar SAC Phortach Cheathrú na gCapall). Sonraítear sa phlean sin réimsí den chóras draenála ar gá obair chothabhála nó obair breise orthu (e.g. lintéir nua a chur isteach) agus déantar soláthar do sheift bainistíochta fadtéarmach maidir le draenacha i ngar don limistéar SAC. Déanfar an bhainistíocht ar na draenacha seo ar bhealach nach gcuirfidh isteach ar an réimse a bhfuil athchóiriú le tabhairt air.

Beidh gá le hobair i gcomhar ó na húdaráis áitiúla, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus ó gheallsealbhóirí áitiúla ionas go gcinntítear go dtugtar mar is cóir faoi cheisteanna draenála a bhfuil deacracht leo faoi láthair nó a d'fhéadfadh a theacht chun cinn san am atá romhainn, go dtugtar ábhar buartha maidir le gach láithreán san áireamh agus go ndéantar bearta bainistíochta draenála nuair is gá sin sula dtugtar faoin obair athchóiriúcháin. Is dócha go mbeidh scagthástáil AA, de dhíth maidir le pleananna bainistíochta draenála, measúnacht AA de réir mar is gá agus cead ó na húdaráis chuí sula dtugtar faoin obair féin.

## An Sárchleachtas maidir le hAthchóiriú ar Phortaigh Ardaithe in Éirinn

Tá athchóiriú ar an aonad hidreolaíochta iomlán maidir leis an bportach ardaithe, an portach ard maille leis na réimsí imeallacha/portach réitithe ina thimpeall, riachtanach ionas go gcinntítear nach é an chaoi a mbeadh athchóiriú ar chuid amháin den phortach ina chúiteamh maidir le dul ar gcúl breise i réimsí eile.  Beidh cur chuige caighdeánach ina chuidiú maidir leis an dea-thoradh is fearr a thabhairt i gcrích nuair thugtar faoi phortach ardaithe a athchóiriú agus leis na sin cúinsí a mhaolú a fhéadann cosc a chur ar an toradh is fearr a theacht ar an obair.  De réir mar a dhéantar athchóiriúchán níos cuimsithí ar aonaid iomlána hidreolaíochta, is dócha go mbeidh lón eolais níos fairsinge ar fáil agus go dtiocfaidh feabhas agus forbairt ar na modhanna athchóiriúcháin de réir a chéile.

Rinneadh cáipéis treorach a ullmhú mar chuid den tionscadal maidir le Bonn Eolaíochta le Caomhnú an Phortaigh Ardaithe in Éirinn ina leagtar amach an sárchleachtas faoi láthair i ndáil le portaigh ardaithe in Éirinn a athchóiriú.  I gcomhairle le grúpaí agus daoine

aonair a raibh baint acu le hobair athchóiriúcháin ar phortaigh ardaithe san am atá caite a ullmhaíodh an cháipéis, ina measc an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bord na Móna, Coillte agus Comhairle Caomhnaithe Phortaith na hÉireann[10]. Cuireadh eolas ar fáil d'fhonn na modhanna sárchleachtais maidir le hathchóiriú ar phortaigh ardaithe in Éirinn ag ceardlann a d'eagraigh RPS, Cumann Móna na hÉireann[11] agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (mar a bhíodh ag an am) i mí Deireadh Fómhair 2015 ag a raibh daoine den lucht léinn, gníomhaireachtaí Stáit a mbaineann an cúram leo, eagraíochtaí timpeallachta neamhrialtais agus lucht eolaíochta i láthair. Bheadh i gceist go mbeadh an cháipéis sin ina treoir ag daoine ar spéis leo athchóiriúchán agus bainistíocht ar phortaigh ardaithe, mar shampla an lucht bainte móna, úinéirí talún agus lucht úsáide talún, grúpaí pobail, eagraíochtaí timpeallachta neamhrialtais chomh maith leis na daoine a thugann faoin obair athchóiriúcháin féin. Beidh an cháipéis treorach á foilsiú mar chuid den tsraith Lámhleabhair Fhiadhúlra na hÉireann ag seirbhís NPWS na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (www.npws.ie).

Tá éagsúlacht mhór i gceist leis an lón taithí agus an toradh ar bhearta athchóiriúcháin éagsúla a chur i bhfeidhm roimhe seo agus níl tomhas cruinn ar an tionchar iomlán ná ar an tairbhe iomlán a thagann dá mbarr. Is léir ó athbhreithniú a rinneadh maidir le bearta athchóiriúcháin ar thailte portaigh neamhbhearnaithe go ndearnadh bearta athchóiriúcháin gníomhacha ar 59 portach as an 264 láthair a athbhreithníodh. Rinneadh blocáil draenacha ar 54 láthair acu sin agus bhí crainn foraoiseachta a thabhairt chun bealaigh i gceist in éineacht leis na draenacha a bhlocáil i roinnt cásanna. Níl tuairisc mhion ar thoradh iomlán na beartaíochta sin go fóill. Tá le tuiscint ina dhiaidh sin féin ó thorthaí maidir le líon bheag de na láithreacha ar a laghad gurbh fhéidir athchóiriú de chineál éigin ar a laghad ar phortach DRB ina phortach ARB a thabhairt i gcrích leis na cláir athchóiriúcháin a cuireadh i bhfeidhm agus go bhféadfadh cosc a bheith curtha ar dhul ar gcúl a bheadh tarlaithe murach go ndearnadh an obair a rinneadh.

## Draenacha a bhlocáil ar an bportach ard

Tá draenacha a bhlocáil i réimsí den phortach ard ar an mbeart athchóiriúcháin is coitianta a dhéanamh ar phortaigh ardaithe in Éirinn. Is é cúis a bhíonn le draenacha ar an bportach ard a bhlocáil go mbíonn súil an maoschlár sa mhóin a ardú, ní amháin sa draein ach ar fud an réimse portaigh ina gaobhar. Sa chás gur féidir an maoschlár a choinneáil i bhfoisceacht 10cm de dhroim talún, taobh amuigh de thréimhsí ríghairide ama (Kelly & Schouten, 2002), bíonn cúinsí hidreolaíochta cóiriúil maidir le gnáthóg ARB a chruthú.

Tugtar liosta in Tábla 4.3 de na láithreacha sin ina bhfuil tuairisc in Raised Bog Monitoring and Assessment Survey 2013 (Fernandez *et al*., 2014) ar leathnú ar an ngnáthóg ARB tar éis draenacha a bhlocáil ar an bportach ard. Tugadh fairsingiú an-ard ar an ngnáthóg chun suntais i Lios na gCaorach, i gCeathrú na gCapall, i nGarbhascaill agus i mBaile Chionaoith. Tuairiscítear feabhas ar an gcaighdeán maidir le gnáthóg portaigh ardaithe neamhbheo ag na láithreacha a liostaítear agus meastar gur tharla feabhsú den chineál céanna i láithreacha eile, mar shampla Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh i gCo. an Chabháin.



10. Is eagraíocht caomhnúcháin neamhspleách atá i gComhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann a bhfuil de chuspóir roimpi sampla ionadaíochta de thailte portaigh na hÉireann a chaomhnú ar mhaithe le taitneamh a bheith astu ag na glúnta atá le theacht (www.ipcc.ie).
11. Is é Cumann Móna na hÉireann an Coiste Náisiúnta sa tír seo ag an gCumann Móna Idirnáisiúnta ina bhfuil eagraíochtaí agus daoine aonair ar spéis leo tailte portaigh agus acmhainní móna.

**Tábla 4.3: Samplaí d'obair athchóiriúcháin bunaithe ar dhraenacha ar an bportach ard a bhlocáil**

| Ainm na Láithreach | Eagraíocht/(Cómhaoiniú) | Fairsingiú measta ar phortach ardaithe beo mar gheall ar an obair athchóiriúcháin idir 2004–5 agus 2011–13 (ha) |
|---|---|---|
| Lios na gCaorach (Co. na Gaillimhe) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/Coillte (AE Comhtháthú/LIFE) | 13.2 |
| Ceathrú na gCapall (Co. na Gaillimhe) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) (AE Comhtháthú) | 9.9 |
| Garbhascaill (Co. na hIarmhí) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | 5.5 |
| Baile Chionaoith (Co. Longford) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) (AE Comhtháthú) | 5.1 |
| Páirc an Chairn (Co. na hIarmhí) | Coillte (LIFE) | 1.1 |
| An Ráithín Mór (Co. Uíbh Fhailí) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) (AE Comhtháthú) | 0.8 |
| Cluain Seanmhaoil (Co. Ros Comáin) | Coillte (LIFE) | 0.7 |
| Baile Dubh (Co. Thiobraid Árann) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) (AE Comhtháthú) | 0.6 |
| Fisherstown (Co. Ros Comáin) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) (AE Comhtháthú) | 0.5 |
| Coill Salach (Co. na Gaillimhe) | Coillte (LIFE) | 0.5 |
| Cluain Fionnáin (Co. Thiobraid Árann) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) (AE Comhtháthú) | 0.3 |
| An Mongán (Co. Uíbh Fhailí) | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) (AE Comhtháthú) | 0.1 |

Tá tionscadail eile maidir le hathchóiriú ar phortaigh ardaithe ar thug Bord na Móna, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Coillte agus grúpaí pobail áirithe. Chuidigh Bord na Móna (i gcomhar le Thionscadal Phortach Mhainistir Laoise) le hobair athchóiriúcháin ar Phortach Mhainistir Laoise, Co. Laoise mar a bhfuiltear le hachar measta 2.1 ha de phortach ARB a athchóiriú. Tugadh faoi thionscadail athchóiriúcháin eile de chuid Bhord na Móna i Cuckoo Hill, Co. Ros Comáin agus i mBaile Daighean, Co. Ros Comáin.

Sampla d'áit ina raibh dea-thoradh ar dhraenacha a bhlocáil is ea Limistéar SAC Phortach Ardaithe Lios na gCaorach i gCo. na Gaillimhe mar ar tharla, de bharr blocáil a dhéanamh ar 4km de dhraenacha ón mbliain 1998 i leith gur athchóiríodh réimse 13.2 ha de phortach DRB ina phortach ARB idir tréimhse suirbhéireachta na bliana 2004 agus tréimhse na bliana 2012, Léaráid 4.2.

Léirítear dhá shampla eile de phróisis athchóiriúcháin lenar bhain draenacha a bhlocáil i bPlátaí 4.1–4.4. Léirítear an chaoi a raibh cúrsaí roimh ré agus tar éis do Bhord na Móna

draenacha a bhlocáil i bPortach Ardaithe Cuckoo Hill, i gCo. Ros Comáin.

Is é a mholtar de réir shárchleachtas na linne seo maidir le hathchóiriú ar phortaigh ardaithe go gcuirfí dambaí isteach de réir mar a thagann ísliú 10cm ar an airde ingearach agus sin d'fhonn an maoschlár a choinneáil i bhfoisceacht 10cm de dhroim na talún (Schouten *et al*., 1994). Moltar ar a laghad trí cinn de dhambaí in aghaidh gach 100m agus deich gcinn de dhambaí ar a mhéid sa chás gur dambaí móna a chuirtear isteach. Cinntítear leis an uasteorainn deich gcinn de dhambaí in aghaidh an 100m nach gcuirtear isteach an iomarca ar dhroim an phortaigh le líon rómhór de 'phoill iasachta'. Dambaí móna[12] an cineál is coitianta a úsáidtear chun draenacha a bhlocáil ar phortaigh ardaithe; ina ainneoin sin, tá malairt modhanna ar fáil, ina meas clárphíleáil plaistigh a úsáid trína chur sa draein agus a theannadh síos go dtí an doimhne cuí. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh dambaí móna le clárphíleáil plaistigh a bheith éifeachtach san áit a mbíonn sruth suntasach ós féidir leis an bplaisteach creimeadh na móna sa damba a sheachaint agus go gcruthaítear ceangal blocáil níos dlúithe leis an móin sa draein ná mar a bheadh ar fáil leis an bplaisteach as féin.

Léirítear na céimeanna tosaigh den téarnamh i bPláta 4.3. Mar gheall ar an draein a bhlocáil, ardaíonn leibhéal an uisce sa draein agus tarlaíonn ar dtús sin faoi speicis alga a thapaíonn an t-ábhar cothaitheach a shileann as an bportach draenáilte. Le himeacht ama, cuireann speicis Sphagnum, a dhéanann bealach isteach ar na draenacha blocáilte ón mbruach, na halgaí amach.

Léirítear réimsí de phortach ARB a tharla a n-athbhunú deich mbliana tar éis draenacha a bhlocáil sa bhliain 1996 i Limistéar SAC Phortach an Chlóirthigh (Thoir) Co. Uíbh Fhailí, i bPláta 4.4.




**Léaráid 4.2: Limistéar SAC Phortach Ardaithe Lios na gCaorach, Co. na Gaillimhe. Sampla d'obair athchóiriúcháin le dambaí móna ar phortach ard a raibh dea-thoradh uirthi. Is léiriú fairsingiú ar an réimse dearg (éiceatóp láir) agus ar an réimse bándearg (fo-réimse láir) ar an méadú a tháinig ar phortach ardaithe beo mar gheall ar an obair athchóiriúcháin**

12. Sa chás go dtugtar móin as 'poll iasachta' gar don draein agus go gcuirtear go cúramach sa draein í agus go ndéantar a brú agus a teannadh ionas go gcinntítear go bhfuil sí daingnithe



Pláta 4.1: Portach Ardaithe Cuckoo Hill (Co. Ros Comáin) sula ndearna Bord na Móna draenacha a bhlocáil



Pláta 4.2: Portach Ardaithe Cuckoo Hill (Co. Ros Comáin) tar éis do Bhord na Móna draenacha a bhlocáil



Pláta 4.3: Speicis Sphagnum ag teacht chun cinn i ndraein bhlocáilte ar Phortach Ardaithe Cuckoo Hill (Co. Ros Comáin)



Pláta 4.4: Limistéar SAC Phortach Ardaithe Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí – portach ardaithe beo 10 mbliana tar éis dambaí móna a chur isteach

## Crainn foraoiseachta a thabhairt chun bealaigh

Is féidir le réimsí foraoiseachta tionchar chun dochair a bheith acu ar phortaigh ardaithe trí ísliú ar an maoschlár a tharraingt, mar gheall ar dhraenáil agus ar ardú ar na rátaí imghalúcháin. Tá lón eolais agus taithí á ghnóthú in Éirinn le roinnt blianta anuas maidir le crainn foraoiseachta ar phortaigh ardaithe a thabhairt chun bealaigh agus is féidir le dea-thoradh a theacht ar bheart de sórt seo nuair a dhéantar draenacha a bhlocáil chomh maith.

Tá Coillte tar éis an obair ar thionscadal athchóiriúcháin maidir le portaigh ardaithe dar teideal Demonstrating Best Practice in Raised Bog Restoration in Ireland a thabhairt chun críche le gairid. Rinne Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil san AE, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Coillte maoiniú i gcomhar ar an tionscadal faoi Chlár LIFE-Dúlra an AE. Seo é an dara Tionscadal LIFE de chuid Choillte a bhain leis an athchóiriú ar phortaigh ardaithe agus cuirtear leis an lón taithí a gnóthaíodh ón gcéad tionscadal nuair a rinneadh obair ar fud achar 571 ha de phortach ardaithe i 14 láthair éagsúil. Bhí bearta athchóiriúcháin i gceist leis an dara ar fud achar 685 ha de phortach ardaithe i 17 láthair de chuid Choillte, limistéir SAC agus limistéir NHA san áireamh.

Léirítear i bPlátaí 4.5 agus 4.6 an tionchar chun sochair a bhí ag na bearta athchóiriúcháin a rinne Coillte ar phortach ardaithe a bhíodh faoi chrainn foraoiseachta ar Phortach Ardaithe Dhún na Coille, Co. na hIarmhí. Léirítear i bPláta 4.5 nach mbíodh cúinsí hidreolaíochta sula ndearnadh an obair athchóiriúcháin sa chaoi is go seasfadh portach ardaithe beo. Tar éis bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm (leagan crann agus blocáil draenacha), tá cúinsí hidreolaíochta anois sa chaoi agus go bhfuil bonn faoi athfhás Sphagnum san ionad céanna a léirítear i bPláta 4.6. Léirítear an t-ardú dá réir ar an maoschlár mar gheall ar na bearta athchóiriúcháin ar an láthair in Tábla 4.4.



**Pláta 4.5: Limistéar NHA Phortach Ardaithe Dhún na Coille, Co. na hIarmhí, sula ndearnadh bearta athchóiriúcháin (Íomhá: John Derwin, Coillte)**



**Pláta 4.6: Limistéar NHA Phortach Ardaithe Dhún na Coille, Co. na hIarmhí, tar éis bearta athchóiriúcháin a chur i gcrích (Íomhá: John Derwin, Coillte)**




**Tábla 4.4: Ardú suntasach maidir leis an maoschlár a tugadh chun aire ag písiméadar uimh. 6 ar Phortach na Greallaí, Co. na Mí, mar gheall ar ghlanleagan na gcrann buaircíneach i mí Lúnasa 2011 (mar chuid de na bearta athchóiriúcháin faoi Thionscadal LIFE Choillte)**

## Draenacha a bhlocáil i réimsí imeallacha

I gcás réimsí fairsinge de na portaigh ardaithe in Éirinn, tá draenacha i réimsí imeallacha thart ar an bportach ard agus é leagtha amach go ndraenálfaí an port móna agus an t-ionlach in aice leis an bportach ar mhaithe leis an móin a bhaint agus a shábháil. Bítear ag féachaint mar sin nuair a bhlocáiltear draenacha i réimsí imeallacha leis an bhfána a mhaolú idir an maoschlár sa mhóin agus an maoschlár sa phortach máguaird ionas gur lú an baol go dtarlódh tionchar leanúnach de thoradh ar na ndraenacha. Is féidir freisin, tríd an maoschlár i réimsí de phortach réitithe a ardú, cúinsí hidreolaíochta a thabhairt chun cinn a chuidíonn, san áit a bhfuil an topagrafaíocht cóiriúil lena aghaidh, leis an bhfásra a chothú a oireann do chruthú móna.

Is é an gnáthrud móin nó dambaí plaisteacha a úsáid chun draenacha i réimsí imeallacha a bhlocáil. I gcásanna áirithe is féidir dambaí cumaisc, le móin i gcroílár na ndambaí plaisteacha, a úsáid ionas go maolaítear an baol go dtarlódh creimeadh. Rinneadh draenacha a bhlocáil roimhe seo ar réimsí den phortach réitithe ar phortaigh ardaithe in Éirinn, Portach Choill Chonnaidh (Co. an Chabháin/Co. na Mí), Portach Bhaile Chionaoith (an Longfoirt) agus Portach na Greallaí (Co. na Mí) san áireamh, agus bhí dea-thoradh ar an obair. Níl aon tuairisc ar thionchar chun dochair ar thailte feirmeoireachta in aice láimhe. Léirítear sampla de bhlocáil draenacha a raibh dea-thoradh air i réimsí imeallacha ar Phortach Choill Chonnaidh i bPláta 4.7.



**Pláta 4.7: Fásra lena gcruthaítear móin fréamhaithe i Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh, Co. an Chabháin/Co. na Mí**

## Bundaí imeallacha

Is iondúil gur ar réimsí den phortach réitithe atá cothrom nó dúnta isteach a úsáidtear bundaí imeallacha agus deis ann réimse fairsing gnáthóige ina mbeadh móin á cruthú a chur ar fáil. Baintear leas as an mbeart oibre seo i gcomhar le blocáil draenacha ionas gur fearr a choinnítear an t-uisce ar an bportach réitithe. Bíonn níos lú ná 1m airde sna bundaí a dhéantar as móin agus a mbíonn a gcroílár íseal ó thaobh tréscaoilteachta ionas nach ligtear don uisce rith faoin damba. Bíonn sraith coraí nó bealaí sceite leis na bundaí ionas go gcinntítear nach n-ardódh leibhéal an uisce thar fóir agus gur féidir leis an uisce rith isteach sa draein imill. Ní bhíonn an spriocleibhéal uisce ar an bportach réitithe taobh istigh den damba níos mó ná 0cm - 20cm os cionn dhroim na talún (an leibhéal is fearr maidir le hathfhorás Sphagnum). Is beart seo a oireann níos fearr do réimsí portaigh réitithe atá cothrom go maith agus a ritheann dóthain le sruth chucu ón bportach ard go gcoinnítear báite iad.

Bhí dea-thoradh ar bheart athchóiriúcháin den sórt seo a rinneadh i Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh mar ar cuireadh bunda imeallach, mar a léirítear i bPláta 4.8, le himeall an réimse portaigh réitithe sa bhliain 2008. Tá an portach réitithe san áit seo an-chothrom réidh agus ritheann cuid mhór den sruth uisce ón bportach ard ina threo, rud a d'fhág gur oir an beart don láthair. Tá tairbhe suntasach le sonrú cheana féin agus ní cosúil gur tharla aon tionchar dochrach maidir leis an talamh feirmeoireachta in aice láimhe.

## Tochailt/athphróifíliú ar phortach ard agus ar phortach réitithe

Tá portach ard a thochailt, agus a athphróifíliú a thabhairt air, ar cheann de na bearta athchóiriúcháin is féidir a oibriú ar phortach ard nó ar phortach réitithe d'fhonn cúinsí topagrafaíochta agus hidreolaíochta níos oiriúnaí a chruthú maidir le hathfhorás an fhásra is fearr maidir le cruthú móna. Ní oireann beartaíocht den chineál seo ar phortach ard ach amháin i gcás láithreacha atá díghrádaithe go han-mhór agus nach bhfuil aon fhásra ar dhroim talún iontu (e.g. portaigh a ndearnadh móin a shábháil ar bhonn tionsclaíochta orthu). Is dóiche bearta den sórt seo a bheith oiriúnach maidir le réimsí de phortaigh réitithe, nó réimsí a saothraíodh ar bhonn tionsclaíochta, nach bhfuil cúinsí faoi láthair sa chaoi go bhféadfaí gnáthóg a bhunú ina dtarlódh cruthú móna ach a bhfuil sraith de mhóin obatrófach ar fáil go fóill iontu.

Ag brath ar na cúinsí oibre agus ar achar an réimse portaigh a mbeadh athphróifíliú á thabhairt air, is dócha go mbeadh tochaltóirí agus/nó ollscartairí a mbeadh traiceanna fúthu, cóirithe go speisialta le haghaidh talamh portaigh, in úsáid chun dromchla réidh cothrom a chruthú. D'fhéadfadh beart dá leithéid a bheith indéanta ar láithreacha a ndearnadh dochar mór dóibh, ar shampla réimsí portaigh a saothraíodh ar bhonn tionsclaíochta. Ní heol aon láthair in Éirinn a ndearnadh portach ard a athchóiriú ann ar an mbealach sin agus d'fhéadfadh contúirt a bheith ann go ndéanfaí damáiste éiceolaíochta dá n-úsáidfí an modh oibre seo ar láthair ar bith seachas an chuid is measa ó thaobh díghrádú.



**Pláta 4.8: Grianghraf ina léirítear uisce éadomhain (<20 cm) á choinneáil ag bunda imeallach 1m ar airde i Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh, Co. an Chabháin/Co. na Mí**

## Éifeacht le bearta athchóiriúcháin

Tuigtear óna bhfuil foghlamtha ó bhearta athchóiriúcháin roimhe seo in Éirinn gur le blocáil ar dhraenacha, idir dhraenacha oscailte agus chuislí sléibhe atá faoi fhásach, agus le crainn foraoiseachta a ghlanadh chun bealaigh, chomh maith le smacht ar bheartaíocht eile lena bhféadfadh dochar a bheith ag gabháil,  is mó atá an seans go mbeidh dea-thoradh ar obair athchóiriúcháin ar phortach ardaithe in Éirinn.

Ina ainneoin sin, sa chás gur cuireadh isteach ar an gceangal hidreolaíochta idir an mhóin agus an screamhuisce réigiúnach, agus gur tháinig ardú dá thoradh sin ar rátaí silte an uisce síos sa talamh, d'fhéadfadh go mbeadh sé an deacair portach ARB a athbhunú cé go mbeadh an chuma ar chúrsaí hidreolaíochta gar do dhroim talún go mbeadh sin i ndán.  Is é cúis a bheadh leis sin nach mbeadh an t-uisce ag fanacht ag droim na talún ar feadh dóthain achair. Ní mór, dá bhrí sin, chun measúnacht leordhóthanach a dhéanamh ar an acmhainn athchóiriúcháin maidir le gach réimse portaigh, ní amháin an chaoi ina bhfuil an portach ag droim talún a mheas, ach a mheas chomh maith an bhfuil bearta athchóiriúcháin is féidir a dhéanamh ó thaobh cúrsaí teicniúla de.  D'fhonn achar an réimse de phortach DRB i ndáil le gach portach ardaithe a dhearbhú, déantar an éifeacht a bheadh le bearta athchóiriúcháin a mheas chomh maith leis na cúinsí topagrafaíochta.





# Caibidil 5

## FREASTAL DO RIACHTANAIS NA nGEALLSEALBHÓIRÍ

# Caibidil 5
# FREASTAL DO RIACHTANAIS NA nGEALLSEALBHÓIRÍ

## Bainistíocht Inmharthana ar Phortaigh Ardaithe na hÉireann

In Éirinn atá ceann de na sciartha is airde d'acmhainn iomlán an Aontais Eorpaigh de ghnáthóg phortaigh ardaithe de chineál an Atlantaigh (níos mó ná 50%). Dá réir sin, tá cúram speisialta ar an Stát agus ar shaoránaigh an Stáit obair bhainistíochta agus chaomhnúcháin a dhéanamh ina leith ar chaighdeán idirnáisiúnta.

Anall go dtí lár an 20ú aois, rinneadh bainistíocht ar thailte portaigh na hÉireann ar bhealach a d'fhreastail do riachtanais an phobail agus a threisigh le forás eacnamaíochta. Tamall ina dhiaidh sin, chonacthas gurbh bhainistíocht chiallmhar ar an acmhainn an mhóin a bhaint ar bhonn tionsclaíochta d'fhonn foinse náisiúnta breosla a chur ar fáil agus bonn a chur faoi fhostaíocht i gceantair tuaithe. Faoi dheireadh an 20ú aois, bhíothas á thuiscint ar fud an domhain go raibh gá le hacmhainní nádúrtha an Domhain a chaomhnú agus tháinig an coincheap maidir le forbairt inmharthana chun tosaigh. Ba é an coincheap sin maidir le forbairt inmharthanach ba bhun le Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Timpeallacht agus le Forbairt a tionóladh i Rio de Janeiro sa bhliain 1992, an chéad iarracht idirnáisiúnta pleananna gníomhaíochta agus straitéisí a chur i dtoll a chéile maidir le pátrún forbartha a thabhairt chun cinn ar mhó den inmharthanacht a bheadh ag baint leis.

Tá "forbairt a fhreastalaíonn don riachtanas reatha gan dochar a dhéanamh d'acmhainn na nglúnta atá le theacht freastal dá gcuid riachtanais féin" de shainmhíniú ar fhorbairt inmharthana faoin tráth seo (An Coimisiún Domhanda maidir leis an Timpeallacht agus le Forbairt, 1987). Bítear dírithe ar leas na saoránach san am i láthair agus san am atá le theacht a chur chun cinn. Bíonn gá le heacnamaíocht a chruthú atá inmharthana agus éifeachtach ó thaobh acmhainní agus atá bunaithe ar shochaí chóir chothrom le meas ar thrí phríomhcholún chúrsaí inmharthanachta: cúrsaí timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta (DECLG, 2012). Ach tagann meon an phobail, an taobh tíre, riachtanais shóisialta níos ginearálta, iléagsúlacht dúlra agus cúrsaí rialála maidir le carbón san áireamh le hinmharthanacht freisin.

Acmhainn nádúrtha atá teoranta iad na portaigh ardaithe in Éirinn agus ní mór bainistíocht inmharthana ina leith ionas go gcinntítear na príomhcholúin sin maidir le cúrsaí inmharthanachta agus go gcaomhnaítear na portaigh ar an gcaoi is fearr do na glúnta atá le theacht. Bhí tuairim is 310,000 ha de phortach ardaithe i bPoblacht na hÉireann ar dtús. Tá tuairim is 50,000 ha de sin ar fáil go fóill ar féidir a rangú mar ghnáthóg portaigh ard, le tuairim is 10,515 ha taobh istigh de chóras na limistéar SAC portaigh ardaithe faoi láthair agus 7,480 ha taobh istigh den chóras reatha limistéar NHA.

Acmhainn éiceolaíochta faoi leith iad na portaigh ardaithe in Éirinn a bhfuil tábhacht leo ó thaobh cúrsaí náisiúnta, eacnamaíochta agus domhanda. Mar a chéile le haon sócmhainn caipitil, ní mór bainistíocht agus infheistíocht chuí a dhéanamh ina leith ionas go dtugtar an toradh is fearr i gcrích do na geallsealbhóirí ar fad. Tá cur chuige bainistíochta atá inmharthanach i ndáil leis an timpeallacht á chur chun cinn leis an bplean bainistíochta seo a thagann leis an dearcadh agus leis an mean a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Tailte Portaigh. Tá d'aidhm leis an gcur chuige seo an bhainistíocht i ndáil leis an talamh, le huisce, leis an mbithéagsúlacht agus le hacmhainní eile timpeallachta a thabhairt le chéile ionas go ndéantar freastal do riachtanais an duine an tráth céanna a gcinntítear inmharthanacht fhadtéarmach na seirbhísí éiceachórais agus shlite beatha. Tá sin ag teacht leis an mbeartas timpeallachta agus bithéagsúlachta ar leibhéal an domhain, an AE agus na hÉireann, mar shampla Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inmharthana[13], the UN Strategic Plan for Biodiversity 2011–2020[14], Straitéis Bithéagsúlachta an AE go dtí 2020 (CE, 2011), creatchóras na hÉireann maidir le forbairt inmharthana (DECLG, 2012) agus Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann 2017–2021(NPWS, 2017).

Glactar leis gur minic a bhíonn coimhlint idir leasanna maidir leis an mbainistíocht ar réimsí ainmnithe de thailte portaigh agus réimsí tailte a ghabhann leo. Is gá bainistíocht ar phortaigh ardaithe cosanta a dhéanamh ar bhealach cothrom agus riachtanais agus úsáid na linne seo agus cúrsaí éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta san am atá le theacht a thabhairt san áireamh. Baineann leis an gcothromaíocht sin cearta seanbhunaithe a chosaint agus cúiteamh cóir a thabhairt sa chás gur gá bac a chur ar oibriú an chirt sin agus tabhairt faoi fhorbairt inmharthana, acmhainní luachmhara a chosaint agus a chinntiú go sásaíonn Éire a leagtar de dhualgas uirthi faoin dlí maidir le cosaint an dúlra.

13. Rún 66/288 na Náisiún Aontaithe 'The Future we want, Comhdháil Rio+20 na Comhdhála maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Rún lenar ghlac an Comhthionól Ginearálta an 27 Iúil 2012
14. An Plean Straitéiseach Bithéagsúlachta 2011–2020 https://www.cbd.int/sp

## Móin a Bhaint maidir le hÚsáid ag Baile agus Limistéir SAC Portaigh Ardaithe

Mar a leagtar amach sa Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta (Bealtaine, 2016), glacann an Rialtas leis go bhfuil ceart seanbhunaithe ag lucht bainte móna móin a bhaint agus gur gá an ceart sin a thabhairt ar an gcothrom leis na haidhmeanna caomhnúcháin maidir le portaigh ainmnithe agus a leagtar de dhualgas ar an Stát faoin dlí.

Leanfar ar aghaidh le baint mhóna (ar bhonn tráchtála agus le dó sa bhaile) ar láithreacha portaigh ardaithe nach bhfuil ainmnithe ina gcuid de chóras na limistéar SAC portaigh ardaithe ná suite i limistéar NHA, faoi réir ag coinníollacha a shásamh de réir mar atá dlite maidir le cúrsaí pleanála nó rialála. An tráth seo, is iad is mó a ngoilleann na bearta caomhnúcháin maidir le córas na limistéar SAC portaigh ardaithe go díreach agus go láithreach orthu úinéirí na bportach agus daoine a bhaineann úsáid as na portaigh nó as réimsí talún in aice láimhe maidir le beartaíocht de chineálacha áirithe, baint mhóna den chuid is mó agus athshlánú ar thalamh feirmeoireachta i roinnt cásanna.

Leis na modhanna a leagtar amach sa phlean seo, féachtar le díriú ar an ábhar buartha atá ag lucht bainte móna, úinéirí talún agus lucht úsáide na talún mar chuid de sheift fhoriomlán maidir le córas na bportach ardaithe ainmnithe. Tá meascán i gceist idir cearta seanbhunaithe a chosaint, cúiteamh a chur ar fáil sa chás go dtarlaíonn cúngú maidir leis na cearta sin agus féachaint le freastal do mhalairt seifte nuair is féidir sin an tráth céanna a gcinntítear go leanann an tír den dualgas faoin dlí a chomhlíonadh.

## An Scéim Cúitimh maidir le Deireadh a chur le Móin a Bhaint

Ionas go gcinntítear go gcomhlíonann Éire a leagtar de dhualgas uirthi faoin dlí mar gheall ar an Treoir maidir le Gnáthóga, tá gá go ginearálta deireadh a chur le húsáid a bhaintear as an talamh faoi láthair i limistéir SAC portaigh ardaithe – eadhon, baint mhóna. Tuigtear go bhfuil fiúntas ag cuid mhór a mbíonn páirt acu ann as móin a bhaint agus tá cúiteamh á chur ar fáil dóibh siúd a mbeidh deireadh a chur le baint mhóna ina chur isteach orthu.

I mí Aibreán 2011, le haontú an Rialtais, chuir an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, mar a bhí ag an am, an Scéim Cúitimh maidir le Deireadh a chur le Móin a Bhaint (CTCCS) d'fhonn cúiteamh a thabhairt d'úinéirí talún agus don lucht bainte móna a dtéann srianta maidir le móin a bhaint ar an 53 limistéar SAC portaigh ardaithe i bhfeidhm orthu. Déanann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim seo a rith thar ceann an Aire. Tugadh scéim íocaíochta isteach ar bhonn sealadach roimhe sin, sa bhliain 2010, mar bheart práinne agus caitheadh €0.177m ar an scéim sin. Anuas air sin, cuireadh scéim ar bun sa bhliain 1999 maidir le portaigh a cheannach agus rinneadh forfheabhsú ar an scéim sin sa bhliain 2004. Bhí isteach is amach le €29m caite ag an Rialtas anall, go dtí mí na Nollag 2016, ar thalamh agus cearta i limistéir ainmnithe a cheannach faoin scéim seo a raibh glacadh le daoine nua fúithi go dtí an bhliain 2010. Rinneadh leathnú ar an Scéim CTCCS sa bhliain 2014 gur tugadh limistéir NHA portaigh ardaithe faoina scáth. Meastar go mbeidh suas le €78m íoctha amach ag an Rialtas faoin mbliain 2031 leis an lucht bainte móna ar phortaigh ainmnithe faoi na scéimeanna cúitimh (athlonnú san áireamh) atá ar bun faoi láthair.

Tá dhá phríomhghné ag baint leis an Scéim CTCCS:

**1. Scéim Íocaíochta Bhliantúil**
Déantar íocaíocht €1,500 in aghaidh na bliana (innéacs-nasctha) ar feadh 15 bliana maille le híocaíocht dreasachta aon uaire €500 ar chomhaontú dlí leis an Aire a shíniú le hiarratasóirí incháilithe (iomlán €23,000). D'fhéadfadh na híocaíochtaí seo ligean don iarratasóir malairt foinse breosla a aimsiú agus tá siad saor ó cháin gnóthachan caipitil.

Tá na critéir cháilithe agus sonraí breise maidir leis an Scéim CTCCS ar fáil ar http://www.npws.ie/peatlands-and-turf-cutting/turf-cutting-compensation-scheme

**2. An Scéim Athlonnúcháin maidir le Portaigh**
Mar chuid de dhícheall an Rialtais freastal do riachtanais an lucht bainte móna, d'aontaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar a bhí ag an am, oibriú le dreamanna áitiúla den lucht bainte móna chun seifteanna athlonnaithe a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm nuair ab fhéidir ionas go bhféadfaí an lucht bainte móna a aistriú ón bportach ardaithe taobh istigh de limistéar SAC go dtí portach neamhainmnithe in aice láthair mar a bhféadfaidís leanúint den mhóin a bhaint le húsáid ag baile acu féin. Is de rogha ar chúiteamh airgid atá seo ar fáil. Isteach is amach le €3.2m a bhí caite ar athlonnú anall go dtí deireadh Mhí na Nollag 2016 agus tá 575 iarratasóir léiríonn spéis in athlonnú go fóill.

An fhaid is a bhíonn iarratasóirí ag fanacht go mbíonn tionscadail athlonnaithe tugtha chun cinn go hiomlán, is féidir leo cúiteamh sealadach a fháil faoin scéim CTCCS. D'fhéadfadh próiseas casta a bheith i gceist le hathlonnú, ionaid oiriúnacha a scrúdú maidir le caighdeán agus oiread na móna, an obair bonneagair agus draenála is gá a dhéanamh, socrú ar líon na ndaoine ar féidir freastal orthu ar an athionad, an costas a bheadh leis an talamh a cheannach nó a thógáil ar léas a mheas agus a dheimhniú gur féidir sin a dhéanamh, agus aon chead pleanála is gá a fháil. Bíonn am i gceist freisin le roghanna dhaoine éagsúla den lucht bainte móna a fháil amach agus lena chinntiú go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sa scéim. Tá ocht gcéim ag baint leis an bpróiseas maidir le daoine den lucht bainte móna a aistriú as limistéar SAC go dtí portach neamhainmnithe – tugtar cuntas ar an bpróiseas sin in Aguisín 7. An Roinn freisin a dhéanann an scágthástáil maidir le measúnacht AA ar mhóin a bhaint ar athionad neamhainmnithe.

Le linn an phróiseas athlonnaithe, eisíonn an Roinn litreacha chuig na hiarratasóirí faoin scéim CTCCS a bhfuil spéis léirithe acu in athlonnú, á gcoinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn agus ag cinntiú go bhfuil suim acu go fóill san athlonnú. Nuair is féidir é, féachann an Roinn freisin le caidreamh a choinneáil ar siúl le hionadaithe an lucht bainte móna sa cheantar. Is léir gur próiseas casta fadálach an t-athlonnú ag na hoifigigh agus ag an lucht bainte móna araon. Is é atá le baint ón lón taithí go dtí seo gur fearr an dul chun cinn a dhéantar nuair a bhíonn an lucht bainte móna dea-eagraithe agus daoine aonair nó grúpaí ar fáil a dhéanann ceannaireacht mhaith ag cur ar a son agus ag obair leis na hoifigigh d'fhonn gach ábhar dúshláin a thagann chun cinn i rith an phróisis a shárú.

Go dtí seo, is iad na tograí athlonnaithe ar mhórscála is mó ar díríodh orthu d'fhonn freastal ar riachtanais dhreamanna den lucht bainte móna in éineacht. Rinneadh socruithe freisin maidir le hathionad bainte ag roinnt daoine aonair. Nuair is féidir é, bíonn an Roinn sásta ceart móin a bhaint ar tuairim is acra den phortach ard a chur ar fáil do gach duine den lucht bainte móna chomh maith le spás leis an móin a scaradh ann san athionad.

Tá socruithe déanta maidir le hathlonnú dhaoine den lucht bainte móna go dtí portaigh neamhainmnithe i ndáil le dream ó Limistéar SAC Phortach Chlóirthigh i gCo. Uíbh Fhailí agus dream ó Limistéar SAC Phortach Cheathrú na gCapall agus Limistéar SAC Churrach Leitheanach i gCo. na Gaillimhe. Tá na dreamanna sin i mbun móin a bhaint ag na hathionaid faoin tráth seo, mar atá roinnt daoine aonair den lucht bainte móna ag athionaid níos cúinge i gCo. na hIarmhí agus i gCo. na Gaillimhe.

## An Scéim Cúitimh maidir le Scor de Mhóin a Bhaint - staitisticí

Tá acmhainní suntasacha infheistithe ag an Stát chun cúiteamh a chur ar fáil d'úinéirí talún agus do dhaoine den lucht bainte móna a bhfuil na srianta maidir le móin a bhaint ar limistéar SAC portaigh ardaithe ina chur isteach orthu. Faoi mhí na Nollag 2016, bhí €17.7m (gan trácht ar athlonnú) íoctha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta mar chúiteamh ó cuireadh an scéim CTCCS ar bun sa bhliain 2011, agus €1.75m breise caite ar ualaigh móna a sheachadadh.

Go dtí deireadh mhí na Nollag 2016:

- tháinig 3,235 iarratas ar chúiteamh faoin scéim CTCCS maidir le portach ardaithe taobh istigh de limistéar SAC go dtí an Roinn agus sheol an Roinn admháil ar an iarratas.
- chuir 597 iarratasóir in iúl go raibh spéis acu in athlonnú ó limistéar SAC portaigh ardaithe go dtí portach neamhainmnithe.
- rinneadh 2,226 íocaíocht i ndáil le bliain 1 as 15 bliana; 2,218 íocaíocht i ndáil le bliain 2 as 15 bliana; 2,062 íocaíocht i ndáil le bliain 3 as 15 bliana; 1,951 íocaíocht i ndáil le bliain 4 as 15 bliana; 1,945 íocaíocht i ndáil le bliain 5 as 15 bliana; agus 758 íocaíocht i ndáil le bliain 6 as 15 bliana.
- tharla móin a sheachadadh 902 uair.

Foilsítear an tuairisc is deireanaí maidir leis an eolas sin agus leis an scéim cúitimh i ndáil le limistéir NHA portaigh ardaithe go rialta ar an láithreán gréasáin atá ag seirbhís NPWS na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar: http://www.npws.ie/peatlands-and-turf-cutting/cessation-turf-cutting-compensation-scheme/compensation-scheme-statistics

## Achoimre maidir le Cúrsaí faoi láthair i ndáil le hOiriúnacht Athionaid a Mheas

Rinne an Roinn líon mór athionad ionchais a shonrú, a scagthástáil agus a chur faoi mheasúnacht tosaigh maidir le hoiriúnacht. Tugtar ionaid san áireamh a mhol an TCCA nó daoine den lucht bainte móna go háitiúil.

Tugadh measúnacht tosaigh, arna dhéanamh ag saineolaithe de chuid Bhord na Móna thar ceann na Roinne, chun críche maidir le 175 athionad ionchais ar 38 limistéar SAC portaigh ardaithe.

Rinneadh measúnacht stratagrafaíochta thar ceann na Roinne ar 150 athionad ionchais ar 35 limistéar SAC portaigh ardaithe.

Tugadh measúnacht iomlán oiriúnachta chun críche thar ceann na Roinne maidir le 56 athionad ionchais ar 26 limistéar SAC portaigh ardaithe. Tugtar san áireamh leis sin measúnacht ar thréithe na móna, ar dhoimhne agus ar an toirt móna atá ar fáil, ar bhealach isteach is amach chuig an láthair, ar an bport móna agus ar spás le móin a scaradh, agus ar chúrsaí draenála chomh maith leis an líon daoine a bhféadfaí freastal dóibh ag baint mhóna ar gach láthair.

Fágfaidh dí-ainmniúchán roinnt limistéir NHA mar atá beartaithe mar chuid den athbhreithniú maidir le limistéir NHA go mbeidh scóip bhreise ann maidir le hathionaid ach an córas rialála cuí a bheith ar bun.



## Leanúint le Baint Mhóna gan Dochar d'Iomláine na Limistéar SAC

I roinnt cásanna, tá cur i bhfeidhm na gclár caomhnúcháin a leagadh amach maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe conspóideach anróiteach. Ní féidir teacht ar réiteach iomlán ar na ceisteanna ar fad i ndáil le portaigh ardaithe ainmnithe na hÉireann a chosaint ach amháin le comhoibriú an uile dhuine, de réir an dlí, leis an Stát.

Go ginearálta, faoi mar a leagtar amach i gCaibidil 2, 3 agus 4, tá baint na móna agus an draenáil a ghabhann leis ag déanamh dochair don éiceolaíocht agus d'fheidhmiú na bportach ardaithe agus téann sin in aghaidh a gcaomhnú. Ní fhéadfaidh an Stát toiliú le leanúint ar aghaidh ag baint mhóna sa chuid is mó de na cásanna maidir le portaigh ardaithe a roghnaítear le hainmniú mar limistéar SAC ó tharla dlite ar an Stát damáiste den sórt sin a sheachaint ar na láithreacha sin. Tá, ina dhiaidh sin féin, dhá chás faoi leith ann ina bhféadfaí toiliú le baint mhóna. Is féidir iad sin a lua mar thoiliú faoi Airteagal 6(3) agus mar thoiliú faoi Airteagal 6(4) sa mhéid is go leagtar amach na critéir maidir le toiliú de na cineálacha seo in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga agus sa reachtaíocht náisiúnta maidir lena trasuíomh. Ní thabharfar an modh oibre sin san áireamh ach amháin sa chás nach bhfuil aon láthair athlonnaithe ar fáil a dhéanfadh cúis nó nach bhfuil dóthain réimsí éagsúla ar fáil ar láthair athlonnaithe i bhfoisceacht achar réasúnta de limistéar SAC chun freastal ar na daoine ar mian leo leanúint ar aghaidh ag baint mhóna.

## Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga

### Bainistíocht agus Cosaint ar Láithreacha Natura 2000

1. I ndáil le Limistéir SAC, cuirfidh na Ballstáit na bearta caomhnúcháin is gá ar bun lena mbaineann, más gá sin, pleananna bainistíochta cuí a leagtar amach go sonrach le haghaidh na láithreacha nó a thugtar isteach mar dhlúthchuid de phleananna forbartha eile, chomh maith leis na bearta reachtaíochta, riaracháin agus conartha a ghabhann leis na riachtanais éiceolaíochta a bhaineann leis na gnáthóga nádúrtha de chineálacha Iarscríbhinn I nó leis na speicis de chineálacha Iarscríbhinn II atá ar fáil ar na láithreacha.

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta cuí chun dul ar gcúl na ngnáthóg nádúrtha agus ghnáthóga na speiceas sna limistéir SAC a sheachaint chomh maith le haon chur isteach ar na speicis ar i ngeall orthu a ainmníodh na limistéir chomh mór agus go mbeadh suntas le cur isteach den sórt sin maidir le haidhmeanna na Treorach seo.

3. Beidh aon phlean nó tionscadal nach mbainean go díreach leis an mbainistíocht ar láthair nó nach bhfuil riachtanach lena aghaidh, ach ar dócha go mbeadh tionchar suntasach aige ar an láthair, as féin nó i gcumasc le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir ag measúnacht AA maidir lena dtiocfadh i gceist don láthair i ndáil le haidhmeanna caomhnúcháin na láithreach. I bhfianaise thorthaí na measúnachta ar a dtiocfadh i gceist don láthair agus faoi réir ag forálacha alt 4, ní aontóidh na húdaráis inniúla náisiúnta leis an bplean nó leis an tionscadal mura mbíonn deimhnithe nach mbeidh tionchar chun dochair aige ar shláine na láithreach lena mbaineann agus, más cuí sin, tar éis tuairim an phobail i gcoitinne a fháil.

4. Má tharlaíonn gur gá, ainneoin measúnacht diúltach i ndáil lena mbeadh i gceist don láthair agus sa chás nach bhfuil malairt seifteanna ar fáil, plean nó tionscadal a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin agus uile mar gheall ar leas sáraitheach poiblí, leasa de chineál sóisialta nó eacnamaíochta san áireamh, déanfaidh an Ballstát na bearta cúitimh ar fad is gá chun a chinntiú go ndéantar comhleanúnachas foriomlán Natura 2000 a chosaint. Cuirfidh an Ballstát na bearta cúitimh a rinneadh in iúl don Choimisiún.

   Sa chás go bhfuil gnáthóg nádúrtha de chineál príomhthábhachta agus/nó speiceas príomhthábhachta ar an láthair, ní féidir aon leas eile a thabhairt san áireamh ach amháin ceisteanna a bhaineann le sláinte an duine nó sábháilteacht an phobail, le torthaí chun sochair a bhfuil tábhacht faoi leith leo maidir leis an timpeallacht nó, de bhun tuairim de chuid an Choimisiúin, le cúiseanna bunriachtanacha eile ar leas sáraitheacha poiblí.

   Tá Airteagal 6 ar cheann de na hairteagail is tábhachtaí sa Treoir maidir le Gnáthóga mar go leagtar amach go sonrach ann an dóigh a bhfuil bainistíocht agus cosaint le déanamh maidir le láithreacha Natura 2000 (limistéir SAC agus limistéir SPA).

   Faoi **Ailt 6(1) agus 6(2)** éilítear go ndéanfadh na Ballstáit, taobh istigh de Natura 2000:

- Bearta cuí caomhnúcháin chun na gnáthóga agus na speicis a chaomhnú ar ina leith a ainmníodh an láthair agus a thabhairt go mbíonn stádas caomhantais fabhrach ina leith in athuair; agus
- Bearta díobhálacha a sheachaint a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar na speicis seo nó dochar a dhéanamh do ghnáthóga na speiceas cosanta nó do ghnáthóga de chineálacha cosanta.

Faoi **Ailt 6(3) agus 6(4)** leagtar síos an nós imeachta maidir le forbairt nua a phleanáil a d'fhéadfadh a bheith ina chur isteach ar láthair Natura 2000. Dá réir sin:

- Plean nó togra ar bith ar dócha go mbeadh tionchar suntasach aige ar láthair Natura 2000, as féin ar leithligh nó i gcumasc le pleananna nó tograí eile, cuirfear sin faoi mheasúnacht AA d'fhonn a mbeadh i gceist don

láthair dá bharr a dheimhniú. Ní féidir le húdaráis inniúla aontú le plean ná tionscadal mura mbíonn deimhnithe nach mbeidh tionchar chun dochair aige ar iomláine na láithreach lena mbaineann (Airteagal 6(3)); agus

- I gcásanna eisceachta, d'fhéadfadh go gceadófaí leanúint ar aghaidh le plean nó togra, ainneoin toradh diúltach ar an measúnacht, ar choinníoll nach mbíonn malairt seifte a d'fhéadfaí a oibriú agus go meastar leas sáraitheach an phobail i gceist leis an bplean nó leis an togra. I gcásanna den sórt sin, ní mór don Bhallstát bearta cúitimh cuí a dhéanamh chun a chinntiú go gcosnaítear comhleanúnachas foriomlán chóras Natura 2000 (Article 6(4)).

## Toiliú faoi Airteagal 6(3)

Foráiltear le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga do thoiliú le pleananna nó tograí (mar shampla go dtabharfaí faoi mhóin a bhaint) sa chás sin amháin gur féidir a léiriú nach gcuirfidís isteach ar iomláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. Is féidir le húdarás poiblí toiliú a thabhairt sa chás gurb é comhairle ar a dtagtar le scagthástáil AA (de réir mar a mhínítear sin in Airteagal 6(3) sa Treoir maidir le Gnáthóga) nach mbeadh tionchar suntasach ag an bplean nó an togra ar láthair Eorpach. Murar féidir teacht ar an gcomhairle tar éis scagthástála nach dtarlódh aon tionchar suntasach, ní mór Ráiteas Tionchair Natura (NIS) chun tionchar an méid atá beartaithe ar aon láthair (láithreacha) Eorpach(a) a bhaineann le hábhar, agus ar na tréithe cáilithe ina leith, a mheas. D'fhonn an measúnacht AA a thabhairt chun críche, ní mór don údarás poiblí breith a thabhairt an n-imreodh nó nach n-imreodh an plean nó an togra tionchar chun dochair ar iomláine láithreach Eorpaí sula ndéantar cinneadh plean nó togra a cheadú, tabhairt faoi nó é a aontú, de réir mar a bheadh i gceist.

Bearta eolaíochta an scagthástáil agus an mheasúnacht AA maidir le tionchar togra agus bíonn siad dírithe go lánchruinn ar a mbeadh i gceist leis an togra maidir le tréithe cáilithe na láithreach, na haidhmeanna caomhnúcháin agus stáid caomhantais na láithreach. Ní mór torthaí thograí den sórt seo a mheas ar leithligh agus i gcumasc le torthaí phleananna agus thograí eile. Nuair ata fianaise ghlan eolaíochta ar thionchar chun dochair a bheith ag baint mhóna ar phortaigh ardaithe go ginearálta, i gcás mórchuid na dtograí ina leith sin, ní tharlóidh gur féidir le húdarás poiblí toiliú leis an obair sin faoi Airteagal 6(3). Ina ainneoin sin, i roinnt bheag cásanna, tá seans go bhféadfaí a léiriú gur féidir móin a bhaint ar réimsí den phortach ardaithe ar bhealach a thiocfadh le forálacha Airteagal 6(3) sa chaoi is nach mbeadh sé ina chur isteach ar aidhmeanna caomhnúcháin maidir leis an láthair go sonrach ná, dá bhrí sin, ar iomláine na láithreach.

Le linn an Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe a chur le chéile, rinneadh moltaí maidir le leanúint ar aghaidh le móin a bhaint taobh istigh de limistéir SAC arna sonrú ag TCCA a thabhairt faoi mheas. I roinnt cásanna, cuireadh baint mhóna as an áireamh mar gur breithníodh, bunaithe ar a chóngaraí a bhí gnáthóga portaigh ardaithe beo agus portaigh ardaithe díghrádaithe gur dhócha go mbeadh tionchar go díreach nó go hindíreach ag móin a bhaint taobh istigh de na limistéir beartaithe, ar ghnáthóga portaigh ardaithe cosanta nó go gcuirfí cosc ar obair athchóiriúcháin a mbeadh riachtanas leis maidir leis an láthair a chaomhnú. Os a choinne sin, sonraíodh roinnt láithreacha nach raibh baint mhóna orthu le cur as an áireamh tar éis a cheapadh de bharr réamh-mheasúnachta (bunaithe ar a chóngaraí a bhí a dhéanamh gnáthóga portaigh ardaithe beo agus portaigh ardaithe díghrádaithe) go bhféadfaí móin a bhaint gach tionchar chun dochair a bheith aige sin.

I gcás amháin, Limistéar SAC Loch agus Phortach Thulachair, Co. an Chláir, sonraíodh réimse suntasach taobh istigh den limistéar SAC ina bhféadfaí leanúint ag baint mhóna gan aon tionchar chun dochair a imirt ar an bportach ardaithe. Ba é cúis a bhí leis sin gur léir ó anailís a rinne an Roinn go bhfui lan ghnáthóg chosanta ar leithligh, ó thaobh cúrsaí hidreolaíochta de, ón réimse ina mbainfí an mhóin. B'fhéidir, sa chás sin, cead a thabhairt leanúint le baint na móna taobh istigh de réimse sonraithe ó tharla gur talamh móna a bhfuil an-díobháil agus díghrádú tarlaithe dó agus nach bhféadfaí a athshlánú atá sa réimse a mbeadh beartaithe ligean móin a bhaint ann. Rinneadh scagmheasúnú AA maidir leis an mbeartaíocht sin agus tugadh toiliú an Aire leis sa chás áirithe sin.

Ó foilsíodh an dréacht den Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe, tá an Roinn ag obair go dlúth le TCCA, le daoine eile den lucht bainte móna agus le geallsealbhóirí eile d'fhonn a dheimhniú an bhféadfaí móin a bhaint ar roinnt láithreacha SAC eile, ar bhealach a bheadh ag teacht le hAirteagal 6(3), sa chás go bhfuil deacracht le réiteach a fháil ar chásanna trí athlonnú. Tugtar san áireamh leis sin scrúdú breise a dhéanamh maidir le roinnt limistéir SAC a cuireadh as an áireamh cheana faoin dréachtphlean. Leagtar amach in Tábla 5.1 an 14 láthair a bhfuiltear á meas maidir le forálacha Airteagal 6(3) a chur i bhfeidhm ina leith.

Ó foilsíodh an dréacht den Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe, tá an Roinn ag obair go dlúth le TCCA, le daoine eile den lucht bainte móna agus le geallsealbhóirí eile d'fhonn a dheimhniú an bhféadfaí móin a bhaint ar roinnt láithreacha SAC eile, ar bhealach a bheadh ag teacht le hAirteagal 6(3), sa chás go bhfuil deacracht le réiteach a fháil ar chásanna trí athlonnú. Tugtar san áireamh leis sin scrúdú breise a dhéanamh maidir le roinnt limistéir SAC a cuireadh as an áireamh cheana faoin dréachtphlean. Leagtar amach in Tábla 5.1 an 14 láthair a bhfuiltear á meas maidir le forálacha Airteagal 6(3) a chur i bhfeidhm ina leith.

Mar chuid den scrúdú tosaigh, déantar scrúdú boird lena chóngaraí atá gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I (portach ardaithe beo agus portach ardaithe díghrádaithe

san áireamh) do réimsí ina mbeadh beartatieh móin a bhaint a mheas. Sa chás nach raibh eolas ar fáil faoi na gnáthóga a bhí ar an láthair, ba ghá suirbhéireacht éiceolaíochta a dhéanamh ar na réimsí áirithe seo mar lón eolais don mheasúnacht. Is é a bhain leis an scrúdú hidreolaíochta tosaigh, tiús na móna a mheas le tolladh láimhe agus suirbhéireacht hidriceimice a dhéanamh leis na himill chomh maith leis an sruth a thomhas (d'fhonn tonnadh aníos an screamhuisce réigiúnda a thabhairt chun suntais i réimsí imeallacha).

**Tábla 5.1: Láithreacha a tugadh san áireamh i ndáil le forálacha Airteagal 6(3) maidir le móin a bhaint le húsáid ag baile**

| Cód na Láithreach | Ainm na Láithreach |
|---|---|
| 000592 | Portach Bhéal Átha na gCarr |
| 000595 | Portach an Chalaidh |
| 002348 | Portach Chluainín |
| 002110 | Portach Chorrlios Sciach/an Treana/ Chluain Leataoibh |
| 000301 | Portach Loch Loirgín/Thurlach Ghleann an Mhadadh |
| 000440 | Loch Rí |
| 002340 | Portaigh Mhuine Bheag agus Dhoire Mhic |
| 002340 | Aogáin |
| 002331 | Portach Mouds |
| 002353 | Portach Choillte Rua |
| 002998 | An Mhuaidh |
| 000231 | Portach Bharr Uachtair |
| 002332 | Portach Chúil Ruáin |
| 002352 | Portach Mhuine Mheá |
| 002351 | Portach Mhóin Mhínleach |

Tháinig de thoradh ar na bearta suirbhéireachta sin gur leagadh amach sraith de bhearta fiosrúcháin i bhfad níos mine a dhéanfaí ar an láthair agus a mbeadh d'aidhm leo na tréithe a bhain leis an móin agus leis an bhfoshraith neamhorgánach agus an mbuncharraig faoina bun. Is féidir oireadh an tionchair a bheadh ag móin a bhaint ar ghnáthóg portaigh ardaithe de chineál Iarscríbhinn I a mheas le mioneolas mar sin a bhailiú. Is féidir dá réir sin arís measúnacht a dhéanamh faoin tionchar is dócha a bheadh ag baint mhóna maidir leis na haidhmeanna caomhnúcháin i ndáil le láthair faoi leith ar ghnáthóga portaigh ardaithe chomh maith le leasa/speicis cáilithe eile atá ina ábhar caomhnúcháin maidir le láthair Eorpach agus le haon láthair Eorpach eile a mbeadh i ndán go n-imreofaí tionchar uirthi.

Tá scrúdú tosaigh déanta ar 8 láthair go dtí seo agus scrúdú mion tugtha chun críche maidir le trí cinn de láithreacha ar a n-áirítear Limistéar SAC Loch Rí (Portach Chill Taobháin agus Portach Chluain Creamha/Chluain Láir Bog), Limistéar SAC Phortaigh Mhuine Bheag agus Dhoire Mhic Aogáin agus Limistéar SAC Phortach Loch Loirgín/Thurlach Ghleann an Mhadadh.

Tá na bearta measúnachta á ndéanamh i gcomhréir leis an eolas eolaíochta is fearr atá ar fáil agus cuireadh ábhar i láthair ag roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Foilsíodh páipéar maidir le samhaltú hidreolaíochta bunaithe ar chóras faisnéise tíreolaíochta a úsáid maidir le clár caomhnúcháin agus athchóiriúcháin phortaigh ardaithe i mí Meitheamh 2017 (Mackin et al., 2017). Tá i gceist go bhfoilseofar ailt phiarmheasta eile chun bonn treise a chur faoin bhfianaise eolaíochta a úsáidtear mar chuid de mheasúnacht den saghas seo.

## Staidéar cáis maidir le hAirteagal 6(3): Limistéar SAC Loch Rí (Portach Chill Taobháin agus Portach Chluain Creamha)

Tar éis plé a dhéanamh le TCCA, leanadh ar aghaidh le measúnacht ar Limistéar SAC Loch Rí (Portach Chill Taobháin agus Portach Chluain Creamha) maidir lena bhféadfaí móin a bhaint in ionaid áirithe faoi Airteagal 6(3). Roghnaíodh an láthair sin mar gheall go raibh easpa áiteanna ar fáil mar roghanna athlonnaithe trína ndéanfaí freastal ar gach duine den lucht bainte móna (mar gheall ar an líon ard) a bhí á iarraidh sin agus go raibh le tuiscint ó réamh-mheasúnacht go mb'fhéidir go bhféadfaí móin a bhaint i réimsí áirithe den phortach i gcomhréir le hAirteagal 6(3) faoi réir ag breis fiosrúcháin.

Sonraíodh, le réamhstaidéar boird, réimsí den phortach nár chosúil iad ina mbonn treise faoi aon réimse de phortach ARB agus nár chosúil go mbeidís ina mbonn treise faoi phortach ARB san am atá le theacht. Díríodh ar na réimsí sin le linn scrúdú tosaigh ar an suíomh d'fhonn na réimsí a shonrú a ndéanfaí scrúdú níos mine orthu. Ba é a bhain leis an scrúdú go ndearnadh suirbhéireacht éiceolaíochta sainsprice d'fhonn an mhapáil eiceatóip a leasú de réir na sonraí ba dheireanaí agus aon dóigh go raibh portach ARB nó gnáthóg eile de chuid Iarscríbhinn I ar fáil a mheas. Rinneadh, chomh maith leis sin, bunfhiosrú hidreolaíochta lenar bhain measúnú, le tolladh láimhe, ar dhlús na móna agus suirbhéireacht hidriceimce le teorainneacha d'fhonn screamhuisce réigiúnach a bheadh ag tonnadh aníos i réimsí imeallacha a thabhairt chun suntais.

Nuair a bhí an tsuirbhéireacht hidreolaíochta tosaigh tugtha chun críche, socraíodh measúnú breise a dhéanamh maidir le dhá réimse den phortach, ar a dtugtar Portach Chill Taobháin agus Portach Chluain Creamha (Léaráid 5.1). Bhí le tuiscint ón tsuirbhéireacht hidreolaíochta tosaigh gurbh iad sin na réimsí is lú ar dhócha teacht trasna ar dheacrachtaí iontu, mar shampla tonnadh aníos screamhuisce, agus ba réimsí iad a bhí sásúil maidir le riachtanais lucht bainte móna an cheantair.




**Léaráid 5.1: Réimsí talún a ndearnadh fiosrúchán géar ina leith ar Phortach Chill Taobháin agus ar Phortach Chluain Creamha**

Tugadh faoi chlár mion obair fhiosrúcháin ag Portach Chill Taobháin agus Portach Chluain Creamha lenar bhain:

- Suirbhéireacht geoifisice d'fhonn doimhne na bunchloiche a mheas agus cineál na foshraithe neamhorgánaí idir an mhóin agus an bhunchloch. Tomagrafaíocht Friotachais Leictrigh a thugtar ar an modh oibre a bhí in úsáid.
- Scrúdú geoifisice chun doimhne/tiús na móna a mheas go han-mhion. Geo-radar a thugtar ar an modh oibre a cuireadh in úsáid.
- Druileáil síos chomh fada leis an mbuncharraig le samplóir fuinneoige soghluaiste in áiteanna éagsúla d'fhonn na tréithe a bhaineann leis an bhfoshraith neamhorgánach a mheas chomh maith le písiméadair a chur isteach sa mhóin (chun leibhéal uisce a thomhas) níos faide síos isteach san fhoshraith neamhorgánach.
- Clár mionsonraithe oibre maidir le sampláil agus anailís ar an móin ar fud traschriosanna ag síneadh isteach ón bport móna go dtí lár an réimse portaigh mar a measfaí gur beag an tionchar a bhí ag draenáil. Rinneadh na samplaí a chur faoi anailís d'fhonn próifíl an phortaigh tar éis na draenála a chur ar ais mar a bhíodh agus an fhoshraith móna a shonrú.

Tugtar sonraí breise faoin obair measúnachta a rinneadh maidir le Limistéar SAC Loch Rí in Aguisín 4. Is é is léir ó na torthaí forghinearálta ón gclár mionfhiosrúcháin nach mbeadh móin a bhaint ar Phortach Chill Taobháin agus ar Phortach Chluain Creamha ina chur isteach ar an aidhm chaomhnúcháin reatha maidir le láthair faoi leith (NPWS, 2016a) i ndáil le portach ARB i Limistéar SAC Loch Rí go sonrach, ar choinníoll nach ndéantar móin a bhaint ach amháin san áit ar an-bheag an baol go gcuirfí isteach ar an screamhuisce. Fágann sin gur gá baint mhóna a theorannú sna réimsí leasaithe sin a leagtar amach i Léaráid 5.2, ina bhfuil achar iomlán 25 ha de phortach ard. Rinneadh Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú chun an tionchar a bheadh ag baint mhóna a mheas, ní amháin ar ghnáthóga portaigh ardaithe ach ar aon acmhainn cáilithe eile maidir le Loch Rí agus láithreacha Eorpacha eile a bhféadfadh cur isteach tarlú orthu. Ba é ba léir uaidh sin nach gcuirfeadh móin a bhaint taobh istigh de na réimsí beartaithe isteach ar iomláine aon láthair Eorpach. Ní cheadaítear móin a bhaint sna réimsí sin go fóill go dtí go bhfaightear an toiliú cuí ina leith ó na húdaráis ábhartha poiblí.




**Léaráid 5.2: Réimsí taobh istigh de Limistéar SAC Loch Rí inar féidir móin a bhaint gan cur isteach ar aidhmeanna caomhantais sonracha maidir le portach ardaithe beo ar an láthair**

## Airteagal 6(3) a chur i bhfeidhm i ndáil le Limistéir SAC eile

I gcás Limistéar SAC Phortaigh Mhuine Bheag agus Dhoire Mhic Aogáin, tar éis clár oibre tosaigh a dhéanamh lenar bhain mapáil éiceatóip iomlán ar an dá phortach, rinneadh clár mion suirbhéireachta lenar bhain sampláil fhorleitheadach móna agus suirbhéireacht chuimsitheach Geo-radar.  Sa chás seo, bhí gá leasú a dhéanamh ar na réimsí a sonraíodh ar dtús ionas go gcinntítear nach mbeidh baint na móna ina chur isteach ar an aidhm chaomhnúcháin maidir le portach ARB i ndáil leis an láthair seo go sonrach.  Tríd is tríd, b'fhéidir a theacht ar an gcomhairle nach mbeadh móin a bhaint sna réimsí a leagtar amach i Léaráid 5.3 ina chur isteach maidir leis na haidhmeanna caomhnúcháin reatha i ndáil leis an láthair go sonrach (NPWS, 2016b). Ar an gcuma chéanna le Limistéar SAC Loch Rí thuas, ní cheadaítear móin a bhaint ar an láthair seo go dtí go bhfaightear an toiliú ábhartha ina leith ó na húdaráis phoiblí chuí.obtained from the appropriate public authorities.




**Léaráid 5.3: Réimsí taobh istigh de Phortach Mhuine Bheag agus de Phortach Dhoire Mhic Aogáin inar féidir móin a bhaint gan cur isteach ar aidhmeanna caomhantais sonracha maidir le portach ardaithe beo ar an láthair**

I gcás Limistéar SAC Phortach Loch Loirgín/Thurlach Ghleann an Mhadadh, shonraigh an TCCA réimse de phortach ard a bhfuil an-díobháil tarlaithe dó agus réimse ina bhfuil roinnt bheag áiteanna ina phortach ard go fóill. Sa chás seo, b'fhéidir a theacht ar an gcomhairle go bhfuil na réimsí seo ar leithligh ó thaobh cúrsaí hidreolaíochta ó na réimsí sin den láthair atá ina mbonn faoi thréithe cáilithe an limistéir SAC. Dá réir sin, b'fhéidir a theacht ar an gcomhairle nach mbeadh baint mhóna taobh istigh de na limistéir a shonraítear i Léaráid 5.4 ina chur isteach ar aidhmeanna sonracha caomhnúcháin maidir leis an láthair sin. Ar aon dul le Limistéar SAC Loch Rí agus Limistéar SAC Phortaigh Mhuine Bheag agus Dhoire Mhic Aogáin, ní cheadaítear móin a bhaint ar an láthair seo go dtí go bhfaightear an toiliú ábhartha ó na húdaráis phoiblí inniúla cuí.




**Léaráid 5.4: Réimse taobh istigh de Limistéar SAC Phortach Loch Loirgín/Thurlach Ghleann an Mhadadh inar féidir móin a bhaint i réimsí den phortach ard atá fágtha gan cur isteach ar aidhmeanna caomhantais sonracha maidir le portach ardaithe beo ar an láthair**

Tá an fiosrúchán tosaigh, lenar bhain suirbhéireacht ar chúrsaí srutha agus hidrceimice agus tolladh móna, déanta cheana féin maidir le Limistéar SAC Phortach Mhuine Mheá, Limistéar SAC Phortach Choillte Rua, Limistéar SAC Phortach an Chalaidh, Limistéar SAC Phortach Bhéal Átha na gCarr, Limistéar SAC Phortach Chorrlios Sciach/an Treana/Chluain Leataoibh, Limistéar SAC Phortach Chúil Ruáin, Limistéar SAC Phortach Mhóin Mhínleach agus Portach Chluain gCuanach (Limistéar SAC na Muaidhe). Rinneadh torthaí na suirbhéireachta tosaigh a thiomsú agus suirbhéireacht mhion ar an láthair a leagan amach d'fhonn an tionchar ionchais a bheadh ag baint mhóna ar gach ceann de na limistéir a mheas. Rinneadh suirbhéireacht mhionsonraithe maidir le Limistéar SAC Phortach Mhuine Mheá, Limistéar SAC Phortach Choillte Rua, Limistéar SAC Phortach an Chalaidh, Limistéar SAC Phortach Bhéal Átha na gCarr, Limistéar SAC Phortach Chorrlios Sciach/an Treana/Chluain Leataoibh, Portach Chluain gCuanach (Limistéar SAC na Muaidhe) agus Limistéar SAC Phortach Chluainín. Sa chás go léiríonn anailís agus léirmhíniú ar na sonraí go bhfuil bearnaí san eolas, d'fhéadfadh gá a bheith le le breis fiosrúcháin ar an láthair chun faisnéis eile a fháil. Cuireadh tús leis an gcéad chéim de shuirbhéireacht mhionsonraithe ar Phortacch Mhóin Mhínleach i nDeireadh Fómhair 2017 agus cuirfear tús le céim eile, an chéim dheiridh, i ndeireadh na bliana 2017 / i dtús na bliana 2018.

Maidir leis na limistéir SAC eile (Limistéar SAC Phortach Mouds agus Limistéar SAC Phortach Bharr Uachtair), táthar ag tnúth le tús a chur leis an bhfiosrúchán tosaigh chomh luath agus is féidir.

Go hachomair, is féidir a áiteamh go bhféadfaí leanúint le móin a bhaint ar réimsí beaga taobh istigh de roinnt de na limistéir SAC le toiliú faoi Airteagal 6(3). Bheadh, go ginearálta, toiliú faoi réir ag measúnacht AA agus dá mba é toradh na scagthástála gur gá measúnacht AA, bheadh gá, faoin reachtaíocht mar atá faoi láthair, an togra/plean a chur tríd an bpróiseas pleanála agus cead a fháil ina leith ó na húdaráis inniúla poiblí lena mbaineann. Idir an dá linn, níor cheart go dtarlódh móin ar bith a bhaint ar na láithreacha sin.

Sa chás nach mian le húinéir talún nó leis an té ag a bhfuil ceart móna móin a bhaint ar láthair, beidh gá a dheimhniú an bhfuil, nó nach bhfuil, suim ag an úinéir talún nó ag an té ag a bhfuil ceart móna cead a thabhairt móin a bhaint nó tosú ag baint mhóna ar an talamh. Déanfar an cheist sin agus ceisteanna eile a bhaineann le hábhar a phlé níos mine leis an lucht bainte móna i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an phlean seo (féach Caibidil 7).

## Feidhm a bhaint as Airteagal 6(4) maidir le Móin a Bhaint le dó ag baile

Déantar foráil faoi Airteagal 6(4) sa Treoir maidir le Gnáthóga do bheartaíocht dhíobhálach a bheith ar siúl i limistéar SAC i gcásanna eisceachta. Tagann an fhoráil seo i gceist nuair is toradh diúltach a bhíonn ar an measúnacht AA, sa chás gur dócha go mbeidh tionchar chun dochair ag togra ar iomláine láithreach agus gur féidir coinníollacha áirithe tástála a ndéantar foráil dóibh faoi Airteagal 6(4) na Treorach, a shásamh.

Go hachomair, áirítear an méid seo a leanas sna tástálacha:

1. Gurb é an rogha a chuirtear chun cinn lena cheadú an ceann is lú díobháil do na gnáthóga, do na speicis agus d'iomláine an láthair Natura 2000, gan bheann ar chúrsaí eacnamaíochta, agus nach bhfuil aon rogha indéanta eile ar fáil nach gcuirfeadh isteach ar iomláine na láithreach.
2. Go bhfuil cúiseanna bunriachtanacha maidir le leas sáraitheach poiblí, cúiseanna de chineál sóisialta nó eacnamaíochta san áireamh go dtabharfaí faoin togra/plean. Ós cás eisceachta atá ann maidir le hAirteagal 6(3), ní féidir an fhoráil seo a chur i bhfeidhm ach amháin sa chás go bhfuil na coinníollacha ar fad a éilítear faoin Treoir á sásamh go hiomlán. Dá réir sin, tá de dhualgas ar an té ar mian leis leas a bhaint as an eisceacht seo a chruthú, mar réamhchoinníoll, go bhfuil na cúinsí réamhluaite ar fad i gceist i ngach cás faoi leith.
3. Ón tráth a mbíonn deimhniú agus tuairisc iomlán ar fáil nach bhfuil malairt roghanna oiriúnacha ar fáil agus glacadh leis na cúiseanna bunriachtanacha maidir le leas sáraitheach poiblí, ní mór na bearta cúitimh ar fad (bearta lena bhfuil de rún an toradh dochrach ar an bplean nó ar an togra a thabhairt isteach sa chaoi is go gcaomhnaítear comhleanúnachas éiceolaíochta foriomlán chóras Natura 2000) a dhéanamh. Níor cheart bearta cúitimh a thabhairt san áireamh ach amháin sa chás nach leor bearta sábháilteachta eile, mar shampla bearta maolúcháin. Ní mór na bearta cúitimh a dhéantar a chur in iúl i gcónaí don Choimisiún.
4. Sa chás go mbíonn pleananna nó tograí á dtabhairt san áireamh maidir le beartaíocht de leithéid móin a bhaint, agus gnáthóga príomhthábhachta (mar shampla portach ardaithe beo) i gceist, ní mór tuairim ón gCoimisiún Eorpach sular féidir toiliú le beartaíocht dhíobhálach.

Tá comhairle eisithe ag an gCoimisiún Eorpach (CE, 2007) faoi Airteagal 6(4) a chur i bhfeidhm. Ó tháinig an Treoir maidir le Gnáthóga i bhfeidhm 20 bliain ó shin, ní raibh níos mó ná 20 cás maidir le gnáthóga príomhthábhachta ar fud an AE ar tugadh toiliú ina leith faoi Airteagal 6(4). Bhain na cásanna sin le tograí faoi leith, cuid mhór acu ar mhaithe le heacnamaíocht náisiúnta tíre.

Ba cheart aon chás a chuirtear chun cinn maidir le móin a bhaint faoi Airteagal 6(4) a mheas mar chás eisceachta agus ní mór seift fhoriomlán maidir le portaigh ardaithe cosanta trína gcinnteofar iomláine chóras limistéir SAC na bportach ardaithe a bheith mar chomhthéacs leis. Déanfar an cheist maidir le hAirteagal 6(4) a fheidhmiú a mheas in éineacht le bearta eile a bheith ar fáil, mar shampla athlonnú, athchóiriú agus cúiteamh airgid.

Sa chás go mbíonn cúiseanna bunriachtanacha ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail i gceist, beidh gá le measúnacht d'fhonn a mheas an dtabharfaidh nó nach dtabharfaidh bearta cúitimh an damáiste don limistéar SAC isteach go críochnúil. D'fhéadfadh athchóiriú, gnáthóg nua a ainmniú, feabhsú ar fhuílleach na gnáthóige i gcomhréir lena bhfuil á chailliúint nó cosc ar lagú breise ar chomhleanúnachas chóras limistéar SAC na bportach ardaithe a theacht san áireamh leis na bearta sin. Sa chás go gcuirtear cás chun cinn maidir le hAirteagal 6(4) a fheidhmiú i ndáil le móin a bhaint taobh istigh de limistéar SAC portaigh ardaithe lena dó ag baile, ní mór a léiriú go mbeidh dea-thoradh ar na bearta cúitimh. Is dócha go mbeidh ar an Stát bearta sárchúitimh a chur i bhfeidhm, mar shampla láthair (láithreacha) breise a ainmniú ina limistéir SAC a bhfuil fiúntas leo ó thaobh cúrsaí eolaíochta chun aon damáiste do na limistéir SAC reatha a thabhairt isteach.

## Airteagal 6(4) a chur i bhfeidhm maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe

Ba é an príomh-mholadh i dtuarascáil Quirke (Quirke, 2012) go gcuirfí plean náisiúnta ar bun a bheadh faoi anáil na rúibricí dlí a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga. D'fhéadfaí an tsolúbthacht a ndéantar soláthar dó trí fhorálacha Airteagal 6(4) a fheidhmiú dá mba ghá sin i ndáil le líon beag limistéar SAC a thabhairt san áireamh le plean arb é athchóiriú agus bainistíocht ar an 53 limistéar SAC portaigh ardaithe san am atá romhainn ba bhun leis. D'aontaigh an Coimisinéir Eorpach sa bhliain 2012 oibriú i gcomhar le Rialtas na hÉireann chun scrúdú a dhéanamh ar chur chuige den sórt sin trína dtabharfaí réiteach aontaithe maidir leis an gcóras ar fad i gcrích chomh maith le limistéir SAC na bportach ardaithe in Éirinn a chaomhnú go fadtéarmach.

Ar cheann de na príomhchuspóirí leis an bplean seo tá malairt seifteanna a aimsiú ionas go seachnaítear damáiste do limistéir SAC. Sin é an príomhrud atá dlite faoi Airteagal 6 sa Treoir. **Ní thabharfar i gceist cás faoi Airteagal 6(4) a chur chun cinn ach amháin murar féidir freastal do riachtanais an lucht bainte móna le hathlonnú ar phortaigh eile in aice láimhe nó nach bhfuil malairt seifte ar fáil atá infheidhme.**

Tar éis don lucht bainte móna agus don Roinn obair mhór a dhéanamh maidir le hionaid athlonnaithe a thabhairt chun aire, is léir go mbeadh réiteach na deacrachta ar fáil le hathlonnú i gcás mórchuid na limistéir SAC. Ina ainneoin sin, i gcás líon beag cásanna, de réir an eolais atá

ar fáil, d'fhéadfadh nach mbeadh an t-ionad athlonnaithe a sonraíodh oiriúnach nó go mbeadh deacracht le freastal ar gach duine den lucht bainte móna a mbeadh gá lena n-athlonnú ar an ionad nó ionaid atá ar fáil. Is i gcás limistéir SAC den sórt sin amháin a d'fhéadfaí féachaint le solúbthacht a cheadú, bunaithe ar na critéir a luaitear.

Tá limistéir SAC portaigh ardaithe áirithe luaite ag ionadaithe de chuid an lucht bainte móna maidir le láithreacha ar a bhféadfaí leanúint le móin a bhaint mar a phléitear sa rannóg maidir le hAirteagal 6(3) thuas.

Ní thabharfaidh an Stát san áireamh feidhm a bhaint as forálacha Airteagal 6(4) ach amháin i gcásanna áirithe nuair a thagtar ar an gcomhairle tar éis measúnacht a dhéanamh maidir le baint mhóna nach bhféadfaí sin a dhéanamh faoi Airteagal 6(3). Is cásanna iad sin ina mbeadh deacrachtaí suntasacha le hathionaid oiriúnacha a aimsiú agus ina mbeadh líon suntasach daoine den lucht bainte móna ag iarraidh leanúint ag baint mhóna.

Le linn scrúdú an bhféadfaí an tástáil faoi Airteagal 6(4) a shásamh maidir le leanúint den mhóin a bhaint i líon beag láithreacha, is gá malairt seifteanna a mheas, is gá go sásófaí an tástáil maidir le leas sáraitheach an phobail maidir leis an láthair, is gá bearta cúitimh a aimsiú agus is gá tuairim an Choimisiúin Eorpaigh a fháil sa chás go mbeadh cur isteach ar ghnáthóg príomhthábhachta.

## Malairt Seifteanna a Mheas

Ag teacht leis an dualgas Córas Natura 2000 a chosaint, ba chóir leasú agus/nó tarraingt siar phlean nó thogra beartaithe a thabhairt san áireamh ar an gcéad rud nuair a thugtar chun aire tionchar suntasach chun dochair ar iomláine láithreach, go háirithe sa chás go mbíonn tionchar ar ghnáthóga agus/nó speicis príomhthábhachta faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Ba chóir an 'rogha nialasach' a scrúdú an tráth sin.

Tráth is faide anonn, ní mór an rogha maidir le malairt seifteanna a thapú ar lú a chuireann siad isteach ar iomláine na láithreach a chíoradh agus, go háirithe, comparáid a dhéanamh maidir leis an toradh a bheadh orthu i ndáil le haidhmeanna caomhnúcháin an láthair Natura 2000, iomláine na láithreach agus an tairbhe a dhéantar do chomhleanúnachas foriomlán chóras Natura 2000. Déantar seifteanna den sórt sin a shonrú go ginearálta taobh istigh den chreat oibre maidir leis an obair measúnachta a dhéantar faoi Airteagal 6(3).

### An Rogha Nialasach

Tá dúthracht mhór caite le hiarrachtaí teacht ar réiteach ar cheisteanna maidir le córas limistéir SAC na bportach ardaithe a chaomhnú agus a athchóiriú. Is é cur chuige a bhí in úsáid go dtí seo gur féachadh le teacht ar réiteach ar na ceisteanna trí phlé agus comhoibriú a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ar fad. Cé go bhfuil cuid mhór den lucht bainte móna ag baint leas as an gcúiteamh atá ar fáil, tá deacrachtaí i gceist le limistéir áirithe mar gheall, mar shampla, nach bhfuil malairt láithreacha neamhainmnithe ar fáil mar a leagtar amach thuas.

Ní mór cás a ullmhú maidir le líon teoranta limistéar a mheas faoi Airteagal 6(4) a fhéachaint i gcomórtas le seift a shásódh an chuspóir maidir leis an gcóras ar fad chun sástacht na hÉireann agus an Choimisiúin Eorpaigh araon. Sa chás go socraítear nach bhféachfar an oibreodh cás maidir le hAirteagal 6(4) an tráth seo, is dócha go dtarraingeofar constaicí mór roimh aontú ar sheift maidir leis na gcóras ar fad ainneoin a bhfuil d'am agus d'acmhainní caite leis an gcur chuige sin.

### Athlonnú

Mar chuid den phróiseas, leagadh síos critéir measúnachta atá réasúnach inchomparáide agus is féidir a chur i bhfeidhm chun a dheimhniú nach bhfuil malairt ionaid ar fáil do bhaint na móna, arna chur san áireamh chomh maith go mbeidh cúinsí faoi leith ag baint le gach suíomh faoi leith.

Cuireadh na critéir seo a leanas i bhfeidhm i ndáil lena dheimhniú an raibh nó nach raibh malairt ionaid ar fáil do bhaint na móna:

1. Tá fad suas le 15km ón limistéar SAC réasúnta. Tá tugtha faoi deara ag an Roinn go bhfuil dea-thoradh ar an bpróiseas athlonnaithe ceangailte, i bpáirt, ar ionaid a aimsiú atá chomh cóngarach agus is féidir don limistéar SAC a bhí i gceist ar dtús. I gcás portaigh a shonraítear ach atá níos mó ná 15km ón gcéad áit, tagann laghdú suntasach ar líon na ndaoine den lucht bainte móna a bhíonn sásta athrú.

2. Ba cheart go mbeadh an áit oiriúnach maidir le móin a bhaint, agus:

- Ba cheart go mbeadh dóthain móna ar fáil agus í ar chaighdeán sách maith go mbeadh soláthar móna don teaghlach ag an té a d'aistreodh ar aon dul leis an áit atá á fhágáil ina dhiaidh nó go mbeadh amhlaidh go ceann tréimhse sonraithe.
- Ba cheart dóthain spáis leata a bheith ar fáil le móin a scaradh air.
- Ba cheart go mbeadh bealach isteach cuí ag an bportach agus bealach amach ag an móin agus ba cheart go mbeadh draenáil ar bun nó ba cheart nach mbeadh costas ró-ard le hinfreastruchtúr de na cineálacha sin a chur ar fáil.

3. Is féidir úsáid an phortaigh maidir le móin a bhaint as a chur ar fáil ar bhonn fadtéarmach do dhaoine den lucht bainte móna.

Sa chás go mbíonn deis cóir a chur ar dhaoine den lucht bainte móna trína n-athlonnú go dtí portach neamhainmnithe i bhfoisceacht achar réasúnta den limistéar ainmnithe, is léir gur ionann sin agus malairt seifte agus nach mbeadh an chéad chritéar á shásamh.

### Cúiteamh airgid

Ligeann cúiteamh airgid a chur ar fáil faoin scéim CTCCS, arna riar ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, don iarratasóir móin a fháil taobh amuigh de limistéir SAC nó breosla de chineál eile ar fad a cheannach. I gcás na láithreacha a bhfuiltear á meas maidir le forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a fheidhmiú ina leith, tá líon suntasach den lucht bainte móna ar na láithreacha sin nach bhfuil toilteanach teacht isteach faoin scéim agus glacadh leis an gcúiteamh airgid atá ar fáil.

### Cnapshuimeanna faoin scéim CTCCS

Cuireann an Roinn an íocaíocht chúitimh bhliantúil faoin scéim CTCCS ar fáil ina cnapshuim d'iarratasóirí incháilithe de réir na láithreach. Iarratasóirí iad seo a bhfuil curtha in iúl go soiléir agus go leanúnach acu go bhfuil siad tugtha don athlonnú ach tá deacrachtaí ag baint le seifteanna athlonnaithe a oibriú ar a son ó thaobh athionad a bheith ar fáil nó an méid móna a d'fhéadfaí a bhaint ar athionad atá aimsithe. Dá dtiocfadh méadú suntasach ar líon na n-íocaíochtaí cnapshuime bheadh sin le tabhairt san áireamh maidir leis an leithroinnt bhliantúil a chuirtear ar fáil maidir le hairgead cúitimh maidir le cúrsaí portaigh don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi phróiseas an bhuiséid.

## Tástáil maidir le cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh

Mar a leagtar amach thuas, is ionann cúis dhianriachtanach leasa phoiblí sháraithigh agus leas a d'fhágfadh go raibh cúis mhaith, de réir bhrí Airteagal 6(4) sa Treoir maidir le Gnáthóga, leis an bplean nó leis an togra a chur i bhfeidhm agus gur cúis mhaith sin a bhaineann leis an bpobal agus atá sáraitheach. Ciallaíonn sin go gcaithfidh an chúis a bheith chomh tábhachtach agus gur féidir a chur i gcomórtas le gnáthóga nádúrtha agus fiadhúlra agus fásra nádúrtha a chaomhnú, an chuspóir atá leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Ní shásaítear na coinníollacha sin maidir le hobair ar mhaithe le gnóthas a lonnú nó a leathnú ach amháin i gcásanna eisceachta.

Tá an t-ábhar buartha a chuireann an lucht bainte móna in iúl ó cuireadh deireadh le baint mhóna ar phortaigh ardaithe gan athrú le himeacht na mblianta. Tá cuid mhaith a mheasann deireadh a chur le baint na móna a bheith ina bheart a shéanfaidh acmhainn bhunriachtanach nádúrtha orthu atá suite i ar thalamh a gcuid tithe nó in aice láimhe agus atá ina bhunchuid dá slí maireachtála agus dá n-oidhreacht (Tuarascáil Quirke, 2012). Mar atá le tuiscint freisin ón gcomhairliúchán poiblí faoin dréacht den Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe, bítear ag brath go mór ar mhóin i gceantracha agus i réigiúin áirithe in Éirinn. Ar leibhéal an duine aonair agus an phortaigh, is gníomh príobháideach baint na móna a dhéantar ar mhaithe leis an té ar leis an talamh nó na cearta móna agus is gnó príobháideach é ag conraitheoir a íoctar ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Ar an gcás a mheas ar an leibhéal sin, is deas a fheiceáil go bhfuil cúis dhianriachtanach leasa sháraithigh poiblí le go leanfadh líon bheag daoine ag baint mhóna ar a son féin go príobháideach nuair a chuirfeadh sin in aghaidh leas an phobail maidir le damáiste do limistéar SAC a sheachaint. Tá de rogha ann go sonrach ag na daoine sin cur isteach ar chúiteamh airgid agus sin a fháil faoin scéim CTCCS nó athlonnú go dtí portach neamhainmnithe nuair is féidir sin.

Ina ainneoin sin, ar a mheas ar an leibhéal náisiúnta, d'fhéadfaí a theacht ar mhalairt comhairle. Dá bhfágfadh solúbhthacht a bheith ar fáil maidir le líon beag láithreacha, mar gheall ar easpa roghanna soiléire dáiríre ag daoine den lucht bainte móna, go dtiocfaí ar aontú ar fud an chórais náisiúnta maidir le limistéir SAC phortaigh ardaithe na hÉireann a chaomhnú go fadtéarmach, rud is léir a bheith ar leas an phobail, is soiléire leas sáraitheach poiblí sa chás sin. Go hachomair, d'fhéadfadh caomhnú fadtéarmach chóras limistéir SAC na bportach ardaithe a bheith ina chúis dhianriachtanach leasa sháraithigh phoiblí a d'fhéadfaí a áiteamh chun ligean do sholúbhthacht maidir le líon beag de na limistéir SAC sa chás nach bhfuil an dara rogha ar fáil.

## An leibhéal náisiúnta

Tá aighneas gan réiteach ar siúl ó na 1990idí idir an Stát, ó thaobh an dualgas aidhmeanna faoin Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh, agus dreamanna áirithe den lucht bainte móna. Tar éis blianta a chaitheamh ag le plé agus le hidirghabháil, cúiteamh, athlonnú agus bearta athchóiriúcháin réamhphleanáilte a thabhairt isteach, tá an Stát den tuairim go bhfuiltear ar tí theacht ar réiteach náisiúnta ar an gceist maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe a chaomhnú. Ina chomhthéacs sin, dá mbeadh solúbthacht a bheith ar fáil maidir le líon bheag láithreacha ar limistéir SAC, mar gheall ar easpa soiléir dáiríre roghanna maidir le malairt ionaid ag an lucht bainte móna, ar mian leo ar chúiseanna sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta leanúint ag baint mhóna, ina bhonn le réiteach náisiúnta aontaithe ar fud an chórais maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe na hÉireann a chaomhnú go fadtéarmach, rud is léir a bheith ar leas an phobail, is soiléire dá réir sin an leas sáraitheach poiblí.

**Cúrsaí Sóisialta:** Tá ceangal dlúth ag muintir na hÉireann leis na tailte portaigh mar gheall ar an bhforbairt chultúrtha agus eacnamaíochta a tharla mar chuid de stair na tíre. Is obair thraidisiúnta a bhfuil meas uirthi ar fud réimsí éagsúla de na tailte portaigh baint mhóna ag saoránaigh ar mhaithe lena dó sa bhaile. Tháinig an Giúistís John Quirke ar an gcomhairle sa tuarascáil uaidh ar an bhFóram Tailte Móna sa bhliain2012 gurb iad is mó a gcuireann na srianta isteach orthu na dreamanna bainte móna a bhfuil tairbhe á bhaint acu leis na glúnta, agus leis na cianta i roinnt cásanna, as úinéireacht, seilbh agus cearta móna ar na portaigh a bhaineann le hábhar. Is iad na dreamanna sin a bhfuil iarrtha orthu cearta sealbhaithe a ghéilleadh i limistéir SAC portaigh ardaithe ar mhaithe le leas níos tábhachtaí an phobail i gcoitinne. Tá léirithe ag an lucht bainte móna go bhfuiltear toilteanach glacadh le cúiteamh airgid nó le hathlonnú go dtí portaigh neamhainmnithe as ucht an ceart móin a bhaint a ligean i léig. Ina ainneoin sin, meastar gur gá scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí cead a thabhairt móin a bhaint ar líon teoranta láithreacha i limistéir SAC ionas gur féidir leanúint leis an iarracht teacht ar aontú gach uile dhream den lucht bainte móna le seift a bheadh i bhfeidhm ar fud an chórais ar fad maidir le hathchóiriú agus caomhnú na limistéir SAC portaigh ardaithe.

**Cúrsaí Eacnamaíochta:** Tá athrú mór ar a bhfuil i gceist le móin a bhaint le dó ag baile ó na seanlaethanta a mbíodh móin á baint le sleán[15]. Sa lá atá inniu ann, is le meaisín is mó a bhaintear an mhóin agus déantar a sábháil le hobair láimhe. Cuireann baint na móna fostaíocht ar fáil do chonraitheoirí bainte móna agus dá gcuid fostaithe. Bíonn sé ina bhonn treise faoi líon áirithe postanna i gcomharsanachtaí tuaithe atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíochta. Feictear go chuid mhór daoine gur mó an buntáiste ó thaobh eacnamaíochta atá le móin ná le cineálacha eile breosla, mar shampla ola nó gás. D'fhéadfadh roinnt daoine a mheas gur mó an tionchar a bhíonn ag breosla de na cineálacha eile sin ar chúrsaí timpeallachta ar fud an domhain ná mar a bhíonn ag móin a bhaint le dó ag baile.

## Bearta maolúcháin agus gnáthóg cúitimh

Ní mór an chailliúint maidir le portach ARB agus portach DRB a d'eascródh ó leanúint ar aghaidh le móin a bhaint mar gheall ar phróiseas faoi Airteagal 6(4) a chúiteamh trí réimsí fairsinge eile de phortach ardaithe a ainmniú mar ghnáthóg ionaid. I gcás an líon beag láithreacha ina dtarlódh baint mhóna a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 6(4), bheadh baint na móna teoranta i réimse nó réimsí áirithe den láthair dá ligfeadh sin an chuid eile den láthair a athchóiriú. Sa chomhthéacs náisiúnta, ciallaíonn sin go sásófaí an sprioc náisiúnta maidir le portach ARB a athchóiriú taobh istigh de na limistéir SAC.

I gcás gach limistéar SAC portaigh ardaithe a mbeartaítear Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga a fheidhmiú ina leith, is dócha go mbeidh measúnacht AA agus iarratas ar chead tríd an bpróiseas pleanála i gceist.

## Achoimre - Airteagal 6(3)/6(4) a fheidhmiú maidir le Móin a Bhaint lena Dó ag Baile

is é tuairim an Rialtais gurb é toradh a bheidh ar an bPlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe seo a chur i bhfeidhm go mbainfear amach spriocanna caomhnúcháin na hÉireann maidir le portaigh ardaithe. Tá mórchuid mhór an lucht bainte móna ag glacadh le cúiteamh airgid nó le hathlonnú go dtí portaigh neamhainmnithe agus, má cheadaítear é, féadfaidh dream beag den lucht bainte móna móin a bhaint ar limistéir SAC trí fheidhm a bhaint as forálachta Airteagal 6(3) agus Airteagal 6(4) sa Treoir maidir le Gnáthóga. I gcás an líon beag láithreacha a mb'fhéidir go gceadófaí móin a bhaint orthu i gcomhréir le hAirteagail 6(3) nó 6(4), chuirfí teorainn le móin a bhaint ar réimse nó réimsí sonracha taobh istigh den limistéar SAC ionas go bhféadfaí athchóiriú a thabhairt ar an gcuid eile den láthair.

## Bainistíocht ar Chóras na Limistéar SAC Portaigh Ardaithe ar mhaithe le hÚsáid Talún de chineálacha eile

Luaitear sa Phlean Náisiúnta Tailte Portaigh go dtarlaíonn an bhainistíocht ar thailte portaigh agus an úsáid astu i dtimpeallacht rialála atá ríchasta lena mbaineann polasaithe faoi earnálacha éagsúla, creatchórais dlí agus coinníollacha maidir le cead agus ceadúnas a théann trasna ar a chéile. Is timpeallacht chasta dhinimiciúil an portach ardaithe mar gheall ar an nádúr atá leo agus ní mór bainistíocht thairbheach a dhéanamh ar an acmhainn a mbeidh páirt ag na geallsealbhóirí ar fad ann. Déanfar cearta agus leasa na n-úinéirí talún agus lucht úsáide talún chóras limistéir SAC na bportach ardaithe a thabhairt san áireamh ina leith sin.

D'fhonn láithreacha a bhfuil tábhacht éiceolaíochta leo a chosaint, cuirtear srian le hobair de chineálacha áirithe taobh istigh de láithreacha Eorpacha a bhféadfadh dochar tarlú mar gheall orthu. Braitheann na cineálacha oibre, ar a dtugtar Gníomhaíochtaí ar gá Toiliú ina leith (agus ar a dtugtaí Gníomhaíochtaí Infhógartha roimhe seo), ar chineál na gnáthóige. Leagtar de chumhacht ar an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltacht faoi Rialachán 28 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 Ordacháin a thabhairt i ndáil le Gníomhaíochtaí ar gá Toiliú ina leith. Tá gach limistéar SAC agus SPA in Éirinn faoi réir Treorach i ndáil le Gníomhaíochtaí ar gá Toiliú ina leith. Ní mór d'aon duine den lucht úsáide atá ag smaoineamh ar bhearta den sórt sin a dhéanamh toiliú an Aire leis a lorg. D'fhéadfadh i gcásanna áirithe nach dtagann sin i gceist, sa chás mar shampla go dtagann an ghníomhaíocht faoi réir ag toiliú ó údarás poiblí eile nó go bhfuil údarás tugtha ina

15. An uirlis a úsáidtear chun móin a bhaint le hobair láimhe.

leith mar ghné de phlean bainistíochta aontaithe maidir le feirm nó réimse talún.

Faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ní mór togra/plean ar bith ar dócha go mbeadh tionchar suntasach aige ar láthair Eorpach a chur faoi réir thástáil AA ar a mbeadh i gceist maidir leis an láthair i bhfianaise na n-aidhmeanna caomhnúcháin ina leith. Ní aontóidh na húdaráis inniúla náisiúnta leis an bplean nó leis an togra mura mbíonn deimhnithe nach mbeidh tionchar chun dochair aige ar iomláine na láithreach lena mbaineann agus, más cuí sin, tar éis tuairim an phobail i gcoitinne a fháil. Leagtar síos de dhualgas faoin Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) nach féidir cinntí áirithe ar dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar chúrsaí timpeallachta a dhéanamh go dtí go mbíonn measúnú cuí ar thionchar timpeallachta den sórt sin déanta.

Bíonn ról ag réimse leathan d'údaráis phoiblí i socruithe maidir leis an úsáid a bhaintear as córas na limistéir SAC portaigh ardaithe. Bíonn tionchar ag scéimeanna cúnamh airgid agus dreasachta, a mhaoinítear as cistí poiblí, ar an úsáid. Ag teacht leis an bhfís agus leis na luachanna a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Tailte Portaigh, beidh an cur chuige maidir leis an mbainistíocht ar chóras na limistéir SAC portaigh ardaithe bunaithe ar thuiscint níos leithne ar an mbuntáiste atá le baint as na tailte portaigh. Leagfar de chúram ar údaráis phoiblí aidhmeanna an Phlean Náisiúnta Tailte Portaigh a thabhairt i gcrích ina limistéir feidhme féin de réir fhís, luachanna agus phrionsabail an phlean.

Is féidir, den chuid is mó, úsáid talún de chineálacha áirithe a dhéanamh ar na réimsí de phortach réitithe atá thart ar phortach ardaithe sna limistéir SAC ach sin a bheith ag teacht leis na haidhmeanna caomhnúcháin maidir leis an láthair.

## Bainistíocht maidir le dóiteáin

Is mór an bhagairt do chóras na limistéir SAC portaigh ardaithe go dtarlódh dóiteán. Beidh cód sárchleachtais á chur ar bun faoin bPlean Náisiúnta Tailte Portaigh, i ndáil leis an úsáid as dó mar mhodh bainistíochta ar an talamh, d'fhonn damáiste de thimpiste a sheachaint agus srian a chur le díobháil don timpeallacht. I gcás na limistéir SAC portaigh ardaithe a bhfuil beartaithe athchóiriú a dhéanamh orthu, cuirfear plean tine le chéile an tráth céanna a mbíonn bearta caomhnúcháin á gcur i bhfeidhm.

## Bainistíocht dramhaíola

Is tromchúiseach an ní, a chuireann isteach ar na geallsealbhóirí ar fad, an dumpáil neamhúdaraithe taobh istigh de chóras na limistéir SAC portaigh ardaithe. Beidh comhoibriú le húdaráis áitiúla, pobal na háite, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Coillte, Bord na Móna, úinéirí talún agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta de dhíth chun an cás a leigheas. Sa chás bhfuil tábhacht lena leithéid, beidh straitéis bainistíochta maidir le cúrsaí dramhaíola ina dlúthchuid de na pleananna maidir le láthair faoi leith atá le hullmhú maidir leis na limistéir SAC portaigh ardaithe.

## Bainistíocht oidhreachta

Tá déantúsáin a fuarthas i bportaigh na hÉireann agus a cuireadh ar fáil don Ard-Mhúsaem go mór chun tosaigh i mbailiúchán náisiúnta na hÉireann d'iarsmaí seandálaíochta. Sna portaigh a thángthas ar beagnach 3,000 déantúsán faoi leith sa bhailiúchán náisiúnta, roinnt den saothar miotalóireachta is breátha san áireamh, de réir mar a bhí móin á baint le hobair láimhe ar imeall na bportach ardaithe. Thángthas ar choirp i bportaigh i lár tíre ar fianaise iad ar dhaoine a íobairt agus cuireann samplaí ar thángthas orthu le gairid, mar shampla Fear Chluain Uí Chaomháin, Fear Chruacháin agus Fear an Chaisil go mór leis an tuiscint ar an gcuid sin den stair. Chomh maith le déantúsáin agus coirp a chur sna portaigh, más le teann deasghnátha é nó ar mhaithe lena gcur i dtaisce, taobhaíodh na tailte portaigh freisin mar gheall ar acmhainní agus trasnaíodh iad ar feadh na mílte bliain ar mhaithe le cumarsáid agus cúrsaí eacnamaíochta. Tá na mílte séadchomhartha – ardáin, tóchair agus sraitheanna cuaillí ina measc – a aimsíodh sna portaigh i lár tíre agus feictear gur minice na hionaid ina dtángthas trasna orthu ag áiteanna a mbeifí ag dul trasna idir réimsí tirime agus le himeall na bportach i gcriosanna lena mbaineann iléagsúlacht éiceolaíochta. D'fhéachadh dreamanna ó am go chéile le cónaí buan a dhéanamh ar na tailte portaigh seo agus rinne árais nó crannóga orthu (Moloney *et al*., 1993).

Freastalaíonn cúinsí báite, anaeróbacha, aigéadacha d'iarsmaí orgánacha, chomh maith le beagán den ábhar neamhorgánach, a chaomhnú. Nuair a bhíonn seandálaithe i mbun tochailte ar thalamh tirim, isteach is amach le 10% den ábhar cultúir a bhaineann le háit lonnaíochta a aimsítear ach sa chás gur talamh portaigh atá i gceist, is féidir suas le 90% a aimsiú, déantúsáin a rinneadh as adhmad, éadach, cnámh, seithe, sliogán agus adharca san áireamh. Is léir dá bhrí sin gur mór is dóiche ábhar den sórt sin a aimsiú ar phortaigh ardaithe. Is féidir tuiscint ar athruithe maidir leis na réimsí a bhíodh faoi chrainn, nó maidir le cúrsaí aeráide, teochta agus báistí a fháil ó scrúdú ar phailín, ar iarsmaí marbha plandaí agus feithidí agus ar theifre chomh maith le lorg bhrúchtadh bolcáin na mílte míle ó bhaile.

Tá dlite faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta gur cheart tuairisc a thabhairt do na Gardaí sa cheantar agus do Stiúrthóir an Ard-Mhúsaeim maidir le haon iarsma seandálaíochta (ní nach eol gur le haon úinéir faoi leith é agus a bhfuil luach leis is mó ná an luach intreach) a thugtar chun suntais tráth nach fada ón am a dtagtar air. Íoctar luaíocht aimsitheora de bhun tuairisc dá leithéid a thabhairt agus an déantúsán a chur ar fáil don Stát, an t-úinéir de réir dlí.



Leagtar dualgais ar úinéirí príobháideacha thailte portaigh, agus ar dhaoine a chuireann obair ar bun nó a dhéanann obair, i ndáil le hobair a dhéantar i ngar do shéadchomharthaí a luaitear i dTaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994. Tá i ndán go n-aimseofaí nithe nó gnéithe a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na seandálaíochta le haon chartadh nó tochailt maidir le móin agus ba cheart an dóigh go dtiocfaí ar iarsmaí a thabhairt san áireamh le bearta maolúcháin oiriúnacha mar chuid de gach clár oibre i ndáil le ceantair de na cineálacha seo.

Tá léargas le fáil ar láithreán gréasáin de chuid na Roinne www.archaeology.ie ar na séadchomharthaí ar eol iad a bheith ann agus is mór an fháilte a bhíonn roimh eolas maidir le séadchomharthaí nua a thugtar chun suntais ag national.monuments@chg.gov.ie.

## Bainistíocht uisce

Faoin bPlean Náisiúnta Tailte Portaigh, tabharfar san áireamh go hiomlán le polasaithe agus cinntí maidir le húsáid as tailte portaigh an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar chaighdeán an uisce agus ar chaighdeáin shainordaithe uisce a bhaint amach sa Stát. Fágfaigh an chothabháil agus an t-athchóiriú ar phortaigh ardaithe in Éirinn go n-ísleoidh an leibhéal láisteacháin le carbón atá á iompar in uisce go mbíonn inchomórtais le portaigh neamhbhearnaithe chomh maith le laghdú ar an méid síolta móna agus amóinia a théann amú. Is féidir le hathchóiriú ar phortaigh ardaithe cuidiú leis na spriocanna éagsúla rialála a leagtar síos sa Chreat-Treoir Uisce, ina leagtar síos na spriocanna maidir le 'stádas maith éiceolaíochta' i ndobharlaigh na hEorpa, a bhaint amach in Éirinn. Tá tarlaithe cheana fein gur chuir athchóiriú ar phortaigh sa Ríocht Aontaithe cosc ar ísliú breise ar chaighdeán an uisce óil (Martin-Ortega *et al*., 2014).

D'fhéadfadh réimse buntáistí éagsúla a bheith le tailte bogaigh a chur ar ais ag feidhmiú mar a bhídis, feabhas ar chaighdeán an uisce agus maolú tuilte san áireamh. I gcuid mhaith cásanna, tarlaíonn le hathchóiriú an phortaigh go gcuirtear cúinsí hidreolaíochta ar ais ar bhealach níos nádúrtha lena mbíonn rith níos réidh faoin sruth sa chaoi is gur moille a shiltear isteach i gcúrsaí uisce ná mar a dhéanann nuair a bhíonn draenacha curtha isteach. Mar chuid de na pleananna athchóiriúcháin maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe, tá beartaithe scrúdú a dhéanamh ar dtús ar an gcóras draenála atá cóngarach don 12 láthair SAC a bhaineann le tionscadal LIFE an AE agus, sa chás gur gá sin, pleananna bainistíochta slánchóirithe maidir leis an draenáil a chur le chéile i gcomhar le húinéirí talún agus le comhlachtaí poiblí nuair a bhaineann siad le hábhar. Tabharfar chun suntais leis an obair suirbhéireachta sin aon ghá le hobair chothabhála faoi leith nó le forfheabhsú ar an gcóras draenála ionas gur féidir, mar chuid de straitéis bainistíochta forghinearálta maidir le tuilte, na buaicsruthanna a thabhairt chun bealaigh de réir mar is gá ar fud an chórais. Cé go bhféadfadh gur beag an acmhainn maolúcháin a bheadh ag athchóiriú ar phortaigh ardaithe maidir le tuilte an tráth annamh a dtarlaíonn báisteach rómhór, aontaítear gur féidir tairbhe a dhéanamh maidir le spriocanna a bhaint amach a leagtar síos maidir le réimsí eile beartais (mar shampla an Chreat-Treoir Uisce, an Treoir maidir le Gnáthóga, an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta, agus Creat Oibre na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide).

Is trí Oifig na nOibreacha Poiblí a fheidhmíonn an Rialtas maidir leis an dualgas i ndáil le taoscadh aibhneacha agus tuilte a ligean chun bealaigh. Nuair a bhíonn obair ar dhraenáil artaireach ar siúl taobh istigh de limistéar SAC nó cóngarach do limistéar SAC, tá dlite ar an Oifig measúnacht a dhéanamh maidir le haon tionchar ionchais. Ar an gcuma chéanna le húinéir talún, feirmeoir nó aon ghníomhaireacht eile, tá dlite ar an Oifig a bheith cinnte nach mbeidh aon tionchar suntasach chun dochair ag an obair ar an láthair ainmnithe sular féidir tosú ar an obair. Oibríonn an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta go dlúth leis an Oifig chun a chinntiú nach é amháin nach dtagann aon tionchar chun dochair de bharr na hoibre ach chun comhairle a thabhairt freisin sa chás gur féidir obair thairbheach a dhéanamh maidir le cúrsaí draenála go logánta. San am atá romhainn, beidh an Roinn ag obair leis an Oifig i mbun scrúdú a dhéanamh ar sheifteanna athchóiriúcháin ar phortaigh ardaithe a bhféadfadh buntáiste a bheith leo maidir leis an mbainistíocht i ndáil le baol ó thuilte.

## Talmhaíocht

Go ginearálta, is beag tionchar a bhíonn ag obair feirmeoireachta ar ithir mianraí nó ar phortach réitithe a aisghabháladh sa cheantar máguaird ar limistéar SAC portaigh ardaithe agus, go deimhin, is féidir, i gcásanna áirithe, go gcuireann an fheirmeoireacht leis an láthair chosanta. Is anróiteach an talamh ag ainmhithe móra an portach ard neamhbhearnaithe agus níl an fásra ar an bportach sin tarraingteach ná go maith ó thaobh cothaithe. Os a choinne sin, tá réimsí portaigh réitithe a bhféadann tairbhe a bheith as mar thalamh féaraigh san áit a bhfuil taoscadh maith. Sa chás nach diansaothrú an cineál feirmeoireachta a dhéantar, is féidir ardtairbhe bithéagsúlachta a bheith ag roinnt le réimsí portaigh réitithe den sórt sin – is féidir réiteach maith a bheith idir riachtanais an fheirmeora agus an tairbhe atá as an talamh ó thaobh cúrsaí dúlra.

Is féidir cur le fiúntas bithéagsúlachta tailte tríd an mbainistíocht a dhéanann feirmeoirí agus cur dá réir le fiúntas caomhnúcháin na dtailte portaigh ina ngaobhar. Is féidir le bláthanna fiáine fás go flúirseach ar phortach réitithe agus leis na feithidí a bhíonn ag brath orthu bisiú dá réir. Tá an odhrach bhallach (Succisa pratensis) ar cheann amháin de na plandaí a bhféadfadh rath a bheith air. Cé gur planda deas é ann féin, leis na bláthanna beaga, cruinne, gorma, is ábhar bia é chomh maith ag an bhfritileán réisc (Euphydryas aurinia), ceann de na féileacáin is neamhchoitianta in Éirinn agus speiceas a luaitear san Iarscríbhinn leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Is gnáthóga bunriachtanacha na portaigh ardaithe agus an féarach bogaigh leathnádúrtha ina ngaobhar maidir leis an gcrotach, atá ar cheann de na speicis éin is mó atá faoi bhagairt, leanúint ag maireachtáil in Éirinn. Ar phortach ardaithe atá an nead ag níos mó ná leath na bpéirí pórúcháin atá fágtha sa tír.

## Foraoiseacht

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas foraoiseachta faoin bPlean Náisiúnta Tailte Portaigh lena dtabharfar faoi mheas an bhfuil dóthain bearta cinnteachta ar bun faoi láthair chun a dhearbhú nach dtarlaíonn crainn foraoiseachta a chur ar thalamh portaigh. Ar na ceisteanna a thabharfar san áireamh leis an athbhreithniú ar an mbeartas foraoiseachta, beidh an tionchar a bhíonn ag plandáil ar chúrsaí hidreolaíochta, an tionchar maidir le cailliúint carbóin agus ceapadh carbóin agus an dóigh go dtarlódh tionchar chun dochair maidir le sruthanna uisce in aice láimhe. Leagtar amach i dtreoirlínte na Seirbhíse Foraoiseachta an córas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le cead foraoiseachta a fháil, agus na coinníollacha a ghabhann le cead den sórt sin, ionas go gcomhlíontar na creatchórais rialála agus forálacha na reachtaíochta. Is féidir a mheas gur oiriúnach an úsáid as réimsí áirithe den phortach réitithe ar phortaigh ardaithe an fhoraoiseacht agus go dtagann an fhoraoiseacht le haidhmeanna caomhnúcháin i ndáil leis an láthair. Is iondúil go measann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta crainn dúchais de chineálacha leathanduilleacha (e.g. fearnóg, dair, beith) ar an gcéad rogha ó tharla gur fearr a thiocfaidís le stádas ainmnithe limistéar SAC (is iondúil gur lú a oireann crainn bhuaircíneacha neamhdhúchais ó thaobh cúrsaí bithéagsúlachta agus bíonn i ndán go mbeidís ina speicis ionrach).

## Caitheamh aimsire

I bhfianaise na portaigh ardaithe a bheith ar chuid de na réimsí tíre sin in Éirinn a dtug Séamus Heaney suntas dóibh a bheith saor ó sconsaí ("unfenced country"), is beag nach féidir iad a mheas mar a bheadh réimsí fiántais ann agus is léir go bhfuil siad tarraingteach maidir le cineálacha áirithe caitheamh aimsire agus mar áit inar féidir an dúlra a thaithí. Is mór an scóip atá ann maidir le cumainn áitiúla agus grúpaí pobail a spreagadh chun tabhairt faoi thograí atá dírithe ar phortaigh ardaithe a athshlánú ar bhealach a thagann leis an mbainistíocht ar chóras na bportach ardaithe. Tá a leithéid sin ar siúl cheana féin i roinnt láithreacha portaigh. Is maith an sampla an tionscadal maidir leis an gcearc fhraoigh ar phortach Bhaile Daighean trína bhféachtar leis an laghdú ar líon na gcearc fraoigh (agus éin goir eile) a stopadh agus, go fadtéarmach, cur lena líon in athuair. Ar thailte atá faoi úinéireacht Bhord na Móna atá an tionscadal seo á rith ar phortach Bhaile Daighean, Co. Ros Comáin.

Tá borradh faoin mbeachaireacht mar chaitheamh aimsire le tamall de bhlianta anuas agus is maith an láthair lena aghaidh an portach réitithe nuair a bhíonn na céadta acra de fhraoch faoi bhláth a mbainfeadh na beacha leas as. Is cosúil suaimhneas an phortaigh ag teacht rímhaith leis an meon a ghabhann leis an gcaitheamh aimsire seo.

Is iomaí deis forfheabhsúcháin ann maidir le háiseanna inmharthana turasóireachta agus caitheamh aimsire ar an bportach ardaithe a bhféadfaí tairbhe a ghnóthú astu

don phobal. Is minic an timpeallacht oscailte nádúrtha i limistéir SAC fóirsteanach maidir le haclaíocht, scíth a ligean, caidreamh sóisialta agus buntáistí ginearálta maidir le sláinte agus maitheas an duine. Spreagann áiseanna taitneamhachta den chineál sin a bheith ar fáil infheistíocht bhreise isteach i gceantar trí thionscal na héiceaturasóireachta agus tionscail de chineálacha eile.

Trí chomhairliúchán a dhéanamh le pobal na háite agus le geallsealbhóirí eile i ndáil le pleananna athchóiriúcháin sonracha maidir le láthair faoi leith, is féidir smaointeoireacht a thabhairt chun cinn d'fhonn an buntáiste socheacnamaíochta is mó is féidir ón obair caomhnúcháin agus athchóiriúcháin a thabhairt i gcrích do phobal na háite. D'fhéadfadh saoráidí (e.g. cosáin, cosáin cláir, droichid portaigh) a chur ar fáil, a bheith i gceist, nó feabhas a chur ar na saoráidí atá ar fáil cheana féin, sa chaoi is go spreagtar fiontair bheaga turasóireachta a chruthú, go gcuirtear an buntáiste maidir le sláinte agus maitheas an duine chun cinn agus go gcuirtear le feabhas na láithreach mar acmhainn oideachais (mar gheall ar ghnéithe éiceolaíochta agus mar gheall ar ghnéithe maidir le seandálaíocht tionsclaíochta agus oidhreachta a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an láthair nó leis an gceantar chomh maith). Tá deiseanna suntasacha ann infheistíocht a dhéanamh i bhforfheabhsú, leathnú agus cothabháil ar shaoráidí den chineál seo d'fhonn an bealach a réiteach dá n-úsáid mar áiseanna taitneamhachta agus caitheamh aimsire.

Tá cosáin cláir agus droichid portaigh déanta agus feabhas curtha ar chosáin ar chuid mhór de na portaigh ardaithe ar fud na tíre agus is mór an úsáid a bhaineann muintir na háite astu chomh maith le cuairteoirí a mhealladh chuig na láithreacha. Seo a leanas roinnt samplaí: Portach Mhainistir Laoise (Co. Laois), SAC Phortach Pháirc an Chairn (Co. na hIarmhí), SAC Phortach Cheathrú Bheithí/na Ceachrach (Co. Ros Comáin), SAC Phortach Cheathrú na gCapall (Co. na Gaillimhe), SAC Phortach Chluain Seanmhaoil (Co. Ros Comáin), NHA Phortach na Greallaí (Co. na Mí), Limistéar SAC Phortach Mhuine Mheá (Co. na Gaillimhe) agus Limistéar NHA Mhóin na Scotha Buí (Co. Thiobraid Árann). Bíonn cuairt timpeall Phortach na Greallaí go rialta anois ina chuid d'Fhéile bhliantúil an Fhéir i gCeannanas Mór i gCo. na Mí agus gnéithe nádúrtha an phortaigh á bhfiosrú chomh maith le féith na healaíne a chothú.

I gClóirtheach, Co. Uíbh Fhailí, tógadh foirgneamh ilúsáide ina bhfuil ionad léirmhíniúcháin maidir leis an bportach ardaithe agus leabharlann an bhaile mhóir agus is mór a bhíonn ag tarraingt ann maidir le turasóireacht agus le hoideachas faoi chúrsaí dúlra. Tá cosán cláir atá curtha isteach os cionn chuid de Limistéar SAC Phortach Chlóirthigh ina áis caitheamh aimsire go háitiúil agus é i ndán go dtarraingeoidh seo turasóirí ar mhaithe leo blas a fháil ar thaobh tíre den chineál seo amuigh faoin aer (féach Plátaí 5.1 agus 5.2).




**Pláta 5.1: Eolas léirmhíniúcháin i Limistéar SAC Phortach Ardaithe an Chlóirthigh, (Co. Uíbh Fhailí)**



**Pláta 5.2: Cosán cláir i Limistéar SAC Phortach Ardaithe an Chlóirthigh**



# Caibidil 6

## NA BUNTÁISTÍ AGUS AN TAIRBHE ATÁ LE CAOMHNÚ AN PHORTAIGH ARDAITHE

# Caibidil 6
## NA BUNTÁISTÍ AGUS AN TAIRBHE ATÁ LE CAOMHNÚ AN PHORTAIGH ARDAITHE

Cuirtear buntáistí fiúntacha ar fáil don tsochaí le tailte portaigh neamhhbhearnaithe, mar a chuirtear le cineálacha eile éiceachórais ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. "Seirbhísí éiceachórais" a thugtar ar bhuntáistí den sórt sin á ngnóthú ón dúlra. Is féidir le hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar éiceachórais tionchar suntasach, nach d'aonghnó é go minic, a imirt ar sheirbhísí den sórt sin a chur ar fáil. D'fhéadfadh gur in áiteanna éagsúla nó ag tráthanna éagsúla a thiocfadh cineálacha éagsúla tionchair i bhfeidhm. Trí sheirbhísí éiceachórais (seirbhísí airgid agus neamhairgid araon) a mheas, is féidir luach cainníochta a chur i leith na mbuntáistí agus na tosca cúitimh a ghabhann le dúshaothrú nó le hathchóiriú ar éiceachóras.

Ar na seirbhísí éiceachórais a chuirtear ar fáil le tailte portaigh tá soláthar uisce agus scagadh uisce; rialáil ar chúrsaí aeráide trí charbón a stóráil agus a cheapadh; agus buntáiste cultúir mar shampla déantúsáin a chaomhnú agus deiseanna caitheamh aimsire. Tá seirbhísí áirithe, ainneoin roinnt táirgí úsáideacha uathu (mar shampla móin gairneoireachta agus móin don ghineadóireacht fuinnimh). a meastar nach den inmharthanacht iad mar gheall go dtagann cur isteach ar an éiceachóras dá mbarr nach féidir a athleasú le linn scála ama ar bith a bheadh tairbheach don tsochaí.

Tugtar forléargas i Léaráid 6.1 ar na feidhmeanna éiceolaíochta a bhaineann le portach ardaithe de chineál ginearálta, chomh maith leis na cineálacha úsáide agus na seirbhísí éiceachórais agus buntáistí a ghabhann leis, agus iad rangaithe de réir cineálacha úsáide 'neamh-inmharthana' agus seirbhísí agus buntáistí 'inmharthanacha'. Déantar breis plé ar na buntáistí sin thíos i gcomhthéacs an phlean seo agus tugtar cuntas ar gach ceann de na feidhmeanna éiceolaíochta agus ar a dtiteann amach nuair a bhíonn portach díghrádaithe, más le draenáil nó le baint mhóna a tharlaíonn sin, agus, i gcodarsnacht leis sin, nuair a dhéantar obair athchóiriúcháin air d'fhonn a chur ar ais i riocht níos nádúrtha.

Tá borradh faoin tsuim atá á chur i ndeireadh a chur le húsáid neamhinmharthana as móin ar fud an domhain agus na seirbhísí agus buntáistí 'inmharthanacha' is féidir leis na tailte móna a chur ar fáil don duine a thabhairt i bhfeidhm in athuair trí obair athchóiriúcháin. Is léir deathorthaí cheana féin sa Ghearmáin, mar shampla, mar ar tugadh sraith de sheirbhísí éiceachórais ar ais deich mbliana tar éis portach díghrádaithe a bhá in athuair (Zerbe *et al*., 2013).






* Ciallaíonn 'neamh-inbhuanaithe' go ndéanann úsáidí den chineál sin dochar nach féidir a chur ina gceart tráth ar bith a bheadh ábhartha don tsochaí.
** ciallaíonn 'inbhuanaithe' go bhfuil na seirbhísí /buntáistí ar fáil anois do chách agus do ghlúine atá le teacht.

**Léaráid 6.1: Feidhm, úsáid, seirbhísí agus buntáistí eile maidir le héiceachóras an phortaigh ardaithe**

Tá portaigh ardaithe na hÉireann, chomh maith le hiarsmaí d'fhoraoisí na cianaoise, ina gcuid de na héiceachórais is fadmharthanaí in Éirinn. Tá an-tábhacht leo maidir le hoidhreacht nádúrtha na hÉireann agus is cuid shuntasach iad de "chaipiteal nádúir" na tíre. Caipiteal nádúir an téarma a úsáidtear chun cur síos ar ghnéithe den dúlra a mbíonn tairbhe – go díreach nó go hindíreach – ag an duine astu, mar shampla stoc foraoisí, aibhneacha, ithreach, mianraí agus an fharraige (DEFRA, 2013). Oibríonn siad sin le chéile chun táirgí agus seirbhísí éiceachórais a chur ar fáil a mbíonn tairbhe dá réir ag an bpobal astu.

Is iondúil ceithre chatagóir maidir le seirbhísí éiceachórais a shonrú (The Economics of Ecosystems and Biodiversity (TEEB)[16]):

1. **Seirbhísí rialtachta:** na seirbhísí a chuirtear ar fáil le héiceachórais ar mhaithe le rialtacht e.g. rialtacht maidir le caighdeán an aeir nó le caighdeán na hithreach nó trí chúrsaí tuilte nó galair a choinneáil de réir na rialtachta.
2. **Seirbhísí soláthair:** seirbhísí éiceachórais trína gcuirtear táirgí ábhartha nó táirgí fuinnimh ar fáil as an éiceachóras. Bíonn bia, uisce agus acmhainní eile san áireamh.
3. **Seirbhísí gnáthóige nó seirbhísí tacaíochta:** cuirtear gach a dteastaíonn ó phlanda nó ó ainmhí chun maireachtáil ar fáil sa ghnáthóg: bia, uisce agus dídean. Cuireann gach éiceachóras gnáthóga éagsúla ar fáil a bhíonn riachtanach maidir le saolré speicis.
4. **Seirbhísí cultúir:** d'fhéadfadh caitheamh aimsire, sláinte agus maitheas an duine, cultúr, taitneamh aestéitice, ealaín, dearthóireacht, spioradáltacht agus mórtas áite a bheith i gceist leis na seirbhísí seo.

Mar a luaitear thuas, is féidir cuid mhór seirbhísí éiceachórais de na cineálacha seo a chur ar fáil le portadh ardaithe, ina measc laghdú ar astaíocht carbóin, cuidiú le bainistíocht i ndáil le tuilte, ionad a chur ar fáil do na gnáthóga agus do na speicis is mó atá faoi bhagairt in Éirinn agus áit inar féidir meanmnacht agus sláinte a thabhairt chun cinn. Tugtar cuntas sa rannóg seo thíos ar na seirbhísí agus na feidhmeanna is mó a bhaineann le hábhar a chuirtear ar fáil le portach ardaithe atá i gcaoi mhaith:

- Stóráil agus ceapadh carbóin
- Bonn a chur faoi ghnáthóga agus faoin mbithéagsúlacht speiceas
- Íonghlanadh uisce agus maolú tuilte
- An taobh tíre agus cúrsaí caitheamh aimsire
- An oidhreacht cultúir a chaomhnú
- An mhóin ina hacmhainn

16. www.teebweb.org

## Stóráil Carbóin agus Ceapadh Carbóin

**Seirbhísí/buntáistí:** rialtacht aeráide agus téamh aeráide a mhaolú maidir le dé-ocsaíd carbóin (CO2) a tharraingt as an atmaisféar.

Sna portaigh atá 75% den charbón orgánach ithreach ar fad atá in Éirinn agus tá oiread céanna carbóin in aon heicteár amháin portaigh agus a thagann d'astaíocht as 1,040 carr in aghaidh na bliana. I gcodarsnacht leis an gcuid is mó de na héiceachórais eile, ina ndéantar athchúrsáil go tapa ar bhithmhais sa chaoi is go scaoiltear dé-ocsaíd carbóin, uisce agus ábhar cothaitheach chun bealaigh, ní tharlaíonn lobhadh iomlán ar bhithmhais portaigh sa chaoi is go gcruthaítear móin sa timpeallacht bháite aigéadach. Níl teorainn leis an ré aimsire ar féidir carbón a stóráil i bportach neamhdhraenáilte. Ní amháin go gcoinnítear an carbón sin sa phortach atá i mbarr feidhme ach bíonn an fásra freisin seasta ag ceapadh carbóin as an atmaisféar agus cuid de sin á choinneáil san éiceachóras de réir mar a chruthaítear an mhóin.

Nuair a dhéantar portach ardaithe a dhraenáil nó móin a bhaint air, rud a thugann go n-éiríonn an mhóin níos trioma, brostaítear le dianscaoileadh móna, ní bhíonn carbón á cheapadh sa phortach níos mó agus tosaítear ag ligean dé-ocsaíd charbóin leis an atmaisféar, sa chaoi is go gcuirtear leis an téamh domhanda. Tá léirithe go dtarlaíonn a shé nó a sheacht oiread astaíochta maidir le dé-oscsaíd carbóin as an réimse is minice a úsáid maidir le baint mhóna i.e. imeall an phortaigh taobh amuigh, ná mar a ligtear as lár an phortaigh (Renou-Wilson *et al*., 2011). .

Tá an astaíocht dé-ocsaíd charbóin iomlán as na portaigh, i ndáil le móin a bhaint maidir le gineadóireacht leictreachais, lena dó ag baile nó le haghaidh gairneoireachta, chomh maith leis an astaíocht athláithreach ón táirgíocht fuinnimh a ghabhann leis (nuair a dhóitear an mhóin) agus an táirgíocht gairneoireachta (nuair a tharlaíonn dianscaoileadh na móna i ndeireadh báire), isteach is amach le 8.7m tonna de dhé-ocsaíd carbóin a ligtear leis an atmaisféar gach bliain (Wilson et al., 2013). Meastar go mbaineann 2.46m tonna de sin le hastaíocht as na portaigh a shaothraítear maidir le móin le dó ag baile agus go dtarlaíonn 1m tonna breise d'astaíocht mar gheall ar dhó móna i dtithe cónaithe. Ar a áireamh ina iomláine, bhí seo cothrom leis an tríú cuid den astaíocht ó earnáil an iompair sa bhliain 2013 (Duffy *et al*., 2013)..

## Staidéar Cáis: Ról an phortaigh maidir leis an athrú aeráide

Tá tailte portaigh ar an stór fadtéarmach carbóin is fairsinge sa bhithsféar talúnda agus ar na stórtha carbóin is tábhachtaí ar domhan. Is fairsinge go mór iad ó thaobh stoc carbóin ná bithmhais foraoiseachta iomlán an domhain ar fad. Le 10,000 bliain anuas, tá méid ollmhór dé-ocsaíde carbóin tógtha as an atmaisféar ag portaigh na hÉireann arna choinneáil sa mhóin. An líon beag de phortaigh nádúrtha (beagnach neamhbhearnaithe) atá in Éirinn, tá carbón á cheapadh iontu ar ráta measta 266,000 tonna de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh na bliana faoi láthair, agus iad dá réir sin ag 'fuarú' an atmaisféir. Nuair a dhéantar portaigh a dhraenáil agus móin a bhaint agus a dhó, scaoiltear an carbón agus an nítrigin a bhíodh caomhnaithe ann, rud a chuireann leis an téamh ar an atmaisféar agus leis an athrú aeráide dá réir. Is féidir oiread na hastaíochta a mhaolú trí phortach a athbhá agus is féidir dá réir sin ról cinniúnach a bheith ag athchóiriú portaigh maidir leis na polasaithe náisiúnta maolúcháin maidir le hathrú aeráide a bhfuil de chuspóir leo an astaíocht náisiúnta dé-ocsaíde carbóin san atmaisféar a laghdú.



**Pláta 6.1: Sampla de phortach réitithe i gContae Ros Comáin a ndearnadh athbhá air rud a fhéadann linn dé-ocsaíd charbóin a dhéanamh as portach réitithe seachas é a bheith ina fhoinse dé-ocsaíd charbóin.**

## Bonn a chur faoi Ghnáthóga agus faoin mBithéagsúlacht Speiceas

**Seirbhísí/buntáistí:** fásra agus fiadhúlra de chineálacha atá sainiúil agus faoi bhagairt a choinneáil ar bun, acmhainní géineolaíochta agus taobh tíre de chineál sainiúil.

Mar a leagtar amach i gCaibidil 2, tá tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta le gnéithe den bhithéagsúlacht a mhaireann ar phortaigh ardaithe na hÉireann atá neamhchoitianta mar réimse tíre ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal na hEorpa agus ar leibhéal an domhain. Mar gheall ar bhagairt go dtiocfaidís i léig ar fad san Eoraip, tá portaigh ardaithe atá beo maidir le móin a chruthú iontu ar liosta na ngnáthóg príomhthábhachta faoi Threoir na nGnáthóg.

Is ar an iargúil amháin atá réimsí tíre portaigh ardaithe ar fáil san Eoraip sa lá atá inniu ann agus is eol go bhfuil dochar déanta do na portaigh atá ann go fóill, an chuid atá á gcaomhnú san áireamh, agus go bhfuil díghrádú breise ag tarlú dóibh. Tá drochthoradh air sin ó thaobh speicis a mhaireann sna gnáthóga seo, speicis chúngréime den chuid is mó, rud a chiallaíonn go bhfuil siad in oiriúint do thimpeallacht shainiúil an phortaigh ardaithe. Tá dáileadh an-teoranta faoin tráth seo ar speicis den sórt sin (e.g. *Sphagnum austinii agus S. fuscum*) mar gheall ar dhul ar gcúl tubaisteach na gcúinsí nádúrtha báiteachta ina dtagann siad chun cinn go maith. Nuair a tharlaíonn díghrádú, draenáil nó bearnú ar phortach, ní bhíonn speicis an phortaigh in ann cur i gcoinne speicis eile níos 'coitianta' (mar shampla fraoch, cíb agus féar de chineálacha éagsúla) agus téann siad in éag ar fad sa cheantar mar gheall nach bhfuil réimsí tíre eile atá báite agus aigéadach ar an gcaoi chéanna ar fáil sa timpeallacht máguaird.

Is iondúil go mbíonn gnáthóga idirchriosacha ar na portaigh ardaithe thart timpeall ar an bportach ard féin agus cuid mhór de na gnáthóga sin ar chineálacha na hIarscríbhinne leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Samplaí dá leithéid is ea eanach alcaileach, coillearnach bogaigh, eanach Cladium, réimsí idirsheascainn agus foinsí clochraithe. Chomh maith leis sin, bíonn speicis de chineálacha na hIarscríbhinne, mar shampla speicis *Lycopodium,* speicis *Sphagnum* agus an ceapchaonach geal (*Leucobryum glaucum*) ar fáil ar phortaigh ardaithe. Cuireann réimsí den chineál sin leis an éagsúlacht a bhaineann le coimpléasc an phortaigh agus is iomaí speiceas neamhchoitianta eile arís a bhfuil na speicis sin ina gcuid dá ngnáthóg, mar shampla an Fritileán Réisc (*Euphydryas aurinia*), féileacán atá ar na speicis a luaitear in Iarscríbhinn II le Treoir na nGnáthóg.

Tá speicis ar thailte portaigh na hÉireann atá neamhghnách agus chomh neamhchoitianta sin gur le gairid a aimsíodh roinnt acu den chéad uair. Is féidir speictream a cheapadh le héin goir ar na tailte portaigh. Ag ceann amháin den speictream sin, tá cineálacha speisialta nach mórán acu atá ar fáil, mar shampla an chearc fraoigh, an fheadóg bhuí agus, níos neamhchoitianta anois ná mar a bhíodh, an crotach, agus ag an gceann eile de speictream, tá an riabhóg mhóna agus an fhuiseog agus speicis eile dá leithéid. Cé go bhfuil na speicis sin níos coitianta agus níos fluírsí, tá tábhacht mhór leo ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin in Éirinn freisin ós iad na cineálacha sin atá ina ábhar bia ag éin chreiche a bhaineann leis na tailte portaigh, an meirliún agus cromán na gcearc ina measc.

## Staidéar Cáis: Bithéagsúlacht ar na portaigh: tugtar faoi deara speicis caonaigh, a measadh a bheith imithe in éag, ar Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí

Tháinig an Dr George Smith ar chaonach de chineál a measadh a bheith imithe in éag ar fad in Éirinn (gabhalchaonach casta *(Dicranum undulatum)*), ar Phortach Ardaithe Chlóirthigh sa bhliain 2015. De réir a thuairisce, *"because the only known populations could not be found again and because of the damage caused to raised bogs in the area due to turf-cutting, waved fork-moss was judged to be extinct in Ireland"*[17] Is ar thalamh portaigh is minice a bhíonn an speiceas seo atá neamhchoitianta ar fud na hEorpa. Tá an dara seans, mar gheall ar obair athchóiriúcháin ar phortach Chlóirthigh, speiceas a chaomhnú a measadh a bheith imithe in éag chomh maith le cuidiú le hiléagsúlacht fhásra na hÉireann a chaomhnú.



**Pláta 6.2: Gabhalchaonach casta (Dicranum undulatum) ar Phortach Chlóirthigh (Íomhá: le caoinchead George Smith, www.blackthornecology.ie)**

## Íonghlanadh Uisce agus Maolú Tuilte

**Seirbhísí/buntáistí:** uisce glan, rialtacht maidir le soláthar uisce agus cúrsaí hidricheimice sa dobharcheantar.

Tá páirt thábhachtach ag portaigh ardaithe neamhbhearnaithe, mar atá ag na tailte bogaigh de gach cineál, maidir leis an rialtacht ar chúrsaí uisce i ndobharcheantar a thabhairt i bhfeidhm agus caighdeán an uisce a choinneáil go maith. Is féidir le caonach móna, an fásra is mó a bhíonn ar phortach ardaithe maith, 20 oiread an meáchan atá sa chaonach móna d'uisce a choinneáil agus cuidíonn an caonach agus an mhóin le scagadh a dhéanamh, truailleáin a choinneáil agus uisce 'glan' a ligean chun bealaigh. D'fhéadfadh ról

17. http://www.blackthornecology.ie/general/extinct-moss-re-found-raised-bog/

bunriachtanach a bheith le portaigh ardaithe mar réimsí taosctha ag aibhneacha, go háirithe maidir le sruth íseal a choinneáil ag imeacht le linn tréimhsí triomaigh. I gcás cúinsí áirithe tíreolaíochta, is féidir le portaigh ardaithe cuidiú leis sruth an uisce taobh istigh den dobharcheantar a choinneáil rialta, sa chaoi is go maolaítear an baol tuilte níos faide síos an abhainn mar gheall gur moille a fhágann an t-uisce an dobharcheantar. Ina ainneoin sin, tá teorainn le hacmhainn stórála an phortaigh agus braitheann sé ar chomhábhar na sraithe uachtaraí (beo) sa phortach agus ar chaighdeán agus iomláine na réimsí imeallacha portaigh. Is féidir le baint mhóna agus an draenáil a ghabhann leis, agus le fásra a chailliúint, cur leis an toirt uisce a fhágann an portach agus an sruth a bhíonn leis. Bíonn níos mó carbóin in uisce de chineál sin, níos mó cáithníní carbóin (an dath donn) agus níos mó nítrigine ná mar a bhíonn in uisce an phortaigh go nádúrtha mar gheall ar an gcreimeadh agus láisteadh cothaitheach as an móin atá á dianscaoileadh (Holden et al., 2004).

## Staidéar Cáis: Ról an phortaigh maidir le híonghlanadh uisce

Is umair mhaithe na portaigh maidir le truailleáin ón atmaisféar agus fágann sin gur glaine an t-uisce a ligtear le sruth. Nuair a dhéantar draenáil ar phortaigh, cailltear an acmhainn uisce a ghlanadh agus an rialtacht maidir le tuilte a sheachaint. Sa Ríocht Aontaithe, tá comhlachtaí uisce ag déanamh infheistíochta faoi láthair san athchóiriú ar thailte portaigh d'fhonn buntáiste a bheith acu as an íonghlanadh a thugtar go nádúrtha ar uisce ar na tailte sin. Fágann dobharcheantar ar tharla portaigh a dhraenáil iontu agus an mhóin a bhaint go mbíonn dath donn ar an uisce a théann le sruth agus go mbíonn glanadh le hábhar ceimice de dhíth sular féidir sin a scaoileadh le daoine lena úsáid. Is é an fáth atá leis sin go n-oibríonn clóirín – atá coitianta in ábhar glantacháin – in éineacht le carbón orgánach tuaslagtha ar bhealach a fhágann ábhar nimhiúil. D'fhonn sin a sheachaint, cuirtear iarann agus sulfáit alúmanaim leis an uisce ionas go gcruinníonn an carbón orgánach le chéile agus go dtiteann sé go híochtar sula gcuirtear clóirín leis. Ciallaíonn an dath donn ar an uisce freisin gur lú solais a thagann tríd, rud a fhágann nach gnáthóg chomh hoiriúnach é ag an iasc. Is den ríthábhacht dá bhrí sin go gcoinnítear portaigh báite agus go gcuirtear deireadh le draenáil bhreise a scaoileann carbón orgánach tuaslagtha le sruth ionas gur féidir leas a bheith againn as an réimse leathan de sheirbhísí éiceachórais buntábhachtacha a bhaineann le tailte portaigh na hÉireann.

## Staidéar Cáis: Ardchlár an Ghearráin, Tuaisceart Chontae Aontroma

Is le Uisce Thuaisceart Éireann tuairim is 2,000 heicteár de thalamh dobharcheantair in Ardchlár an Ghearráin i dtuaisceart Aontroma. Is sa cheantar seo atá an réimse is fairsinge de bhratphortach neamhbhearnaithe i dTuaisceart Éireann. Is Limistéar Sainspéis Eolaíochta atá ann ach tugadh chun aire an ghnáthóg a bheith i riocht mífhabhrach. Mar gheall ar ró-innilt agus satailt bheostoic fágadh an mhóin gan scraith. Rinneadh dochar don láthair chomh maith nuair a cuireadh draenacha tríd an bportach sa chaoi is go raibh an mhóin sa chaoi is go dtarlódh creimeadh di rud a raibh tionchar chun dochair aige ar chaighdeán an uisce agus ar chúrsaí nádúrtha hidreolaíochta ar an bportach.

D'fhonn an damáiste a leigheas, cuireadh plean bainistíochta le chéile i gcomhairle leis an Royal Society for the Protection of Birds agus le Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann. Tugadh an plean sin i gcrích trí chomhoibriú le feirmeoirí na háite ionas gur maolaíodh an leibhéal dlúis maidir le hinnilt agus go ndearnadh draenacha ar an bportach a bhlocáil ionas gur ardaíodh leibhéal an mhaoschláir. Fágfaidh athbhá an phortaigh ar an gcaoi sin cúinsí nádúrtha hidreolaíochta ar bun in athuair chomh maith le borradh a chur faoi athfhorás chaonach de chineál *Sphagnum*, gné bhunriachtanach den phortach beo.

Tá an tionscadal tionscantach seo maidir le hathchóiriúchán ar bhratphortach ar an gcéad bheart dá leithéid a rinne Uisce Thuaisceart Éireann agus tiocfaidh buntáiste mar seo a leanas dá bharr:

- Cosc a chur ar chreimeadh móna agus an costas cóireála a ghabhann leis an dath a bhíonn ar uisce portaigh a ghlanadh in Ionad Cóireála Uisce Dhún gConaill a ísliú.
- Cúinsí nádúrtha hidreolaíochta thabhairt i réim in athuair agus feidhm an phortaigh maidir le CO2 as an athmaisféar a cheapadh a chur ar bun arís ionas gur ísle leibhéal na ngás ceaptha teasa agus an téamh domhanda.
- Cur leis an gcobhsaíocht maidir le leibhéal an amhuisce a chuirtear ar fáil sa taiscumar mar gheall ar thionchar scagtha agus feabhas ar an rialtacht an tsoláthair de bharr tréithe coinneála.
- Gnéithe den phortach a chaomhnú a bhíonn ina mbonn treise faoi réimse leathan de speicis ainmhithe agus plandaí – beidh tairbhe as sin i ndáil leis an dualgas atá orainn an bhithéagsúlacht a chaomhnú.
- Buntáistí neamhábhartha a chur ar fáil, e.g. caitheamh aimsire, taitneamh as an taobh tíre agus as an mbithéagsúlacht, oidhreacht cultúir, ardú meanmna agus deiseanna oideachais. Déantar soláthar faoi Pholasaí Uisce Thuaisceart Éireann maidir le hÚsáid Talún do sheirbhísí den sórt sin agus tá cead iascaireacht, siúlóid le madraí, rith agus gníomhartha eile dá leithéid a dhéanamh i nDún gConaill.



**Pláta 6.3: Dambaí móna i nDún gConaill**

## An Taobh Tíre agus Caitheamh Aimsire

**Seirbhísí/buntáistí:** turasóireacht, caitheamh aimsire, maitheas an duine, spreagadh cultúrtha.

Tugann an taobh tíre sainiúil, chomh maith leis na cineálacha fásra agus fiadhúlra nach bhfeictear in éineacht in áiteanna eile, deiseanna maidir le caitheamh aimsire, oideachas agus spreagadh cultúrtha ar an bportach ardaithe.

Glactar go coitianta leis faoin tráth seo go bhfuil an dúlra tábhachtach maidir leis an duine a chur i mbarr maitheasa agus is féidir dá réir sin luach eacnamaíochta a cheapadh leis. Tá am a chaitheamh amuigh faoin aer i spásanna oscailte (mar atá an portach) in úsáid níos minice mar áis caitheamh aimsire agus meanmnachta agus tá taobh tíre den chineál sin le fada ina spreagadh ag filí, péintéirí agus ealaíontóirí eile. D'fhéadfadh gurb iad na portaigh ardaithe na réimsí deireanacha fiántais atá fágtha i gcodanna áirithe den tír agus is rífhiúntach an acmhainn iad maidir le turasóireacht dúlra, cultúir agus sláinte a bhfuil borradh faoin éileamh orthu de réir mar atá athrú ag teacht ar an saol.

Is léir ó bhearta staidéir a rinneadh in Éirinn (Collier & Scott, 2009; Bullock & Collier, 2011) agus in Albain (Market Research Partners, 2008) gur mór ag daoine áiteanna fiáine a chaomhnú. Bíonn réimsí tíre cultúrtha mar a bheadh droichead ceangail idir daoine, úinéirí talún agus lucht cearta móna san áireamh, agus an dúlra. Is gá cothromaíocht dá bhrí sin maidir le húsáid na bportach ardaithe idir úsáid an taobh tíre mar acmhainn eacnamaíochta agus a chaomhnú mar ghné den oidhreacht nádúrtha agus den oidhreacht cultúir faoi mar a leagtar amach thuas.

## An Oidhreacht Cultúir a Chaomhnú

**Seirbhísí/buntáistí:** foinse maidir le heolas staire.

Bíonn tuairisc sna portaigh ar stair na háite, ós féidir iarsmaí seandálaíochta a choinneáil ar caomhnú sa mhóin (e.g. im agus coirp) (féach an taispeántas maidir le Coirp agus Iarsmaí Gaolmhara a aimsíodh i bPortaigh in Ard-Mhúsaem na hÉireann, www.museum.ie). Is féidir leas a bhaint as páirteanna neamhlofa de phlandaí, síolta agus pailín san áireamh, agus as baill conablaigh chun tuairisc a thabhairt ar an mbithéagsúlacht san am atá caite agus eolas a fháil ar an aeráid ag tráthanna éagsúla.

San am a caitheadh, bhíodh tailte portaigh á n-úsáid mar thaisceadáin ina gcuirfí réimse leathan d'airm agus d'ornáidí luachmhara cré-umha agus óir i dtaisce in aon turas, chomh maith le daoine a chur chun báis de réir dheasghnátha ann agus coirp a chur iontu. Chomh maith leis na hiarsmaí óna bhfaightear eolas faoi ghnáthlonnaíocht an phobail, faightear fianaise freisin ar thrácht na ndaoine ar na portaigh agus trasna portaigh. Rinne na daoine a chuaigh romhainn sa tír seo na mílte tóchar, nó cosán adhmaid, agus bóithre chun acmhainní na bportach a thapú agus chun bealach a dhéanamh trasna réimsí tíre le dromchla anróiteach.

Tugann portaigh deiseanna cur leis an eolas agus leis an tuiscint atá ag an duine trí phaié-sheandálaíocht agus trí phailéa-aeráideolaíocht chomh maith le taighde, oideachas agus oiliúint ghinearálta. Tá an mhóin neamhbhearnaithe ina taisce eolais maidir leis an timpeallacht i gcoitinne, ní amháin maidir leis an aeráid san am a caitheadh ach maidir le fásra réigiúnda, lonnaíocht an duine agus fiú amháin radaíocht chosmach. Bíonn modhanna nua taighde á dtabhairt chun cinn i gcónaí agus ní bhíodh eolas chomh géar ná chomh leathan ar fáil riamh cheana agus is féidir a aimsiú sa lá atá inniu ann. Scriostar foinsí faisnéise den sórt sin nuair a dhéantar móin a bhaint agus a dhó agus nuair a bhrostaítear lena dianscaoileadh de réir mar a thaosctar an chuid eile den phortach.



## An Mhóin ina hAcmhainn

**Seirbhísí/buntáistí:** foinse breosla san áras cónaithe, móin do ghineadóireacht leictreachais, móin gairneoireachta, sean-nós cultúir agus caitheamh aimsire.

Nuair a dhéantar portach a dhraenáil agus an mhóin a bhaint, bíonn feidhm táirgíochta á comhlíonadh cé nach feidhm inmharthana í. Baineann an táirgíocht seo leis an gcumas acmhainn a chur ar fáil ar féidir luach eacnamaíochta a lua léi. Tagann i gceist leis sin móin mar bhreosla san áras cónaithe, do ghineadóireacht leictreachais agus do tháirgí gairneoireachta. Tá baint mhóna ina chineál úsáide as an éiceachóras a bhfuil fiúntas soiléir eacnamaíochta leis ach gur go gearrthéarmach é mar nach acmhainn inathnuaite atá ann le linn saolré an duine (mar is ea an t-adhmad). Is féidir luach a bheith le móin a bhaint ar leibhéal an teaghlaigh maidir leis an tsábháil a bheadh i gceist i gcomparáid le breosla de chineál eile a cheannach nó maidir leis an mbrabach a dhéanfadh conraitheoir, eadhon, buntáiste príobháideach.

Bíonn meas ar bhaint mhóna freisin mar gheall ar an nós cultúir a bhaineann leis, agus é ina dhíol suntais amuigh faoin tír in Éirinn, agus dá réir sin, tá bua poiblí sóisialta leis. Cleachtaítear an nós agus an úsáid sin as an talamh in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus is féidir leanúint de mhóin a bhaint ar líon mór réimsí neamhainmnithe de phortaigh ardaithe nach bhfuil an fiúntas céanna leo ó thaobh chaomhnú an dúlra tar éis an plean seo a chur i bhfeidhm.

## Téarnamh maidir le Seirbhísí Éiceachórais agus an Leas a dhéanfar do Dhaoine

Tiocfaidh de thoradh ar chóras phortaigh ardaithe na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú faoi mar a leagtar amach sa phlean seo go gcoinneofar seirbhísí éiceachórais ar bun taobh istigh de chóras na láithreacha ainmnithe agus go dtabharfar forfheabhsú orthu ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne. Meastar dá réir sin go mbeidh, tar éis an clár oibre maidir le bearta caomhnúcháin agus bainistíochta (féach Caibidil 7) a chur i bhfeidhm, go mbeidh sraith de bhuntáistí ar fáil ó na réimsí cosanta, mar shampla, uisce glan a sholáthar, cuidiú le rialtacht aeráide agus maolú tuilte chomh maith le deiseanna taitneamhachta, cultúir agus spreagadh meanmnachta.

Beidh portaigh athchóirithe sa chaoi is gur féidir móin a chruthú iontu in athuair agus carbón a cheapadh. Cuirtear bonn treise leis an bplean seo, dá bhrí sin, faoi chuspóir na hÉireann an astaíocht gháis cheaptha teasa sa tír a ísliú trí na portaigh sin ina bhfuil carbón á cheapadh iontu faoi láthair a chaomhnú ar an gcéad dul síos agus trí bhearta maolúcháin a chur i bhfeidhm, ar an dara ní, ionas go laghdaítear ar an astaíocht carbóin as portaigh atá draenáilte/réitithe faoi láthair.

Rinneadh córas maidir le Draenáil agus Athbhá Tailte Bogaigh a chur ar bun faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide mar bheart nua ar féidir leis na páirtithe, dá rogha féin, tuairisc a thabhairt ina leith i ndáil leis an dara tréimhse dúthrachta faoi Phrótacál

Kyoto. Tugadh isteach sin d'fhonn béim a leagan ar an ról suntasach atá le hithir orgánach dhraenáilte mar fhoinse astaíochta i ndáil le gáis cheaptha teasa agus creidmheas a lua le bearta trína ndéantar athbhá agus athchóiriú ar thailte portaigh. Is féidir dá réir sin tuairisc a thabhairt ar charbón a thabhairt chun bealaigh le portaigh athbháite agus sin a thabhairt san áireamh maidir le spriocanna náisiúnta astaíochta na hÉireann a shásamh (Bonn *et al*., 2014).

Tiocfaidh de thoradh ar athchóiriú portaigh chomh maith go dtarlóidh laghdú maidir le láisteadh carbóin san uisce go mbíonn ar leibhéal inchomórtais le portaigh neamhdhraenáilte/neamhbhearnaithe. Ní amháin go dtabharfar seirbhísí éiceachórais a bhaineann leis an uisce ar ais le hathchóiriú an phortaigh ach, an tráth céanna, déanfar maitheas maidir le spriocanna rialála éagsúla de chuid na hÉireann a shásamh, an chuid a leagtar amach sa Chreat-Treoir Uisce san áireamh. Sa Ríocht Aontaithe, chuidigh athchóiriú portaigh le cosc a chur le dul ar gcúl breise maidir le caighdeán an uisce (Martin-Ortega *et al*., 2014).

Le athchóiriú ar réimse portaigh, athchruthaítear freisin ilchineálacht nádúrtha na ngnáthóg, rud atá cinniúnach maidir leis an éagsúlacht áirithe fásra agus fiadhúlra a fhorbairt agus a choinneáil. Cinnteofar le hathchóiriú chomh maith go gcaomhnaítear an lón eolais atá á choinneáil sa mhóin don am atá le theacht.

Is é a fheictear leis an bplean seo nach dtarlóidh na seirbhísí cultúir agus táirgíochta a bhaineann le portaigh ardaithe, mar atá baint mhóna, a chailliúint ar fad. Fágfaidh athlonnú bhaint na móna ó phortaigh ardaithe cosanta go dtí láithreacha eile go mbeidh ar chumas na hÉireann gach leas (buntáistí cultúir agus eacnamaíochta san áireamh) a bhaint as an acmhainn náisiúnta don uile dhuine.

Is léir ó obair thaighde in Éirinn gur mór le muintir na háite athshlánú ar an bportach réitithe tríd an taobh tíre a chóiriú ina thalamh portaigh nó ina thalamh bogaigh i gceantair i lár tíre mar ar baineadh an-chuid móna (Collier & Scott, 2010). Ní hionann agus éiceachórais de chineálacha eile, tá deacracht i gcás an phortaigh ardaithe, a raibh na mílte bliain i gceist lena theacht chun cinn, le hiarrachtaí éiceachóras nua a bhunú ón tús. Cé go bhfuil buntábhacht le straitéis maidir le hathshlánú ar phortach réitithe maidir le cúrsaí bithéagsúlachta san am atá romhainn agus le ceapadh carbóin, ní heol go fóill an toradh deiridh a bhíonn air ó thaobh iomlán na mbuntáistí. Dá réir sin, at teacht le prionsabal an réamhchúraim agus leis na prionsabail maidir le bainistíocht agus forbairt inmharthana, is é an rogha is fearr a bhfuil fágtha de phortaigh neamhbhearnaithe a bhfuil ardfhiúntas leo maidir le caomhnú an dúlra, a chaomhnú do na glúnta atá le theacht. Is le hiarrachtaí athchóiriúcháin atá dírithe ar na láithreacha is lú a bhfuil díghrádú orthu go fóill a fheabhsú (e.g. córas na limistéar SAC), mar a mholtar sa phlean seo, is fearr atá seans réimse iomlán na seirbhísí éiceachórais a thabhairt ar ais. D'fhonn



an téarnamh is mó is féidir ar réimse iomlán na seirbhísí éiceachórais a thabhairt i gcrích, tá cur chuige slánchóirithe á chur chun cinn sa phlean maidir leis an gcaomhnú agus leis an mbainistíocht ar na láithreacha ar fad atá ar fáil go fóill a bhfuil fiúntas suntasach caomhnúcháin leo, seachas cur chuige de réir gach láthair faoi leith mar a rinneadh san am a caitheadh.

Is é cuspóir atá leis an bplean seo go bhféadfaí, an tráth céanna a ndéantar freastal don riachtanas maidir le móin a bhaint ag daoine faoi leith agus an oidhreacht chultúir a bhaineann leis sin á chaomhnú freisin ar láithreacha neamhainmnithe, na buntáistí eile is féidir a bheith ag an bpobal as portaigh ardaithe a choinneáil agus a athchóiriú ar an 9% eile den acmhainn. Is féidir leis an bplean, dá réir sin, tionchar chun sochair a imirt ar sheirbhísí éiceachórais a chuirtear ar fáil le portaigh ardaithe gan aon dochar do na buntáistí cultúir agus eacnamaíochta. Mura mbíonn plean den sórt seo ann, d'fhéadfadh go leanfaí ag cailliúint na mbuntáistí thuasluaite agus go mbeadh a dhíoltas sin sa deireadh ar an uile dhuine.



# Caibidil 7

## AN OBAIR ATÁ ROMHAINN

# Caibidil 7
## AN OBAIR ATÁ ROMHAINN

Cé go bhfuil bearta go leor déanta cheana féin, is é an plean seo an chéim tosaigh maidir le cur chuige comhordaithe i ndáil le bainistíocht inmharthana ar chóras limistéir SAC na bportach ardaithe. Tá tuairimí curtha in iúl ag cuid mhór daoine faoin gcaoi ar cheart nó nár cheart bainistíocht a dhéanamh ar an gcóras, ar na daoine ba cheart a bheith ina gcaomhnóirí ar na portaigh ardaithe, ar na gníomhartha ar cheart ligean lena ndéanamh i gcónaí agus ar gá d'Éirinn a dhéanamh chun an portach ARB a chur ar ais i stádas caomhantais fabhrach. Tá an chéad chéim eile ar cheann de na céimeanna is cinniúnaí maidir le dea-thoradh a chinntiú ar a bhfuil i gceist leis an bplean.

### An Clár Oibre maidir le Bearta Caomhnúcháin

D'fhonn cosaint agus caomhnú limistéir SAC na bportach ardaithe in Éirinn a thabhairt i gcrích, tá clár oibre de bhearta caomhnúcháin curtha le chéile a bheidh á chur i bhfeidhm i rith trí cinn de thréimhsí sé bliana. Déanfar athbhreithniú agus leasú a ran bplean seo gach sé bliana d'fhonn a chinntiú go ndéantar an coigeartú cuí agus go dtagann an plean faoi anáil an eolais is fearr atá ar fáil ó lucht eolaíochta tráth a fhoilsithe. Cuirfear tús sa bhliain 2017 leis an gcéad tréimhse a leanfaidh i rith ré feidhme an phlean bainistíochta seo go dtí an bhliain 2022. Is é a bheidh ar an gclár oibre, a eascraíonn ón reachtaíocht atá i bhfeidhm agus ó thionscnaimh caomhnúcháin, bearta chun tailte portaigh ainmnithe a athshlánú agus a athchóiriú, chun an tAthbhreithniú ar Chóras na Limistéir Oidhreachta Náisiúnta Portaigh Ardaithe (NPWS, 2014) a chur i bhfeidhm, chun leanúint le bearta seachanta agus chun bonn treise a chur faoi thionscnaimh a chuidíonn le haidhmeanna an phlean seo a thabhairt i gcrích.

Tá monatóireacht, athbhreithniú agus bearta maidir le leaganacha nua den phlean san áireamh leis an gclár oibre ionas go ndéantar an dul chun cinn agus an éifeachtúlacht maidir leis na straitéisí fadtéarmacha a chuirtear ar bun faoin gcéad Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe, faoin bPlean Náisiúnta Tailte Portaigh agus faoi Athbhreithniú na bliana 2014 ar Chóras na Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Portaigh Ardaithe. Tá tionscadail léiriúcháin ina gcuid den chlár oibre freisin chun bonn treise a chur faoin bplean a chur i bhfeidhm. Tá cláir oideachais agus tuisceana (dírithe ar an bpobal i gcoitinne agus ar údaráis áitiúla araon) luaite ar an gclár chomh maith, mar atá bearta reachtaíochta.

### Bearta seachanta

Leagtar de dhualgas ar Éirinn faoin dlí soláthar do na limistéir SAC portaigh ardaithe a chosaint. Cuireadh in iúl d'úinéirí talún, d'úinéirí cearta móna agus do chonraitheoirí bainte móna, trí chomhfhreagras díreach, i bhfógraí poiblí agus le caidreamh leanúnach, faoi dheireadh a bheith á chur le gníomhaíocht i limistéir SAC. Tá scéim cúitimh ar bun dóibh siúd a mbíonn tionchar ag deireadh a chur le móin a bhaint i limistéir SAC agus NHA portaigh ardaithe orthu.



Ar na smachtbhannaí a ghabhfadh le sárú ar chosc maidir le gníomhartha ar na láithreacha sin, tá ionchúiseamh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, ionchúiseamh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dliteanas Comhshaoil) 2008 agus tuairiscíocht chros-chomhlíonta a d'fhéadfadh cur isteach ar íocaíochtaí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Rinneadh ionchúiseamh i roinnt cásanna maidir leis na rialacháin sin a shárú. Tá clár oibre idirghníomhaireachtaí (lena mbaineann baill foirne de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, de chuid an Gharda Síochána agus de chuid an Aerchóir) curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar bhaint na móna le roinnt blianta anuas i rith shéasúr na móna. Tá obair san aer agus obair ar an talamh i gceist leis an gclár oibre seo.

Mar a phléitear i gCaibidil 5, tá scrúdú á dhéanamh ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta sa phlean seo maidir le forálacha Airteagal 6(3) (agus forálacha Airteagal 6(4) dá mba ghá sin) a fheidhmiú i ndáil le líon beag de na limistéir SAC d'fhonn réimsí a shonrú a bheadh oiriúnach le móin a bhaint iontu gan cur isteach ar iomláine na láithreacha. I gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, déantar rialáil maidir le beartaíocht de chineálacha eile, a d'fhéadfadh a bheith ina dhíobháil maidir le limistéir SAC portaigh ardaithe (e.g. foraoiseacht ar bhonn tráchtála), trí chórais ceada arna riar ag na húdaráis ábhartha maidir le cead a thabhairt. Is féidir bearta seachanta maidir le haon bheartaíocht dhíobhálach eile a mheas mar chuid de na pleananna athchóiriúcháin maidir leis na limistéir SAC

## Athchóiriú

Mar a rinneadh cur síos roimhe seo i gCaibidil 4 tá gá le pleananna athchóiriúcháin atá sonrach do gach láthair i ndáil le gach portach ardaithe SAC agus is cuid mhór de chlár na mbeart caomhnúcháin iad feidhmiú na bpleananna sin. Mar chuid den phlean bainistíochta seo, tá dréachtphleananna athchóiriúcháin do gach láthair forbartha i leith 53 SAC chomh maith leis an dá choimpléasc portach ardaithe atá le hainmniú mar SACanna. Áireofar sna pleananna athchóiriú ar phortach ard agus ar an bportach mórtimpeall, atá riachtanach chun cuspóirí caomhnúcháin náisiúnta agus a bhaineann go sonrach le gach láthair a bhaint amach.

Beidh an obair athchóiriúcháin i rith thréimhse tosaigh an Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe dírithe den chuid is mó ar an bportach ard. Déanfar roinnt oibre ar réimsí áirithe den phortach réitithe. Mar a leagtar amach, chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta isteach ar chistíocht faoi Chlár LIFE 2014–2020 an AE agus d'éirigh leis an iarratas i ndáil le hobair athchóiriúcháin a dhéanamh ar an bportach ardaithe beo i 12 limistéar SAC portaigh ardaithe in Éirinn (LIFE14 NAT/IE/000032). Beidh ciste €5.4m an tionscadail sin ina thús maith leis an bpróiseas athchóiriúcháin. Beidh an tionscadal sin dírithe ar na pleananna athchóiriúcháin sonracha maidir leis na láithreacha faoi leith a chur i bhfeidhm i gcomhairle leis na geallsealbhóirí maidir leis an 12 limistéar SAC. Déanfar obair bhreise ar na pleananna sin chun pleananna bainistíochta i ndáil le cúrsaí draenála a thabhairt faoina scáth chomh maith le hobair a rachaidh chun leasa don phobal a leagan amach, mar shampla cosáin cláir nó slite siúlóide a chur isteach de réir mar is féidir sin. Maidir le fuílleach na limistéar SAC portaigh ardaithe sa chóras, tabharfar na dréachtphleananna maidir le hathchóiriú hidreolaíochta chun cinn i rith thréimhse feidhme an phlean seo agus na dtréimhsí ina dhiaidh go mbíonn plean athchóiriúcháin críochnúil ar fáil maidir le gach láthair faoi seach i limistéar SAC portaigh ardaithe agus sin arís i gcomhairle leis na geallsealbhóirí.

## Taighde

Tá an clár athchóiriúcháin náisiúnta a bhfuiltear chun tabhairt faoi go ceann sé bliana bunaithe ar mhodhanna oibre eolaíochta de scoth na linne seo agus beidh córais á n-úsáid a dtuigtear gur den sárchleachtas iad mar gheall ar a bhfuil foghlamtha ó thograí athchóiriúcháin eile, mar shampla tionscadal LIFE Choillte agus clár oibre Bhord na Móna. An tráth a mbíonn an obair seo ar siúl, beidh bearta tábhachtacha taighde á ndéanamh chomh maith d'fhonn feabhas a chur ar na gnáis bhainistíochta agus athchóiriúcháin san am atá romhainn. Ar an obair thaighde seo a dhéanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus forais eile, áirítear (faoi mar a luaitear sa Phlean Náisiúnta Tailte Portaigh):

- Scrúdú ar astaíocht gháis cheaptha teasa as ithir móna agus gnáis bainistíochta éagsúla i bhfeidhm ina leith;
- Tionscadail athchóiriúcháin agus modhanna athchóiriúcháin maidir le tailte portaigh a thabhairt chun suntais agus athbhreithniú a dhéanamh orthu d'fhonn an éifeachtúlacht a mheas i ndáil le cúrsaí hidreolaíochta, an acmhainn stórála agus ceaptha maidir le carbón agus cúrsaí bithéagsúlachta ar gach leibhéal;
- Taighde maidir le luach eacnamaíochta le seirbhísí éiceachórais a úsáid agus a ríomh;
- Taighde maidir leis na buntáistí socheacnamaíochta ar an leibhéal logánta agus ar an leibhéal náisiúnta atá le portach ardaithe a chaomhnú;
- Taighde maidir leis na bealaí chun páirt an phobail i gcúrsaí caomhnúcháin a spreagadh, deiseanna príobháideacha turasóireachta a bhaineann le caomhnú na bportach ardaithe a chur chun cinn, treoirlínte sárchleachtais agus acmhainní oideachais fadmharthanacha a a chur le chéile; agus
- Na tosca a shonrú a bhíonn le suim an phobail a chothú i dtionscadail chun an timpeallacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú.

Beidh gá le breis taighde maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na cúinsí príomhthábhachta a threisíonn le fásra ar phortach beo, agus an éagsúlacht ó réigiún go réigiún á thabhairt san áireamh;

- Luach cainníochta a cheapadh leis an tionchar a bhíonn ag draenacha a bhlocáil maidir leis na cúinsí hidreolaíochta tairbheacha a thabhairt i bhfeidhm ar an bportach ard agus ar an bportach réitithe;
- Tuiscint a ghnóthú ar an mbunchúis le cailliúint ingearach móna trína scuabadh le screamhuisce réigiúnda agus ar an oiread a chailltear;
- Tuiscint a ghnóthú ar an gcúis a bhíonn le turnamh agus an oiread a tharlóidh, maille leis an tionchar a bheidh aige sin ar chúrsaí hidreolaíochta agus éiceolaíochta an phortaigh, a thuar;
- Tuiscint a ghnóthú ar na cúinsí is gá ar phortach réitithe ionas go gcruthófaí móin ionas gur féidir an dóigh go bhféadfaí portach réitithe a athchóiriú a mheas maidir le treisiú leis an bportach ard, le haidhmeanna caomhnúcháin i ndáil leis an láthair ar fad a bhaint amach agus le seirbhísí éiceachórais (e.g. i ndáil le tuilte agus le caighdeán an uisce); agus
- An tionchar atá ag portaigh ardaithe maidir le tuilte a sheachaint agus athrú aeráide a mhaolú.

Déanfar na réimsí taighde sin a mheas agus a chur in ord tábhachta de réir ceisteanna scóipe, costais agus achar ama d'fhonn clár tionscadail taighde maidir le tailte portaigh a leagan amach.

## An clár monatóireachta agus tuairiscíochta

Cuirfear clár monatóireachta ar bun ag tús chlár na hoibre maidir leis an athchóiriúchán agus leanfar den mhonatóireacht nuair a bhíonn deireadh leis an obair féin. Is é príomhchuspóir atá leis an gclár monatóireachta a fheabhas a éiríonn leis na bearta athchóiriúcháin a mheas trí thoradh na hoibre a thomhas agus tuairisc a thabhairt ar an éifeachtúlacht. Fágfaidh sin gur féidir meastachán a dhéanamh maidir le costais agus buntáistí inchomparáide a ghabhann le bearta athchóiriúcháin de chineálacha éagsúla. Ba cheart go ndéanfaí monatóireacht roimh ré (i.e. suirbhéireacht bonnlíne) agus tar éis an obair athchóiriúcháin a chur i gcrích. Beidh na gnéithe seo a leanas ag baint leis an gclár monatóireachta:



- Monatóireacht hidreolaíochta – lena mbaineann dhá phríomhghníomh: a) monatóireacht ar an tionchar ó thaobh cúrsaí hidreolaíochta a bhíonn ag an obair athchóiriúcháin ar phortach réitithe agus ar phortach ard agus b) monatóireacht ar an tionchar ionchais ó thaobh cúrsaí hidreolaíochta de a bheadh ag an obair athchóiriúcháin ar na tailte in aice láimhe.
- Monatóireacht fásra – lena mbaineann dhá phríomhghníomh: a) monatóireacht ar an bhfásra ar an bportach ard agus b) monatóireacht ar an bhfásra ar an bportach réitithe.

### Measúnú ar fheidhmeanna éiceachórais tar éis obair athchóiriúcháin a dhéanamh ar phortach

Deimhneofar leis seo an chaoi a gcuirfidh gníomhartha, ar an bportach ard agus ar an bportach réitithe, a dhéantar mar chuid den obair athchóiriúcháin, feabhas/forfheabhas ar na seirbhísí éiceachórais (i.e. bithéagsúlacht, bainistíocht i ndáil le baol tuilte, caighdeán an uisce agus rialtacht aeráide/stóráil carbóin).

## Achoimre ar an gClár Athchóiriúcháin

Tugtar san áireamh leis an gclár de bhearta caomhnúcháin maidir leis an gcéad tréimhse sé bliana (2017–2022) díograis i ndáil le bearta cosanta agus athchóiriúcháin taobh istigh de limistéir SAC portaigh ardaithe uile na hÉireann agus den chóras nua maidir le limistéir NHA. Chomh maith leis na bearta mionsonraithe cosanta, athchóirithe agus athbhunaithe, tá gá le creat gníomhaíochta mar a leagtar amach go hachomair in Tábla 7.1, maidir leis an gclár de bhearta caomhnúcháin a leagtar amach sa phlean seo atá bunaithe ar an reachtaíocht faoi láthair agus ar thionscnaimh caomhnúcháin.

**Tábla 7.1: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022)**

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| 1. Fógra agus ainmniúchán maidir le dhá limistéar nua SAC | Talamh faoi úinéireacht Bhord na Móna den chuid is mó | 2017 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | €0.005m (gan an costas cúitimh/ athlonnaithe maidir leis an lucht bainte móna a thabhairt san áireamh) |





**Tábla 7.1: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022)**

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| 2. Athchóiriúchán trí mhodhanna athchóiriúcháin den sárchleachtas a chur i bhfeidhm maidir le córas na bportach ardaithe ainmnithe lena mbainfidh: (tá sonraí breise ar fáil i gCaibidil 4) | 53 Limistéar SAC portaigh ardaithe (agus dhá SAC atá le hainmniú) agus láithreacha maidir leis an gcraobhchóras nua NHA | | | |
| • Tionscadal LIFE an AE – "Restoring Active Raised Bog in Ireland's SAC Network 2016–2020" – a chur i bhfeidhm | 12 Limistéar SAC portaigh ardaithe | 2016–2020 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS))/ Meitheal Thionscadal LIFE/An Coimisiún Eorpach | €5.4m (75% á mhaoiniú ag an AE) |
| • Bearta athchóiriúcháin ar limistéir SAC agus NHA a chuireann leis na haidhmeanna náisiúnta caomhnúcháin maidir le córas na bportach ardaithe, pleananna athchóiriúcháin agus bearta dreasachta maidir le hathchóiriúchán a leagan amach. Aidhmeanna caomhnúcháin maidir le gach láthair faoi leith a leagan amach do limistéir NHA portaigh ardaithe. Cáipéisí treorach agus cód cleachtais mar bhonn taca faoin mbeartaíocht seo. | Láithreacha áirithe i gcraobhchóras na limistéar SAC agus láithreacha maidir leis an gcraobhchóras nua NHA portaigh ardaithe | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)<br><br>Eagraíochtaí eile: Coillte/Bord na Móna/Grúpaí Pobail/ geallsealbhóirí eile | €12m |
| 3. Bearta seachanta (deireadh le bearta díobhálacha lena n-áirítear draenáil agus baint mhóna, crainn a chur d'fhoraoiseacht thráchtála, dóiteáin agus bearta díobhálacha eile de chuid an duine) | 53 limistéar SAC portaigh ardaithe reatha (agus dhá láthair atá le hainmniú) agus láithreacha maidir leis an gcraobhchóras nua NHA | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus geallsealbhóirí eile<br>Comhlachtaí reachtúla agus údaráis ceadaithe de réir mar a bhaineann le hábhar | An Scéim Cúitimh maidir le Scor de Mhóin a Bhaint (cúiteamh airgid, seachadadh móna agus athlonnú) €26.1m *(Nóta: déantar costas bainistíochta maidir le dóiteáin/* |

**Tábla 7.1: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022)**

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | *dramhaíl/ speicis ionracha agus gníomhaíocht eile an duine a áireamh i ndáil leis na bearta athchóiriúcháin)* |
| Bearta eile: | | | | |
| Féachaint le forálacha Airteagal 6(3) a chur i bhfeidh trí anailís eolaíochta a dhéanamh chun réimsí i limistéir SAC a shonrú atá oiriúnach maidir le baint mhóna nach mbainfidh ó shláine na láithreach (Féach Caibidil 5) | Líon beag láithreacha a roghnófar tar éis dul i gcomhairle leis an lucht bainte móna go háitiúil agus aontú mar gheall orthu | 2017–2018 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ Geallsealbhóirí | €0.1m in aghaidh an ionaid (ní gá gur mar a chéile an costas i ndáil le gach ionad ag brath ar oiread an fhiosrúcháin eolaíochta a bhíonn de dhíth) |
| Scrúdú a dhéanamh maidir le forálacha Airteagal 6(4) a chur i bhfeidhm maidir le limistéir SAC áirithe, más gá sin | | 2017–2018 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ Geallsealbhóirí | €0.1m in aghaidh an ionaid (ní gá gur mar a chéile an costas i ndáil le gach ionad ag brath ar oiread an fhiosrúcháin eolaíochta a bhíonn de dhíth) |
| Leanúint le bearta forfheidhmiúcháin agus le monatóireacht ón aer ar limistéir SAC | Gach limistéar SAC portaigh ardaithe | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ An Garda Siochána/ Óglaigh na hÉireann | Ní áirítear costas maidir leis an bplean seo – beartaíocht leanúnach |
| Pleananna Bainistíochta maidir le Draenáil a chur le chéile | Limistéir SAC portaigh ardaithe | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)/ OPW/údaráis áitiúla/ úinéirí talún) | €0.300m |

**Tábla 7.1: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022)**

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| 4. Athbhreithniú a dhéanamh ar Chóras na Limistéar NHA Portaigh Ardaithe | Craobhchóras na limistéar NHA reatha agus limistéir nua NHA | 2017–2018 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | Ní áirítear costas maidir leis an bplean seo – beartaíocht leanúnach (déantar an costas athchóiriúcháin maidir le limistéir áirithe NHA portaigh ardaithe a áireamh faoi bheart 2) |
| 5. Cúnamh d'eagraíochtaí eile agus do dhaoine aonair maidir le bearta caomhnúcháin i limistéir SAC portaigh ardaithe | Láithreacha áirithe | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus geallsealbhóirí eile | €0.5m |
| 6. Athbhreithniú Lár Téarma ar an bPlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Portaigh Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta | Náisiúnta | 2020 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | €0.2m |
| 7. Obair Ullmhúcháin ar an Dara Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Portaigh Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta Caomhantais | Náisiúnta | 2022–2023 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | €1.0m |
| 8. An Clár Caidrimh, Oideachais agus Feasachta Pobail maidir leis na Portaigh Ardaithe | Náisiúnta | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS), údaráis phoiblí agus geallsealbhóirí eile | €0.5m |
| 9. An Clár Suirbhéireachta agus Monatóireachta maidir le hÉiceatópanna Phortaigh Ardaithe | Náisiúnta | 2017–2022 | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | €1.0m |
| 10. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011–2015, Rialacháin maidir le Measúnacht Tionchair | Náisiúnta | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus údaráis eile a bhaineann le hábhar | Ní áirítear costas maidir leis an bplean seo – beartaíocht leanúnach |

**Tábla 7.1: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022)**

| Beart | Láthair | Tráth | Cúram | Costas Measta (2017–2022) |
|---|---|---|---|---|
| Timpeallachta agus Rialacháin maidir le Dliteanas Comhshaoil a chur i bhfeidhm d'fhonn gníomhartha díobhálacha a chosc de réir mar is cuí agus a bhaineann le hábhar | | | | |
| 11. An Clár Taighde maidir le Portaigh Ardaithe | Craobhchóras na bPortach Ardaithe | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) agus comhlachtaí/ gníomhaireachtaí eile a bhaineann le hábhar | €0.2m |
| 12. Ceangal ó thaobh reachtaíochta agus beartais le pleananna agus cláir eile a chinntiú, Pleananna Bainistíochta Abhantrach agus Pleananna Bainistíochta maidir le Baol ó Thuilte i nDobharcheantair san áireamh | Náisiúnta | Leanúnach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) | Níl costas i gceist a chuirtear i leith an phlean seo |

Tá costas measta is mó ná €22m á cheapadh leis na bearta i rith an tréimhse pleanála sé bliana, gan an costas €26.1m atá á thuar maidir leis an scéim CTCCS a thabhairt san áireamh. Ní thugtar san áireamh leis na figiúirí sin costais ghaolmhara na hearnála poiblí maidir leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ranna eile rialtais nó eagraíochtaí rialtais a mbeidh ról tábhachtach acu i gcónaí maidir leis an bplean a chur i bhfeidhm.

Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire nach féidir na haidhmeanna caomhnúcháin náisiúnta i ndáil le gnáthóg ARB ná na haidhmeanna caomhnúcháin ina leith sin maidir le limistéir SAC a bhaint amach taobh istigh den chéad tréimhse pleanála sé bliana (2017–2022). Beidh bearta athchóiriúcháin á gcur i bhfeidhm ach meastar go mbíonn ar a laghad 10 mbliana caite ón am a ndéantar draenacha a bhlocáil ar an bportach ard sula dtosaítear ar thoradh na hoibre sin a theacht chun cinn. Táthar ag tnúth, ina ainneoin sin, le toradh níos luaithe maidir le hathrú ar an bpátrún cúngaithe reatha i ndáil le hachar na réimsí de phortach ARB sula dtosaíonn fairsingiú níos suntasaí tráth is faide anonn. Síltear gur faide arís go dtugtar torthaí tairbheacha i gcrích maidir le hathchóiriú ar réimsí den phortach réitithe. Cé gur eol cásanna inar tharla athchóiriú an-lauth ar phortach réitithe i riocht is go raibh móin á cruthú in athuair, níl an éagsúlacht éiceolaíochta ná na tréithe cáilíochta a ghabhann le portach ARB lánaibí ag gabháil leis an gcineál sin. Tá i ndán go dtarlódh go fadtéarmach (50–100 bliain) go bhféadfaí réimsí acu a mheas ina phortach ARB.

Ionas gur féidir na haidhmeanna caomhnúcháin náisiúnta maidir le portaigh ardaithe a leagtar amach sa phlean seo a bhaint amach, beidh gá freisin leis na Pleananna Bainistíochta (pleananna athchóiriucháin den chuid is mó) maidir le limistéir NHA a chur i bhfeidhm in am tráth. Bheadh le tuiscint dá réir sin go gcuirfear tús leis na bearta athchóiriúcháin ar na limistéir SAC agus na limistéir NHA portaigh ardaithe ar fad le linn na dtrí thréimhse pleanála sé bliana (2017–2036). I bhfianaise a bhfuil á thuar leis sin, an féidir an clár athchóiriúcháin náisiúnta uile maidir le portaigh ardaithe a thabhairt chun críche in imeacht tréimhse is lú ná 20 bliain.

Ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den athchóiriú agus den chaomhnú ar thailte portaigh ionas go mbeadh dea-thoradh air, tá an córas taca a bheith ar bun a choinneoidh na buntáistí ón gclár oibre i dtreis san am atá romhainn.





Beidh comhoibriú, acmhainní agus cistíocht ar mhórscála de dhíth chun an infheistíocht i gcóras na limistéar SAC (agus NHA) portaigh ardaithe a choinneáil ar bun sa chaoi is go mbeidh toradh fónta ar an bplean seo.

## An Creat Gníomhaíochta Tosaíochta faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus Cistíocht don Phlean

Treoir neamhghnách ó thaobh an AE atá sa Treoir maidir le Gnáthóga sa mhéid is go bhfuil forálacha faoi leith dá cuid a bhaineann le comhchistíocht de chuid an AE. Éilítear faoi Airteagal 8.4 go n-aontódh an Coimisiún Eorpach creat gníomhaíochta tosaíochta lena mbaineann comhchistíocht de bhearta a dhéanfar maidir le limistéir SAC a mholtar lena n-ainmniú faoin Treoir. Tá próiseas i gceist leis sin maidir le hord tábhachta faoi chúrsaí cistíochta a aontú leis na Ballstáit i ndáil hionstraimí cistíochta éagsúla de chuid an AE a úsáid.

I mí na Samhna 2014, foilsíodh Creat Gníomhaíochta Tosaíochta 2014–2020 na hÉireann faoin Treoir maidir le Gnáthóga[18]. Sonraítear sa chreat sin, atá aontaithe ag an Rialtas, réimse gníomhartha is gá a dhéanamh chun cuidiú le stádas ghnáthóga agus speicis na hÉireann a fheabhsú. Sonraítear chomh maith na foinsí ionchais airgid maidir leis na bearta sin ar fud na gclár feidhmiúcháin éagsúil.

Tá Comhaontú Comhpháirtíochta[19] aontaithe ag an gCoimisiún Eorpach le hÉirinn (Samhain, 2014), ina leagtar síos an straitéis maidir leis an úsáid is fearr as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa ar fud na tíre i rith na mblianta 2014–2020. Is cistí iad sin a bhfuil leagtha amach go dtreiseoidís réimse leathan d'aidhmeanna beartais taobh istigh den AE a bhaint amach, ina measc an chuid a bhaineann le hathchóiriú, caomhnú agus forfheabhsú ar chúrsaí bithéagsúlachta (limistéir Natura 2000 agus limistéir ardfhiúntais dúlra san áireamh) agus high nature value areas) leis an athrú go dtí eacnamaíocht atá éadrom ó thaobh carbóin. Is féidir le cistí de chuid an AE faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014–2020 an AE cuidiú go mór leis na haidhmeanna seo a bhaint amach, go háirithe trí úsáid a bhaint as Cistí Talmhaíochta, Iascaigh agus Comhtháthaithe an AE.

Leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta 2014–2020 idir Rialtas na hÉireann agus an Coimisiún Eorpach go mbeidh costas €25m i rith tréimhse 10 mbliana leis na straitéis maidir le hathchóiriú ar thailte portaigh a thabhairt i gcrích.

Tá cúnamh suntasach faighte ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Chlár LIFE an AE i ndáil leis an tionscadal €5.chun athchóiriú a dhéanamh ar an bportach ardaithe beo i 12 limistéar SAC taobh istigh de chóras na limistéir SAC. Beidh an tionscadal sin ina bhonn daingean faoin bhfealsúnacht maidir le haontú an phobail áitiúil leis an obair athchóiriúcháin agus caomhnúcháin a chothú agus treoirlínte maidir leis na modhanna athchóiriúcháin is fearr a chur ar fáil. Anuas ar an gciste a cuireadh ar fáil maidir le Tionscadal LIFE Phortaigh

18. Treoir Uimh. 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú Treoir Uimh. 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú agus Treoir 2009/147/CE an 30 Samhain 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú: FORMÁID DO CHREAT GNÍOMHAÍOCHTA TOSAÍOCHTA (PAF) MAIDIR LE NATURA 2000 i ndáil leis an Tréimhse Maoiniúcháin Ilbhliantúil an AE EU 2014–2020, Éire https://www.npws.ie/sites/default/files/general/PAF-IE-2014.pdf
19. Comhaontú Comhpháirtíochta Éire 2014–2020. Éire 1 Eanáir 2014 – 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le hAirteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 Samhain 2014 https://ec.europa.eu/info/publications/partnership-agreement-ireland_en

Ardaithe na hÉireann (IE/NAT/000032) tá €9m geallta maidir le hathchóiriú ar thailte portaigh faoi phlean caipitil an Rialtais, Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016–2021 (DPER, 2015). Chuir an Rialtas ciste €1m ar fáil maidir le hathchóiriú ar thailte portaigh sa bhliain 2015, sa bhliain 2016 agus arís sa bhliain 2017.

Cé go bhféadfadh cistíocht LIFE de chuid an AE roinnt deiseanna breise a chruthú cúnamh a thabhairt maidir le hobair caomhnúcháin, bainistíocht agus athchóiriú ar thailte portaigh, beidh scrúdú á dhéanamh maidir le Cláir Feidhmiúcháin eile de chuid na hEorpa chomh maith, ina measc cláir i ndáil le forbairt réigiúnach, cláir taighde agus nuála agus clár INTERREG.

## Cúrsaí bainistíochta agus an t-am atá romhainn

Mar a leagtar amach i gcaibidlí roimhe seo, ní mór an bhainistíocht chuí agus an t-athchóiriú cuí a dhéanamh maidir leis na portaigh ardaithe ionas gur féidir na spriocanna náisiúnta bithéagsúlachta a bhaint amach. Ní mór sin a dhéanamh trí chomhoibriú leis an lucht bainte móna, le lucht úsáide na talún agus leis na húinéirí. Aontaítear go bhfuil cláir oideachais agus tuisceana agus rannpháirtíocht an phobail agus caidreamh leis an bpobal ina ngnéithe bunriachtanacha den bhainistíocht agus den athchóiriúchán maidir leis an mbithéagsúlacht, go háirithe i gcás tailte portaigh, agus tagraítear dá leithéid i gcáipéisí náisiúnta de chineálacha éagsúla, iad seo a leanas ina measc:

- An Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (2017–21) de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tugtar cuspóir san áireamh leis sin maidir le cur leis an tuiscint agus leis an meas ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais (Aidhm 3) d'fhonn tuiscint níos fearr a chothú i measc lucht ceaptha beartais, gnólachtaí, geallsealbhóirí, pobail áitiúla agus an pobal i gcoitinne ar an tairbhe atá leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais (Sprioc 4).
- Tuarascáil an EPA maidir le tailte bogaigh (Renou-Wilson, 2011). Aontaítear sa cháipéis seo chomh maith go bhfuil tábhacht le pobal na comharsanachta mar chaomhnóirí maidir le hacmhainní tailte portaigh agus le páirt a bheith acu sa bhainistíocht ina leith. Leagtar béim sa cháipéis freisin ar an tábhacht atá le caidreamh a dhéanamh go luath agus go forleitheadach le geallsealbhóirí agus le cláir tuisceana agus oideachais maidir le tailte portaigh ionas go léirítear na buntáistí atá le tailte portaigh a chaomhnú (Beart 7 maidir le bainistíocht ar thailte portaigh ar mhaithe leis na daoine agus in éineacht leis na daoine).
- An Plean Náisiúnta Tailte Portaigh (NPWS, 2015). Tá aird sa cháipéis seo ar an tábhacht atá le breis tuisceana a chothú maidir leis an tábhacht atá le tailte portaigh in Éirinn: "Ní thuigtear go coitianta i measc an ghnáthphobail an tábhacht atá le bainistíocht stuama ar thailte portaigh agus an tionchar a fhéadann a bheith ag an gcúram ar an bpobal i gcoitinne. Tá an straitéis dírithe ar thuiscint a chothú i measc an ghnáthphobail, úinéirí talún agus lucht déanta cinntí faoin bhfiúntas atá le tailte portaigh agus a dtiocfadh i gceist de bharr drochnósanna bainistíochta agus de bharr dhea-nósanna bainistíochta (Fís 19)." Anuas ar an méid sin, tá dhá bheart san áireamh leis an straitéis a bhaineann le húsáid a d'fhéadfaí a bhaint as tailte portaigh ar mhaithe le cúrsaí turasóireachta agus caitheamh aimsire. Deirtear maidir le Beart 29: "go ndéanfar forfheabhsú ar thailte portaigh mar áiseanna turasóireachta agus caitheamh aimsire inmharthana, a mbeadh i ndán go dtiocfadh gnóthachan don phobal dá mbarr, a thabhairt san áireamh mar chuid den phlean agus de phleananna oiriúnacha eile." Luaitear níos sainiúla ná sin maidir le Beart 30: "go raibh na tailte portaigh a mheas mar áis taitneamhachta ina chuid d'iarratas na hÉireann faoi chlár LIFE agus go dtabharfar san áireamh é mar chuid de na pleananna athchóiriúcháin a bhaineann le hábhar san am atá romhainn."

Chun na críche sin, cuirfear clár oibre chun cinn faoin bplean seo maidir le caidreamh a chothú leis an bpobal agus oideachas agus tuiscint ar a mbaineann leis na portaigh ardaithe a chur chun tosaigh.

Aontaítear go bhfuil grúpaí caomhnúcháin agus bainistíochta atá bunaithe i measc an phobail a thabhairt chun tosaigh ionas go bhféadann siad feidhmiú mar chaomhnóirí ar phortaigh an cheantair, ar cheann de na bealaí is fearr chun cosaint fhadtéarmach na ngnáthóg agus na speiceas a chinntiú an tráth céanna a dtugtar an leas is fearr do phobal na háite i gcrích. Tá níos mó ná 10 gcinn de ghrúpaí caomhnúcháin tailte bogaigh atá bunaithe i measc an phobail (e.g. grúpa Mhainistir Laoise, grúpa na Cabraí, grúpa na Coirre Léithe, grúpa Chloch Shiurdáin, agus grúpa Chlóirthigh) sa bhFóram Pobail maidir le Tailte Bogaigh a cuireadh ar bun le gairid faoi scáth Nasc Tuaithe na hÉireann. Feidhmíonn an fóram mar áis maidir le heolas a mhalartú, cúnamh taca a chur ar fáil do ghrúpaí eile, treoirlínte sárchleachtais a chur ar fáil, rannpháirtíocht an phobail a chothú, imeachtaí caitheamh aimsire (siúlóidí agus cainteanna), deiseanna obair dheonach a dhéanamh, roghanna maoirseachta, agus comhaontuithe bainistíochta. Tháinig cuid mhór de na grúpaí seo chun cinn mar gheall ar bheartaíocht mhuintir na háite i ndáil le tailte bogaigh an cheantair a bheith faoi bhagairt agus de thoradh ar léargas na ngrúpaí ar na buntáistí éagsúla socheacnamaíochta a fhéadann a theacht ó na láithreacha sin a chaomhnú.

Is féidir craobhchórais den sórt sin a bheith ina mbunús le caidreamh pobail trína ndéanann geallsealbhóirí éagsúla (e.g. grúpaí pobail, úinéirí talún agus oibrithe deonacha) atá ag obair ar láithreacha tailte bogaigh a chaomhnú eolas a chur sa timpeall agus cuidiú lena chéile.

## Caidreamh leanúnach leis an lucht bainte móna agus le geallsealbhóirí eile

Is ón gcomhairliúchán leitheadach agus ón bplé le hionadaithe de chuid an lucht bainte móna agus ionadaithe de chuid úinéirí talún ar limistéir SAC portaigh ardaithe a d'eascair na gnéithe den phlean seo trína bpléitear le hathlonnú, cúiteamh agus Airteagal 6(3) agus Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga a fheidhmiú.  Leanfar den chaidreamh leis an lucht bainte móna agus le grúpaí ionadaíochta d'fhonn cur leis an tuiscint ar réimsí íogaireachta na láithreacha agus damáiste breise a sheachaint agus d'fhonn breis eolais a thiomsú chomh maith atá de dhíth chun pleananna bainistíochta agus athchóiriúcháin maidir le láithreacha faoi leith go sonrach a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm.  Áirítear ar eolas den chineál sin, líon na ndaoine a bhíonn ag baint mhóna a bheadh sásta athrú go dtí láthair neamhainmnithe sa cheantar; an líon a bheadh i dteideal cúiteamh a fháil; agus an líon arbh fhearr leo cúiteamh airgid ná deis athlonnaithe. Is den ríthábhacht go ndéanfadh an lucht bainte móna agus a gcuid ionadaithe caidreamh leis an Roinn ar bhealach dáiríre ionas gur féidir an t-eolas seo a bhailiú agus ligean don dul chun cinn maidir le hathlonnú.

Beidh tábhacht lárnach le coistí caidrimh áitiúla, a dhéanann ionadaíocht thar ceann an lucht bainte móna, maidir le seifteanna áitiúla a aontú agus a chur i bhfeidhm chomh maith le seirbhís bhuntábhachta a dhéanamh maidir le cásanna aighnis a sheachaint agus réiteach a fháil ar aon aighneas idir údaráis an Stáit agus duine aonair.  De réir a chéile, d'fhéadfadh daoine den ghnáthphobal ar spéis leo an cúram a bheith ar choistí caidrimh chomh maith, daoine aonair nó ionadaithe grúpaí, chomh maith le húdaráis áitiúla agus náisiúnta lena mbaineann an bhainistíocht ar an láthair ar mhaithe le caomhnú an dúlra.  Déanfaidh an Roinn coistí caidrimh áitiúla a spreagadh agus a chothú.

Beidh baint lárnach ag na coistí caidrimh leis an bpleanáil agus leis an gcur i bhfeidhm maidir leis na pleananna athchóiriúcháin agus bainistíochta i ndáil le láithreacha faoi leith go sonrach agus beidh páirt lárnach acu freisin sa bhainistíocht leanúnach ar láithreacha agus san fhorbairt ar áiseanna taitneamhachta ar mhaithe le pobal an cheantair. Nuair a dhéantar an obair atá riachtanach, bainfear leas, a oiread is féidir agus faoi réir ag coinníollacha maidir leis an soláthar poiblí, as saineolas agus cumas atá ar fáil sa cheantar.  Nuair is gá sin, cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil d'fhonn cumas dhaoine na háite a fhorbairt.

Cuirfidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, le toiliú na n-úinéirí talún, an cás maidir le hAirteagal 6(3) chun cinn trí na próisis rialála a bhaineann leis na láithreacha de réir mar a leagtar amach i gCaibidil 5. Leanfaidh an Roinn den chaidreamh leis an gCoimisiún Eorpach maidir le haon chás faoi Airteagal 6(4).

## An Plean a chur i bhfeidhm

Beidh an chéad Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais i bhfeidhm go ceann sé bliana idir 2017 agus 2022.  Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoirseacht maidir lena chur i bhfeidhm.  Beidh de chúram ar roinnt comhlachtaí Stáit agus leathstáit cuidiú leis an bplean a thabhairt i gcrích, ina measc an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil; agus údaráis áitiúla, Coillte agus Bord na Móna. Beidh gá chomh maith le comhoibriú na ngeallsealbhóirí ar fad, lena n-áirítear an Chomhairle Tailte Móna, lucht bainte móna, dreamanna áitiúla agus grúpa timpeallachta.

Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn maidir leis an bplean ó thaobh na haidhmeanna a bhaineann le hobair caomhnúcháin agus díriú ar riachtanais na ndaoine a mbeidh sin ina chur isteach orthu araon a thabhairt i gcrích. Déanfar an mhonatóireacht de réir mar a leagtar amach in Tábla 10.1 den mheasúnacht SEA a fhoilsítear in éineacht leis an bplean seo.

Tabharfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta tuairisc faoin dul chun cinn maidir leis an bplean a chur i bhfeidhm don Chomhairle Tailte Móna agus don Government. Déanfar athbhreithniú lár téarma sa bhliain 2020 agus cuirfear tús le tuarascáil chríochnúil a ullmhú sa bhliain 2022.  Déanfar an dara Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe a ullmhú ansin maidir leis an tréimhse idir 2023 agus 2029 agus an tríú plean maidir leis an tréimhse idir 2030 agus 2036.  I rith an tréimhse idir 2030 agus 2036 a tharlóidh an chéim deiridh den chlár athchóiriúcháin maidir le córas na bportach ardaithe ainmnithe.  Tiocfaidh an plean a chur i bhfeidhm leis an obair a dhéanann Grúpa Chur i bhfeidhm na Straitéise maidir le Tailte Portaigh agus tiocfaidh sé faoi anáil shaothar taighde agus obair mhonatóireacht i rith a ré feidhme.

| Torthaí Saothair maidir leis an gCur i bhFeidhm | Tráth |
|---|---|
| **Tús le Clár Athchóiriúcháin na bPortach Ardaithe (Céim 1)** | R4 2017 |
| Tuarascáil Lár Téarma | Nollaig 2020 |
| Tuarascáil Chríochnúil | Nollaig 2022 |
| **An Clár Athchóiriúcháin (Céim 2)** | 2023–2029 |
| An Dara Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe | 2023–2029 |
| **An Tríú Plean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta** Caomhantais Portaigh Ardaithe | 2030–2036 |
| An Clár Athchóiriúcháin (Céim 3) | 2030–2036 |



© Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta



# Aguisíní



# Aguisín 1

## Limistéir na bPortach Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta in Éirinn

**Tábla A1.1:Limistéir Speisialta Caomhantais(SACs) na bPortach Ardaithe in Éirinn**

| Cód na Láithreach | Ainm na Láithreach | Ainm an phortaigh/na bportach más éagsúil ó ainm an SAC | Liosta na gContaetha |
|---|---|---|---|
| 000006 | SAC Phortach Chillidh Chonnaidh (Cloghbally) | | An Cabhán, an Mhí |
| 000231 | SAC Phortach Bharr Uachtair | | Gaillimh |
| 000248 | SAC Phortach Chluain Maoláin | | Gaillimh |
| 000285 | SAC Phortach Choill Salach | | Gaillimh |
| 000296 | SAC Phortach Lios na gCaorach agus Thurlach Bhaile na Staice | | Gaillimh |
| 000297 | SAC Loch Coirib | Portach Eadargúla | Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin |
| 000301 | SAC Phortach Loch Loirgín/ Thurlach Ghleann na Madadh | | Gaillimh |
| 000326 | SAC Phortach na Seanchoille Thiar | | Gaillimh |
| 000382 | SAC Phortach Sheithe Fhraoigh (Ardach) | | Ciarraí |
| 000391 | SAC Phortach Bhaile na Faiche | | Cill Dara |
| 000440 | SAC Loch Rí | Portach Chluain Creamha agus Portach Chluain Láir | An Longfort, Ros Comáin, An Iarmhí |
| 000497 | SAC Phortach na Fliuchmhuine | | Maigh Eo, Sligeach |
| 000566 | SAC Phortach na Naomh agus na hEascrach | | Uíbh Fhailí |
| 000572 | SAC Phortach Chlóirthigh | | Uíbh Fhailí |
| 000575 | SAC Phortach an Fhéir Bháin | | Uíbh Fhailí |
| 000580 | SAC Phortach Mongan | | Uíbh Fhailí |
| 000581 | SAC Phortach Mhaigh Cláir | | Uíbh Fhailí |
| 000582 | SAC Phortach an Ráithín Mhóir | | Uíbh Fhailí |
| 000585 | Bog SAC Phortach Shearbhóige | | Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann |
| 000592 | SAC Phortach Bhéal Átha na gCarr | | Ros Comáin |
| 000595 | SAC Phortach an Chalaidh | | Ros Comáin |
| 000597 | SAC Phortach Cheathrú Bheithí/na Ceachrach | | Ros Comáin |
| 000600 | SAC Phortach Chluain Seamhair | | Ros Comáin |
| 000604 | SAC Phortach Dhoire an Fhia | | Ros Comáin |
| 000614 | SAC Phortach Chluain Seanmhaoil | | Ros Comáin |
| 000641 | SAC Phortach Bhaile Dubh/Chluain Fionnáin | | Tiobraid Árann |
| 000647 | SAC Phortach Choill Uí Chairín/Bhaile Giúise | | Tiobraid Árann |
| 000679 | SAC Phortach Garriskil | | An Iarmhí |
| 001242 | SAC Phortach Cheathrú na gCapall | | Gaillimh |
| 001818 | SAC Choimpléasc Loch Foirbis | Portach Bhaile Chionaoith agus Portach Fisherstown | An Longfort, Ros Comáin |
| 002110 | SAC Phortach Chorrlios Sciach/an Treana/Chluain Leataoibh | | Gaillimh, Ros Comáin |
| 002298 | SAC na Muaidhe | Portaigh Dhoire na mBroc, na Tamhnaí Bige na Coille Gairbhe, an Ghabhláin agus Chluain gCuanach | Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach |
| 002331 | SAC Phortach Mouds | | Cill Dara |
| 002332 | SAC Phortach Chúil na Rian | | Laois |

| Cód na Láithreach | Ainm na Láithreach | Ainm an phortaigh/na bportach más éagsúil ó ainm an SAC | Liosta na gContaetha |
|---|---|---|---|
| 002333 | SAC Phortach Chnoc an Choiléir | | Laois |
| 002336 | SAC Phortach Carn Park | | An Iarmhí |
| 002337 | SAC Phortach Choill na Croise | | An Iarmhí |
| 002338 | SAC Phortach Dhroim an Locha | | Ros Comáin |
| 002339 | SAC Phortach Bhaile na Móna agus Loch Chorr an Chip | | Ros Comáin |
| 002340 | SAC Phortach Moneybeg agus Phortach Clareisland | | An Mhí, An Iarmhí |
| 002341 | SAC Phortach Ard an Chuilinn | | An Longfort |
| 002342 | SAC Phortach Mount Hevey | | An Mhí, An Iarmhí |
| 002343 | SAC Phortach agus Loch Thulachair | | Clare |
| 002346 | SAC Phortach Brown | | An Longfort |
| 002347 | SAC Phortach Chamdhoire | | Gaillimh |
| 002348 | SAC Phortach an Chluainín | | An Longfort |
| 002349 | SAC Phortach Chorr Bó | | Ros Comáin |
| 002350 | SAC Phortach Churrach Leitheanach | | Gaillimh |
| 002351 | SAC Phortach Moanveanlagh | | Ciarraí |
| 002352 | SAC Phortach Mhuine Mheá | | Gaillimh |
| 002353 | SAC Phortach Choillte Rua | | Tiobraid Árann |
| 002354 | SAC Phortach an Tulacháin Charraigh | | Ros Comáin |
| 002356 | SAC Phortach na hArdghráige | | Gaillimh |



# Aguisín 2

## An cur chuige maidir le Staid Eicihidreolaíochta Phortaigh Ardaithe na hÉireann a mheas

### An cumas maidir le hathchóiriúchán ar phortaigh ardaithe a shamhaltú

Rinneadh measúnú ar na coinníollacha fisiciúla faoina maireann agus faoina bhforbraítear portach ardaithe beo (ARB), trí bhíthin samhlacha a dhéanamh de phortaigh faoi leith chun a bhfeidhm hidreolaíocha thuiscint. Ach an cur chuige seo a úsáid, is féidir limistéir ar féidir iad a mheas mar phortaigh ardaithe díghrádaithe (DRB) atá fós ábalta athghiniúint nádúrtha a dhéanamh a shainaithint. An bunús don phróiseas samhaltaithe seo taighde a rinneadh ar dtús ar dhá phortach ardaithe i Lár na Tíre i rith na 1990idí, agus a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar chúig phortach ardaithe i Lár na Tíre in Éirinn. Bhain an próiseas samhaltaithe sin le cúinsí topagrafacha tacaíochta (lena n-áirítear cruth dromchla, fána agus pátrúin draenála) a aithint a d'oirfeadh suíomhanna ina raibh ARB. Ansin, baineadh úsáid as na cúinsí sin chun limistéir athchóiriúcháin féideartha a thuar áit a mbeadh an topagrafaíocht oiriúnach d'fhorbairt ARB i ndiaidh bhearta athchóiriúcháin mar shampla draenacha a bhlocáil.

Is ar choincheap an Chumais Acraiteilme Féideartha (PAC), arna forbairt ag van der Schaaf (2002b), atá gné lárnach na samhla eicihidreolaíochta bunaithe, áit a léiríonn PAC cumas topagrafaíocht an phortaigh ardaithe tacú le ARB. Tríd is tríd, moltar modh sa tsamhail le measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfanfaidh limistéir sách fliuch chun fásra ar phortaithe ardaithe a chothú. Go háirithe, glactar leis sa tsamhail gurb iad fad shlí an tsrutha in aghaidh srutha(L) agus fána dromchla áitiúil (s) na bunpharaiméadair fhisiciúla atá mar bhonn taca do mharthanas ARB, atá faoi thionchar chúinse crutha maidir le slí an tsrutha (f) éadoiseach freisin. Tugtar sainmhíniú ar an PAC atá mar thoradh air sin (I dtéarmaí ciliméadar) san fhoirmle:

$$PAC = \frac{L}{fs}$$

PAC = Cumas Acraiteilme Féideartha (km)
L = Fad shlí an tsrutha in aghaidh srutha(m)
s= Fána dromchla áitiúil (m km-1)
f = cúinse crutha maidir le slí an tsrutha éadoiseach

Tá sé deacair sainmhíniú dóthanach a thabhairt ar c, áfach, mar gheall go mbíonn an oiread sin éagsúlachtaí i gcruth shlí an tsrutha. Mar thoradh air sin, mheas van der Schaaf go raibh luach f=1 ina chomhréiteach réasúnta i bhformhór na gcásanna. Tríd is tríd, tugann an fhoirmle seo le tuiscint gurb iad na limistéir ina bhfuil slí an tsrutha fhada in aghaidh srutha, in éineacht le fána réidh, na cinn is dóchúla a thacóidh le ARB. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go nglactar leis san fhoirmle seo nach dtiocfaidh athrú ar na cúinsí topagrafacha. Sa chás go bhfanann na cúinsí topagrafacha dinimiciúil, e.g. turnamh leanúnach suntasach, bheifeá ag súil leis go dtiocfadh athrú ar na luachanna PAC a bhfaighfeá in imeacht ama. Glactar leis, freisin, nach dtarlaíonn caillteanas suntasach ó thaobh báisteach éifeachtach ach amháin trí bhíthin sruth thar tír agus ní le cineálacha éagsúla srutha ingearaigh trí mhóin scoilte, scáintí nó súmairí.

Tá an luach tairsí a dtarlaíonn DRB ina dhiaidh, ach an cur chuige PAC mar a shainmhínigh van der Schaaf agus Streefkerk é (2002) a úsáid, bunaithe ar na gnáthluachanna PAC a fheictear sna héiceatópanna a théann de ghnáth le imill phortach (éiceatópanna imeallacha agus bruacha éadain)bunaithe ar an seacht bportach ardaithe i Lár na Tíre a ndearnadh staidéar orthu. Thángthas ar an gconclúid sa staidéar go bhféadfaidh limistéir a bhfuil luach PAC > 50km acu a bheith gníomhach ar deireadh trí bhíthin bhearta athchóiriúcháin. I gcodarsnacht leis sin, ní léir an cumas maidir le téarnamh go ARB i limistéir ina bhfuil luachanna PAC < 50km ach > 30km,agus bheadh sé dodhéanta limistéir a bhfuil luach PAC < 30km acu a athchóiriú gan oibríochtaí teicniúla ollmhóra, mar shampla dambaí móra.

Sa chlár oibre ar thug RPS faoi, cuireadh an fhoirmle PAC i bhfeidhm maidir le portaigh ardaithe agus leas á bhaint as teicneolaíocht LiDAR nach raibh ar fáil do van der Schaaf agus Streefkerk nuair a rinne siad a gcuid taighde bunaithe. Is teicneolaíocht cianbhraiteachta é LiDAR a thomhaiseann airde dromchla ingearach ach targaid a shoilsiú le léasar agus anailís a dhéanamh ar an solas frithchaite. Bailítear na sonraí ar an láthair ach eitleán atá ag eitilt go híseal a úsáid. Leis sin, déantar léarscáileanna topagrafacha de phortaigh ardaithe atá i bhfad níos mionsonraithe agus cruinne ná mar is féidir a bhailiú le teicnící suirbhéireachta.

Bailíodh sonraí LiDAR do gach ceann de na 53 SAC portaigh ardaithe agus na 75 Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHA)

portaigh ardaithe, a thug deis samhail eicihidreolaíoch níos cruinne a fhorbairt ach faisnéis thopagrafach mhionsonraithe maidir le pátrúin draenála agus fána na bportach ardaithe a sholáthar.

Roinneadh roinnt tuairimí nuair a cuireadh an próiseas seo i bhfeidhm le SAC na bportach ardaithe:

Ar dtús, bhí limistéir ann ina raibh ARB, ach níor thug an tsamhail le tuiscint ar shlí dhóthanach go raibh na cúinsí oiriúnach d'fhorbairt ARB. I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an bhfána dromchla áitiúil agus ar fhadshlí an tsrutha sna limistéir sin, thángthas ar an tátal go bhféadfadh an dobharcheantar rannchuidithe léiriú níos fearr a thabhairt ar fhadshlí an tsrutha.

Ar an dara dul síos, tugadh faoi deara go ndearnadh rómheastachán mar gheall ar an tsamhail sin ar limistéir ina bhfuil cumas athchóiriúcháin ARB i roinnt láithreacha i Lár na Tíre, agus léirítear go bhfuil na luachanna tairsí a fhaightear ón modh PAC a luaitear de ghnáth le himill phortach ró-íseal. Chomh maith leis sin, rinneadh meastachán go mór faoina luach ar limistéir ina bhfuil cumas athchóiriúcháin ARB in áiteanna ina dtiteann go leor báistí. Léirítear, leis sin, claonadh a éiríonn as an bhfoirmle PAC a forbraíodh a úsáid le haghaidh líon teoranta láithreacha i Lár na Tíre. Tagann an neamhréir seo chun cinn mar nach n-áirítear sa tsamhail éagsúlacht báistí ar fud na tíre, rud ar thug na chéad taighdeoirí aitheantas dó.

Chun na neamhréireanna sa mhodh PAC a chur san áireamh, cuireadh an dá leasú seo a leanas i bhfeidhm le foirmle na samhla topagrafaí agus leis an bpróiseas samhaltaithe.

1. D'fhonn bailiú ar feadh níos mó ná slí srutha amháin a théann go dtí pointe a chur san áireamh, moladh paraiméadar eile in áit fhad shlí an tsrutha. Leis an bparaiméadar sin, cuirtear san áireamh an dobharcheantar rannchuidithe agus tugtar tomhas níos fearr ar an dobharcheantar in aghaidh srutha a rannchuidíonn le pointe áirithe, go háirithe nuair a tharlaíonn coinbhéirseacht i ndáil le slí an tsrutha. Feidhmíonn an fhoirmle leasaithe, ar a tugtar cumas bailithe srutha leasaithe (MFAC), mar bhealach chun pátrún/cruth an tsrutha a thabhairt san áireamh go leanúnach agus mar sin deis a chur ar fáil leas níos mó a bhaint as na mionsonraí níos fearr a bhíonn ar fáil leis na sonraí LiDAR. Rinneadh an fhoirmle a leasú freisin chun na haonaid chéanna (km) a fháil is a fuarthas san fhoirmle PAC bunaidh:

$$MFAC = \frac{\sqrt{A}}{s}$$

MFAC = Cumas Bailithe Srutha Leasaithe (km)
A = Dobharcheantar rannchuidithe in aghaidh srutha (bailiú srutha) ($m^2$)
s = Fána dromchla áitiúil ($m\ km^{-1}$)

2. I ndiaidh an próiseas samhaltaithe a leasú chun aird a thabhairt ar an gcomhfhreagras idir dáileadh MFAC agus ARB, rinneadh anailís staitistiúil chun na meánluachanna MFAC sna príomhchatagóirí éiceolaíochta (Léaráid A2.1) a chinneadh. Ach an gaol seo a úsáid, bhíothas ábalta dáil aeráide a fhorbairt chun éagsúlacht réigiúnach i gcúinsí aeráide a chur san áireamh.




**Léaráid A2.1: An gaol idir an meán MFAC agus báisteach**

Léirítear an próiseas samhaltaithe eicihidreolaíoch sa tsraith léaráidí seo a leanas (Léaráidí A2.2 – A2.7) a bhaineann le SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí.

Tá an tsamhail bunaithe ar an tuiscint go bhfuil bearta athchóiriúcháin oiriúnacha ar fáil agus go gcuirtear bac mór ar chaillteanas ingearach uisce tríd an mhóin go doimhneacht. Sa chás nach dtarlaíonn sin, d'fhéadfadh an tsamhail eicihidreolaíoch rómheastachán a dhéanamh ar chumas athchóiriúcháin ARB, mar d'ainneoin cúinsí topagrafacha oiriúnacha a bheith i láthair, ní leor iad leo féin chun maoschlár ard agus seasmhach a choimeád sa mhóin.

Tugtar aghaidh ar an tsaincheist seo trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht bhearta athchóiriúcháin. Féideartha. Mar shampla, sa chás go bhfuil cúis shoiléir le heaspa ARB i limistéar inar chóir dó bheith ann, a thuartar leis an tsamhail, mar shampla draenacha feidhmiúla a bheith san áit sin sa phortach nó in aice léi, glactar leis go mbeidh athchóiriú trí bhíthin draenacha a bhlocáil thar a bheith éifeachtach chun ARB a athchóiriú (éifeachtúlacht ard). I gcodarsnacht leis sin, sa chás nach léir na cúiseanna le heaspa ARB, glactar leis go mbeidh athchóiriúchán sách neamhéifeachtach agus laghdaítear an fhéidearthacht athchóiriúcháin a thuartar leis an tsamhail (éifeachtúlacht íseal).




**Léaráid A2.2:SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí, grianghraf ón aer atá curtha ina ceart go geoiméadrach a thaispeánann teorainn an phortaigh ardaithe**




**Léaráid A2.3:SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí, Torthaí Suirbhé Éiceolaíoch 2009**




**Léaráid A2.4:SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí, íomhánna LiDAR 2012**




**Léaráid A2.5:SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí, fána faighte ó íomhánna LiDAR 2012**




Léaráid A2.6:SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí, slite draenála faighte ó íomhánna LiDAR 2012




Léaráid A2.7:SAC Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí, cumas athchóiriúcháin faighte ón tsamhail eicihidreolaíoch

## An fhéidearthacht maidir le hathchóiriú limistéar portaigh réitithe a shamhaltú

Aithnítear sa Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe, d'fhonn an sprioc náisiúnta maidir le ARB a bhaint amach caithfear oibreacha athchóiriúcháin a dhéanamh ar limistéir portaigh réitithe chomh maith le ar phortach ardaithe. Tá mar aidhm le bearta den sórt sin limistéir fásra a bhunú ina gcruthófar móin. De ghnáth, áfach, ní bheidh an struchtúr fásra ná an éagsúlacht speiceas a theastaíonn chun iad a mheas mar limistéir ARB ina achar ama gearr nó meánach ag limistéir mar sin. Ach d'fhéadfadh siad bheith ina limistéir ARB i ndiaidh achar ama fada (50–100 bliain). Bíonn sé níos costasaí agus níos casta, de ghnáth, gnáthóga a chruthaíonn móin ar limistéir portaigh réitithe a athchóiriú ná limistéir ardphortaigh oiriúnacha a athchóiriú, mar gheall ar an raon cúinsí breise is dócha a mbeidh tionchar acu ar rath an athchóiriúcháin. Áirítear orthu sin doimhneacht na móna, tréscaoilteacht na móna, móin eanaigh agus screamhuisce lán mianraí a bheith i láthair, féidearthacht maidir le rith chun sruthalán cothaitheach agus i bhfad níos mó damáiste a bheith déanta don mhóin agus í gan chosaint ar ocsaídiú.

D'fhonn limistéir ar phortach réitithe a bhfuil a d'fhéadfadh aistriú chuig fásra a chruthaíonn móin a shainaithint, forbraíodh samhail eicihidreolaíoch eimpíreach bunaithe ar theicnící samhaltaithe comhchosúla a forbraíodh don ardphortach. Baineann an cur chuige leis na limistéir portaigh réitithe is mó dócha go dtiocfaidh cúinsí chun cinn lena gcruthófar móin a shainaithint, bunaithe ar shuirbhéanna ar líon teoranta láithreacha ina bhfuil cruthú móna ag tarlú ar phortach réitithe agus na príomhnithe a bhfuil tionchar acu ar dhálaí hidreolaíocha sna limistéir sin a shainaithint.

Ní hionann is limistéir ardphortaigh ina bhfuil mapaí déanta de choimpléisc phobail plandaí ach teicnící suirbhéireachta aitheanta a úsáid, níl cur chuige mar sin in úsáid faoi láthair chun an raon pobal fásra is dócha a thiocfaidh chun cinn ar phortach réitithe athchóirithe a mhapáil. Dá bharr sin, ní rabhthas ábalta measúnú staitistiúil mionsonraithe a dhéanamh mar a rinneadh don ardphortach ach mapaí éiceatópanna a úsáid. Mar sin, úsáideadh cur chuige eimpíreach inar aithníodh na príomhchúinsí hidreolaíocha a bhain le forbairt an fhásra a chonacthas ar roinnt limistéar portaigh réitithe. Aithníodh ar an tslí sin gurb iad seo a leanas cuid de na príomhchúinsí is dócha ba chúis le forbairt fhásra a chruthaíonn móin ar limistéir portaigh réitithe:

- Pátrúin srutha agus dobharcheantar rannchuidithe;
- Fána dromchla;
- Loig iata a bheith i láthair;
- Doimhneacht/tréscaoilteacht sil-leagan móna;
- Leibhéil screamhuisce a d'éirigh ard go nádúrtha.

Is féidir an chéad trí chúinse a shainaithint go réasúnta cruinn ach sonraí LiDAR ardtaifigh a úsáid, ach is gá imscrúdú níos mionsonraithe a bhaineann go sonrach leis an láthair a dhéanamh i ndáil le doimhneacht/tréscaoilteacht sil-leagan móna agus leibhéil screamhuisce. Mar thoradh air sin, baineadh úsáid as fána dromchla agus loig iata a bheith i láthair mar bhunús don tsamhail thosaigh chun na limistéir is mó a d'fhéadfadh cúinsí sáithithe fanacht iontu a shainaithint. Glactar leis mar sin go bhfuil bearta athchóiriúcháin ar fáil agus go gcuirtear bac mór ar chaillteanas ingearach uisce tríd an mhóin go doimhneacht.

Déantar pátrúin srutha ar feadh dhromchla an phortaigh ardaithe, lena n-áirítear limistéir ardphortaigh agus portaigh réitithe, a shamhaltú. Déantar an fána dromchla áitiúil a ríomh chun limistéir a bhfuil fána topagrafach an-réidh acu a shainaithint agus déantar anailís chun loig iata is dóigh a choinneoidh uisce a shainaithint. Baineann an próiseas samhaltaithe leis na limistéir fánaí dromchla réidh (≤0.3%) agus na loig iata a bhfuil dobharcheantar rannchuidithe ar a laghad 5000m$^2$acu a shainaithint.

Is dócha go mbeidh gnáthóga a fhorbraíonn ar limistéir portaigh réitithe i ndiaidh athchóiriúcháin níos éagsúla ná na cinn a théann de ghnáth le hardphortach, de bharr i bhfad níos mó éagsúlacht suntasach i gcúinsí hidreolaíocha. Mar sin féin, is féidir na gnáthóga ina gcruthaítear móin a d'fhéadfadh teacht chun cinn a roinnt go ginearálta in dhá chatagóir:

- Gnáthóga portaigh a chruthaíonn móin
- Gnáthóga eascaigh a chruthaíonn móin

Sa chás gur báisteach agus rith chun srutha ón ardphortach an príomhfhoinse uisce, is dócha go dtiocfaidh gnáthóga portaigh an-ombratrófacha a chruthaíonn móin chun cinn. D'fhéadfadh na limistéir sin de ghnáthóga portaigh a chruthaíonn móin éirí isteach ina limistéir ARB san fhadtéarma (50–100 bliain) agus mar sin meastar go rannchuidíonn siad leis na spriocanna fadtéarmacha don ghnáthóg. I gcodarsnacht leis sin, sa chás go bhfuil tionchar suntasach ó uisce lán mianraí (e.g. mar gheall ar thonnadh aníos screamhuisce lán mianraí nó sraith móin eanaigh a bheith i láthair), is mó dócha gur éascaigh nó fásra eanaigh a thiocfaidh chun cinn. Déantar measúnú tosaigh ar an gcineál fásra ceannasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn bunaithe ar an bhfaisnéis ar fáil, lena n-áirítear pátrúin uisce dromchla agus topagrafaíocht is féidir a úsáid mar léiriú ar an áit a bhféadfadh tonnadh aníos screamhuisce lán mianraí tarlú. Bheifeá ag súil le meascán gnáthóg i bhformhór na gcásanna, áfach, i ndiaidh athchóiriúchán ar limistéir portaigh réitithe.

# Aguisín 3

## Forléargas Teicniúil ar Chóras na Limistéar SAC Portaigh Ardaithe

### SAC Phortach na Naomh agus na hEascrach - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | Limistéar SAC Phortach na Naomh agus na hEascrach |
| **Cód na Láithreach:** | 000566 |
| **Contaetha:** | Uíbh Fhailí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_040, Shannon[Lower]_SC_060 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000566 |

### Achoimre ar an Láthair

Is portach ardaithe ar thalamh íseal é Portach na Naomh atá suite thart ar 5km siar ó thuaidh ó Bhiorra. Tá ceantar mór de choillearnach portaigh sa chuid lárnach den láthair, gné annamh ar phortaigh ardaithe na hÉireann. Rinne meiltiú móna tráchtála san am a caitheadh damáiste den chuid thoir-thuaidh den láthair. Tá droim eascrach mór ar theorainn an phortaigh ar an taobh ó dheas.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 228.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 226.8 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -2.1 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.9% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Keiiy et al. 1995) | 66.6 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 39.8 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | -26.8 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | -40.2% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 21.2 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 10.7 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Ard an Chuilinn - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Ard an Chuilinn |
| **Cód na Láithreach:** | 002341 |
| **Contaetha:** | An Longfort |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Inny[Shannon]_SC_020, Inny[Shannon]_SC_050, Camlin_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002341 |

## Achoimre ar an Láthair

Tá Portach Ard an Chuilinn suite 5km soir ó thuaidh ó Mheathas Troim, an chuid is mó de sna bailte fearainn Cluain Sionnach agus Ard an Chuilinn i gCo Longfoirt. Tá luach ard caomhnaithe ag baint leis an bportach mar gheall ar an achar suntasach de phortach ardaithe atá ann. Cé nach bhfuil an láthair an-fhairsing agus nach bhfuil ann anois ach a bhfuil fanta de phortach ardaithe a bhí i bhfad ní ba fairsing tráth, coinnithe ann tá sampla maith fós d'fhásra beo an phortaigh ardaithe ina bhfuil tulóga agus linnte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 57.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 56.9 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -1.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.7% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1999 (ha) (Derwin & MacGowan, 2000*) (*Athbhreithnithe 2014) | 14.0 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 2.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 6.3 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach na hArdghráige - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach na hArdghráige |
| **Cód na Láithreach:** | 002356 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_050, Kilcrow_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002356 |

## Achoimre ar an Láthair

Tá Portach na hArdghráige suite thart ar 3km soir ó thuaidh ó Chill Íomair, Co na Gaillimhe Is portach beag ardaithe iartharach é ina bhfuil sampla maith de phortach ardaithe beo le coimpléisc tulóg/log Tá an láthair seo níos spéisiúla fós de bharr an limistéar fliuch sruthlaithe atá ar an taobh thoir-thuaidh den phortach.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 89.5 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 80.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -9.1 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -10.2% |
| Gan aon suirbhé níos túisce ar fáil | N/A |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2003 (ha) (Fernandez et al.2006) | 10.3 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 5.2 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 8.8 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Bhaile Uí Dhuibh/ Chluain Fhionnáin - Achoimire

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Bhaile Uí Dhuibh/ Chluain Fhionnáin |
| **Cód na Láithreach:** | 000641 |
| **Contaetha:** | Tiobraid Árann |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | LittleBrosna_SC_020, Shannon[Lower]_SC_060 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000641 |

## Achoimire ar an Láthair

Tá portaigh Chluain Fhionnáin agus an Bhaile Dhuibh suite 6km siar ó dheas ó Bhiorra. Tá ceangal ag an dá phortach le chéile agus tá siad tagtha le chéile in aon láthair amháin. Rinne draenáil agus baint mhóna ar bhonn tráchtála san am atá caite dochar do Phortach Chluain Fhionnáin agus níl ach achar beag portaigh beo ann Chuir draenáil isteach ar Phortach an Bhaile Dhuibh freisin cé go bhfuil achar maith d'fhásra portaigh ardaithe ann Rinne an NPWS claiseanna a dhúnadh mar chuid den obair athchóirithe atá ar bun acu agus tá tairbhe leis seo.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 175.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 173.9 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -1.9 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.1% |
| Achar portaigh ardaithe beo i mBaile Uí Dhuibh 1994 (ha) (Kelly et al. 1995) agus i gCluain Fionnáin 1994 (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 36.9 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 17.8 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | -19.1 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | -51.8% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 30.1 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Bhaile na Faiche - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Bhaile na Faiche |
| **Cód na Láithreach:** | 000391 |
| **Contaetha:** | Cill Dara |
| **Ceantar Abhantraí:** | An Oirdheisceart |
| **Fo-Abhantrach:** | Slate_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000391 |

## Achoimre ar an Láthair

Tá portach Bhaile na Faiche suite 1 km siar ón gCorrchoill, Co Chill Dara Tá an portach an-luachmhar ó thaobh na héiceolaíochta mar gheall ar an bportach ardaithe atá i gceartlár na láithreach. Tá tábhacht leis an bportach seo freisin mar go bhfuil sé ar cholbha thoir an raoin.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 73.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 69.7 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -3.9 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -5.3% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 14 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 6.5 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | -7.5 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | -53.6% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 6.9 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 13.2 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Portach Bhaile na Móna agus Loch Chorr an Chip - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Portach Bhaile na Móna agus Loch Chorr an Chip |
| **Cód na Láithreach:** | 002339 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Upper]_SC_100 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002339 |

## Achoimre ar an Láthair

Tá Portach Bhaile na Móna suite thart ar 9km siar ó Bhaile Átha Luain, Co Ros Comáin. Tá an portach an-spéisiúil ó thaobh na héiceolaíochta mar gheall ar an gcoillearnach beithe (coillearnach portaigh) atá sa chuid lárnach den phortach, gné annamh i bportaigh ardaithe na hÉireann. Is ábhar spéise é freisin an turlach atá in aice an phortaigh.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 66.7 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 60.9 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -5.8 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -8.7% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2000 (ha) (Derwin & Mac Gowan, 2000*)(Athbhreithnithe ag NPWS IN 2014 ) | 12.0 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 1.1 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 5.8 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Bharr Uachtair - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Bharr Uachtair |
| **Cód na Láithreach:** | 000231 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_070, Bow_SC_010, Kilcrow_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000231 |

## Achoimre ar an Láthair

Is portach ardaithe measartha beag é Portach Bharr Uachtair atá suite ar bhruach Loch Deirgeirt, cúpla ciliméadar soir ón nGráig agus atá faoi cheangal sa chuid thuaidh ag Abhainn na Ceapaí Níl ach limistéar beag fásra portaigh ardaithe fágtha sa phortach. Is ábhar spéise é an limistéar seo mar gurb é an t-aon phortach ardaithe é ar bhruach Loch Deirgeirt agus a raibh trasdul nádúrtha aige ón bportach go dtí ciumhais an locha. Tá dochar mór déanta don láthair seo, áfach, ag an mbaint móna leanúnach thart ar imlíne an phortaigh.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 84.2 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 73.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -10.7 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -12.7% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 21 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2005 (ha) 92% (Fernandez et al. 2005) | 2.4 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | -18.6 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | -88.6% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 3.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 8.6 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo
Portach ardaithe díghrádaithe
Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Bhéal Átha na gCarr - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Bhéal Átha na gCarr |
| **Cód na Láithreach:** | 000592 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Breedoge_SC_010, Suck_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000592 |

## Achoimre ar an Láthair

Is portach iartharach, nó idirmheánach, ardaithe é Portach Bhéal Átha na gCarr atá suite 6 km ó thuaidh -soir-ó thuaidh ón gCaisleán Riabhach. Léiríonn sé tréithe an phortaigh ardaithe agus an bhratphortaigh mar gur portach idirmheánach é. Tá limistéar mór d'fhásra portaigh ardaithe beo ar fud na láithreach. Is ábhar spéise é freisin na córais éagsúla sruthlaithe atá ann.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 889.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 879.1 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -10.8 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.2% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 84 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2013 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 49.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -34.4 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | -41% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 73.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 15.7 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Portach Brown - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Portach Brown |
| **Cód na Láithreach:** | 002346 |
| **Contaetha:** | An Longfort |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Upper]_SC_060 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002346 |

## Achoimre ar an Láthair

Tá Portach Brown suite 5km siar ó thuaidh ó Bhaile Longfoirt. Tá Portach Brown tábhachtach mar gheall ar fhásra portaigh ardaithe atá ina lár. Tá ciumhais iomlán ag an suíomh agus níor baineadh móin ann le tamall.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 50.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 50.9 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995) | 10.9 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 10.8 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -0.1% |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | -0.9% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 2.2 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.2 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach an Chalaidh - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach an Chalaidh |
| **Cód na Láithreach:** | 000595 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Boyle_SC_010, Lung_SC_020 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000595 |

## Achoimre ar an Láthair

Tá Portach an Chalaidh suite thart ar 7km siar ó thuaidh ó Dhún Gar, Co. Ros Comáin. Is portach measartha ardaithe é atá tábhachtach mar gheall ar an fhásra portaigh ardaithe beo atá i gcuid mhór de. Cuireann an an t-athrú ón phortach go Loch Uí Ghadhra ó thuaidh leis an spéis atá sa láthair.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 358.2 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 352.0 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -6.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.7% |
| Níl aon suirbhé níos luaithe ar fáil a chlúdaigh an láthair iomlán roimhe seo | N/A |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 11.4 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 33.9 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 8.1 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Chamdhoire - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chamdhoire |
| **Cód na Láithreach:** | 002347 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Suck_SC_050 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002347 |

## Achoimre ar an Láthair

Is cuid de shraith portach é Portach Chamdhoire i gCo. na Gaillimhe, thart ar 12km soir ó thuaidh ón gCreagán agus 9km soir ó thuaidh ó Ghleann na Madadh. Is ábhar spéise an portach mar gur portach ardaithe iartharach é a bhfuil dhá chruinneachán atá scartha ag droim mianrach. Tá obair athchóirithe, áfach, déanta ag Coillte, baint crann agus draeinbhlocáil san áireamh.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 195.3 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 193.2 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -2.1 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.1% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995) | 8.7 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 6.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -2.5 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -28.7% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 15.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.7 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Pháirc an Chairn - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Pháirc an Chairn |
| **Cód na Láithreach:** | 002336 |
| **Contaetha:** | Co na hIarmhí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Breensford_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002336 |

## Achoimre ar an Láthair

Ta Portach Pháirc an Chairn suite 8km soir ó Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Tá achar beag d'fhásra Portaigh ardaithe beo ann. Bhí cuid mhór den phortach coilltithe in am amháin. Tá obair athchóirithe, áfach, déanta ag Coillte, baint crann agus dúnadh claiseanna san áireamh.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 164.2 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 160.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -3.9 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.4% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2000 (ha) (Derwin & Mac Gowan, 2000*)(Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 24.4 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2013 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 3.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -21.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -86.9% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 9.4 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.1 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo
Portach ardaithe díghrádaithe
Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Cheathrú Bheithí/An Cheachair - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Cheathrú Bheithí/An Cheachair |
| **Cód na Láithreach:** | 000597 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Suck_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000597 |

## Achoimre ar an Láthair

Is portach mór tuilemhá é Portach Cheathrú Bheithí /An Cheachair atá saothraithe idir cnoic dhroimníneacha íseal in uiscí uachtair Abhainn na Suca, gar do Lough O'Flynn) agus 8km soir ó thuaidh ó Bhéal Átha hAmhnais, Co Ros Comáin. Tá sé spéisiúil mar go bhfuil portach ardaithe iartharach ann maille le hachar leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ar ardchaighdeán maille le gnéithe draenála inmheánacha neamhghnácha. Níor cuireadh as mórán de na ciumhaiseanna mar gur beag móna a baineadh ann le gairid.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 204.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 204.6 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 67.9 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 69.9 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | 2.9% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 17.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 4.6 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Cheathrú na gCapall - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Cheathrú na gCapall |
| **Cód na Láithreach:** | 001242 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Castlegar_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/001242 |

## Achoimre ar an Láthair

Portach mór ardaithe is ea Portach Cheathrú na gCapall atá suite 3km ó thuaidh ón gCreagán, Co na Gaillimhe. Tá roinnt mhaith bóithre portaigh, cosáin agus draenacha ag síneadh isteach go croí na láithreach. Tá luach ard ar an bportach mar go bhfuil portach iartharach ardaithe ann maille le hachar leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe beo. Tá obair athchóirithe i bhfoirm draeinbhlocála déanta ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 330.7 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 323.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -7.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.2% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995) | 28 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 28.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 0.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | 0.4% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 36.5 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 5.3 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Chlóirthigh - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chlóirthigh |
| **Cód na Láithreach:** | 000572 |
| **Contaetha:** | Uíbh Fhailí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Brosna_SC_040, Silver[Tullamore]_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000572 |

## Achoimre ar an Láthair

Tá Portach Chlóirthigh suite 2km ó dheas de shráidbhaile Chlóirthigh i gCo Uíbh Fhailí. Is leis an Stát an chuid is mó de agus tá sé ainmnithe mar Anaclann Dúlra reachtúil. Tá sé ar cheann de na portaigh ardaithe lár tíre is mó in Éirinn Tá dromchla an phortaigh fliuch agus tá achar leitheadach de phortach ardaithe beo ann. Cuireann na maothchórais neamhghnácha atá ann leis an spéis atá á leiriú sa láthair. Tá oibreacha athchóirithe i bhfoirm draeinbhlocála ar bun ag an NPWS ar an taobh thoir.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 445.7 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 436.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -9.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.1% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1992 (ha) (Kelly et al 1995) | 146.5 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2009 (ha) (Fernandez and Wilson, 2009 ) | 111.5 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -35 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -23.9% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 61.3 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 6.9 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# AC Portach Chluain Seamhair - Achroimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chluain Seamhair |
| **Cód na Láithreach:** | 000600 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Suck_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000600 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach mór droimneach, slán atá suite 6km siar ó bhaile Chaisleán Riabhaigh é Portach Chluain Seamhair. Tá dhá loch-chuach fadaithe móna ann, iad scartha ag stráice d'fhásra féir eanaigh atá le fáil san áit a meascann móin níos tanaí le cré mianrach. Is sampla maith é Portach Chluain Seamhair de phortach ardaithe iartharach a bhfuil achar beag portaigh ardaithe beo ann. Is gné neamhghnách é eanach alcaileach a bheith ag rith tríd an phortach agus cuireann sé le tábhacht ná láithreach.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 198.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 194.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -4.4 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.2% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 7.7 |
| Achar portaigh ardaithe beo 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 7.7 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | 0% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 21.1 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 3.3 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Chluainín - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chluainín |
| **Cód na Láithreach:** | 002348 |
| **Contaetha:** | An Longfort |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Upper]_SC_050 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002348 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Chluainín thart ar 3km soir ó dheas ó Rúscaí i gCo Longfoirt ar bhruach thoir Abhainn na Sionainne, díreach ó thuaidh de Loch Foirbis. Tá tábhacht éiceolaíoch leis an bportach mar gheall ar an achar suntasach d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Chomh maith leis sin cuireann an choillearnach portaigh atá ag fás ar an bportach ard, gné annamh de phortaigh ardaithe na hÉireann, go mór le díol spéise na láithreach.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 94.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 93.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -1.3 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.4% |
| Níl aon suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1999 (ha) (Derwin & Mac Gowan, 2000*)(Athbhre-ithnithe ag NPWS in 2014) | 10.0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 5.4 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.2 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




- Portach ardaithe beo
- Portach ardaithe díghrádaithe
- Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Chluain Maoláin - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chluain Maoláin |
| **Cód na Láithreach:** | 000248 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_070, Bow_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000248 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is achar an-fhairsing de phortach ardaithe é Portach Chluain Maoláin, atá suite gar do bhruach thiar Loch Deirg, gar don Ghráig, Co na Gaillimhe. Tá Portach Chluain Maoláin tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de mar gheall ar an achar leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Is díol spéise é an láthair freisin mar go bhfuil sé suite ar an taobh thoir-theas de raon náisiúnta na gnáthóige.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 423.3 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 412.0 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -11.3 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.7% |
| Achar portaigh ardait beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 125 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2005 (ha) 71% (Fernandez et al. 2005) | 52.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -72.7 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -58.2% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 66.6 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 18.8 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo
Portach ardaithe díghrádaithe
Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Chluain Seanmhaoil - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chluain Seanmhaoil |
| **Cód na Láithreach:** | 000614 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Breedoge_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000614 |

**Achoimre ar an Láthair:**

Tá Portach Chluain Seanmhaoil suite thart ar 2 km soir ó Dhún Gar. Tá an portach ardaithe iartharach seo tábhachtach mar gheall ar an bhfásra portaigh ardaithe, beo fairsing atá ann. Cuireann an choillearnach portaigh, gné annamh den phortach ardaithe Éireannach, sa cheantar láir le díol spéise na láithreach. Tá oibreacha athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 146.5 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 146.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.1% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 28.3 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 20.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -8.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -29% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 22.6 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.3 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Chúil na Rian - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chúil na Rian |
| **Cód na Láithreach:** | 002332 |
| **Contaetha:** | Laois |
| **Ceantar Abhantraí:** | An Oirdheisceart |
| **Fo-Abhantrach:** | Nore_SC_010, Nore_SC_020 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002332 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Chúil na Rian suite i gCo Laois thart ar 4km soir ó thuaidh ó Bhuiríos Mór Osraí. Tá Portach Chúil na Rian an-spéisiúil ó thaobh na héiceolaíochta de mar gheall ar an achar leitheadach de phortach ardaithe beo atá ann. Is díol spéise í an chuid den láthair atá soir ó dheas atá suite i limistéar gaineamhchloiche. Tá gach cosúlacht ann go ndearna an bhaint mhóna thart ar chiumhais íochtarach an phortaigh le blianta beaga cuid mhaith damáiste.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 57.0 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 51.6 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -5.4 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -9.5% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1999 (ha) (Derwin & MacGowan, 2000*) (*Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 16.0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 0.0 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 4.6 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo
Portach ardaithe díghrádaithe
Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Chorr Bó - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chorr Bó |
| **Cód na Láithreach:** | 002349 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Clooneigh_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002349 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Chorr Bó suite 7 km siar ó Bhéal Átha Liag, Co Ros Comáin. Tá Portach Chorr Bó an-tábhachtach mar gheall ar an bhfásra portaigh ardaithe beo atá ann. Tá éagsúlacht mhaith micreaghnáthóga portaigh ardaithe ann, lena n-áirítear tulóga/loig, linnte agus borrfháis.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 105.7 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 96.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -9.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -8.7% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 27.6 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 15.5 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -12.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -43.8% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 7.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 7.7 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Chorrlios Sciach/An Triain/Chluain Leataoibh - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chorrlios Sciach/An Triain/Chluain Leataoibh |
| **Cód na Láithreach:** | 002110 |
| **Contaetha:** | Gaillimh / Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Suck_SC_020, Suck_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002110 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá trí phortach ardaithe i bPortach Chorrlios Sciach/An Triain/Chluain Leataoibh atá suite 5km ó dheas den Chaisleán Riabhach agus é ar theorainn chontaetha Ros Comáin agus na Gaillimhe. Portaigh ardaithe iartharacha iad seo atá an-tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de mar gheall ar an achar fairsing d'fhásra portaigh ardaithe beo d'ardchaighdeán atá ann. Cuireann coillearnach portaigh agus gnéithe neamhghnácha inmheánacha draenála le tábhacht na láithreach.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 457.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 452.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -5.4 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.2% |
| Níl suirbhé a chlúdaigh an láthair iomlán roimhe seo ar fáil | N/A |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2013 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 69.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 31.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 6.5 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Choill na Croise -Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Choill na Croise |
| **Cód na Láithreach:** | 002337 |
| **Contaetha:** | Co. na hIarmhí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002337 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Choill na Croise suite thart ar 5km soir ó Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Tá luach ard caomhnaithe ag baint le Portach Choill na Croise mar gheall ar an achar measartha de d'fhásra portaigh ardaithe beo. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 103.3 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 96.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -7.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -6.8% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 25.7 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 4.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -21.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -82.1% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 13.9 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 2.9 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Churrach Leitheanach - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Churrach Leitheanch - Achoimre |
| **Cód na Láithreach:** | 002350 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Suck_SC_050, Castlegar_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002350 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is cuid de ghráig phortaigh é Portach Churrach Leitheanach atá suite tuairim is 6km ó thuaidh den Chreagán, Co na Gaillimhe. Tá tábhacht caomhnúcháin ag an bportach de bharr an fhásra portaigh ardaithe beo atá i gcuid mheasartha de. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 150.7 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 146.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -4.3 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.9% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 22.4 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 9.8 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -12.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -56.3% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 19.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 5.9 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Dhoire an Fhia - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Dhoire an Fhia |
| **Cód na Láithreach:** | 000604 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionain |
| **Fo-Abhantrach:** | Lung_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000604 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach ardaithe beag é Portach Dhoire an Fhia atá suite ar an chiumhais uachtarach de Loch Chluanaigh, soir ó theorainn Mhaigh Eo/Ros Comáin agus 10 km siar ó thuaidh de Bhéal Átha hAmhnais. Tá fiúntas ard caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar an achar suntasach d'fhásra portaigh ardaithe d'ardchaighdeán atá ann. Is díol spéise iad na linnte móra atá ar an bportach ard agus an trasdul nádúrtha a tharlaíonn idir an portach agus Abhainn na Darach Buí ar an taobh thoir agus an taobh thuaidh den láthair.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 53.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 53.8 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 17.4 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 17.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -0.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -1.7% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 6.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.8 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Dhroim an Locha - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Dhroim an Locha |
| **Cód na Láithreach:** | 002338 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Lung_SC_010, Suck_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002338 |

## Achoimre ar an Láthair:

Ta Portach Dhroim an Locha suite 5km siar ó dheas den Chaisleán Riabhach, Co Ros Comáin. Ta trí phortach ar leith sa Limistéar SAC, portaigh a bhí ina gcuid de phortach fairsing amháin lá den tsaol ach atá scartha anois ag portach réitithe. Is portach ard iad dhá fho-shuíomh acu seo maille le portach réitithe breise. Tá fiúntas ard caomhnúcháin ag Portach Dhroim an Locha mar gheall ar an achar reasúnta d'fhásra Portaigh Ardaithe Beo atá ann. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 154.3 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 153.7 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.6 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.4% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Portach Dhroim an Locha Thoir - gan aon suirbhé ar fáil. Achar portaigh ardaithe beo i bPortach Dhroim an Locha Thiar in 2003 (ha)(Fernandez et al. 2006) | 5.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 38.9 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.1 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo
Portach ardaithe díghrádaithe
Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach an Fhéir Bháin - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach an Fhéir Bháin |
| **Cód na Láithreach:** | 000575 |
| **Contaetha:** | Uíbh Fhailí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_030 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000575 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach ardaithe, measartha mór, cruinneachánach, suite thart ar 10km soir ó Dhroichead na Sionainne é Portach an Fhéir Bháin. Tá tábhacht ard caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar an achar fairsing d'fhásra portaigh ardaithe, beo agus an chiumhais slán atá ann.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 120.0 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 120.0 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 41.7 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 32.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -9.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -21.8% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 10.9 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach na Fliuchmhuine - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach na Fliuchmhuine |
| **Cód na Láithreach:** | 000497 |
| **Contaetha:** | Maigh Eo / Sligeach |
| **Ceantar Abhantraí:** | Iarthar |
| **Fo-Abhantrach:** | Owenmore[Sligo]_SC_020, Owenmore[Sligo]_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000497 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach ardaithe é Portach na Fliuchmhuine atá suite ar theorainn Mhaigh Eo/Shligigh, 10km soir ó dheas ó Thobar an Choire. Is é an ceann is faide ó thuaidh de shraith portach ardaithe sa cheantar seo é, baineann na cinn eile le Limistéar SAC Abhainn na Maighe. Tá luach ard caomhnúcháin ag baint leis an bportach mar gheall ar an achar fairsing d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Tá an portach tábhachtach freisin os rud é go bhfuil sé suite ar chiumhais thiar thuaidh an raoin.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 143.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 143.6 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.1% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 14 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) 86% (Fernandez et al. 2014) | 11.4 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -2.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -18.6% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 9.2 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 3.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Garriskil - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Garriskil |
| **Cód na Láithreach:** | 000679 |
| **Contaetha:** | Co. na hIarmhí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Inny[Shannon]_SC_030, Inny[Shannon]_SC_050 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000679 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Garriskil 3 km siar ó Loch Dairbhreach agus 3 km soir ó Ráth Eoghain. Tá fiúntas ard caomhnúcháin leis an bportach mar gheall ar an achar leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe, beo d'ardchaighdeán atá ann maille le tulóga, loig agus linnte. Tá obair athchóirithe i bhfoirm draeinbhlocála déanta ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 170.3 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 170.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 71.2 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 50.9 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -20.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -28.5% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 31.6 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 2.4 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Choill Uí Chairín-Phortach Bhaile Giúise -Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Choill Uí Chairín-Phortach Bhaile Giúise |
| **Cód na Láithreach:** | 000647 |
| **Contaetha:** | Tiobraid Árann |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | LorrhaStream_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000647 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Choill Uí Chairín- Portach Bhaile Giúise suite tuairim is 2km soir ó shráidbhaile Charraig an Chomhraic i dTiobraid Árann thuaidh. Tá an portach an-tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de mar gheall ar an achar fairsing de phortach ardaithe beo atá ar ardchaighdeán ann. Chomh maith leis sin, tá crios fuílligh, slán, eascach (an teorainn nádúrtha idir an portach agus an talamh máguaird maguaird) ann, ar gné annamh é phortaigh ardaithe in Éirinn.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 362.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 362.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.3 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.1% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 59.7 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 28.7 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -31 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -51.9% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 60.3 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 3.4 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Choillidh Chonnaidh (Cloghbally) - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Choillidh Chonnaidh (Cloghbally) |
| **Cód na Láithreach:** | 000006 |
| **Contaetha:** | An Cabhán / An Mhí |
| **Ceantar Abhantraí:** | Oirthear |
| **Fo-Abhantrach:** | Blackwater[Kells]_SC_030, Moynalty_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000006 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Choillidh Chonnaidh suite ionann is leath bealaigh idir Achadh an Iúir agus Ceanannas Mór ar theorainn an Chabháin/ na Mí agus 8km ón dá áit.  Tá tábhacht caomhnúcháin leis an bportach de bharr an fhásra portaigh ardaithe beo atá i gcuid mheasartha de. Tá an portach tábhachtach freisin mar go bhfuil sé suite ar chiumhais thoir thuaidh an raoin. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann, draeinbhlocála agus tógáil bhunda imeallaigh déanta ag Coillte agus ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 83.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 83.0 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.9 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.1% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 17 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 3.9 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -13.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -77.1% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 4.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 4.5 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Choill Salach - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Choill Salach |
| **Cód na Láithreach:** | 000285 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Suck_SC_040, Suck_SC_020 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000285 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach mór ardaithe é Portach Choill Salach a bhfuil cruinneachán slán suite  in imchuach móna agus é clúdaithe go hiomlán le cré mianrach. Tá sé suite thart ar 7km ó thuaidh ó Ghleann na Madadh. Tá luach ard caomhnúcháin leis an bportach mar gheall ar an achar fairsing d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Tá lár an phortaigh thar a bheith fliuch. Grádaíonn seo síos ar an bhfána thoir thuaidh go dtí áit neamhghnách, fliuch atá sruthlaithe. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 186.7 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 182.1 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -4.6 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.5% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 19.1 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 11.5 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -7.6 |
| 84% Athrú i bportach ardaithe beo: | -39.8% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 18.1 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 6.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Chnoc an Choiléir - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Chnoc an Choiléir |
| **Cód na Láithreach:** | 002333 |
| **Contaetha:** | Laois |
| **Ceantar Abhantraí:** | An Oirdheisceart |
| **Fo-Abhantrach:** | Nore_SC_050 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002333 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach ardaithe ar thalamh íseal é Portach na Naomh atá suite thart ar 5km siar ó thuaidh ó Bhiorra. Tá ceantar mór de choillearnach portaigh sa chuid lárnach den láthair, gné annamh ar phortaigh ardaithe na hÉireann. Rinne meiltiú móna tráchtála san am a caitheadh damáiste den chuid thoir-thuaidh den láthair. Tá droim eascrach mór ar theorainn an phortaigh ar an taobh ó dheas.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 54.3 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 53.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -1.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.8% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 17.1 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 4.8 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -12.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -71.9% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 7.5 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.2 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Lios na gCaorach agus Turlach Bhaile na Staice - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Lios na gCaorach agus Turlach Bhaile na taice |
| **Cód na Láithreach:** | 000296 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn/Iarthar |
| **Fo-Abhantrach:** | Sinking_SC_010, Suck_SC_020 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000296 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá portach mór ardaithe agus turlach beag i bPortach Lios na gCaorach agus Turlach Bhaile na Staice atá suite 3km soir ó thuaidh ó Ghleann na Madadh i gCo na Gaillimhe. Tá cruinneachán mór agus achar leitheadach de phortach ardaithe beo atá ar ardchaighdeán ann. Is ábhar spéise an turlach beag atá úsáideach d'fhia-éin gheimhrithe agus atá buailte ar an bportach. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte agus ag an NPWS agus dá bhár tá méadú suntasach ar an achar de phortach ardaithe beo ann.



## Site Statistics

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 270.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 269.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -1.3 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.5% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 13 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 29.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 16.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | 127.7% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 26.6 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 2.6 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Loch Coiribe - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Loch Coiribe |
| **Cód na Láithreach:** | 000297 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | Iarthar |
| **Fo-Abhantrach:** | Clare[Galway]_SC_060, Corrib_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000297 |

## Achoimre ar an Láthair:

Ta Loch Coirib suite ó thuaidh ó chathair na Gaillimhe agus is é an dara loch is mó in Éirinn é. Tá Portach Eadargúil ar bhruach thoir Loch Coirib agus tá sé ar cheann de na portaigh ardaithe is faide siar agus is slán sa tír. Tá luach ard caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar achar an-leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe atá ann. Tarlaíonn loch portaigh substaintiúil nó maothchóras ar dhroim an phortaigh. Is ceantar tábhachtach é seo mar gheall ar an choillearnach portaigh fliuch atá ann.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 161.4 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 157.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -4.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.5% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 59 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 39.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -19.8 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -33.6% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 17.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 7.8 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Choimpléasc Phortach Loch Foirbis - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Choimpléasc Phortach Loch Foirbis |
| **Cód na Láithreach:** | 001818 |
| **Contaetha:** | An Longfort |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Upper]_SC_050, Shannon[Upper]_SC_060 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/001818 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá tábhacht idirnáisiúnta leis na portaigh ardaithe atá suite ar bhruach thoir theas Loch Foirbis (Baile Uí Chionaoith & Fishertown) agus is samplaí uathúla iad de phortaigh imeallacha Abhainn na Sionainne agus tá siad ar na portaigh slán is faide ó thuaidh gar d'Abhainn na Sionainne. Tá fiúntas caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar an achar measartha d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte agus ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 283.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 283.2 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.7 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.3% |
| Achar portaigh ardaithe beo i bPortach Bhaile Uí Chionaoith 1994 (ha) (Kelly et al. 1995) & Phortach Fishertown 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) *Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 80.4 |
| Achar portaigh ardaithe beo i bPortach Bhaile Uí Chionaoith 2011 (ha)(Fernandez et al. 2012 Achar portaigh ardaithe beo i bPortach Fisherstown 201a2 (ha) (Fernandez et al. 2014 | 9.0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -71.4 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -88.8% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 33.5 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Loch Loirgín/ Turlach Ghleann na Madadh - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Loch Loirgín/ Turlach Ghleann na Madadh |
| **Cód na Láithreach:** | 000301 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn / Iarthar |
| **Fo-Abhantrach:** | Sinking_SC_010, Suck_SC_050 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000301 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá SAC Phortach Loch Loirgín/ Turlach Ghleann na Madadh suite soir ó bhaile Ghleann na Madadh. Tá fiúntas caomhnúcháin le Portach Loch Loirgín mar gheall ar an achar suntasach d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Tá an láthair tábhachtach freisin mar gheall ar an turlach atá gar don phortach agus cuireann an loch atá laistigh den phortach leis freisin. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 616.3 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 613.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -2.8 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.5% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo i bPortach Loch Loirgín Thoir i 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) & Loch Loirgín Thiar in 2004 (Fernandez et al. 2006) (*Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 21.5 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 39.2 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 2.2 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Loch Rí -Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Loch Rí |
| **Cód na Láithreach:** | 000440 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Clooneigh_SC_010, Shannon[Upper]_SC_090, Hind_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000440 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is é Loch Rí an tríú loch is mó i bPoblacht na hÉireann agus tá sé suite idir Béal Átha Liag agus Baile Átha Luain. Is fiú Portaigh Chluain Creamha agus Chluain Láir a chaomhnú mar gheall ar an achar measartha d'fhásra portaigh ardaithe beo atá iontu. Cuireann an ghné mhór de bhorrfhás agus an choillearnach phortaigh le tábhacht na láithreach. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 501.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 474.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -27.4 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -5.5% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2003 (Fernandez et al. 2006) | 5.9 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 44.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 19.5 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Moenveanlagh - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Moenveanlagh |
| **Cód na Láithreach:** | 002351 |
| **Contaetha:** | Ciarraí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Galey_SC_010, Feale_SC_040 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002351 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá portach Moanveanlagh suite i gCo. Chiarraí tuairim is 6km soir ó Lios Tuathail. Tá achar beag d’fhásra portaigh ardaithe beo sa phortach. Tá tábhacht leis an bportach freisin mar go bhfuil sé ar cheann de na portaigh slán in iardheisceart na hÉireann. Tá damáiste déanta, áfach, ag baint mhóna agus ag draenáil leanúnach don láthair.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 119.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 117.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -2.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.8% |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al. 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 4.6 |
| Limistéar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 4.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | 0% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 4.4 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 3.8 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




- Portach ardaithe beo
- Portach ardaithe díghrádaithe
- Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortaigh Mhuine Bheag agus Clareisland - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortaigh Mhuine Bheag agus Clareisland |
| **Cód na Láithreach:** | 002340 |
| **Contaetha:** | An Mhí / An Iarmhí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Inny[Shannon]_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002340 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portaigh Mhuine Bheag agus Clareisland suite ar theorainn Chontaetha na Mí agus na hIarmhí 9km soir ó bhaile Ghránaird. Tá dhá phortach ardaithe achréidhe ar an láthair ar bhruacha Loch Síleann sa Mhuine Bheag agus ag Clareisland. Tá luach ard caomhnúcháin ag na portaigh mar gheall ar achar beag d'fhásra portaigh ardaithe atá ann. Gné thábhachtach de na portaigh seo ná go bhfuil an trasdul ó phortach ard go huisce oscailte slán i gceantair áirithe agus nach bhfuil sé scartha ag portach réitithe. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 149.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 141.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -8.3 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -5.5% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2000 (ha) (Derwin & Mac Gowan, 2000*)(Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 39.9 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2015 (ha) (Crowley and Crushell, 2015) | 5.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -34.6 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -86.7% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 14.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 11.6 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Mongan -Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Mongan |
| **Cód na Láithreach:** | 000580 |
| **Contaetha:** | Uíbh Fhailí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_030, Shannon[Lower]_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000580 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach  ardaithe lár tíre atá ar mheánmhéid is ea Portach Mongan atá suite soir ó láthair mainistreach Chluain Mhic Nóis, Co Uíbh Fhailí.  Tá luach ard caomhnúcháin ag Portach Mongan mar gheall ar an achar an-leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Tá droim mhaith de thulóga, de linnte agus de léanta ag an bportach Tá go leor gnéithe ag baint leis a bhfuil tábhacht só-eolaíoch leo.  Tá obair athchóirithe i bhfoirm draeinbhlocála déanta ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 124.4 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 124.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 50.9 |
| Achar portaigh ardaithe beo i in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 48.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -2.6 |
| Achar bportach ardaithe beo (%): | -5.1% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 10.4 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 4.1 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Mhuine Mheá - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Mhuine Mheá |
| **Cód na Láithreach:** | 002352 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | Iarthar |
| **Fo-Abhantrach:** | Clare[Galway]_SC_050 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002352 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Mhuine Mheá suite tuairim is 5km soir ó thuaidh ó Bhaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Is sampla maith é Portach Mhuine Mheá de phortach ardaithe iartharach a bhfuil ceantar láir de phortach ardaithe aige. Cuireann an loch beag inmheánach agus gnéithe nádúrtha draenála le tábhacht na láithreach. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta ag Coillte.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 140.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 130.6 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -10.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -7.1% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 4.1 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 7.0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 2.9 |
| 85% Athrú ar phortach ard (%): | 70.7% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 12.9 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 12.1 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Moulds - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Moulds |
| **Cód na Láithreach:** | 002331 |
| **Contaetha:** | Cill Dara |
| **Ceantar Abhantraí:** | Oirthear / Oirdheisceart |
| **Fo-Abhantrach:** | Slate_SC_010, Liffey_SC_040 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002331 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Moulds (sampla de Phortach Ardaithe Lár Tíre ) suite tuairim is 3km siar ó thuaidh ón Droichead Nua i gCo. Chill Dara, cóngarach do Chnoc Alúine. Tá cruinneachán mór sa phortach agus tá achar leitheadach de phortach ardaithe beo ann de réir na suirbhéanna is déanaí. Tá an láthair spéisiúil mar gur sampla maith é de cheann de na portaigh ardaithe is faide soir in Éirinn.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 285.1 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 267.7 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -17.4 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -6.1% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1999 (ha) (Derwin Derwin MacGowan, 2000*) (*Athbhreithnithe ag NPWS IN 2014 ) | 70.0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 7.4 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 28.4 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Mount Hevey - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Mount Hevey |
| **Cód na Láithreach:** | 002342 |
| **Contaetha:** | An Mhí / An Iarmhí |
| **Ceantar Abhantraí:** | Oirthear |
| **Fo-Abhantrach:** | Boyne_SC_040, Boyne_SC_030 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002342 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Mount Hevey suite tuairim is 4 km soir ó thuaidh ó Chionn Átha Gad. Ritheann teorainn na Mí-na hIarmhí trí lár an phortaigh. Tá luach ard caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar an achar an-leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe, beo atá ann. Tá obair athchóirithe i bhfoirm bainte crann agus draeinbhlocála déanta le déanaí ag Coillte ar cholbha thoir na láithreach.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 222.5 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 217.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -5.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.3% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2000 (ha) (Derwin & MacGowan, 2000*) (*Athbhreithnithe NPWS in 2014) | 60.0 |
| bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 12.3 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 5.5 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo
Portach ardaithe díghrádaithe
Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Mhaigh Cláir - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Mhaigh Cláir |
| **Cód na Láithreach:** | 000581 |
| **Contaetha:** | Uíbh Fhailí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_030 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000581 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach beag ardaithe é Portach Mhaigh Cláir atá suite 4km siar ón bhFéar Bán. Ar chiumhais thiar an phortaigh, luíonn éadán portaigh íseal gan draein imlíneach gar d'fhéarach portaigh fliuch, a bhfuil tobarlíne ag a chumar le cré mianrach. Tá luach ard caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar an achar leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe, beo atá ann.   Tá an láthair slán den chuid is mó agus tá na ciumhaiseanna neamhbhearnaithe. Tá obair athchóirithe i bhfoirm draeinbhlocála déanta ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 75.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 74.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -1.5 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -2.0% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 24.2 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 21.7 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -2.5 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -10.3% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 8.3 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 4.5 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo
Portach ardaithe díghrádaithe
Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach an Ráithín Mhóir - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach an Ráithín Mhóir |
| **Cód na Láithreach:** | 000582 |
| **Contaetha:** | Uíbh Fhailí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn / Oirthear |
| **Fo-Abhantrach:** | Yellow[Castlejordan]_SC_010, Silver[Tullamore]_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000582 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá an portach ardaithe seo i loch-chuach beag i ndobharcheantar dhá abhainnchóras i.e. an Bhrosnach agus an Bhóinn. Tá sé suite 5 km ón Daingean. Tá an portach an-domhain, suas go 15m in áiteanna. Tá luach ard caomhnúcháin le Portach an Ráithín Mhóir mar gheall ar an achar an- leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe, beo atá ann. Tá córas tulóg/log dea-shaothraithe sa phortach. Tá obair athchóirithe i bhfoirm draeinbhlocála agus oibreacha hidreolaíocha déanta le déanaí ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 130.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 130.5 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.3 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.2% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 60.5 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 52.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -8.2 |
| Athrú ar phortach ardaithe (%): | -13.6% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 16.4 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 1.3 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Choillte Rua - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Choillte Rua |
| **Cód na Láithreach:** | 002353 |
| **Contaetha:** | Tiobraid Árann |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Shannon[Lower]_SC_060 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002353 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Choillte Rua suite 7km siar ó dheas ó Bheannchar. Tá luach ard caomhnúcháin ag Portach Choillte Rua mar gheall ar an achar suntasach d'fhásra portaigh ardaithe, beo atá ann. Bhí an láthair á húsáid go traidisiúnta ag ealta Géanna Bhánéadánach ón nGraonlainn. Bhí baint mhóna leitheadach sa leath iartharach den láthair san am atá caite.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 379.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 366.0 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -13.6 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -3.6% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 42.3 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 12.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -30.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -71.4% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 51.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 4.2 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Abhainn na Muaidhe - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Abhainn na Muaidhe |
| **Cód na Láithreach:** | 002298 |
| **Contaetha:** | Maigh Eo / Sligeach |
| **Ceantar Abhantraí:** | Iarthar |
| **Fo-Abhantrach:** | Moy_SC_030 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002298 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá an chuid is mó den láthair seo i gCo Mhaigh Eo cé go bhfuil codanna de in iarthar Shligigh agus i dtuaisceart Ros Comáin. Tá cúig phortach ardaithe laistigh de SAC Abhainn na Muaidhe, lena n-áirítear An Chill Gharbh, An Gabhlán, Doire na mBroc, An Tamhnach Bheag agus Cluain Ghuanach. Tá fiúntas ard caomhnúcháin leo seo mar gheall ar na hachair shuntasacha d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Portach ardaithe iartharach an cineál portaigh atá ann.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 499.0 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 498.3 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.7 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.1% |
| Níl aon suirbhé níos luaithe ann a chlúdaíonn láthair iomlán | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo i bPortach na Coille Gairbhe in 1999 (ha) ( Derwin & MacGowan, 2000*)<br><br>MacGowan, 2000), Portach na Tamhnaí Bige & Portach Dhoire na mBroc in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) (*Athbhreithnithe ag NPWS in 2014) | 45.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 82.1 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 5.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**







Teorainn Ardphortaigh (2012)
Gnáthóg
Portach Ardaithe Beo
Portach Ardaithe Díghrádaithe
An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht
SAC na Muaidhe
Portaigh Dhoire na mBroc, na
Tamhnaí Bige na Coille
Gairbhe, an Ghabhláin
Portach Ardaithe Beo agus
Portach Ardaithe Díghrádaithe
Ainm na Láithreach: SAC na Muaidhe
Cód na Láithreach: 002298
Contae: Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach
0
0.375
0.75
Is teorainneacha táscacha agus ginearálta iad na teorainneacha atá ar
an léarscáil. Tá teorainneacha na limistéar ainmnithe faoi réir athbhreithnithe.
Cóipcheart ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
(Uimhir Ceadúnais EN 0059216).
Cóipcheart ag Rialtas na hÉireann/NPWS.
N




Teorainn Ardphortaigh (2012)
Gnáthóg
Portach Ardaithe Beo
Portach Ardaithe Díghrádaithe
An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht
SAC na Muaidhe
Portaigh Chluain gCuanach
Portach Ardaithe Beo agus
Portach Ardaithe Díghrádaithe
Ainm na Láithreach: SAC na Muaidhe
Cód na Láithreach: 002298
Contae: Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach
0
0.225
0.45
Is teorainneacha táscacha agus ginearálta iad na teorainneacha atá ar an léarscáil. Tá teorainneacha na limistéar ainmnithe faoi réir athbhreithnithe.
Cóipcheart ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
(Uimhir Ceadúnais EN 0059216).
Cóipcheart ag Rialtas na hÉireann/NPWS.
N



# SAC Phortach na Seanchoille Thiar - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach na Seanchoille Thiar |
| **Cód na Láithreach:** | 000326 |
| **Contaetha:** | Gaillimh |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Castlegar_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000326 |

## Achoimre ar an Láthair:

Is portach beag ardaithe é Portach na Seanchoille Thiar a bhfuil topagrafaíocht neamhghnách agus cruinneachán slán ann, suite tuairim is 7km siar ó thuaidh de Dhroichead Chnocán an Bheileogaigh, Co na Gaillimhe. Tá fiúntas ard caomhnúcháin leis an láthair seo mar gheall ar an achar leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann maille le tulóga, loig agus linnte. Is ábhar spéise é freisin an t-athrú nádúrtha ón bportach go loch agus talamh féaraigh aduaidh.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 67.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 67.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.3% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 14.1 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 13.3 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | -0.8 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | -5.7% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 10.1 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach Shearbhóige - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Shearbhóige |
| **Cód na Láithreach:** | 000585 |
| **Contaetha:** | Uíbh Fhailí |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | LittleBrosna_SC_020 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000585 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Shearbhóige suite tuairim is 8km ó dheas ó Bhiorra, Co Uíbh Fhailí i nGleann na Brosnaí Bige. Tá sé suite idir Abhainn na Brosnaí Bige agus iomaire de thalamh ard aolchloiche Carbónmhar. Tá fiúntas ard caomhnúcháin le Portach Shearbhóige mar gheall ar an achar leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Ar an taobh thiar grádaíonn an láthair ó phortach ard, trí choillearnach imeallaithe go talamh féaraigh fliuch glárach cois Abhainn na Brosnaí Bige. Tarlaíonn crios eascach le fásra eanaigh ag oirthear an phortaigh. Tá obair athchóirithe i bhfoirm draeinbhlocála déanta ag an NPWS.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 137.2 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 137.0 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -0.2 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -0.2% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995) | 23.6 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2011 (ha) (Fernandez et al. 2012) | 25.8 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 2.2 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | 9.3% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 14.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.4 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Sheithe Fhraoich - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Sheithe Fhraoich |
| **Cód na Láithreach:** | 000382 |
| **Contaetha:** | Ciarraí |
| **Ceantar Abhantraí:** | Thiar Theas |
| **Fo-Abhantrach:** | Laune_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/000382 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Sheithe Fhraoich suite 2km soir ó dheas ó Chill Airne i log laistigh d'iomaire ard (103m). Forbraíodh é go comharbach ó loch beag go portach loch-chuaiche iomaireach agus cosúlachtaí idir é agus portach ardaithe. Tá Portach Sheithe Fhraoich tábhachtach ó thaobh an chaomhnúcháin mar gheall ar an bhfásra portaigh ardaithe beo atá ann agus an chiumhais slán atá aige. Tá an portach tábhachtach freisin mar go bhfuil sé suite ar an taobh iardheisceartach den raon agus go bhfuil cineál neamhghnách d'fhásra ann.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 6.4 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 6.4 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1994 (ha) (Kelly et al 1995*) (*Athbhreithnithe ag an NPWS in 2014) | 4.1 |
| Achar portaigh ardaithe beo in 2012 (ha) (Fernandez et al. 2014) | 4.1 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | 0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | 0% |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 0.8 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.0 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**




Portach ardaithe beo

Portach ardaithe díghrádaithe

Acmhainn bonn a chur faoi ghnáthóg portaigh ardaithe



# SAC Phortach an Tulacháin Charraigh - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach an Tulacháin Charraigh |
| **Cód na Láithreach:** | 002354 |
| **Contaetha:** | Ros Comáin |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Lung_SC_020 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002354 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach an Tulacháin Charraigh suite tuairim is 5km soir ó Bhealach an Doirín, Co. Ros Comáin. Tá luach ard caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar an achar an-leitheadach d'fhásra portaigh ardaithe, beo atá ann. Ag deisceart agus oirthear an phortaigh tá ciumhais leathnádúrtha idir an portach ard agus Abhainn na Loinge.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 62.8 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 62.8 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1999 (ha) (Derwin & MacGowan, 2000) | 11.0 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 3.9 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 0.3 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# SAC Phortach Loch Tulachair - Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Loch Tulachair |
| **Cód na Láithreach:** | 002343 |
| **Contaetha:** | An Clár |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Doonbeg_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002343 |

## Achoimre ar an Láthair:

Tá Portach Loch Tulachair suite 4km soir ó dheas ón Dún Beag, Co an Chláir. Is láthair ilchineálach é ina bhfuil portach ardaithe, féarthalamh fliuch, féarthalamh feabhsaithe, coillearnach scrobarnach, eanach agus loch alcaileach. Tá fiúntas ard caomhnúcháin ag an bportach mar gheall ar an achar measartha d'fhásra portaigh ardaithe beo atá ann. Tá an portach tábhachtach freisin mar go bhfuil sé suite ar an taobh iartharach den raon.



## Staitisticí maidir leis an Láthair

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 19.6 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 19.6 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | 0.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | 0.0% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1999 (ha) (Derwin & MacGowan, 2000) | 6.8 |
| Athrú i bportach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú i bportach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 4.0 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 2.4 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**






# Aguisín 4

## Staidéar Cáis maidir le hAirteagal 6(3) - Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin

### Achoimre ar Chás Staidéar maidir le hAirteagal 6(3)SAC Loch Rí

### Réamhrá

Tá Portach Chill Taobháin agus Portach Chluain Creamha lonnaithe ar iarthuaisceart agus ar oirdheisceart an choimpléisc portach ar a dtugtar 'Portaigh Chluain Creamha agus Chluain Láir' in SAC Loch Rí (000440) (Léaráid A4.1). Faoi Airteagal 6(3)den Treoir maidir le Gnáthóga ní féidir leanúint ar aghaidh ag baint móna sa SAC ach amháin sa chás gur féidir a léiriú nach mbeidh tionchar aige sin, gan dabht réasúnta eolaíoch, ar na cuspóirí caomhantais do SAC Loch Rí a bhaineann go sonrach leis an láthair (nó le láthair ar bith eile san Eoraip). Ní mór an cinneadh seo a bhunú ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil.

Tugtar cur síos sa tuairisc seo ar an gcur chuige imscrúdaitheach agus ar na torthaí ó staidéar hidreolaíocha rinneadh ar SAC Loch Rí in 2015. Rinneadh scrúdú sa staidéar, inter alia, ar cibé an gcruthaíonn baint móna leanúnach ar Phortach Chill Taobháin agus ar Phortach Chluain Creamha dúshlán do chuspóirí caomhantais ARB an SAC a bhaineann go sonrach leis an láthair. Go sonrach, rinneadh scrúdú sa staidéar ar cibé ar léiríodh le baint móna go bhféadfaí tionchar a imirt ar an méid portach ardaithe beo (ARB), nó limistéir a bheadh in ann ARB a óstáil laistigh de 30 bliain i ndiaidh bhearta athchóiriúcháin (ar a dtugtar freisin portaigh ardaithe díghrádaithe (DRB)). Breithníodh sa staidéar na cásanna is géire a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ARB nó DRB mar gheall ar bhaint móna ar Phortach Chill Taobháin agus ar Phortach Chluain Creamha.




**Léaráid A4.1: Suíomh Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha laistigh de SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin.**

Tugtar san achoimre seo torthaí na bhfiosrúchán hidreolaíocha bhí mar chuid de phróiseas níos leithne de Scagadh Measúnú Cuí (AA) agus Ráiteas Tionchair Natura a scríobh. Breithníodh mar chuid den Scagadh AA an fhéidearthacht maidir le tionchair ar leasanna cáilitheacha eile de chuid SAC Loch Rí, chomh maith le roinnt láithreacha eile san Eoraip sna ceantair máguaird a bhféadfadh tionchar a bheith acu ag na tograí maidir le baint móna, astu féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile.

## Modheolaíocht an fhiosrúcháin

Tá corpas eolais suntasach curtha le chéile le 30 bliain anuas maidir le heicihidreolaíocht phortaigh ardaithe na hÉireann. Chuir an fiosrúchán ag SAC Loch Rí leis na coincheapa a forbraíodh le linn na staidéar sin agus, i gcomhar le teicnící fiosrúcháin seanbhunaithe, a úsáidtear go minic i gcineálacha eile fiosrúcháin ar an láthair, baineadh úsáid as chun prótacal fiosrúcháin úrscothach a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag an ngníomhaíocht bainte móna atá molta ar na cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an SAC. Tugtar imlíne thíos ar na gnéithe tábhachtacha d’fhiosrúcháin a rinneadh roimhe seo, rud a thugann cúlra d’fhorbairt réasúnaíocht an fhiosrúcháin a úsáideadh.

### Torthaí ó fhiosrúcháin roimhe seo

Léiríodh ag staidéir a rinneadh i rith staidéar caomhantais ardphortaigh na hÉireann-na hÍsiltíre (féach Schouten, 2002) a rinneadh ag tús go dtí lár na 1990idí, agus ag fiosrúcháin a rinne an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS)ina dhiaidh sin, go raibh na próisis éiceolaíocha a bhí i bhfeidhm ar ardphortaigh na hÉireann éagsúil ó na cinn a foilsíodh in go leor fiosrúchán a rinneadh in áiteanna eile in Iarthar na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh. Bhí go leor de na háiteanna eile sin i suíomhanna le haeráid éagsúil nó in áiteanna ina raibh tionchar mór ag draenáil ar an móin. I gcodarsnacht leis sin, tugadh le tuiscint ag ardmhinicíocht báistí agus mar gheall nach raibh mórán dochar déanta don mhóin a ndearnadh imscrúdú uirthi go raibh córais hidreolaíocha difriúla i bhfeidhm ar ardphortaigh na hÉireann. Sa bhreis air sin, mar gheall ar obair a tugadh chun críche le linn staidéir na hÉireann-na hÍsiltíre ar SAC Phortach Chlóirthigh (Clóirtheach) agus ar SAC Phortach an Ráithín Mhóir(Portach an Ráithín Mhóir),Co. Uíbh Fhailí, ceistíodh cibé an raibh na gnásanna reatha, a forbraíodh i rith oibreacha míntírúcháin (baint móna agus míntírúchán talmhaíochta), a rinneadh ar fud na hÉireann sna 1960idí agus sna 1970idí, bailí maidir le measúnú a dhéanamh ar an méid tionchair a bhíonn ag draenáil ar éiceachórais thalamh portaigh; léiríodh le torthaí staidéir na hÉireann/ na hÍsiltíre go bhféadfadh na tionchair draenála síneadh isteach chuig portach atá neamhbhearnaithe i bhfad níos faide ná an teorainn 30m ar glacadh go dtí sin. Go deimhin, léiríodh le tomhais a rinneadh i staidéir mhionsonraithe ar Phortach Chlóirthigh agus ar Phortach an Ráithín Mhóir go bhféadfadh an t-achar ina raibh tionchar ag draenáil imeallach de bharr bainte ar an bhfásra, de réir dealraimh, a bheith níos mó ná 500m.







**Léaráid A4.2:Mapa uiscíocha Phoblacht na hÉireann ar a léirítear suíomh na bportach ardaithe móna a thugtar san áireamh leis an tsuirbhéireacht ar an achar ón bport bainte móna imeallach go dtí an portach ARB agus an portach DRB. Ar dheis: torthaí na suirbhéireachta arna rangú de réir chineál an uiscígh.**

Mar chuid de staidéar 2015, bhí suirbhé deisce ar SAC agus NHA inar tomhaiseadh achair ó phoirt bainte móna timpeall ar imill phortach go dtí an portach ARB nó DRB ba ghaire. Cuireadh bealach ar fáil leis an saothar sin chun measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil na torthaí ó Phortach Chlóirthigh agus ó Phortach an Ráithín Mhóir ionadaíoch ar phortaigh na hÉireann go ginearálta. Rud tábhachtach, scrúdaíodh ról an screamhuisce, a measadh i bhformhór na staidéar hidreolaíoch ar ardphortaigh a rinneadh go dtí seo nach raibh tábhachtach. Mar thoradh air sin, rinneadh sonraí na bhfiosrúchán a fhoroinnt de réir an chineál uiscíoch bhuncharraige a bhí thíos faoi gach láthair. Tugtar achoimre ar an staidéar seo sa léaráid boscaí is stríoc, Léaráid A4.2.

Léiríodh le torthaí na suirbhéireachta go raibh éagsúlacht mhór i measc na n-achar idir phoirt bainte móna imeallacha agus portach ARB/DRB, gan difríochtaí suntasacha le feiceáil sa phríomh-thacar toisí idir chineálacha uiscíoch; idir 50m agus 250m a bhí sna hachair sin, maidir le gach catagóir. Mar sin féin, is léir ó Léaráid A4.2 go bhfuil líon suntasach asluiteach ann do na láithreacha sin a bhfuil uiscígh fúthu atá carstach nó lena mbaineann tábhacht go háitiúil; áirítear orthu sin toisí a tógadh ar Phortach Chlóirthigh. Léiríodh le fiosrúcháin mhionsonraithe a rinneadh ar Phortach Chlóirthigh maidir leis an gcúis le tionchair chomh mór sin go bhfuil uiscíoch aolchloiche an-tréscaoilteach ón Tréimhse Charbónmhar Íochtair faoin láthair atá faoi réir ag carstú (méaduithe uisce a scaoiltear trí scáintí i mbuncharraig) (Flynn et al., 2013). D'fhéadfadh laghdú ar an mbrú uisce (ceann) san uiscíoch seo síneadh thar achair mhóra; taispeánadh go mbíonn tionchar ag na hathruithe seo ar hidreolaíocht thalamh portaigh ar feadh achar an-mhór. Bhraith na suíomhanna ar imríodh tionchair orthu ar na cúinsí geolaíocha. Bhí tionchar níos lú ar limistéir a raibh sil-leagan mínghráinneacha nach raibh an-tréscaoilteach fúthu, i gcomparáid le láithreacha ina raibh móin suite ar ábhar níos gairbhe (agus níos tréscaoiltí).Mar thoradh ar fhiosrúcháin geoifisiceacha a rinneadh ar Phortach Chlóirthigh, tá modh ann chun scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar shuíomh geografach an chuid den phortach atá neamhbhearnaithe ar feadh achair mhóra ó na poirt is gaire, gan gá le druileáil/tochailt fhairsing.




**Léaráid A4.3: Torthaí na suirbhéireachta geoifisice a rinneadh ar an taobh thiar theas de Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fháilí (thuas) agus an léirmhíniú ó thaobh cúrsaí geolaíochta (thíos).Taispeántar tonnadh aníos screamhuisce níos doimhne ón mbuncharraig i gcorcra. Chuir an t-uisce tonnadh aníos athrú mór ar thopagrafaíocht na móna, go háirithe in áiteanna ina bhfuil ábhar foshraithe neamhorgánach neamhtháite mínghráinneachtanaí nó in easnamh faoi bhun na móna. Tá leasú déanta ag na hathruithe sin, ina seal féin, ar eicihidreolaíocht an phortaigh.**

Léiríodh le torthaí an tsuirbhé, chomh maith le torthaí na bhfiosrúchán geolaíoch agus na staidéar hidriceimiceacha, gurb é an toradh a bhí le baint ag draein imeallach, áit a raibh fíorbheagán ábhar foshraith móna nó gan ábhar foshraith móna ar bith ann, gur tharla do scaoileadh mór screamhuisce róbhrúite ón uiscíoch thíos faoin buncharraig chuig an draein nuair a tháinig maidhm sa mhóin faoi chúinsí criticiúla (féach Bosca Modhanna 2). Dá bharr sin, cruthaíodh maolú ar bhrú an screamhuisce buncharraige (ceann) agus bhí tionchar aige sin, sa bhuncharraig atá an-tréscaoilteach, thíos faoin bportach.

Léiríodh le fiosrúcháin gheolaíocha agus geoifisiceacha ar Phortach Chlóirthigh go bhfuil difear mór idir suíomh

fisiceach na láithreach agus na cúinsí a bhaineann de ghnáth le forbairt ardphortaigh, i.e. móin ag teacht chun cinn os cionn dríodar locha. Cé go bhfuil na cúinsí sin ann faoi achair mhóra den láthair in go leor áiteanna eile, áit a bhfuil an fhoshraith móna níos airde, ní bhíonn siad ann. Tá léirithe ag tolladh go bhfuil till oighreach le clastáin aolchloiche ann díreach thíos faoin móin in go leor de na háiteanna sin. Chomh maith leis sin, léiríodh le grágáin faoin móin ar na sil-leagan sin, (rud a chonacthas ar lomán), go mb'fhéidir go ndearnadh síonchaitheamh fo-aerga ar an ábhar, rud a chuirfeadh lena thréscaoilteacht. Féadfaidh tréscaoilteacht agus tiús na tille tionchar mór a imirt ar a nascacht ingearach le huiscígh thíos fúithi agus ar an gcumas ligean do screamhuisce domhain scaoileadh agus tionchar a imirt ar hidreolaíocht portaigh ó achar amuigh, seans. De réir na suirbhéanna geoifisiceacha a rinneadh ar phortach Chlóirthigh, bíonn éagsúlacht mhór i gceist le tiús na tille; bíonn sí tanaí nó in easnamh in áiteanna, agus bíonn móin faoi ardphortach ann an-ghar don uiscíoch buncharraige. I gcás na dtorthaí a thugtar i Léaráid A4.3, comhfhreagraíonn na háiteanna sin do na criosanna inar tháinig turnamh suntasach ar an móin.

I gcodarsnacht leis sin, léiríodh le fiosrúcháin a rinneadh timpeall ar lár Phortach Chlóirthigh gur bhain tionchar na draenála go mór le draenacha níos doimhne a gearradh sa mhóin (gan aon tonnadh aníos screamhuisce níos doimhne). Rud fíorthábhachtach faoi sin, léiríodh le toisí ar airíonna hidreolaíocha agus geoiteicniúla go raibh difear mór idir airíonna agus na treochtaí a bhain leo. In áiteanna nár tharla tonnadh aníos screamhuisce níos doimhne (réigiúnach), léiríodh le toisí ar ábhar orgánach go raibh claonadh ag an móin teannadh gar do dhromchla an talaimh, agus in áiteanna mar a thaispeántar i Léaráid A4.3, inar chuir laghdú ar leibhéal screamhuisce le caillteanas ingearach uisce ón bportach, bhí claonadh ag an móin teannadh ag an mbonn. Sa dá chás, tháinig meath ar sheoltacht hiodrálach(an cumas uisce a scaoileadh) na móna de bharr an turnaimh. I gcás an bhóthair a théann trí Phortach Chlóirthigh, tá mar thoradh ar an meath ar sheoltacht hiodrálach, i gcomhar leis an draenáil ar thaobh an bhóthair, bac hiodrálach a chuireann srian mór ar an tionchar hidrigeolaíoch ar thaobh amháin an phortaigh dul chomh fada leis an taobh eile.

## Imscrúdú Deasc-Bhunaithe ar an Láthair

Léiríonn na coinníollacha thar a bheith ilchineálacha ar Phortach Chlóirthigh éagsúlacht na suíomhanna fisiceacha ina mbíonn portaigh na hÉireann. Is féidir athrú mór teacht ar choinníollacha geolaíocha thar achair ghearra. An aidhm




**Léaráid A4.4:Imeall neamhbhearnaithe Phortach Chill Taobháin, de réir na mapála a rinne an tSuirbhéireacht Ordanáis sa bhliain 1838 (faoi dhath donn), á leagan anuas ar theorainneacha na láithreach mar a bhí sna blianta 1973, 1995, 2005 agus 2012 (sonraí de chuid OSI agus GSI).**

a bhí leis an imscrúdú seo fiosrú cibé an bhféadfadh an tionchar géar a chonacthas ar láithreacha mar Phortach Chlóirthigh tarlú ag SAC Loch Rí mar gheall ar bhaint móna a bhí beartaithe a dhéanamh ar Phortach Chill Taobháin agus ar Phortach Chluain Creamha. Sular tugadh faoi thoisí mionsonraithe ar an láthair, rinneadh staidéar deasc-bhunaithe chun an leas ab fhearr ab fhéidir a bhaint as an iarracht imscrúdaitheach agus as na hacmhainní. Thug bunachair sonraí náisiúnta geolaíocha agus hidreolaíocha a bhí ann cheana féin tuiscint níos fearr ar fáil maidir le suíomh fisiceach SAC Loch Rí agus le bearnaí sna sonraí a shainaithint ar ghá tabhairt fúthu chun tuiscint sách chuimsitheach a thabhairt ar eicihidreolaíocht na láithreach, chomh maith leis an cumas a bheadh ag baint móna leanúnach tionchar a imirt uirthi.

Taispeánadh le hathbhreithniú ar mhapaí topagrafacha stairiúla agus ar íomhánna ón aer a tugadh ina dhiaidh sin, go bhfuil laghdú mór tagtha ar an méid den phortach (nó ardphortach) atá neamhbhearnaithe ó rinneadh an chéad suirbhé go luath sna 1800idí. Cuirtear i láthair i Léaráid A4.4 caillteanais a tharla thart ar Phortach Chill Taobháin, lena n-áirítear caillteanais idir 1973 agus 2012.

Thug scrúdú ar thacair sonraí geolaíocha le fios go bhfuil cineálacha uiscíoch buncharraige thíos faoin choimpléasc an phortaigh atá tábhachtach go háitiúil agus táirgiúil go réigiúnach (Léaráid A4.5). Tá na catagóirí sin thíos faoi go leor de na láithreacha ina dtarlaíonn dochar do ARB agus DRB achar fada ó phoirt, ina measc iad sin ar Phortach Chlóirthigh. Ar an tslí chéanna, taispeántar ar mhapaí fo-ithreacha rinneadh den limistéar meascán de mhóin agus till oighreach ina raibh clastáin aolchloiche (Léaráid A4.6), agus coinníollacha comhchosúla le fáil ar go leo de Phortach Chlóirthigh. Léiríonn an t-amharcóir screamhuisce GSI na rátaí athluchtaithe bliantúla ísle ón móin go dtí an fhoshraith thíos fúithi de thuairim is 25mm/bl. (gnáth raon 1–50mm/bl.).




**Léaráid A4.5: Mapa uiscíocha na buncharraige i gcoimpléasc Phortach Chluain Creamha agus Chluain Láir agus sa cheantar máguaird. Tá na huiscíocha atá faoi bhun na láithreach ar aon chineál leo siúd atá faoi Phortach Chlóirthigh (foinse sonraí: GSI).**




**Léaráid A4.6: Mapa geolaíochta (Fo-ithir) ceathartha den sil-leagan neamhtháite i gcóngar choimpléasc Phortach Chluain Creamha agus Chluain Láir agus an cheantair máguaird. Tá cúinsí cosúil lena bhfuil faoi bhun chuid mhór de Phortach Chlóirthigh. (foinse sonraí: GSI).**

## Mapáil Éiceatópanna

Rinneadh mapáil ar éiceatópanna ar fud dromchla an ardphortaigh in 2003 mar chuid den tionscadal measúnuithe maidir le tionchar na bainte móna le Fernandez et al., (2006). I mí na Bealtaine 2015 rinneadh suirbhé saindírithe ar éiceatópanna chun measúnú a dhéanamh ar láithreacht ARB ar chodanna sainiúla den ardphortach, ina measc na háiteanna ar beartaíodh baint móna a dhéanamh orthu ar Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha. Tugtar le tuiscint ón bhfianaise a bailíodh leis na fiosrúcháin sin gur tháinig caillteanas breise ar ghnáthóg ARB ón ardphortach ó thráth an tsuirbhé in 2003. Ní dhearnadh mapáil ARB ar na háiteanna ar beartaíodh baint móna a dhéanamh orthu.

Is féidir áiteanna DRB a shainaithint a bhuíochas de shamhaltú hidreolaíoch den láthair trí bhíthin sonraí LiDAR a bailíodh in 2012 a úsáid (féach Aguisín 2). Dá bharr sin, agus de bharr torthaí an tsuirbhé is déanaí a rinneadh ar éiceatópanna, is féidir sainmhíniú a thabhairt ar dháileadh ARB agus DRB ar fud choimpléasc an phortaigh. A bhuíochas den eolas sin, chomh maith leis an méid bainte a bheartaítear a dhéanamh ar Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha, aithníodh an deis a bheadh ag baint leanúnach tionchar a imirt ar na codanna ARB agus DRB atá fanta. Taispeántar i Léaráid A4.7 méid na ngnáthóg sin i gcomharsanacht Phortach Chill Taobháin agus taispeántar, cé nach bhfuil DRB ann laistigh de 250m den chuid is faide ó dheas den áit a mbeartaítear móin a bhaint (an t-achar uasta maidir le tionchar ar fhormhór na bportach)tá sé le fáil laistigh de 650m.




**Léaráid A4.7: Mapa de Phortach Chill Taobháin, Limistéar SAC Loch Rí, ar a léirítear chomh fada ó dheas agus a bheadh móin á baint de réir mar atá á bheartú. Tá mar aidhm leis na ciorcail 250m agus 650m ón bpointe is gaire ina dtarlóidh baint móna ar an taobh thoir de Phortach Chill Taobháin go dtí na háiteanna ARB nó DRB is gaire, léiriú a thabhairt ar an ngnáthmhéid tionchair a bhíonn ag baint móna. De ghnáth, ní bheifeá ag súil le tionchar níos faide ná tuairim is 250m amuigh sa chás nach mbeadh tionchar ar an screamhuisce faoi bhun (ag brath ar choinníollacha na láithreach féin), ach d'fhéadfá bheith ag súil le tionchar ar DRB suas le (nó níos faide ná) 650m amuigh dá dtarlódh tonnadh aníos screamhuisce réigiúnach mar thoradh ar bhaint.**

I gcás Phortach Chluain Creamha, léirítear le hathbhreithniú den chineál céanna nach dtarlaíonn aon ARB i bhfoisceacht 250m ón áit a bhfuil sé beartaithe baint móna a dhéanamh. Mar sin féin, tarlaíonn ARB (lena n-áirítear ar choillearnach bogaigh) i bhfoisceacht 650m den áit a bhfuil sé beartaithe baint móna a dhéanamh. I bhfianaise cineál carstach na buncharraige faoina bhun, níorbh fhéidir tionchar ionchasach ar na gnáthóga sin, mar thoradh ar bhaint móna leanúnach ar Phortach Chluain Creamha, a chur as an áireamh (Léaráid A4.8).

Mar gheall go bhfuil ARB i bhfoisceacht 650m den bhaint, tugtar le tuiscint nach féidir an seans go ndéanfaí tionchar diúltach a chur as an áireamh bunaithe ar na sonraí foilsithe atá ar fáil. Le measúnú a dhéanamh ar cibé an bhféadfadh sin tarlú, is gá fiosrúcháin ar an láthair, a dhéanfar go sonrach don láthair, chun saintréithe a shannadh go beacht ar na coinníollacha fodhromchla faoi bhun Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha agus na ceantair máguaird, ag teacht ar na gnáthóga ARB agus DRB. Bunaithe ar chosúlachtaí leis an staidéar a cuireadh i gcrích ar Phortach Chlóirthigh, b'éigean do na fiosrúcháin sin an méid tionchair thuartha ó bhaint móna a leagan amach go muiníneach; áiríodh air sin measúnú mionsonraithe ar an ábhar faoi bhun na láithreach agus, mar ab amhlaidh le Portach Chlóirthigh, cibé ar fheidhmigh an bóthar a scair Portach Chill Taobháin ón gcuid eile den SAC mar bhac hiodrálach, agus mar sin cibé ar chuir sé srian ar thionchar na bainte.




**Léaráid A4.8: Portach Chluain Creamha, Limistéar SAC Loch Rí. Cé nach bhfuil aon phortach ARB ar fáil i bhfoisceacht 250m, tá portach ARB (coillearnach bogaigh san áireamh) agus portach DRB ar fáil i bhfoisceacht 650m, rud a thabharfadh le tuiscint go bhfuil deis shuntasach tionchar a thabhairt i bhfeidhm murar féidir tionchar screamhuisce a chur as an áireamh.**

## Fiosrúcháin ar an Láthair

Bhí mar aidhm le fiosrúcháin ar an láthair a rinneadh i samhradh agus i bhfómhar 2015 feabhas a chur ar an tuiscint ar na coinníollacha geolaíocha ag SAC Loch Rí, go háirithe faoi bhun an ardphortaigh.

Bhí mar aidhm le dhá chéim fiosrúcháin eile a d'éirigh níos mionsonraithe de réir a chéile saintréithe a shannadh ar an idirghaolmhaireacht idir an portach agus a fhoshraith.

### Céim 1

Bhí mar aidhm leis an gcéad chéim d'fhiosrúchán ar an láthair a rinneadh ar SAC Loch Rí saintréithe a shannadh ar an bhfoshraith móna ar feadh choimpléasc uile an phortaigh. Léiríodh leis na torthaí ó 32 chroíleacán, ina measc naoi gcinn a tógadh timpeall ar Phortach Chill Taobháin agus sé chinn a tógadh timpeall ar Phortach Chluain Creamha, go raibh geoiméadracht chasta agus ag an bhfoshraith móna agus éagsúlacht ina comhdhéanamh, ó mharla sliogánach go gairbhéal gaineamhach; níl cuid den sil-leagan curtha i láthair ar mhapaí fo-ithreach foilsithe, rud a léiríonn an gá le tuilleadh fiosrúcháin fodhromchla le bheith níos fearr in ann saintréithe a shannadh ar an láthair.

I suirbhé ar sheoltacht leictreach sonrach (SEC) uisce a bhí ar sreabhadh i ndraenacha imeallacha, a rinneadh i rith thréimhse fhada thirim ag deireadh mhí na Bealtaine 2015, rinneadh scrúdú ar an méid ar chuir an tonnadh aníos uisce ón bhfoshraith móna leis an sreabhadh draenach. Tugadh ar aird sa suirbhé leibhéil SEC in uisce draenach a bhí idir 32µS/cm agus 470µS/cm, rud a léirigh uisce portaigh agus tonnadh aníos screamhuisce níos doimhne faoi seach. Rud ríthábhachtach maidir leis sin, ba threise an uisce phortaigh i gceimic na samplaí a bailíodh timpeall ar Phortach Chill Taobháin agus ní fhacthas tonnadh aníos screamhuisce níos doimhne ach amháin (a) ag druidim le teorainn na hithreach móna agus mianra ó thuaidh, agus (b) timpeall ar an teorainn bhainte ar an taobh ó dheas den láthair. Bhí éagsúlacht níos suntasaí sna leibhéil SEC timpeall ar Phortach Chluain Creamha. Léiríodh leibhéil níos airde de thonnadh aníos screamhuisce níos doimhne (le níos mó mianraí ann) ar an bportach réitithe.

Bunaithe ar thorthaí an fhiosrúcháin, measadh gur theastaigh tuilleadh fiosrúchán ar Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ó bhaint leanúnach ar chuspóirí caomhantais a bhain go sonrach leis an láthair.

## Céim 2

Bhí mar aidhm leis an dara céim d'fhiosrúchán ar an láthair (Céim 2), a bhí níos mionsonraithe agus ar cuireadh tús léi ag deireadh mhí Lúnasa 2015, tuiscint níos cuimsithí a chur ar fáil ar na coinníollacha geolaíocha fo-ithreach a bhí faoi bhun Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha. Leis na sonraí a d'eascair as sin cuireadh bunús eolaíoch ar fáil do thuiscint ar an méid a bhí limistéar ardphortaigh ar Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha, a raibh sé beartaithe móin a bhaint air, ag tacú le gnáthóg ARB agus/nó DRB i gcodanna eile de choimpléasc an phortaigh. Chuirfí deis ar fáil, leis sin, an tionchar a bheadh ag baint ar eicihidreolaíocht na láithreach a shainmhíniú.

I measc na ngníomhaíochtaí sonracha bhí:

a) Suirbhé maidir le Geo-radar(GPR): Clár suirbhéireachta GPR a thug deis bonn na móna a mhapáil. Ritheadh línte suirbhéireachta ag spásáil agus ag taifeach níos mó ná mar a úsáideadh sa measúnú acmhainne tráchtála is nua-aimseartha ar mhóin. Cuirtear i láthair i Léaráid A4.9 suíomhanna na línte ar Phortach Chill Taobháin agus sa cheantar máguaird. Ritheadh sé líne GPR ón tuaisceart go dtí an deisceart trasna Phortach Chill Taobháin ag spásálacha idir 50 agus 100m, agus ritheadh an seachtú líne ar feadh na teorann ó dheas den limistéar beartaithe móin a bhaint go leanúnach ann. Ritheadh tuilleadh línte go díreach ar an taobh thoir den láthair, ina measc traschrios ag dul ón teorainn thoir de Phortach Chill Taobháin chuig an áit DRB ba ghaire (Léaráid A4.9). Ritheadh 5,200m de thraschriosanna GPR sa limistéar sin. Rinneadh tóraíocht láimhe ar feadh gach traschreasa ag eatraimh tuairim is 100m, sa chás nach raibh sonraí tollta móna ar fáil. Bhíothas in ann airde na foshraithe móna a chinneadh a bhuíochas de dhoimhneachtaí móna nuair a cónascadh iad le sonraí topagrafacha ardtaifeacha (LiDAR). Léirítear i Léaráid A4.10 suíomhanna na línte suirbhéireachta GPR ar Phortach Chluain Creamha. Rinneadh suirbhéanna GPR ar Phortach Creamha (1,550m de thraschriosanna) ag spásálacha cosúil leis na cinn ar Phortach Chill Taobháin le taifeach comparáideach a chinntiú. Ar an tslí chéanna, rinneadh gnáth-thóraíocht chun measúnú a dhéanamh ar dhoimhneacht na foshraithe chun gléasanna a chalabrú.

b) Suirbhé maidir le tomagrafaíocht friotachas leictreach(ERT): Baineadh úsáid as ERT chun an doimhneacht chuig an mbuncharraig a chinneadh sna limistéir ar díríodh orthu san fhiosrúchán. Cuirtear i láthair i Léaráid A4.9 na suíomhanna traschreasa ERT ar Phortach Chill Taobháin. Cuireadh sonraí suirbhéireachta mionsonraithe ar fáil ag 1,800m de thraschriosanna maidir le coinníollacha na buncharraige faoi bhun Phortach Chill Taobháin. Cuirtear i láthair i Léaráid A4.10 suíomhanna traschreasa ERT ar Phortach Chluain Creamha, áit ar cuireadh 500m de thraschriosanna i gcrích. Mar is amhlaidh le GPR, bhíothas in ann mapa comh-airde a dhéanamh ach na doimhneachtaí go dtí an mhóin ó shonraí topagrafacha ardtaifeacha a dhealú ar feadh línte traschreasa. Léiríodh leis sin dromchla na buncharraige. Anuas air sin, bhíothas in ann mapa de thiús tille (till iseapaic) faoi bhun phortach neamhbhearnaithe a dhéanamh ach foshraith móna a dhealú ó dhromchla na buncharraige. Cuireadh ar fáil leis an ngné deireanach sin an bunús le heatraimh a shainaithint ina bhféadfaidh ábhair foshraithe móna bheith tanaí nó in easnamh agus ina raibh baol níos mó maidir le tonnadh aníos screamhuisce níos doimhne.

c) Tolladh móna: Bhí roinnt feidhmeanna ríthábhachtacha ag tolladh móna i saintréithiú Phortach Chill Taobháin:
(i) Tugadh deis móin a shampláil chun anailís a dhéanamh uirthi sa tsaotharlann (caillteanas ar adhaint agus a raibh san ábhar orgánach);
(ii) Tugadh deis anailís físe a dhéanamh ar shamplaí móna chun rangú géiniteach a dhéanamh orthu (móin phortaigh /móin eanaigh) agus measúnú ar an méid húmasaithe (an méid lobhaidh);
(iii) Tugadh tuilleadh eolais maidir le tiús móna chun cabhrú le calabrú líne suirbhéireachta GPR; agus
(iv) Tugadh deis sampláil agus cur síos a dhéanamh ar chomhdhéanamh fhoshraith an phortaigh.

Féadfaidh éagsúlacht mhór baint leis an ábhar orgánach i bportaigh. Cuimsíodh fachtóir de thrí nó ceathair i bhfiosrúcháin a rinneadh roimhe seo ar Phortach Chlóirthigh, cé gur tharla sin ar bhealach córasach a léirigh tionchar na draenála. Ar phortaigh ardaithe eile, taispeánadh go raibh éagsúlacht ar an ábhar orgánach ar an tslí chéanna, ó thaobh méid agus fairsinge na héagsúlachta. D'ainneoin sin, níorbh fhéidir treochtaí ar Phortach Chill Taobháin a thuar bunaithe ar thorthaí ó Phortach Chlóirthigh amháin, de bharr na ndifríochtaí féideartha san ábhar móna nár cuireadh isteach air idir láithreacha. D'fhonn an éiginnteacht a bhaineann leis na fiosrúcháin ag SAC Loch Rí a íoslaghdú, tugadh faoi chlár mionsonraithe samplála agus anailíse móna a bhain go sonrach leis an láthair ag na suíomhanna a léirítear i Léaráid A4.11 chun an éagsúlacht spásúlachta a mheas (le fad ó dhraenacha agus le doimhneacht).




**Léaráid A4.9: Ionaid na dtraschriosanna GPR agus ERT ar Phortach Chill Taobháin agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin.**




**Léaráid A4.10: Ionaid na dtraschriosanna GPR agus ERT ar Phortach Chluain Creamha agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin.**

Rinneadh sampláil ar 54 chroíleacán móna ar an iomlán ó dhromchla na talún go dtí bonn na móna. Bailíodh 1,372 sampla (mar a léirítear i Léaráid A4.11). Chun an cháilíocht ab fhearr ab fhéidir a fháil sna samplaí a bailíodh, bailíodh samplaí móna 50mm ar trastomhas x 25cm ar fhad, gach 25cm, ó dhromchla na talún go dtí bonn na móna, le tarathar cruach dhosmálta Rúiseach Eijkelkamp. Dúnadh na samplaí i gcoimeádáin alúmanaim uiscedhíonacha díreach i ndiaidh iad a bhailiú agus mar sin seachnaíodh caillteanas uisce de bharr galaithe sula meádh iad ar an láthair. Ina dhiaidh sin, rinneadh anailís ar 1,372 sampla le haghaidh ábhair orgánaigh trí bhíthin iad a thriomú ag 95 chéim go dtí gur fhan meáchain shamplacha seasmhach. Bhíothas in ann an caillteanas ábhair orgánaigh de bharr ocsaídiú in situ a chainníochtú (trí bhíthin chaillteanas ar adhaint) in anailís ar fho-thacar de 127 sampla. Bailíodh 30 sampla eile d'ábhar foshraithe ach an modh sin a úsáid, le go bhféadfaí airíonna a shaintréithiú níos fearr agus comparáid a dhéanamh idir iad agus samplaí foshraithe a bailíodh ag áit níos doimhne.

Bhíothas in ann raon saincheisteanna ríthábhachtacha a bhain le cuspóirí na bhfiosrúchán a réiteach mar gheall ar thorthaí ó anailís mhóna. Díríodh i ngach ceann ar an méid turnaimh a tharla/a rabhthas ag súil leis ag áiteanna éagsúla ar fud limistéir an fhiosrúcháin ar Phortach Chill Taobháin agus sa phortach díreach ar an taobh thoir de. Cuireadh bunús ar fáil leis na sonraí a d'eascair as sin le tionchar na draenála a chainníochtú maidir le réimis dromchla agus fodhromchla hidreolaíocha araon. Ach prionsabal an chaomhantais ábhair a úsáid, trí bhíthin scrúdú a dhéanamh ar ábhar orgánach a shín ó imill an phortaigh go dtí ionad lárnach nár cuireadh isteach air, tugadh deis an t-athrú ar an ábhar a nascadh le draenáil agus tiús móna. Is féidir sin a chur in iúl le matamaitic mar seo a leanas (féach Bosca Modhanna 1 chun tuilleadh mionsonraí a fháil):

$$\frac{om_{DRAINED}}{om_{INTACT}} = \frac{z_{INTACT}}{z_{DRAINED}}$$

Mar thoradh air sin, is féidir comparáid a dhéanamh idir ábhar orgánach áirithe agus tiús ag láthair a ndearnadh draenáil uirthi agus áit thagartha chun an méid turnaimh a tharla a chinneadh. Bunaithe ar na breathnóireachtaí sin, an caidreamh idir turnamh agus draenáil ó thaobh an spáis de agus, sa chás gur sainmhíníodh aois na bainte, ó thaobh an ama de, is féidir athruithe ar an tiús móna a eascraíonn as baint a thuar. Mar thoradh air sin, ach na sonraí sin a cheangal le samhlacha tiús móna den láthair, is féidir an tionchar a bheadh ag baint leanúnach ar thopagrafaíochtna




**Léaráid A4.11: Ionaid na bpointí samplála móna ar Phortach Chill Taobháin agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin.**

n-áiteanna cóngaracha a thuar. Cuirtear bealach ar fáil leis sin lena rá cibé an mbeidh tionchar ag baint agus an draenáil a bhaineann léi, ag an uasmhéid, ar phróisis eicihidreolaíoch dromchla.

Mar gheall ar an méid móna a baineadh ar Phortach Chluain Creamha go dtí seo agus an méid turnaimh/dlúthaithe atá tarlaithe sa limistéar seo cheana féin, níor bailíodh samplaí móna ón limistéar seo. Chomh maith leis sin, tá Portach Chluain Creamha scoite amach ón gcuid eile den ardphortach slán atá fanta áit nach bhfuil ann de nasc ach cuing móna níos lú ná 15m ar leithead. Is dóigh, mar sin, gur tharla an tionchar deiridh de bharr turnaimh don mhóin sa limistéar seo.

Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar hidreolaíocht dromchla, nochtadh le fiosrúcháin ar Phortach Chlóirthigh go bhféadfaidh draenáil tionchar a imirt ar an sruth screamhuisce sa mhóin, agus bíonn draenáil ina cúis le laghdú sa tréscaoilteacht, fad a mhéadaítear cumas na móna dífhoirmiú a eascraíonn as leibhéil uisce laghdaithe a dhiúltú. Leis na hathruithe sin, ligtear do ghnéithe fisiceacha mar bhóithre feidhmiú mar bhacainní éifeachtacha a fhéadfaidh an tionchar ó bhaint a laghdú nó teorainn a chur leis, i bportach cóngarach atá neamhbhearnaithe.

d) Písiméadar a shuiteáil: Chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag draenáil ar airíonna móna, suiteáladh 27 písiméadar ag doimhneachtaí éagsúla ag 17 suíomh ar Phortach Chill Taobháin agus sa limistéar ar an taobh thoir de (Léaráid A4.12). Tugtar deis, leis an bpísiméadar 32mm ID HDPE le heatraimh sliotán 50cm nó 1m, measúnú a dhéanamh ar na leibhéil uisce a tomhaiseadh ar fud na láithreach. Bhí na suíomhanna cruinnithe timpeall ar an mbóthar ar an teorainn ar an taobh thoir de Phortach Chill Taobháin chun measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh draenáil sa limistéar ina cúis le hathruithe suntasacha ar airíonna hidrigeolaíocha na móna in áiteanna nár cuireadh isteach orthu. Ag an am céanna rinneadh tástáil písiméadair (tástálacha brúcheann ag ardú/tástálacha brúcheann ag ísliú) ag úsáid gléasanna logála sonraí intumtha, rud a thug deis anailís a dhéanamh ar sheoltacht hiodrálach na móna ag úsáid modh Hvorslev (1951) nó modh Bouwer & Rice (1976) (le haghaidh eatraimh scagtha a bhí sáithithe go hiomlán nó i bpáirt, faoi seach).

e) Druileáil foshraithe/písiméadar: Léiríodh le sonraí ó shuirbhéireacht croíleacaithe ón dá chéim den fhiosrúchán gur ábhar mínghráinneach (sioltaí agus créanna cailcreacha) de righneas éagsúil a bhí i bhfoshraith Phortach Chill Taobháin. Chun measúnú




**Léaráid A4.12: Ionaid na bpísiméadar agus pointí samplála tarathar gúiste ar Phortach Chill Taobháin agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí**

níos fearr a dhéanamh ar chineál (tiús agus airíonna) na foshraithe móna, tugadh clár druileála cumhachta tarathair agus suiteáil písiméadair foshraithe chun críche ag cúig áit chun imscrúdú a dhéanamh ar airíonna na n-ábhar a bhí faoi bhun na móna ag cúig áit. Mar gheall ar bhailiúchán leanúnach samplaí faoi bhun bhonn na móna, bhíothas in ann scrúdú a dhéanamh ar an éagsúlacht a tháinig ar airíonna foshraithe de réir na doimhneachta, fad a tugadh deis léirmhíniú na sonraí suirbhéireachta geoifisiceach a bhailíochtú.

## Torthaí an Fhiosrúcháin

**GPR:** Tugtar torthaí na suirbhéireachta GPR ar Phortach Chill Taobháin i Léaráid A4.13.Taispeántar leis na torthaí go bhfuil an fhoshraith ar an taobh thiar den láthair os cionn 4mníos airde ná na heatraimh is ísle ar an taobh thoir. De bharr go bhfuil topagrafaíocht sách réidh ag an bportach, is léiriú é sin ar thanú na móna sa limistéar sin. I gcodarsnacht leis sin, tá clais fheiceálach ag síneadh siar ó thuaidh faoin mbóthar a scarann an portach ón bpríomhchuid den SAC. Léirítear leis sin tiús móna atá cuid mhaith níos suntasaí sa limistéar seo. Agus an cur chuige céanna a úsáid le sonraí a bailíodh ó Phortach Chluain Creamha, léiríodh go raibh sil-leagan neamhtháite le hairíonna geoifisiceacha faoi bhun na foshraithe, cé gur mharla sliogánach is mó a bhí sna sraitheanna ag an mbarr, a bhí inchomparáide leis an bhfoshraith faoi bhun cuid mhaith de Phortach Chill Taobháin.

**Suirbhéireacht ERT:** Léiríodh le torthaí na suirbhéireachta ERT, ar iad a cheangal le torthaí na druileála foshraithe, gur éirigh leis an modh sin chun bonn ábhair neamhtháite a bhí anuas ar bhuncharraig a bhrath. Tugtar i Léaráid A4.14, ina gcuirtear le chéile na torthaí sin agus torthaí suirbhéireacht thollta, LiDAR agus GPR, rannán ionadaíoch geolaíoch ar an láthair. Ach an cur chuige sin a úsáid ar Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha tugadh deis mapaí (iseapaic) a dhéanamh den tiús foshraithe. Taispeántar na mapaí sin i Léaráid A4.15 agus i Léaráid A4.16 agus léirítear gur idir 3m agus 4m sa lár agus os cionn 15m ar an taobh thiar a bhí an tiús foshraithe faoi bhun Phortach Chill Taobháin. Rud ríthábhachtach, léirítear leis na torthaí gur éirigh an fhoshraith an-tanaí ó dheas den teorainn ar an taobh ó dheas den limistéar atá beartaithe a bhaint. Tá sin ag teacht le crios de bheagán tonnadh aníos screamhuisce, a braitheadh i suirbhé hidriceimiceachar dhraenacha imeallacha an phortaigh, a rinneadh i mí na Bealtaine 2015. Tá sin ag teacht leis an áit ina bhfuil an baol is mó maidir le teacht chun cinn choinníollacha criticiúla (féach Bosca Modhanna 2). Léirítear ar an mapa foshraithe iseapaicde Phortach Chluain Creamha go bhfuil an tiús foshraithe móna neamhtháite thar a bheith tanaí (níos lú ná 1m) ag an teorainn ó thuaidh den sprioclimistéar. I gcodarsnacht leis sin, braitheadh tiús níos mó ná 18m níos faide ó dheas.




**Léaráid A4.13: Mapa dromchla fhoshraith móna de Phortach Chill Taobháin agus an limistéar díreach soir uaidh, ag teannadh leis na réimsí is cóngaraí de phortach DRB, Limistéar SAC Loch Rí.**




**Léaráid A4.14:Trasghearradh geolaíochta arna riomh de réir sonraí geoifisice agus geolaíochta le traschrios ERT R4 ar Phortach Chill Taobháin; (Thíos) Torthaí Suirbhéireacht ERT maidir le traschrios ERT R4, Portach Chill Taobháin, Limistéar SAC Loch Rí. Tabhair ar airdtiús suntasach an ábhair fhoshraithe faoi bhun na móna (till oighreach dlúth le clastáin aolchloiche)**




**Léaráid A4.15: Comhrianta tiús tille ar Phortach Chill Taobháin, Limistéar SAC Loch Rí.**




**Léaráid A4.16: Comhrianta tiús tille ar Phortach Chluain Creamha, SAC Loch Rí.**

**Tolladh móna:** Léiríodh leis an gclár fairsing tollta móna a rinneadh ar Phortach Chill Taobháin go leor cosúlachtaí le coinníollacha a chonacthas ar Phortach Chlóirthigh. Tháinig laghdú ar an ábhar orgánach foriomlán i samplaí móna i bportach atá neamhbhearnaithe de réir an achair amach ó dhraenacha. Bhí na leibhéil arda a chonacthas i samplaí a bailíodh gar do sheandraenacha doimhne i gcodarsnacht leis na leibhéil ab ísle a chonacthas i samplaí a bailíodh sna limistéir sin ab fhaide ó aon tionchar draenála. Rud ríthábhachtach, bhí na leibhéil ábhair orgánaigh i gcroíleacáin a bailíodh gar don bhóthar a scarann Portach Chill Taobháin ón gcuid eile den SAC níos ísle go suntasach ná na leibhéil ar Phortach Chlóirthigh áit a raibh na draenacha ar thaobh an bhóthair cuid mhaith níos doimhne.

Tagann laghdú ar an éagsúlacht sin de réir achair agus ar deireadh bíonn na leibhéil cosúil le hábhair chúlra ag achar 232m ó dhraenacha. Tarlaíonn an laghdú is géire i samplaí a bailíodh ó thraschriosanna ag síneadh amach as seandraenacha doimhne, go háirithe na cinn a ritheann isteach ón taobh thiar den láthair áit nach ndearnadh baint ar bith le 40 bliain ar a laghad.

**Toisí písiméadair:** Chonacthas leis an tomhas ar an leibhéal uisce a tugadh i bpísiméadair a suiteáladh ar feadh Phortach Chill Taobháin go bhfuil an maoschlár sa mhóin, go seasmhach, laistigh de 1m de dhromchla na talún níos mó ná 10m ó na draenacha go léir. Bhí leibhéil i dtraschriosanna a shín isteach ó dhraenacha ar thaobh an bhóthair níos lú ná 50cm faoin talamh de ghnáth agus d'éirigh siad níos gaire de dhromchla na talún de réir mar a mhéadaigh an t-achar. Bhí comhpháirt anuas ag grádáin hiodrálacha i gcónaí ag na suíomhanna sin inar suiteáladh písiméadair i bpéirí. Léirítear leis sin, nuair a cheanglaítear é le ceimic na ndraenacha, caillteanas ingearach uisce ón bportach go dtí an fhoshraith faoina bhun, cé gur ag ráta íseal a bhí sé. Dá bharr sin, léirítear freisin go bhfuil an leibhéal screamhuisce i móin neamhbhearnaithe níos airde ná an leibhéal in ábhair foshraithe.

Taispeánann na torthaí ó thástáil sheoltacht hiodrálach luachanna níos airde do mhóin ó thástálacha a rinneadh i ngach písiméadar i gcomparáid leis na cinn sin a foilsíodh do mhóin i bportaithe ardaithe nach in Éirinn iad. Ar an taobh eile, bhí na luachanna a fuarthas mar a bheadh i móin shlán ar go leor portach ardaithe in Éirinn. Rud tábhachtach, léirítear leis na torthaí nach dtagann laghdú mór ar thréscaoilteacht na móna ag druidim le draenacha ar thaobh an bhóthair, treocht a chonacthas freisin san ábhar orgánach i samplaí a bailíodh ó chroíleacáin mhóna sa limistéar céanna. In áiteanna eile, tagann laghdú beag ar chumas na móna uisce a aistriú, mar a léirítear i luachanna sheoltacht hiodrálach, agus léirítear go bhfuil sé níos deacra don uisce sreabhadh trí mhóin (eanach) níos doimhne.

Druileáil/tástáil foshraithe móna: Nuair a druileáladh tríd an bhfoshraith faoi mhóin neamhbhearnaithe ar Phortach Chill Taobháin, thángthas seasta ar thill oighreach shioltach chailcreach le clastáin aolchloiche, cosúil leis

na samplaí a fuarthas i rith tolladh láimhe. Léiríodh ach tástáil a dhéanamh ar na samplaí láimhe go raibh tiús ó bhog go daingean ag na cinn a scrúdaíodh a bhí gar don chomhéadan leis an móin os a chionn. Bhí na samplaí a bailíodh ag doimhneachtaí níos mó ná 1m faoi bhun an leibhéil sin níos láidre, cé go raibh an comhdhéanamh beagnach mar an gcéanna acu, agus iad idir teann agus an-teann. Chonacthas trí bhíthin písiméadair (tobair mhonatóireachta) a shuiteáil isteach san ábhar sin go raibh seoltacht hiodrálach an-íseal aige, bunaithe ar an t-am a thóg sé gur líonadh na tobair le screamhuisce; is gnáthrud é sin maidir le sil-leagan oighreach tille aolchloiche a fhaightear i Lár na hÉireann.

## Sintéis

A bhuíochas do thorthaí an fhiosrúcháin ar an láthair a rinneadh ag SAC Loch Rí, tá feabhas mór tagtha ar an tuiscint reatha ar shuíomh geolaíoch fisiceach agus an tionchar a bhíonn aige ar eicihidreolaíocht Chluain Phortaigh Creamha agus Chluain Láir, go háirithe gar don limistéar atá á bhreithniú maidir le baint móna a dhéanamh ann. Tá léirithe ag torthaí go bhfuil na portaigh ina luí i suíomh casta ó thaobh na geolaíochta de. D'ainneoin sin, de bharr na bhfiosrúchan mionsonraithe éiceolaíocha, geoifisiceacha agus hidrigeolaíocha atá déanta, cabhraíodh le bonn eolaíoch a chur ar fáil don tuiscint ar an méid a thugann an limistéar ardphortaigh ar Phortach Chill Taobháin, a bheartaítear móin a bhaint ann, tacaíocht do ghnáthóg ARB agus/nó DRB i gcodanna eile den choimpléasc portaigh.

### a) Portach Chill Taobháin

Taispeánadh ag toisí a rinneadh ar feadh Phortach Chill Taobháin go bhfuil gaol láidir idir ábhar orgánach agus achar ó dhraenacha imeallacha. Léirítear leis an méid mór éagsúlachta a fheictear gar do na draenacha an tionchar ó dhoimhneacht na ndraenacha agus an leibhéal uisce comhfhreagrach. Sna samplaí sin a bailíodh ar láithreacha tollta ag druidim le poirt, áit a bhfuil draenacha doimhne suiteáilte sa mhóin, tá leibhéil ábhair orgánaigh i bhfad níos airde ná sna samplaí sin a bailíodh in áiteanna nach bhfuil na draenacha gearrtha chomh domhain sin sa mhóin. Áirítear air sin draenacha ar thaobh an bhóthair a scarann Portach Chill Taobháin ón gcuid eile den SAC, áit nach bhfuil mórán difear idir ábhar orgánach agus móin nár cuireadh isteach uirthi achar gearr ón mbóthar. Léiríodh leis na seoltachtaí hiodrálacha comhfhreagracha níos airde a chonacthas leis an tástáil písiméadair sa limistéar seo nach raibh an bóthar, cé gur fheidhmigh sé mar bhacainn éifeachtach ar shreabhadh uisce dromchla, nach raibh sé in ann srian suntasach a chur ar shreabhadh screamhuisce sa chás gur tharla sreabhadh ón SAC in aice láimhe de bharr choinníollacha uisce níos airde (grádán hiodrálach).

Tugtar le tuiscint ón athrú ar na leibhéil ábhair orgánaigh a chonacthas i samplaí in aice le seanphoirt go mbeidh mar thoradh ar bhaint leanúnach ar Phortach Chill Taobháin méadú ar ábhar orgánach de réir mar a théann baint móna ar aghaidh, ní amháin ar an bportach féin ach ar thalamh portaigh díreach in aice láimhe, is é sin, ar an taobh eile den bhóthar. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh tionchar aige sin ar eicihidreolaíocht phortaigh in áiteanna in aice láimhe agus ar dhromchla an bhóthair, go háirithe sna limistéir is tibhe móna sin den phortach (mar a léirítear le GPR). Mar sin féin, léirítear le plotaí ábhair orgánaigh atá sásta leis an achar ó dhraenacha nach síneann an tionchar draenála ar ábhar orgánach níos faide ná 232m ó dhraein ar bith ar an láthair, mar a fheictear i mBosca Modhanna 1. Mar a léirítear i Léaráid A4.7, tá an t-achar sin sách fada ón limistéar DRB is gaire nach mbeidh éifeacht aige ar an eicihidreolaíocht.

.

### b) Portach Chluain Creamha

Tugtar le tuiscint ó na torthaí maidir le Portach Chluain Creamha go bhfuil tiús suntasach sil-leagan neamhtháite faoi bhun go leor den limistéar a bheartaítear níos mó bainte a dhéanamh ann. Anuas air sin, tugtar le tuiscint le sonraí geoifisiceacha gur till oighreach dlúth é cuid mhaithe den ábhar sin, cosúil leis an ábhar a chonacthas i dtollphoill a druileáladh ar Phortach Chill Taobháin. Sa chás go bhfuil an t-uiscíoch buncharraige scartha ón móin os a chionn ag sraitheanna tiubha den till, níltear ag súil le scaoileadh screamhuisce a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ARB nó DRB ar an bpríomhchuid den SAC. D'ainneoin sin, mar a léiríodh ag torthaí na suirbhéanna, téann an fhoshraith móna neamhtháite faoin gcuid ó thuaidh den láthair síos níos lú ná aon mhéadar. Ní féidir a chur as an áireamh an baol go dtarlódh tonnadh aníos suntasach screamhuisce a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar bhaint móna leanúnach sa limistéar.

## Bosca Modhanna 1
### Achar an Tionchair Draenála ar Airíonna Móna a Chinneadh

D'fhonn portaigh ardaithe a chaomhnú go fadtéarmach, ní mór tuiscint a bheith againn ar an tslí a iompraíonn móin agus a mbíonn tionchar aici ar eicihidreolaíocht portach. Is ábhar geolaíoch neamhghnách í móin mar gheall gur d'uisce den chuid is mó atá sí comhdhéanta (90–95% in Éirinn de ghnáth) agus go bhfuil sí thar a bheith in-chomhbhrúite. Mar gheall ar an in-chomhbhrúiteacht ard sin, bíonn móin an-íogaireach i leith athruithe ar an leibhéal uisce agus ar an mbrú uisce (brúcheann). Laghdaítear an éifeacht snámhachta a thacaíonn le struchtúr inmheánach na móna de bharr laghduithe ar an leibhéal uisce, agus titeann sí as a chéile mar gheall ar a meáchan féin. De réir mar a thagann éagsúlacht ar an leibhéal uisce ó áit amháin go háit eile, féadfaidh athruithe teacht ar thopagrafaíocht an phortaigh agus féadfaidh athruithe gaolmhara teacht ar an eicihidreolaíochta d'fhéadfadh bheith ina gcúis le pobail plandaí arna gcarnadh ag móin dul in éag (i.e. ARB).

Bíonn éagsúlacht mhór i gceist le measúnú ar cé chomh fada a fhéadfaidh athrú ar leibhéal uisce síneadh amach, idir phortaigh agus laistigh de phortaithe ar leith. Ceadaítear do thionchair a chainníochtú leis an bprionsabal caomhantais ábhair, bunaithe ar an smaoineamh gur mar gheall ar chaillteanas uisce a thagann athrú ar an toirt, nuair a shocraíonn an mhóin faoina meáchan féin, i.e. fanann an méid ábhair orgánaigh seasmhach. Is féidir sin a úsáid chun an t-athrú ar dhoimhneacht na móna (z) faoi bhun limistéar áirithe a ríomh mar thoradh ar dhraenáil, mar seo a leanas:

**(Cothromóid 1)**

$$\frac{om_{\ DRAINED}}{om_{\ INTACT}} = \frac{z_{\ INTACT}}{z_{\ DRAINED}}$$

nuair is iad $Z_{INTACT}$ agus $Z_{DRAINED}$ doimhneachtaí mhóin shlán agus draenáilte, faoi seach.

Tá sé thar a bheith tábhachtach do phortaigh ardaithe na hÉireann tionchair na ndraenacha imeallacha ar struchtúr na móna a chainníochtú mar is ceann de na príomh-bhagairtí ar a gcuid éiceolaíochta é an draenáil imeallach a bhaineann le baint móna. Taispeántar le ríomhanna bunúsacha innealtóireachta (ag úsáid réiteach Dupuit-Forcheimer do chórais gan srian(Forcheimer, 1898)) go mbraitheann athruithe ar leibhéil uisce i móin (agus na hathruithe a chuireann siad ar a tiús ) ar cé chomh domhain ar ghearradh draein isteach in imeall an phortaigh. Éiríonn tionchar na n-athruithe sin níos lú de réir a chéile níos faide amach ón draein. Rud tábhachtach is ea go dtagann athrú ar leibhéil uisce ag cionroinnt socraithe le haghaidh gach eatramh achair. Mar shampla, má théann an t-uisce siar go dtí leath an bhunleibhéil in achar 20m, téann sé ceathrú eile, nó leath de leath, in imeacht an chéad 20m eile, etc. (Léaráid A4.17)




**Léaráid A4.17:Scéimléaráid lena léirítear an tionchar a bhíonn ag draenáil móna ar leibhéil uisce agus ar an ábhar orgánach.**

Mar gheall gurb iad athruithe ar leibhéal an uisce an tionchar is mó ar an athrú ar ábhar orgánach i móin (OM), is féidir an tionchar draenála ar mhóin a chur in iúl mar

**(Cothromóid 2)**

$$\ln\left(\frac{OMDrained}{OM\ Intact}\right) = -k.\ Distance$$

nuair is eimpíreach seasta é k a léiríonn an t-athrú ar ábhar orgánach mar gheall ar athrú ar an leibhéal uisce. (Tabhair ar aird: de réir Chothromóid (2), chomh luath is a shroicheann an t-ábhar orgánach an leibhéal céanna le móna neamhdhraenáilte ní fhéadfaidh tuilleadh meatha teacht air.)

Ach na sonraí a bailíodh do Phortach Chill Taobháin, cuid de SAC Loch Rí, a bhreacadh, agus an cur chuige seo a úsáid, chonacthas scaipeadh leathan ábhair orgánaigh de réir achair ó dhraenacha. Léiríonn sin na hathruithe difriúla ar an leibhéal uisce a bhaineann leis an raon draenacha (agus athruithe comhfhreagracha ar leibhéal uisce) a chonacthas ar fud na láithreach. D'ainneoin sin, is léir ón mbreacadh gur féidir an tsamhail a úsáid chun an cás ba mheasa a shainmhíniú, ina mbeadh an tionchar ba shuntasaí ar ábhar orgánach ag draenáil. Ach na sonraí faoi ábhar orgánach a bhaineann go sonrach leis an láthair le Cothromóid (2), cinneadh gurb é 232m ó dhraein an t-achar uasta a d'fhéadfadh draenáil tionchar a imirt ar airíonna móna (Léaráid A4.18).




**Léaráid A4.18:Léiriú ar an gcoibhneas maidir le hábhar orgánach de réir mar a chonacthas agus mar a samhaltaíodh chomh maith leis an achar ón draein imeallach, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin. (Cothromóid na Samhla: Log OMobs/OMneamhdhraenáilte)=-0.0028xAchar+0.065).**

D'ainneoin na dtorthaí a thugtar i mBosca Modhanna 1, ní mór breithniú a dhéanamh ar na tionchair ar eicihidreolaíocht, sa chás go n-imreofar tionchar ar screamhuisce níos doimhne, lena chinntiú nach dtiocfaidh réimis draenála cosúil leo sin ar an taobh thiar theas de Phortach Chlóirthigh chun cinn ar Phortaigh Chluain Creamha agus Chluain Láir mar fhreagra ar bhaint. A bhuíochas do thoisí geoifisiceacha, tá sainmhíniú cruinn tugtha ar gheoméadracht an tsil-leagain neamhtháite faoi bhun na láithreach. Léiríodh le torthaí na sonraí sin, nuair a ceanglaíodh iad le torthaí ó thollphoill foshraithe, sraith thiubh de thill oighreach dlúth, righin, nach bhfuil tréscaoilteach a scarann bonn na móna ón uiscíoch buncharraige faoina bun. Feidhmíonn an sil-leagan sin mar

shraith theorantach láidir a chuireann cosc éifeachtach ar screamhuisce scaoileadh chomh fada le dromchla na talún sa chuid is mó den láthair. Tá sin amhlaidh go háirithe ar feadh an limistéir ar Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha a bheartaítear a bhaint tuilleadh. Is fiú a thabhairt ar aird, de réir mar a éiríonn an tsraith tille níos tanaí sa limistéar díreach ó dheas de Portach Chill Taobháin agus ó thuaidh de Phortach Chluain Creamha; bheadh baol de bharr tuilleadh bainte sna limistéir sin maidir le scaoileadh screamhuisce buncharraige a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar eicihidreolaíocht an phortaigh. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas sin i mBosca Modhanna 2.

## Bosca Modhanna 2

### Grádáin Chriticiúla agus Tonnadh Aníos Screamhuisce

An dearcadh coitianta ar portaigh ardaithe gur bogaigh iad atá os cionn an tírdhreacha agus scoite go mór ó na próisis hidreolaíocha timpeall orthu. Féadfaidh ábhair mhínghráinneacha, a nglactar leis go minic go mbíonn siad faoi bhun portach, feidhmiú mar bhacainní a chuireann srian ar an méid malartaithe idir uisce i móin agus an screamhuisce foshraithe faoina bun. Mar sin féin, i gcomhthéacs na hÉireann, is dearcadh ró-shimplí é sin agus is minic a nochtar móin d'ábhair níos tréscaoiltí, le breathnóireachtaí geolaíocha agus geoifisiceacha, agus mar sin ag cumasú malartú uisce níos mó.

Tarlaíonn leibhéil screamhuisce i bportaigh ardaithe gar do dhromchla na talún agus de ghnáth bíonn airdí (cinn) níos mó acu ná mar a bhíonn ag sil-leagan timpeall orthu agus faoina mbun. Sa chás go dtarlaíonn sin, sreabhann uisce ón móin go dtí ábhair in aice láimhe (an fhoshraith ina measc). Léirítear sin le laghdú ar an leibhéal screamhuisce le doimhneacht i bportaigh. I gcodarsnacht leis sin, nuair a bhaintear agus nuair a dhraenáiltear móin, tagann laghdú ar an leibhéal uisce sa mhóin freisin. Sna cúinsí sin, d'fhéadfadh leibhéil uisce sna hábhair faoina bun airdí a bhaint amach a bheadh níos mó ná iad sin sa mhóin os a cionn. Sa chás sin, féadfaidh an screamhuisce ón móin faoina bun sreabhadh aníos tríd an móin, ag brath ar chineál an ábhair eatarthu. An grádán, nó an difríocht i leibhéal uisce idir dhá aonad thar achar ar leith, a chineann ní hamháin treo an sreafa ach an méid uisce a théann isteach i bportach nó a théann amach as. I measc na bhfachtóirí eile a imríonn tionchar ar an malartú sin tá seoltacht hiodrálach(nó tréscaoilteacht) an ábhair eatarthu.

Nuair atá an tseoltacht hiodrálach íseal, féadfaidh sin srian a chur ar shreabhadh an screamhuisce. Mar sin féin, faoi ghrádáin hiodrálacha arda, ní bhíonn ithreacha agus fo-ithreacha áirithe sách láidir lena struchtúr a choimeád, agus cailltear láidreacht inmheánach dá bharr. Is dóigh gurb é gaineamh súraic an sampla de sin a bhfuil cur amach ag daoine air. Féadfaidh sé tarlú le hábhair eile freisin, áfach, lena n-áirítear móin. Léiríodh le fiosrúcháin a rinneadh ar Phortach Chlóirthigh, sa chás gur gearradh draenacha isteach sa mhóin, gar don teagmháil leis an mbuncharraig aolchloiche faoina bun, mhill screamhuisce a bhí ag sreabhadh ar ais ón mbuncharraig struchtúr inmheánach na móna, agus cruthaíodh sloda móna thar a bheith tréscaoilteach a thug deis d'ardú ollmhór ar an scaoileadh screamhuisce ón mbuncharraig isteach sa draein os a cionn. Mar thoradh ar an athrú ar choinníollacha screamhuisce an uiscíoch, rinneadh dochar go fairsing do eicihidreolaíocht an phortaigh, ag cuimsiú achar i bhfad níos mó ná mar a mbeifeá ag súil, de bharr baint móna amháin.

Is gné ríthábhachtach den mheasúnú ar cibé an bhféadfaidh baint móna leanúnach tionchar a imirt ar deis caomhantais phortaigh é limistéir ionchais a shainaithint ina bhféadfadh na coinníollacha sin teacht chun cinn. Chun sin a dhéanamh, teastaíonn tuiscint mhionsonraithe ar gheolaíocht láithreach, go háirithe an cruth ar fhoshraith an phortaigh, céard leis an bhfuil an mhóin i dteagmháil agus cad é mar atá an grádán hiodrálach idir an portach agus an sil-leagan faoina bhun. Braitheann an fánán hiodrálach níos géire ná an fánán íosta is gá le struchtúr inmheánach na hithreach a leasú, ar a dtugtar freisin an fánán criticiúil icrit, ar an domhantarraingt shonrach (nó dlús i gcoibhneas le huisce) maidir leis na hábhair a chomhdhéanann an ithir, Gs, agus an cóimheas póireanna san ithir (ar a dtugtar an cóimheas fásán, e). Mar seo a leanas a luaitear iad sin:

**Cothromóid (1)** $$i_{crit} = \frac{G_s - 1}{1+e}$$

Léiríodh le druileáil agus sampláil ar 30 sampla foshraithe móna faoi bhun Phortach Chill Taobháin go raibh siad comhdhéanta de shíolta, ó bhog go dtí an-righin, chomh maith le roinnt gainimh agus clastán aolchloiche (till oighreach). Carbónáit chailciam is mó a bhí sa chomhdhéanamh agus bhí líon níos lú ar ábhar siliciúil, rud a thug domhantarraingt tuairim is 2.65 dóibh.

Ríomhadh cóimheasa fásán idir 0.32 agus 0.96, cé gur bailíodh formhór na samplaí sin ó díreach faoi bhun na móna áit a raibh an t-ábhar níos boige (agus a raibh cóimheas fásán níos airde aige) ná mar a bhí níos faide síos. Mar sin, ní mór do ghrádáin chriticiúla san ábhar sin 0.84 agus 1.25 a shárú le tosú ag athrú an struchtúir inmheánaigh. Tá codarsnacht mhór idir sin agus móin, a bhfuil domhaintarraingt shonrach tuairim is 1.35 aici, de ghnáth, agus cóimheas fásán idir 13 agus 23; mar sin, bíonn grádáin chriticiúla idir 0.013 agus 0.026. Is féidir an grádán atá go mór níos ísle a bhaint amach i suíomhanna nádúrtha éagsúla. Bheadh na grádáin níos géire a theastódh don till níos neamhghnáiche ná sin. (Léaráid A4.19)




**Léaráid A4.19:Scéimléaráid lena léirítear (1a agus 1b) an tionchar a bhíonn ag fánáin chinniúnacha a tharraingítear de bharr dhraenáil le himeall réimse ar féidir leo an bealach a réiteach do mhaolú suntasach ar bhrú screamhuisce in uiscíoch faoi bhun an phortaigh sa chaoi is go gcuirtear athrú ar chúrsaí eicihidreolaíochta achar fada ón draein. Léirítear le leithead na línte gorma déine (ráta) an tsreafa screamhuisce. Léirítear leis an mionghné sa léaráid íochtarach an tslí a gcruthaítear sloda móna an-tréscaoilteach má sháraítear an grádán criticiúil, rud a éascaíonn do scaoileadh screamhuisce buncharraige níos mó ná mar a tharlaíonn sa mhóin shlán.**

Mínítear leis na grádáin chriticiúla a ríomhtar don mhóin an tslí a fhorbraítear gnéithe séidte nuair a bhíonn móin an-ghar do bhuncharraig, nó ag déanamh teagmhála léi. Ach scrúdú a dhéanamh ar na dálaí geolaíocha ar Phortach Chill Taobháin, chonacthas sraitheanna tiubha (till oighreach) idir an mhóin agus an t-uiscíoch buncharraige, mar shampla mar a fheictear i Léaráid A4.20.




**Léaráid A4.20:Léiriú ar an gcosaint a thugann foshraith ar bheagán tréscaoilteachta (faoi dhath dorcha liath) d'uiscíoch faoi bhun portaigh móna ar an tionchar a bheadh ag draenáil imeallach. Síneann tionchar eicihiodreolaíocha ar an bportach chuig limistéar níos lú áit nach bhfuil tionchar ar an réimeas srutha screamhuisce san uiscíoch faoina bhun.**

Chonacthas le toisí hidricheimice ar feadh Phortach Chill Taobháin sruthanna screamhuisce mianraithe ag tonnadh aníos tríd an móin ar an bportach réitithe ar an taobh thoir theas den láthair, áit a raibh an till tanaí nó in easnamh; i gcodarsnacht leis sin ní fhacthas fianaise ar bith ar thonnadh an íosáit ar bith ar an ardphortach. Tugtar le tuiscint leis na torthaí go bhfuil an leibhéal uisce (brúcheann) sa bhuncharraig gar d'airde an phortaigh réitithe ar an láthair ó thuaidh. Ríomhanna maidir le fánán hiodrálach, ag glacadh leis an gcás ba mheasa ina bhfuil an leibhéal uisce sa mhóin 2m faoi bhun leibhéal an screamhuisce (brúcheann) sa bhuncharraig, ní shárófar an fánán criticiúil áit ar bith a bhfuil sé beartaithe móin a bhaint ann (léaráid A4.21). Is fiú a thabhairt ar aird go sáraítear an fánán criticiúil ar feadh na teorann ó dheas, rud a théann leis an limistéar ar baineadh móin ann cheana agus inar braitheadh tonnadh aníos screamhuisce.




**Léaráid A4.21: Mapa ar a léirítear na fánáin hiodrálach measta ingearacha ar fud Phortach Chill Taobhái. Ní sháraítear fánáin chriticiúla thar an limistéar a bhfuil sé beartaithe móin a bhaint ann agus mar sin níltear ag súil le tionchar hidrigeolaíoch**

I gcás Phortach Chluain Creamha, tugadh le tuiscint le sonraí geoifisiceacha a bailíodh sa cheantar go bhfuil sraitheanna tiubha sil-leagan neamhtháite, lena n-áirítear till oighreach righin, faoi bhun an taobh ó dheas den láthair. Dá bharr sin, ní mheastar gur suntasach an tionchar ó bhaint ar na cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an láthair maidir le ARB, don chuid seo den láthair. I gcodarsnacht leis sin, tugtar le tuiscint leis an sraith an-tanaí de chlúdach a scarann móin ó bhuncharraig ar an taobh ó thuaidh den láthair go bhfuil baol mór ann go dtarlódh tonnadh aníos screamhuisce breise sa cheantar seo, má leantar ag baint anseo. Dá bharr sin, ar an gcoinníoll nach ndéantar móin a bhaint ach amháin sna háiteanna sin a bhfuil ar a laghad 3m de thill fhoshraithe ann, níltear ag súil le tionchar faoi láthair ar ARB ná ar DRB.

## Tátal

Taispeántar le torthaí na bhfiosrúchán deisce ar Phortaigh Chill Taobháin agus Chluain Creamha go bhfuil na haonaid gheolaíocha faoi bhun na láithreach cosúil leo sin a chonacthas ar Phortach Chlóirthigh, áit a bhfuil tionchar i gcónaí ag tonnadh aníos screamhuisce ar na cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an láthair, maidir le ARB.

Léiríodh le fiosrúcháin mhionsonraithe ar an láthair ar Phortach Chill Taobháin, ní mar ab amhlaidh i gcás Phortach Chlóirthigh, ní fheidhmíonn na bóithre a théann thar an SAC mar bhacainní éifeachtacha hidrigeolaíocha ar chur isteach. Féadfaidh baint leanúnach ar an láthair tionchar a imirt ar topagrafaíocht agus ar eicihidreolaíocht thalamh portaigh sna limistéir in aice láimhe. D'ainneoin sin, tá sé léirithe ag torthaí na hanailíse ar ábhar orgánach (mar a thugtar i mBosca Modhanna 1) go bhfuil na gnáthóga ARB agus DRB san SAC sách fada ón limistéar a bhfuil sé beartaithe móin a bhaint ann ar Phortach Chill Taobháin nach mbeidh tionchar orthu ón ngníomhaíocht seo. Tugtar le fios leis sin, ar a sheal, nach bhfuil feidhm tacaíochta ag an limistéar ardphortaigh ar Phortach Chill Taobháin a bhfuil sé beartaithe móin a bhaint ann do ghnáthóg ARB agus DRB in áiteanna eile san SAC.

Tá léirithe ag imscrúduithe geoifisiceacha níos doimhne go dtugann dálaí geolaíocha faoi bhun an limistéir ar Phortach Chill Taobháin a bhfuil sé beartaithe móin a bhaint ann cosaint dhóthanach in aghaidh thonnadh aníos screamhuisce (mar a shonraítear i mBosca Modhanna 2). Mar thoradh air sin, níltear ag súil le tonnadh aníos ar bith sa limistéar a bhfuil sé beartaithe móin bhaint ann ar Phortach Chill Taobháin, sa chás go leanfar ar aghaidh le baint móna sa limistéar sainmhínithe a thugtar i Léaráid A4.22.




**Léaráid A4.22: An réimse de Phortach Chill Taobháin ar féidir leanacht de mhóin a bhaint air gan cur isteach ar phortach ARB ná ar phortach DRB taobh istigh de Limistéar SAC Loch Rí**

De réir mar a éiríonn an t-aonad tille tanaí ó dheas, tagann ardú tapa ar an mbaol tonnta aníos a bhaineann le baint. Mura ndéantar tuilleadh bainte sa limistéar seo, níltear ag súil le tuilleadh athraithe ar réimeas hidrigeolaíoch an uiscígh faoina bhun, mar gheall ar bhaint móna. Dá bharr sin, níltear ag súil go n-imreoidh an éifeacht ó bhaint móna leanúnach ar Phortach Chill Taobháin ar an taobh ó thuaidh den teorainn ó dheas, mar a shainmhínítear i Léaráid A4.22, tionchar ar an ARB/DRB ar an SAC, *i.e. ní mór baint a bheith teoranta go dtí an limistéar a chuirtear i láthair i Léaráid A4.22.*

I gcás Phortach Chluain Creamha, baineann an baol damáiste do ARB/DRB mar gheall ar bhaint móna go príomha le caillteanas de bharr thonnadh aníos screamhuisce arna scaoileadh ó bhuncharraig. Ciallaíonn an méid bainte atá déanta go dtí seo go bhfuil an limistéar seo scoite amach, go bunúsach, ón bpríomhchuid den phortach. Mar thoradh air sin, níltear ag súil le tionchar díreach ar topagrafaíocht phortach ardaithe níos faide ó thuaidh ar an bpríomhchuid den phortach.

Tá tugtha le fios ag sonraí geoifisiceacha a bailíodh sa limistéar go bhfuil sraitheanna tiubha neamhtháite sil-leagain, lena n-áirítear till oighreach righin, faoi bhun an taobh ó dheas den láthair. Dá bharr sin, ní mheastar gur suntasach é an tionchar ó bhaint móna ar na cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an láthair don ARB, don chuid seo den láthair. I gcodarsnacht leis sin, léirítear leis an tsraith an-tanaí a scarann an mhóin ón mbuncharraig an taobh ó thuaidh den láthair go bhféadfadh baol suntasach teacht chun cinn sa limistéar seo maidir le tuilleadh tonnta aníos screamhuisce, má leantar ar aghaidh ag baint anseo. Dá bharr sin, ba cheart baint a choinneáil ag an taobh ó dheas den láthair áit a bhfuil ar a laghad 3m de thill faoi bhun na móna chun tuilleadh tionchair ar ARB/DRB ar an SAC a sheachaint, *i.e. ní mór baint a bheith teoranta go dtí an limistéar a chuirtear i láthair i Léaráid A4.23*.




**Léaráid A4.23: An réimse de Phortach Chluain Creamha ar féidir leanacht de mhóin a bhaint air gan cur isteach ar phortach ARB ná ar phortach DRB taobh istigh de Limistéar SAC Loch Rí**

# Aguisín 5

## Sampla de Phlean Bainistíochta Draenála maidir le Limistéar NHA Cheathrú na gCapall, Co. na Gaillimhe

### Cúlra leis an bPlean Bainistíochta Draenála

Tá dréacht-phleananna athchóiriúcháin déanta chun tograí a leagan amach maidir le hathchóiriúchán phortach ardaithe agus ghnáthóga gaolmhara laistigh de gach ceann de na SAC phortach ardaithe. Sainaithníodh bearta athchóiriúcháin atá indéanta go teicniúil do na criosanna éagsúla den phortach, lena n-áirítear ardphortach, portach réitithe agus na himeallacha timpeall orthu.

Uaireanta, bíonn imní ar na pobail áitiúla a chónaíonn gar do phortaigh ardaithe go mbeidh tuilte nó tuilte níos measa ann mar thoradh ar bhearta athchóiriúcháin den sórt sin. Taispeánadh ar go leo portach a ndearnadh athchóiriúchán orthu, áfach, gur minic go gcuirtear moill ar an sreabhadh uisce ón bportach má bhlocáiltear draenacha ar ardphortaigh, agus mar sin go laghdaítear minicíocht agus méid imeachtaí tuilte. Tá oibreacha athchóiriúcháin déanta ar líon ard portach ardaithe in Éirinn, lena n-áirítear blocáil dhraenacha ardphortaigh agus phortaigh réitithe. Blocáladh draenacha portaigh ar Phortach Chlóirthigh (Thoir), Co. Uíbh Fhailí, Portach an Ráithín Mhóir Bog, Co. Uíbh Fhailí, Ceathrú na gCapall Bog, Co. na Gaillimhe, Lios na gCaorach Bog, Co. na Gaillimhe, chomh maith le ar roinnt choimpléasc mór de phortaigh ardaithe de chuid Bord na Móna. Blocáladh draenacha phortaigh réitithe ar roinnt portach ardaithe, ina measc Portach Bhaile Chionaoith, Co. an Longfoirt, agus Portach Choillidh Chonnaidh, Co. an Chabháin/na Mí.

Tá roinnt samplaí d'áiteanna ina bhfuil athchóiriúchán thalamh portaigh á dhéanamh mar bheart maolaithe tuilte, go háirithe ar fud na Ríochta Aontaithe. Tá obair athchóiriúcháin fhairsing déanta ar thalamh portaigh i bPáirc Náisiúnta Exmoor in Snowdonia, i bhfoirm bhlocáil draenacha go príomha. Shuiteáil foireann an tionscadail trealamh úrscothach a sheolann sonraí ó bhreis is 20 pointe monatóireachta ar an móinteach gach 15 nóiméad chun athruithe ar leibhéil mhaoschláir a thaifeadadh ar roinnt láithreacha chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa ón móin. Tugadh le tuiscint ó na chéad torthaí gur tháinig laghdú suas go dtí aon trian ar an méid uisce stoirme ag sreabhadh ón móinteach i rith báistí troime. Sa bhreis air sin, tá méadú 260,000 méadar ciúbach tagtha ar acmhainn stórála na móna.

D'ainneoin sin, de bharr gur ábhar imní suntasach é sin le haghaidh go leo pobal, agus ceann nach réiteofar go hiomlán, is dócha, go dtí cúpla bliain i ndiaidh don athchóiriúchán bheith críochnaithe, tá sé tábhachtach go ndéantar breithniú iomlán ar an gceist seo an tráth a thabharfar faoi bhearta athchóiriúcháin. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, moltar go ndéantar bainistiú draenála, níos faide ná teorainn an phortaigh ardaithe, a lánpháirtiú sa phlean athchóiriúcháin do gach portach. Ba cheart sin a fhorbairt mar chuid den phróiseas chun an plean athchóiriúcháin a fhorbairt tuilleadh i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla.

Tá plean bainistíochta draenála píolótach forbartha do na príomh-chainéil draenála timpeall ar SAC Phortach Cheathrú na gCapall (001242) áit ar tuairiscíodh tuilte logánta in aice an SAC. Tá achoimre thíos ar an bpróiseas maidir leis an bplean bainistíochta draenála.

### Forbairt ar an bPlean Bainistíochta Draenála

Maidir le Portach Cheathrú na gCapall, tugadh le tuiscint, a bhuíochas d'eolas áitiúil, gur tharla tuilte go rialta a raibh tionchar acu ar thalamh talmhaíochta míntírithe ar feadh roinnt limistéar in aice le Portach Cheathrú na gCapall. Tá na tuilte sin ag tarlú le roinnt blianta anuas, i limistéar nach ndearnadh bearta athchóiriúcháin ar bith iontu; mar sin ní bhaineann siad le hoibreacha athchóiriúcháin ar an bportach. D'fhonn an t-athchóiriúchán ar Phortach Cheathrú na gCapall a chomhlánú, rinneadh measúnú ar an líonra draenála chun tuilleadh bealaí a shainaithint le laghdú níos mó a dhéanamh ar mhinicíocht agus ar mhéid na n-imeachtaí tuilte as-an-gcainéal.

Ní mór moltaí ar bith maidir le cainéil draenála a leasú a mheasúnú ar bhonn an cháis aonair lena chinntiú nach mbeidh mar thoradh acu drochthionchair ar dhálaí caomhantais SAC Phortach Cheathrú na gCapall. Is amhlaidh sin mar go bhféadfaidh na draenacha ar imeall an phortaigh tionchar suntasach a imirt ar chinn screamhuisce réigiúnacha. Sa chás go ndéantar draenacha imeallach aníos doimhne i bhfoshraith mianra faoi bhun na móna, nó gar di, d'fhéadfadh sin bealach a chruthú do scaoileadh screamhuisce, rud a chruthódh cinn screamhuisce réigiúnacha thar achar suntasach. D'fhéadfadh brostú mór leis an insíothlúchán ingearach tríd an móin achar mór ón áit ar tharla an draenáil a theacht dá thoradh sin, as a leanfadh triomú fairsing ghnáthóg an phortaigh ardaithe. Moltar dearadh cainéal eile a chur i bhfeidhm sa chás nach

féidir an baol maidir le tionchar screamhuisce a chur as an áireamh ach gur gá toisí chainéil a mhéadú chun tuilte a sheachaint. An cur chuige is fearr, cainéal níos leithne seachas níos doimhne a dhéanamh, ach d'fhéadfadh fadhbanna bheith ag baint leis sin, lena n-áirítear meathéiceolaíoch, dríodrú agus an iomarca fásra istigh sna cainéil. Dá bharr sin, moltar cainéal dhá-chéim a dhéanamh, sa chás go dteastaíonn leasuithe ar chainéil, d'fhonn cur leis an acmhainneacht an tráth an mbíonn sruth ard ann agus d'fhonn tionchar éiceolaíocha a chosc maidir le sruth íseal ar feadh chainéal leathan, mar a léirítear i Léaráid A5.1.

**a) Gnáth-chainéal draenála traipéasóideach aonfhoirmeach**



**b) Cainéal draenála dhá-chéim chun acmhainneacht bhreise a sholáthar i rith sreabhaidh aird**



**Léaráid A5.1 Scéimléaráid de ghnáthchainéal draenála agus cainéal dhá chéim**

## Achoimre Hidreolaíoch

Sainaithníodh cúig fho-abhantrachtaí phríomha mar bheith faoi thionchar an phortaigh (Léaráid A5.2). Mar sin féin, ní dhraenálann roinnt de na fo-abhantrachtaí sin ach cuid bheag den phortach. Tugadh le tuiscint ó eolas áitiúil nach bhfuil saincheisteanna tuilte ábhartha ach i leith dhá ceann de na fo-abhantrachtaí sin (fo-abhantracht 1 agus fo-abhantracht 2). Tharla roinnt imeachtaí tuilte le blianta beaga anuas i ngach ceann de na fo-abhantrachtaí sin, as a lean tuilte ar thalamh talmhaíochta. Mar thoradh air sin, déanfar measúnú breise ar an dá fo-abhantrachtaí sin lena chinneadh cibé an bhfuil bearta maolaithe tuilte de dhíth ina leith.




**Léaráid A5.2 Na fo-abhantrachtaí draenála is tábhachtaí maidir le Portach Cheathrú na gCapall**

## Anailís Hidreolaíoch

Rinneadh meastóireacht ar ghnáthshreabhadh tuile leis na teicnící meastóireachta tuile caighdeánacha is oiriúnaí a úsáid i bhfo-abhantrachtaí beaga. Áirítear orthu sin:

- *The Institute of Hydrology Report no 124 (IH 124) (Marshall & Bayliss, 1994)*
- *The Flood Estimation Handbook Statistical Method (Kjeldsen et al., 2008)*
- *The Flood Studies Update 7 – variable equation (FSU 7 variable) (Murphy, 2009).*

Úsáideach gach modh chun Qmed (an tuile uasta bhliantúil mheánach le tréimhse fillte tuairim is dhá bhliain) a mheas ag sceithbhealach le sruth de chuid gach fo-abhantrach. Rinneadh suirbhé ar an gcainéal ina dhiaidh sin agus ar na struchtúir ghaolmhara d'fhonn acmhainneacht an chainéil a chinneadh. Úsáideadh an ceann is coimeádaí de na cuir chuige meastóireachta i leith sruth tuile ansin chun suíomhanna ar feadh an chainéil a shainaithint inar dócha go mbeadh an acmhainneacht chainéil ró-íseal chun imeachtaí tuile ardmhinicíochta a sheasamh.

Mar gheall ar an bpróiseas sin, sainaithníodh roinnt suíomhanna ina bhfuil struchtúir chainéil go mór faoi bhun an mheánmhéid, ag freagairt do shuíomhanna inar thug páirtí leasmhar áitiúil le tuiscint go raibh fadhbanna tuile ann le blianta beaga anuas. Moltar, mar sin, uasghrádú a dhéanamh ar na struchtúir sin chun cur le hacmhainneacht an chainéil. Ina theannta sin, ba léir nach bhfuil toisí cainéil leordhóthanach chun sreabhadh tuile ardmhinicíochta a iompar; mar sin féin, bhí bacainní ann i roinnt cásanna, lenar áiríodh bruscar agus fásra le fréamhacha doimhne sa chainéal; is gnéithe iad sin a chuirfidh isteach ar an sruth, is dócha, agus a bheidh ina gcúis le laghdú logánta ar an

acmhainneacht iompair. Moladh an bruscar nó an fásra sin a bhaint ar feadh an dá phríomhchainéal chun cur leis an acmhainneacht srutha. In áiteanna a bhfuil foscadh suntasach ar an gcainéal, moltar baint roghnaitheach crann chun tollánú ar feadh na gcainéal a chosc. Sa chás go bhfuil fásra suntasach ar na bruacha, ar dócha go laghdóidh sé acmhainneacht le linn ardsrutha, ba cheart é sin a bhainistiú. Léirítear achoimre ar bhearta bainistíochta draenála molta i Léaráid A5.3.

Is ceart na hoibreacha sin a dhéanamh de réir Ghnáth-nósanna Imeachta Oibriúcháin agus Phrótacail Bhainistithe Comhshaoil na Seirbhíse Cothabhála Draenála Artairí de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)[1]. D’fhéadfadh athruithe ar chainníocht agus ar cháilíocht an uisce trí bhíthin bhainistiú draenála tionchar díreach a imirt ar ainmhithe sna réimsí uisce. Dá bharr sin, moltar dul i gcomhairle Iascaigh Intíre Éireann, go háirithe maidir le cainéil mhóra, d’fhonn an acmhainn iascaigh intíre a chaomhnú agus a chosaint.

Go hachomair, tá na hoibreacha cothabhála molta comhdhéanta de:

- Lintéir lena mbaineann dearadh gann a athsholáthar;
- Uasghrádú ar chosaint bhruacha lintéar áit ar baol blocála é sin i rith imeachtaí tuile;
- Baint roghnaitheach crann áit a bhfuil foscadh mór (tollánú) ann;
- Bruscar agus fásra fréamhaithe san uisce a bhaint; agus
- Fásra bruacha a bhainistiú sa chás gur dócha go laghdóidh sé acmhainneacht srutha.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil an cur chuige seo beartaithe an baol maidir le tuilte an-rialta a laghdú. Beidh imeachtaí tuile ann amach anseo, mar ní féidir le dearadh baol a chur as an áireamh go hiomlán. Mar sin féin, laghdófar go mór minicíocht agus méid na n-imeachtaí tuile trí bhíthin na mbeart bainistíochta draenála seo.

1. http://www.opw.ie/en/media/environmental-management-protocols-and-sop-april-2011.pdf




**Léaráid A5.3 Mapa ar a leagtar amach na bearta bainistíochta a meastar gá leo maidir le draenáil i Limistéar SAC Phortach Cheathrú na gCapall**

## Na chéad chéimeanna eile agus bainistiú draenála fadtéarmach

Moltar go bpléifidh NPWS an fhéidearthacht go bhforbrófaí Meabhrán Tuisceana leis an OPW agus/nó le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun tabhairt faoi na hoibreacha bainistíochta draenála beartaithe. Tá taithí fhairsing ag an dá chomhlacht sin, chomh maith leis an gcumas teicniúil oibreacha den sórt sin a thabhairt chun críche agus is dóigh go gcinnteodh siad go ndéanfaí an obair go léir chuig caighdeán cuí. I ndiaidh na hoibreacha cothabhála draenála beartaithe a thabhairt chun críche, ba cheart réamhshuirbhé ar fheidhm na gcainéal a dhéanamh gach bliain fad a bheadh oibreacha athchóiriúcháin phortaigh ar bun agus gach cúig bliana i ndiaidh do na hoibreacha athchóiriúcháin bheith tugtha chun críche lena chinntiú go n-íoslaghdófar an baol ó thuilte. Ba cheart cigireacht a dhéanamh ar an gcainéal gach cúig bliana ansin chun aon charnadh bruscair nó fásra a shainaithint a d'fhéadfadh tuilte tarlú dá bharr amach anseo.

# Aguisín 6

## Achoimre ar Phlean Bainistíochta Draenála maidir le Limistéar NHA Cheathrú na gCapall, Co. na Gaillimhe

### SAC Phortach Ard an Chuilinn- Achoimre

| | |
|---|---|
| **Ainm na Láithreach:** | SAC Phortach Ard an Chuilinn |
| **Cód na Láithreach:** | 002341 |
| **Contaetha:** | An Longfort |
| **Ceantar Abhantraí:** | An tSionainn |
| **Fo-Abhantrach:** | Inny[Shannon]_SC_020, Inny[Shannon]_SC_050, Camlin_SC_010 |
| **Tuilleadh Eolais:** | http://www.npws.ie/protected-sites/sac/002341 |

**Achoimre ar an Láthair:**

Tá Portach Ard an Chuilinn suite 5km soir ó thuaidh ó Mheathas Troim, an chuid is mó de sna bailte fearainn Cluain Sionnach agus Ard an Chuilinn i gCo. Longfoirt. Tá luach ard caomhnaithe ag baint leis an bportach mar gheall ar an achar suntasach de phortach ardaithe atá ann. Cé gur láthair sách beag é is ionann é agus a bhfuil fanta de phortach ardaithe i bhfad níos mó. Tá sampla maith ann d'fhásra ar phortach ardaithe beo ina bhfuil tulóga agus locháin go fairsing ann.

**Staitisticí maidir leis an Láthair**

| | |
|---|---|
| Achar ardphortaigh in 1995 (ha): | 57.9 |
| Achar ardphortaigh in 2012 (ha): | 56.9 |
| Athrú ar ardphortach (ha): | -1.0 |
| Athrú ar ardphortach (%): | -1.7% |
| Níl suirbhé níos luaithe ar fáil | N/A |
| Achar portaigh ardaithe beo in 1999 (ha) (Derwin & MacGowan, 2000*) (*Athbhre-ithnithe 2014) | 14.0 |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (ha): | N/A |
| Athrú ar phortach ardaithe beo (%): | N/A |
| Achar portaigh ardaithe díghrádaithe (ha): | 2.7 |
| Achar gnáthóg portaigh móinchruthaithe (ha) | 6.3 |

**Cómhdhéanamh an Ardphortaigh**



## SAC Phortach Ard an Chuilinn - Athchóiriúchán Beartaithe Forléargas ar Bhearta




## SAC Phortach Ard an Chuilinn - Criosanna atá Beartaithe a Athchóiriú



| | |
|---|---|
| **Zón Athchóiriúcháin:** | Ard an Chuilinn_01 |
| **Bailte Fearainn:** | Ard an Chuilinn, Easnach |
| **Tosaíocht:** 2 **An Bonn atá leis na Bearta:** | Gnáthóga Portaigh Móinchruthaithe - Portach |
| **Achar Portaigh Ardaithe Díghrádaithe (DRB) (ha):** | 0 |
| **Acmhainn Gnáthóg Portaigh Móinchruthaithe (ha):** | 4.7 |




## Bearta atá Molta

| Beart 1: | Beart 2: | Beart 3: |
|---|---|---|
| 2.99km de dhraenacha a bhlocáil | Drain imeallach 650m ar fhad a dhéanamh | 6 chora/sceithbhealach a dhéanamh |

| | |
|---|---|
| **An dóigh go gcuideoidh bearta athchóiriúchain leis an ardphortach?** | Cuideoidh - laghdófar an grádán idir an maoschár san ardphortach agus an maoschlár ar imeall an phortaigh. |
| **Gnáthóg reatha:** | Portach réitithe, scrobarnach |
| **Comhspleáchas:** | N/A |

## Achoimre ar Bhearta

| Dambaí móna atá de dhíth | Dambaí plaisteacha atá de dhíth | Foraoiseacht le glanadh (ha) | Fad an damba imeallaigh (m) | Líon gCoraí/Sceithbhe alaí | Fad na ndraenacha inlíonta (m) |
|---|---|---|---|---|---|
| 221 | 22 | 0 | 650 | 6 | 0 |

| | |
|---|---|
| **Zón Athchóiriúcháin:** | Ard an Chuilinn_02 |
| **Bailte Fearainn:** | Ard an Chuilinn, Cluain Sionnach nó Diméin Mhainéár Chúil Amra |
| **Tosaíocht:** 2 **An Bonn atá leis na Bearta:** | Gnáthóga Portaigh Móinchruthaithe - Portach |
| **Achar Portaigh Ardaithe Díghrádaithe (DRB) (ha):** | 0 |
| **Acmhainn Gnáthóg Portaigh Móinchruthaithe (ha):** | 1.6 |




## Bearta atá Molta

| Beart 1: | Beart 2: | Beart 3: |
|---|---|---|
| 4.85km de dhraenacha a | N/A | N/A |

| | |
|---|---|
| **An dóigh go gcuideoidh bearta athchóiriúchain leis an ardphortach?** | Cuideoidh - laghdófar an grádán idir an maoschár san ardphortach agus an maoschlár ar imeall an phortaigh. |
| **Gnáthóg reatha:** | Portach réitithe, Scrobarnach, coillearnach phortaigh |
| **Comhspleáchas:** | N/A |

### Achoimre ar Bhearta

| Dambaí móna atá de dhíth | Dambaí plaisteacha atá de dhíth | Foraoiseacht le glanadh (ha) | Fad an damba imeallaigh (m) | Líon gCoraí/Sceithbhe alaí | Fad na ndraenacha inlíonta (m) |
|---|---|---|---|---|---|
| 444 | 39 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | |
|---|---|
| **Zón Athchóiriúcháin:** | Ard an Chuilinn_03 |
| **Bailte Fearainn:** | Ard an Chuilinn, Easnach, Cluain Sionnach nó Diméin Mhainéár Chúil Amra |
| **Tosaíocht:** 1 **An Bonn atá leis na Bearta:** | An portach ardaithe beo a mhéadú (ARB) |
| **Achar Portaigh Ardaithe Díghrádaithe (DRB) (ha):** | 2.68 |
| **Acmhainn Gnáthóg Portaigh Móinchruthaithe (ha):** | 0 |




## Bearta atá Molta

| Beart 1: | Beart 2: | Beart 3: |
|---|---|---|
| 4.4km de dhraenacha a bhlocáil | N/A | N/A |

| | |
|---|---|
| **An dóigh go gcuideoidh bearta athchóiriúchain leis an ardphortach?** | Cuideoidh - tá sé i gceist bearta a chur i bhfeidhm ar an ardphortach agus cuideoidh sin go díreach le coinníollacha hidreolaíocha a fheabhsú. |
| **Gnáthóg reatha:** | Portach réitithe, scrobarnach |
| **Comhspleáchas:** | N/A |

### Achoimre ar Bhearta

| Dambaí móna atá de dhíth | Dambaí plaisteacha atá de dhíth | Foraoiseacht le glanadh (ha) | Fad an damba imeallaigh (m) | Líon gCoraí/Sceithbhe alaí | Fad na ndraenacha inlíonta (m) |
|---|---|---|---|---|---|
| 347 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Zón Athchóiriúcháin:** | | | Ard an Chuilinn_04 |
| **Bailte Fearainn:** | | | Easnach, Cluain Sionnach nó Diméin Mhainéár Chúil Amra |
| **Tosaíocht:** | N/A | **An Bonn atá leis na Bearta:** | Achar a ndearna Coillte athchóiriú air roimhe seo (PFH - Portach) |
| **Achar Portaigh Ardaithe Díghrádaithe (DRB) (ha):** | | | 0 |
| **Acmhainn Gnáthóg Portaigh Móinchruthaithe (ha):** | | | 0.38 |




## Bearta atá Molta

| Beart 1: | Beart 2: | Beart 3: |
|---|---|---|
| Gan aon bhearta beartaithe (limistéar a ndearna Coillte athchóiriú air roimhe seo) | N/A | N/A |

| | |
|---|---|
| **An dóigh go gcuideoidh bearta athchóiriúchain leis an ardphortach?** | Cuideoidh - tá an dóigh ann go laghdóidh obair athchóiriúcháin a rinneadh roimhe seo an grádán idir an maoschár san ardphortach agus an maoschlár ar imeall an phortaigh. |
| **Gnáthóg reatha:** | Portach réitithe, Scrobarnach, Coillearnach a réitíodh le deanaí, coillearnach phortaigh |
| **Comhspleáchas:** | N/A |

## Achoimre ar Bhearta

| Dambaí móna atá de dhíth | Dambaí plaisteacha atá de dhíth | Foraoiseacht le glanadh (ha) | Fad an damba imeallaigh (m) | Líon gCoraí/Sceithbhe alaí | Fad na ndraenacha inlíonta (m) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | |
|---|---|
| **Zón Athchóiriúcháin:** | Ard an Chuilinn_05 |
| **Bailte Fearainn:** | Ard an Chuilinn, Cluain Sionnach nó Diméin Mhainéár Chúil Amra |
| **Tosaíocht:** N/A **An Bonn atá leis na Bearta:** | Achar a ndearna Coillte athchóiriú air roimhe seo (PFH - Portach) |
| **Achar Portaigh Ardaithe Díghrádaithe (DRB) (ha):** | 0 |
| **Acmhainn Gnáthóg Portaigh Móinchruthaithe (ha):** | 0.14 |




## Bearta atá Molta

| Beart 1: | Beart 2: | Beart 3: |
|---|---|---|
| Gan aon bhearta beartaithe (limistéar a ndearna Coillte athchoiriu air roimhe seo) | N/A | N/A |

| | |
|---|---|
| **An dóigh go gcuideoidh bearta athchóiriúchain leis an ardphortach?** | Cuideoidh - tá an dóigh ann go laghdóidh obair athchóiriúcháin a rinneadh roimhe seo an grádán idir an maoschár san ardphortach agus an maoschlár ar imeall an phortaigh. |
| **Gnáthóg reatha:** | Portach réitithe, Scrobarnach, Coillearnach a réitíodh le deanaí, coillearnach phortaigh |
| **Comhspleáchas:** | N/A |

### Achoimre ar Bhearta

| Dambaí móna atá de dhíth | Dambaí plaisteacha atá de dhíth | Foraoiseacht le glanadh (ha) | Fad an damba imeallaigh (m) | Líon gCoraí/Sceithbhe alaí | Fad na ndraenacha inlíonta (m) |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

# Aguisín 7

## An Próiseas Athlonnúcháin idir Portaigh

### An Próiseas a bhaineann le Lucht Bainte Móna a Athlonnú go dtí Portaigh Neamhainmnithe

### Céim 1- Ionaid Ionchais a Shainaithint

An chéad chéim den phróiseas, portaigh ionchais eile gar don SAC a shainaithint a bheadh oiriúnach le haghaidh baint móna. I gcásanna áirithe, shainaithin grúpaí bainte móna portach ba mhian leo imscrúdú a dhéanamh air chun a oiriúnacht le haghaidh baint móna a chinneadh. D'éirigh go maith leis sin i roinnt cásanna agus cuireadh an portach sainaitheanta as an áireamh i gcásanna eile, ar chúiseanna éagsúla, agus chuathas ar aghaidh leis an gcuardach.

San áireamh i gCéim 1 freisin bhí measúnú ar athionaid ionchais a sainaithníodh i moltaí Chumann an Lucht Bainte Móna (TCCA)chuig Coimisiún an AE agus chuig Rialtas na hÉireann an 4 Márta 2012, Tuarascáil Quirke (Quirke, 2012), maidir le 56 choimpléasc phortach ardaithe, measúnú a rinne pobail áitiúla bainte móna agus baill foirne na Roinne. Thug oifigigh na Roinne faoi chleachtadh sainaitheantais tosaigh agus chuardaigh athionaid ionchais a bheadh oiriúnach a bhreithniú tuilleadh i bhfoisceacht 15kmó gach ceann de na SAC. Sa chleachtadh sin, scrúdaíodh na mionsonraí úinéireachta a bhí ar fáil ó Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann. Sa chás gur thug an cleachtadh sin le fios go raibh acmhainneacht ag an ionad, thug oifigigh na Roinne faoi cigireacht allamuigh ar an ionad. Foireann na Roinne a rinne an chéad imscrúdú ar na hionaid sin agus sa chás gur tugadh le tuiscint nach raibh ionad oiriúnach, cuireadh na mionsonraí ar aghaidh chuig Bord na Móna, a bhí fostaithe ag an Roinn, chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh orthu. Go dtí seo, tá cúpla céad ionad sainaitheanta agus scrúdaithe ag foireann na Roinne.

### Céim 2- Réamh-mheasúnacht oiriúnachta ar athionad ionchais

Áirítear anseo cuairt ar an ionad ag saineolaí ó Bhord na Móna agus scrúdú ar an ardphortach, ar an spás le móin a scaradh, ar bhóithre isteach is amach chuig an láthair, ar chúrsaí draenála agus ar aon cheist thábhachtach eile.

### Céim 3- Measúnacht oiriúnachta stratagrafaíochta ar athionad ionchais

Tugtar faoi mheasúnacht stratagrafaíochta chun doimhneacht agus cáilíocht na sil-leagan móna san ionad a chinneadh. Tógtar samplaí móna as áiteanna éagsúla ar fud an ionaid, déantar anailís orthu agus déantar iad a rangú de réir *Von Post Scale of Decomposition of Peat*.

### Céim 4- Measúnacht oiriúnachta iomlán ar athionad ionchais

Tugtar faoi mheasúnacht iomlán d'fhonn measúnacht a dhéanamh ar oiriúnacht an ionaid maidir le baint móna chun críche úsáid sa bhaile. Déantar measúnacht ar thréithe na móna, ar dhoimhne agus ar an toirt móna atá ar fáil, ar bhealach isteach is amach chuig an láthair, ar an bport móna agus ar spás le móin a scaradh, agus ar chúrsaí draenála chomh maith leis an líon daoine a bhféadfaí freastal dóibh ag baint mhóna ar an láthair, agus ar an ngníomhaíocht reatha ar an láthair. Áirítear ar an obair suirbhéanna topagrafacha, tástáil dhoimhneacht móna, agus dearadh agus leagan amach na n-ionad.

### Céim 5- Comhaontú daingean ó úinéirí talún maidir le hathionad a cheannach

Following agreement on land purchase, individual relocation legal agreements are then signed by the relocating turf-cutters and the Department.

### Céim 6- Aon chead pleanála agus aon toiliú riachtanach a fháil

### Céim 7-Ceannach an ionaid a thabhairt chun críche

### Céim 8- An t-athionad agus athlonnú an lucht bainte móna a ullmhú

D'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin glanadh an ionaid, oibreacha draenála, oibreacha maidir le bealaí isteach is amach chuig an láthair, spás le móin a scaradh a leagan amach agus port a réiteach le haghaidh bainte. Agus athlonnú á éascú ag an Roinn, déanfaidh sí an obair rochtana, draenála agus bonneagair go léir, mura gcomhaontaítear a mhalairt.



# Gluais, Acrainmneacha agus Tagairtí

# GLUAIS

**ACRAITEILM**
An tsraith uachtair den phortach ardaithe atá beo agus ag fás, déanta suas den chuid is mó as caonach portaigh beo.

**PORTACH ARDAITHE BEO**
Portach ina bhfuil cúinsí sa chaoi agus go leantar de chruthú na móna agus gur féidir le speicis plandaí agus ainmhithe atá dúchasach ar an bportach maireachtáil.

**ANAERÓBACH**
Gan ocsaigín.

**IARSCRÍBHINN I**
Luaitear in Iarscríbhinn I le Treoir an AE maidir le Gnáthóga na gnáthóga nádúrtha ar cineálacha iad is spéis leis an gComhphobal agus ar gá limistéir SAC a ainmniú chun iad a chaomhnú.

**IARSCRÍBHINN II**
Luaitear in Iarscríbhinn II le Treoir an AE maidir le Gnáthóga speicis ainmhithe agus plandaí animal ar cineálacha iad is spéis leis an gComhphobal agus ar gá limistéir SAC a ainmniú chun iad a chaomhnú.

**MEASÚNÚ OIRIÚNACHTA**
Próiseas ilchéimneach maidir lena dheimhniú an mbeidh nó nach mbeidh tionchar chun dochair ag plean nó tionscadal, as féin nó i gcumasc, ar iomláine Chóras Natura 2000 na láithreacha a bhfuil tábhacht leo go hidirnáisiúnta. Bíonn sé dlite faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga.

**AIRTEAGAL 6(1)**
De réir Airteagal 6(1) den Treoir maidir le Gnáthóga cuirfidh na Ballstáit, i ndáil le limistéir SAC, na bearta caomhnúcháin is gá ar bun lena mbainfidh, más gá sin, pleananna bainistíochta cuí arna leagan amach go sonrach don láthair nó á dtabhairt isteach mar dhlúthchuid de phlean forbartha eile, agus bearta cuí reachtaíochta, riaracháin nó conartha a thagann leis na riachtanais éiceolaíochta maidir le gnáthóga nádúrtha de chineálacha Iarscríbhinn I agus le speicis de chineálacha Iarscríbhinn II atá ar fáil ar an láthair.

**AIRTEAGAL 6(2)**
De réir Airteagal 6(2) den Treoir maidir le Gnáthóga déanfaidh na Ballstáit na bearta cuí chun dul ar gcúl na ngnáthóg nádúrtha agus ghnáthóg speiceas a sheachaint i limistéir SAC chomh maith le haon chur isteach ar na speicis ar dá mbarr a rinneadh na limistéir a ainmniú, sa mhéid is go mbeadh cur isteach den sórt sin suntasach i ndáil le haidhmeanna na Treorach.

**AIRTEAGAL 6(3)**
De réir Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga beidh plean nó tionscadal nach mbaineann go díreach leis an mbainistíocht ar an láthair agus nach bhfuil riachtanach don bhainistíocht sin ach ar dócha go mbeidh tionchar suntasach aige ar an láthair, as féin nó i gcumasc le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir ag measúnú oiriúnachta a dhéanamh ar a mbeadh i gceist don láthair i bhfianaise aidhmeanna caomhnúcháin na láithreach. Ní aontóidh na húdaráis inniúla náisiúnta leis an bplean nó leis an tionscadal mura mbíonn deimhnithe acu, i bhfianaise na comhairle ar a dtagtar de bharr na measúnachta, nach mbeidh tionchar chun dochair aige ar iomláine na láithreach lena mbaineann agus, más cuí sin, tuairim an phobail i gcoitinne faighte acu.

**AIRTEAGAL 6(4)**
De réir Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga má tharlaíonn, ainneoin toradh diúltach ar mheasúnacht i ndáil lena mbeadh i gceist don láthair agus gan réiteach eile ar an gcás, gur gá ina dhiaidh sin is uile plean nó tionscadal a chur i gcrích ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail, cúiseanna de chineál sóisialta nó eacnamaíochta san áireamh, déanfaidh an Ballstát gach beart cúitimh is gá chun a chinntiú go gcaomhnaítear comhleanúnachas foriomlán Natura 2000. Cuirfear na bearta cúitimh atá i gceist in iúl don Choimisiún.

**BITHÉAGSÚLACHT**
Téarma ginearálta a úsáidtear chun cuntas a thabhairt ar na gnéithe uile den éagsúlacht bhitheolaíochta, mar shampla líon na speiceas atá ar fáil i réimse áirithe timpeallachta, an éagsúlacht géinitice atá ar fáil ar fud speiceas faoi leith agus líon na n-éiceachóras éagsúil atá ar fáil i réimse áirithe timpeallachta.

**COILLEARNACH BOGAIGH**
Coillearnach ar fhorshraith bhog móna a mbíonn leibhéal an uisce ard ann i gcónaí agus níos airde fiú ná an maoschlár máguaird. Ní bhíonn an t-uisce saibhir ó thaobh ábhar cothaitheach agus bíonn brat ard de chineálacha caonaigh an phortaigh le droim na talún agus móin á cruthú. Áirítear coillearnach bogaigh ar na gnáthóga príomhthábhachta faoi Iarscríbhinn I leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Tá sé éagsúil le coillearnach tirim ar thalamh portaigh nach bhfuil móin á cruthú ann.

**TREOIR NA nÉAN**
Treoir 79/409/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le héin fhiáine a chaomhnú.

**CEAPADH CARBÓIN**
Dé-ocsaíd charbóin as an atmaisféar a cheapadh agus a stóráil go fadtéarmach, mar shampla i móin portaigh.

**DOBHARCHEANTAR**
Réimse talún a thaosctar go dtí pointe faoi leith. Baineann an téarma abhantracht leis an réimse talún a thaoscann córas abhann faoi leith.

**COILÍNIÚ**
Speiceas a theacht isteach agus scaipeadh ar fud réimse tíre, gnáthóg nó pobal nach mbíodh sé ar fáil ann roimhe sin.

**LAGPHORTACH**
Réimse portaigh a bhfuil an mhóin ar fad bainte as.

**PORTACH RÉITITHE**
Réimse portaigh a saothraíodh (d'obair láimhe nó le meaisín) cé nár baineadh an mhóin go marla ná go buncharraig. D'fhéadfadh acmhainn eacnamaíochta a bheith sa mhóin fuílligh. Is iondúil go mbeadh réimsí saothraithe, bruacha, locháin, bealaí draenála, réimsí móna nár saothraíodh, moing, talamh féaraigh agus eile anonn is anall ar réimse réitithe.

**PORTACH ARDAITHE DÍGHRÁDAITHE**
Réimse ard portaigh atá neamhshaothraithe cé go ndearna beartaíocht an duine dochar dó agus a d'fhéadfaí a chur ar ais ina réimse portaigh ardaithe beo arís le bearta athchóiriúcháin

**CARBÓN ORGÁNACH TUASLAGTHA (DOC)**
Móilíní orgánacha ó fhoinsí éagsúla agus de dhéanamh éagsúil i gcóras uisce. Nuair a tharlaíonn dianscaoileadh don mhóin tarlaíonn láisteadh DOC san uisce agus is féidir leis sin cur isteach ar chaighdeán an uisce agus féadann sin arís cur isteach ar mhaitheas an éiceachórais chomh maith le costas a tharraingt i ndáil le hobair chóireála ar an uisce.

**EICIHIDREOLAÍOCHT**
Fo-réimse léinn maidir leis an gcuid den eolaíocht a bhaineann le héiceolaíocht agus le hidreolaíocht araon. Scrúdaítear an toradh a bhíonn ar phróisis hidreolaíochta maidir le dáileadh, struchtúr agus feidhm éiceachórais agus an toradh a bhíonn ag próisis bhitheacha ar ghnéithe de thimthriall an uisce.

**ÉICEOLAÍOCHT**
An réimse léinn maidir leis an idirghabháil idir orgánaigh agus an timpeallacht ina maireann siad ó thaobh fisice, ceimice agus bitheolaíochta.

**ÉICEACHÓRAS**
Pobal bitheolaíochta orgánach a idirfheidhmíonn agus an timpeallacht fhisiciúil ina maireann siad.

**SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS**
Bíonn leas ag an duine as an iliomad acmhainní agus próisis a chuirtear ar fáil mar gheall ar éiceachórais. Ar a n-áireamh le chéile, tugtar seirbhísí éiceachórais ar na buntáistí sin lena mbaineann táirgí de leithéid uisce glan óil agus próisis de leithéid dianscaoileadh ar dhramhábhar.

**ÉICEATÓP**
An ghné leithleach thírdhreacha is lú i réimse tíre atá sainiúil ó thaobh na héiceolaíochta.

**BÁISTEACH ÉIFEACHTÚIL**
An bháisteach atá fónta maidir le riachtanais uisce phlandaí a shásamh. Ní thugtar san áireamh leis seo uisce síothlúcháin a dhéanann bealach go huiscíoch ná uisce a ritheann le sruth ar dhroim talún.

**AN TREOIR EIA**
Treoir 85/337/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1985 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol.

**I mBAOL**
I mbaol dul in éag.

**CREIMEADH**
Na próisis lena dtarlaíonn ábhar screamh an Domhain a thuaslagan, nó a chaitheamh nó a aistriú ó áit go hatháit mar gheall ar phróisis nádúrtha chomhuaineacha, mar shampla síonchaitheamh, tuaslagan, creimeadh agus iompar chun bealaigh.

**LÁTHAIR EORPACH**
Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, ciallaíonn láthair Eorpach:

(a) láithreán tábhachta Comhphobail féideartha;
(b) láithreán tábhachta Comhphobail;
(c) Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha;
(d) Limistéar Caomhantais Speisialta;
(e) Limistéar Cosanta Speisialta féideartha; nó
(f) Limistéar Cosanta Speisialta.

**IMGHALÚ**
Uisce a ligean san atmaisféar as an ithir (galú) agus ón bhfásra (trasghalú).

**PORT MÓNA**
Réimsí den phortach ard amach lena imeall mar a ndearnadh móin a bhaint. Is eiceatóp seo atá díghrádaithe go mór agus nach bhfuil an gnáthspeiceas Sphagnum ar fáil ann.

**FIADHÚLRA**
Ainmhithe beo.

**RIOCHT CAOMHANTAIS FABHRACH**
Seo riocht ina mbíonn gnáthóg nó speiceas a mheastar a bheith fabhrach ar leibhéal na láitheach. De reir na n-aidhmeanna caomhnúcháin i ndáil leis an láthair faoi leith go sonrach a shocraítear riocht caomhantais a bheith fabhrach. Déanfaidh gnáthóga agus speicis a choinneáil i riocht caomhantais fábhrach taobh istigh de láthair maidir maidir le stádas caomhantais fabhrach na ngnáthóg agus na speiceas sin a choinneáil ar an leibhéal náisiúnta.

**STÁDAS CAOMHANTAIS FABHRACH**
Measfar an stádas caomhantais maidir le gnáthóg nádúrtha a bheith fabhrach nuair atá an raon nádúrtha agus na réimsí sa raon sin atá faoin gcineál áirithe gnáthóige gan chúngú nó ag fairsingiú, agus an structhúr sonrach agus na feidhmeanna atá riachtanach maidir lena cothú go fadtéarmach ar fáil agus gurb é is dócha go leanfaidh siad ar fáil an t-achar is féidir a thuar, agus go bhfuil an stádas caomhantais maidir leis speicis shaintréitheacha na gnáthóige fabhrach chomh maith.

**EANACH AGUS MAOSCHÓRAS**
Rangú gnáthóige de chuid an NPWS. Talamh portaigh an t-eanach a bhfuil cuid mhór cailciam san uisce ann, más ó screamhuisce sin nó ó uisce a ritheann isteach ann ar dhroim na talún. Réimse an maoschóras a choinnítear báite mar gheall ar uisce sileadh anuas iontu cé go mbíonn athrú ar ghéire an fhána, agus is iondúil gur sainghnéithe de chuid na háite iad. Tá cíb ar thréithe an dá chineál réimse seo agus í go hiondúil i bpátrún ilspeicis le speicis eile.

**FÁSRA**
Plandaí beo.

**GNÁTHÓG**
Baineann eis an timpeallacht, arna léiriú de réir thosca aibitheacha agus bitheacha faoi leith, ina maireann speiceas ag tráth ar bith dá thimthriall bitheolaíochta. Sa ghnáthchaint ghinearálta, déarfaí gurb é áit chónaithe an speicis atá ann.

**TREOIR NA nGNÁTHÓG**
Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fiadhúlra agus fásra a chosaint.

**PORTACH ARD**
Réimse portaigh nár saothraíodh.

**TULÓG**
Ardán nó carn beag. Is minic a úsáid mar chur síos ar dhroim na talún ar phortaigh beo a mbíonn ardáin, ísleáin agus locháin de phátrún leis. Is minic gur caonach portaigh a bhíonn i dtulóga den chineál seo.

**RÉIMSEAS HIDREOLAÍOCHTA**
Athrú le himeacht ama ar an sruth atá in aibhneacha agus ar leibhéal agus ar thoirt an uisce in aibhneacha, i locha, i dtaiscumair agus i réisc.

**HIDREOLAÍOCHT**
Gluaiseacht an uisce trí dhobharcheantar lena n-áirítear foinsí fíoruisce agus uisce sáile, athrú ar an leibhéil uisce agus cúrsaí draenála a bhfuil siad uilig ag brath ar chúrsaí geolaíochta faoina mbun.

**PRÓTACÁL KYOTO**
Is conradh idirnáisiúnta Prótacál Kyoto le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide faoina leagtar síos dualgas ceangailteach ar thíortha tionsclaíochta astaíocht gháis cheaptha teasa a laghdú.

**EASCACH**
Téarma a bhaineann le cur síos ar an réimse idirchriosach idir an portach agus an ithir mianraí thart ar phortach ardaithe.

**LiDAR**
Teicneolaíocht cianbhraiteoireachta lena ndéantar airde ingearach dromchla a thomhas trí sprioc a lasadh le léasar agus anailís a dhéanamh ar an solas a fhrithchaitear.

**LIFE**
Ionstraim airgeadais an AE maidir leis an gcomhshaol agus tionscadail chun an dúlra a chaomhnú ar fud an AE.

**MICREATHOPAGRAFAÍOCHT**
Athrú san airde ar scála beag go leor. Go ginearálta, bíonn na pointí arda tuairim is méadar níos airde ná na loga ísle gan iad níos mó ná cúpla méadar trasna. Ar an bportach ard, bíonn tulóga, locháin, logáin agus plásóga i gceist.

**AN tSEIRBHÍS PÁIRCEANNA NÁISIÚNTA AGUS FIADHÚLRA**
Cuid den Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar a bhfuil cúram maidir le hoidhreacht nádúrtha na hÉireann agus an bhithéagsúlacht ar an leibhéal náisiúnta a chosaint agus a chaomhnú.

**NATURA 2000**
Córas láithreacha ar fud an Chomhphobail Eorpaigh arna roghnú chun críche gnáthóga nádúrtha agus speicis plandaí agus ainmhithe a chaomhnú atá neamhchoitianta, i mbaol nó sodhonaithe. Limistéir SAC agus limistéir SPA atá i gcóras Natura 2000.

**LIMISTÉAR OIDHREACHTA NÁDÚRTHA**
Limistéar a ainmnítear maidir le caomhnú fiadhúlra faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000.

**PAILÉISHEANDÁLAÍOCHT**
An léann a dhéantar maidir le seandálaíocht na réanna ársa bunaithe ar iontaisí homainideacha idir 15,000,000 bliain agus 10,000 bliain ó shin.

**PAILÉICHLÍOMEOLAÍOCHT**
An léann a dhéantar maidir le haeráid na réanna ársa.

**DAMBA MÓNA**
Beart athchóiriúcháin atá sa damba móna a mbaintear úsáid go coitianta as ar phortaigh ardaithe agus ar bhratphortaigh. Déantar an damba as sraitheanna móna ar iondúil iad a bhaint in aice láimhe. Cuirtear sa draein iad agus iad teannta sa chaoi is go mblocáiltear an draein ionas go n-ardaíonn leibhéal an uisce sa mhóin.

**GNÁTHÓG MÓINCHRUTHÚCHÁIN**
Gnáthóg ina bhfuil móin á cruthú. Tugtar san áireamh an fásra atá de shaintréithe an phortaigh ardaithe atá ina chomhartha ar mhóin a bheith á cruthú chomh maith leis an eanach agus leis an moing a thugann le fios chomh maith go bhfuil móin á cruthú.

**PÍSIMÉADAR**
Is gléas an písiméadar lena ndéantar brú leachta i gcóras a thomhas nó lena ndéantar brú screamhuisce ag pointe faoi leith a thomhas.

**GNÁTHÓG PRÍOMHTHÁBHACHTA**
Fochuid de na gnáthóga a luaitear in Iarscríbhin I le Treoir an AE maidir le Gnáthóga. Is gnáthóga iad seo a bhfuil an baol ann go dtiocfaidh siad i léig ar fad agus ar taobh istigh de theorainneacha an Aontais Eorpaigh is mó a tharlaíonn a réimse nádúrtha. Tá an stádas caomhantais is airde ag baint leis na gnáthóga seo agus ní mór bearta a dhéanamh chun a chinntiú go gcaomhnaítear an stádas caomhantais fabhrach ina leith.

**TRÉITHE CÁILITHE**
Is iad na tréithe cáilithe na gnáthóga de chineál Iarscríbhinn I nó na speicis de chineál Iarscríbhinn II ar ina leith a ainmníodh an limistéar ina limistéar SAC.

**PORTACH ARDAITHE**
Éiceachóras ar thalamh portaigh ar iondúil gur i logáin thopagrafaíochta mar a bhfuil bac ar a dhraenáil a thagann sé chun cinn. D'fhéadfadh gur mar gheall ar mhaoschlár ard sin nó mar gheall ar fhoshraith nach ligeann mórán tríd (e.g. cré locha). Fágann a bheith báite go mbíonn cúinsí anaeróbacha i réim agus tarlaíonn dianscaoileadh mall ar ábhar orgánach dá bharr sin a mbíonn cruthú móna de thoradh air. Is é a tharlaíonn sa deireadh go n-ardaíonn an mhóin an portach os cionn leibhéil screamhuisce an cheantair ionas go gcruthaítear "cruinneachán" ar dá bharr a thugtar portach ardaithe air.

**MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA**
Treoir 2001/42/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnacht faoin tionchar a bhíonn ag pleananna agus cláir áirithe ar chúrsaí timpeallachta.

**AIDHM CAOMHNÚCHÁIN MAIDIR LE LÁTHAIR FAOI LEITH**
Le haidhm caomhnúcháin shonrach maidir le láthair faoi leith féachtar le sainléiriú a thabhairt ar an riocht caomhantais fabhrach maidir le gnáthóg nó speiceas ar leibhéal na láithreach sin. Ar an riocht caomhantais fabhrach a chaomhnú maidir le gnáthóga agus speicis ar an láthair, cuirfear leis an stádas caomhantais fabhrach i leith na ngnáthóg agus na speiceas sin a chaomhnú ar an leibhéal náisiúnta.

**LIMISTÉAR FAOI CHAOMHNÚ SPEISIALTA**
Limistéar ainmnithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga i ndáil le gnáthóga agus/nó speicis a chaomhnú.

**IONLACH**
Réimse talún ar a ndéantar an mhóin a scaradh tar éis í a bhaint ionas go dtriomaíonn na fóid. Is iondúil gur ar phortach réitithe nó ar réimse talmhaíochta cóngarach don phortach ard a bhíonn an t-ionlach.

**STRATAGRAFAÍOCHT**
An brainse den gheolaíocht a bhaineann leis an ord ina mbíonn sraitheanna i ndáil lena chéile agus leis an tráthscála geolaíochta.

**TILL**
Téarma geolaíochta maidir leis an ábhar neamhscagtha a fhágann creimeadh oighir ina dhiaidh. Ní bhíonn aon lorg srathúcháin air. Is minic cré bhollháin a thabhairt air.

**TOPAGRAFAÍOCHT**
An leagan amach atá ar na gnéithe aiceanta i limistéar faoi leith.

# ACRAINMEACHA

| | |
|---|---|
| **AA** | Measúnú Oiriúnachta |
| **ARB** | Portach Ardaithe Beo |
| **CO2** | Dé-ocsaíd charbóin |
| **CTCCS** | An Scéim Cúitimh maidir le Deireadh a chur le Móin a Bhaint |
| **DECLG** | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. |
| **DEFRA** | An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe |
| **DPER** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. |
| **DRB** | Portach Ardaithe Díghrádaithe |
| **EC** | An Coimisiún Eorpach |
| **EIA** | Measúnacht Tionchair Timpeallachta |
| **EPA** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **ERT** | Tomagrafaíocht Friotachais Leictrigh |
| **EU** | An tAontas Eorpach |
| **GIS** | Córas Faisnéise Geografaí |
| **GPR** | Geo-radar |
| **LiDAR** | Brath Solais agus Raonáil |
| **MFAC** | Acmhainn Mhodhnaithe maidir le Cumar Sruthanna |
| **NHA** | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha |
| **NPWS** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **PAC** | Acmhainn Féideartha Acraiteilme |
| **SAC** | Limistéar Speisialta Caomhantais |
| **SEA** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **SEC** | Seoltacht Sonrach Leictreach |
| **SPA** | Limistéar Cosanta Speisialta |
| **TCCA** | Cumann an Lucht Bainte Móna agus na gConraitheoirí Móna |

# TAGAIRTÍ


Aherne, J. & Farrell, E. 2000. *Final Report: Determination and mapping of critical loads for sulphur and nitrogen and critical levels for ozone in Ireland.* An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Baile Átha Cliath, l. 212.

Bellamy, D. 1986. *Bellamy's Ireland: the wild boglands.* Country House, Éire.

Bobbink, R. & Hettelingh, J. 2011. *Review and Revision of Empirical Critical Loads and Dose-response Relationships, s.l. Proceedings of an expert workshop, Noordwijkerhout, 23–25 June 2010.* RIVM report 680359002, Coordination Centre for Effects, National Institute for Public Health and the Environment (RVIM), an Ísiltír.

Bonn, A., Reed, M. S., Evans, C. D., Joosten, H., Bain, C., Farmer, J., Emmer, I., Couwenberg, J., Moxey, A., Artz, R., Tanneberger, F., von Unger, M., Smyth, M.-A., & Birnie, D. 2014. Investing in nature: Developing ecosystem service markets for peatland restoration. Ecosystem Services 9: 54–65.

Bord na Móna, 2016. Biodiversity Action Plan 2016–2021. Bord na Móna. Baile Átha Cliath. (Ar fáil ag http://www.bordnamona.ie/company/bord-na-mona-story/biodiversity/biodiversity-action-plan/)

Bullock, C. & Collier, M. 2011 When the public good conflicts *with an apparent preference for unsustainable behaviour. Ecological Economics 70: 971–977.*

Bouwer, H. & Rice, R.C. 1976. A slug test method for determining hydraulic conductivity of unconfined aquifers with completely or partially penetrating wells. *Water Resources Research, 12(3): 423–428.*

Collier, M. J. & Scott, M. 2009. Conflicting rationalities, knowledge and values in scarred landscapes. *Journal of Rural Studies 25(3): 267–277.*

Collier M. J. & Scott, M. 2010. Focus group discourses in a mined landscape. *Land Use Policy 27(2): 304–312.*

DECLG, 2012. *Our Sustainable Future: A framework for sustainable development for Ireland.* An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

DEFRA, 2013. *The State of Natural Capital: Towards a framework for measurement and valuation.* A report from the Natural Capital Committee, An Ríocht Aontaithe.

Derwin, J. & MacGowan, F. 2000. *Raised Bog Restoration Project*. Tuarascáil neamhfhoilsithe, Dúchas – An tSeirbhís Oidhreachta, Baile Átha Cliath.

DPER, 2015. *Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016–2021.* An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baile Átha Cliath. (Ar fáil ag: http://www.per.gov.ie/en/capital-investment-plan-2016-2021/).

Duffy, P., Hanley, E., Hyde, B., O'Brien, P., Ponzi J., Cotter E. & Black, K. 2013. *National Inventory Report 2013. Greenhouse gas emissions 1990–2011 reported to the United Nations Framework Convention on Climate Change.*

EC, 2007. *Guidance document on Article 6(4) of the 'Habitats Directive' 92/43/EEC.* An Coimisiún Eorpach. (Ar fáil ag http://ec.europa.eu/environment/nature/natura2000/management/docs/art6/guidance_art6_4_en.pdf)

EC, 2010. *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European , Economic and Social Committee and the Committee of the Regions. Options for an EU vision and target for biodiversity beyond 2010.* An Coimisiún Eorpach. An Bhruiséil. (Ar fáil ag http://ec.europa.eu/environment/nature/biodiversity/policy/pdf/communication_2010_0004.pdf)

EC, 2011, *EU Biodiversity Strategy to 2020. An Coimisiún Eorpach.* Lucsambarg. (Ar fáil ag http://ec.europa.eu/environment/nature/biodiversity/strategy/index_en.htm)

Fernandez, F., Connolly, K., Crowley, W., Denyer, J., Duff, K. & Smith, G. 2014. *Raised Bog Monitoring and Assessment Survey 2013. Irish Wildlife Manuals*, Uimh. 81. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Fernandez, F., Fanning, M., McCorry, M. & Crowley, W. 2005. *Raised Bog Monitoring Project 2004–05*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath.

Fernandez, F., MacGowan, F., Crowley, W., Farrell, M., Croal, Y., Fanning, M. & McKee, A. 2006. *Assessment of Impacts of Turf-cutting on Designated Raised Bogs 2003–06.* Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath.

Flynn, R., Regan, S. & Johnston, P. 2013 Clara Bog – A groundwater dependent ecosystem. In Feehan, J. *The Geology of Laois and Offaly. Comhairle Chontae Uíbh Fháilí.*

Forchheimer, P. 1898. Grundwasserspiegel bei brunnenanlagen.Z. *Osterreichhissheingenieur Architecten*, 434(44): 629–635.

Foss, P.J., O'Connell, C.A. & Crushell, P.H. 2001. *Bogs and Fens of Ireland Conservation Plan 2005*. Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann.

Fowler, D., Smith, R., Muller, J., Hayman, G. & Vincent, K. 2005. Changes in the atmospheric deposition of acidifying compounds in the UK between 1986 and 2001. *Environmental Pollution*, 137: 15–25.

Hammond, R.F. 1981. The Peatlands of Ireland. *To accompany Peatland Map of Ireland, 1978*. Soil Survey Bulletin 35. 2nd Edition. An Foras Talúntais, Baile Átha Cliath.

Hammond, R.F. 1984. *The Classification of Irish Peats as Surveyed by the National Soil Survey of Ireland*. Imeachtaí an 7ú Comhdháil Idirnáisiúnta Móna, Baile Átha Cliath, Iml. 1: 168–187. The International Peat Society, Helsinki.

Holden, J., Chapman, P. J. & Labadz, J. C. 2004. Artificial drainage of peatlands: hydrological and hydrochemical process and wetland restoration. *Progress in Physical Geography* 28(1): 95–123.

Hvorslev, M.J. 1951. Time lag and soil permeability in ground-water observations, *Bulletin No. 36, Waterways Experiment Station, Corps of Engineers, U.S. Army,* Vicksburg, Mississippi.

Kelly, L., Doak, M. & Dromey, M. 1995. *Raised Bog Restoration Project: An Investigation into the Conservation and Restoration of Selected Raised Bog Sites in Ireland.* Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath.

Kelly, L. & Schouten, M.G.C. 2002. Vegetation. In Schouten, M.G.C. 2002. (Eag.) *Conservation and Restoration of Raised Bogs: Geological, hydrological and ecological studies.* An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire / Staatabosbeheer, An Ísiltír.

Kelly, M.L. 1993. *Hydrology, Hydrochemistry and Vegetation of Two Raised Bogs in County Offaly.* Tráchtas PhD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Kjeldsen, T.R., Jones, D.A. & Bayliss, A.C. 2008. *Improving the FEH Statistical Procedures for Flood Frequency Estimation. Final Research Report to the Environment Agency, R&D Project SC050050.* Environment Agency, Bristol.

Mackin, F., Flynn, R., Barr. A. & Fernandez-Valverde, F. 2017. Use of geographical information system-based hydrological modelling for development of a raised bog conservation and restoration programme. *Ecological Engineering*, 106: 242–252.

Malmer, N. & Wallén, B. 2005. Nitrogen and phosphorus in mire plants: variation during 50 years in relation to supply rate and vegetation type. *Oikos*, 109: 539–554.

Market Research Partners 2008. *Public Perceptions of Wild Places and Landscapes in Scotland.* Comissioned Report No. 291, Scottish Natural Heritage. (Ar fáil ag: https://www.nature.scot/snh-commissioned-report-291-public-perceptions-wild-places-and-landscapes-scotland [Accessed: 18/08/2017]).

Marshall, D.C.W. & Bayliss, A.C., 1994. Flood Estimation for Small Catchments. *The Institute of Hydrology Report No. 124 (IH 124).* Institute of Hydrology, Wallingford.

Martin-Ortega, J., Allott, T. E. H., Glenk, K. & Schaafsma, M. 2014. Valuing water quality improvements from peatland restoration: Evidence and challenges. *Ecosystem Services, 9: 34–43, .*

Met Éireann, 2013. *Climate – 30 year Averages.* (Ar fáil ag: http://www.met.ie/climate-ireland/30year-averages.asp. [Ceadaíodh an: 01/06/ 2013]).

Moloney, A., Jennings, D., Keane, M., McDermott, C. 1993. *Excavations at Clonfinlough County Offaly.* Transactions of the Irish Archaeological Wetland Unit, Imleabhar 2, Baile Átha Cliath. Crannóg Publications.

Murphy, C. 2009. *Flood Studies Update Programme, WP2.3, Flood Estimation in Ungauged Catchments, Final Report (FSU WP2.2).* Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

NPWS, 2013. *The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Habitat Assessments Volume 2. Version 1.1.* Tuarascáil Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire

NPWS, 2014. *Review of Raised Bog Natural Heritage Area Network.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath. (Ar fáil ag: https://www.npws.ie/sites/default/files/general/Final%20NHA%20Review%2017%20January%202014.pdf).

NPWS, 2015. *National Peatlands Strategy 2015.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath. (Ar fáil ag http://www.npws.ie/peatlands-and-turf-cutting/peatlands-council/national-peatlands-strategy).

NPWS, 2016a. Conservation *Objectives: Lough Ree SAC 000440. Version 1.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath. (Ar fáil ag, https://www.npws.ie/protected-sites/sac/000440).

NPWS, 2016b. Conservation Objectives: *Moneybeg and Clareisland Bogs SAC 002340. Version 1*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath. (Ar fáil ag https://www.npws.ie/sites/default/files/protected-sites/conservation_objectives/CO002340.pdf).

NPWS 2017. *Actions for Biodiversity 2017–2021. Ireland's national biodiversity plan.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath. (Ar fáil ag https://www.npws.ie).

Quirke, J. 2012. *The Quirke Report*. Fóram na dTailte Portaigh 28 Feabhra –2 Márta 2012.

Renou-Wilson, F., Bolger, T., Bullock, C., Convery, F., Curry, J. P., Ward, S., Wilson, D. & Müller, C. 2011. *BOGLAND: A Protocol for the Sustainable Management of Irish Peatlands.* Tuarascáil STRIVE Uimh. 76 arna ullmhú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Caisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman.

Schouten, M. G., Streefkerk, J. G. & Zandstra, R. J. 1994. General *Proposals for Technical Measures for the Conservation and Restoration of the Raised Bogs Clara and Raheenmore.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Baile Átha Cliath agus Seirbhís Náisiúnta Foraoiseachta na hÍsiltíre, Driebergen.

Schouten, M.G.C. 2002. (Eag.) *Conservation and Restoration of Raised Bogs: Geological, hydrological and ecological studies.* An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire / Staatabosbeheer, An Ísiltír.

van der Schaaf, S. 2002a. Bog hydrology. In Schouten, M.G.C. (Ed.), *Conservation and Restoration of Raised Bogs: Geological, hydrological and ecological studies*, pp. 54–109. Dúchas – Seirbhís Oidhreachta na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúill; Staatsbosbeheer, an Ísiltír; Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Baile Átha Cliath.

van der Schaaf, S. 2002b. *Using Surface Topography to Assess Potential and Actual Ecological Conditions in Irish Midland Raised Bogs. Annals of Warsaw Agricultural University.* Land Reclamation 33: 49–56.

van der Schaaf, S. & Streefkerk, J. G. 2002. Relationships between biotic and abiotic. In: Schouten, M. G. C. (Ed.), *Conservation and Restoration of Raised Bogs: Geological, hydrological and ecological studies,* pp.186–209. Dúchas – Seirbhís Oidhreachta na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúill; Staatsbosbeheer, an Ísiltír; Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Wilson, D., Müller, C. & Renou-Wilson, F. 2013. Carbon emissions and removals from Irish peatlands: current trends and future mitigation measures. *Irish Geography*, 46(1-2): 1–23.

World Commission on Environment and Development 1987. *Our Common Future*. Oxford, Oxford University Press.

Zerbe, S., Steffenhagen, P., Parakenings, K., Timmermann, T., Frick, A., Gelbrecht, J. & Zak, D. 2013. Ecosystem service restoration after 10 years of rewetting peatlands in NE Germany, *Environmental Management*, 51: 1194–1209.

# LIOSTA NA dTÁBLAÍ

Tábla E1: Achoimre maidir le Limistéir Phortaigh Ardaithe in Éirinn vii

Tábla E2: Achoimre maidir le hachar na réimsí beo agus na réimsí díghrádaithe de phortaigh ardaithe taobh istigh de chraobhchóras na limistéar ainmnithe portaigh ardaithe viii

Tábla E3: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022) xiii

Tábla 2.1: Achoimre maidir le hAchar Portaigh Ardaithe in Éirinn 17

Tábla 4.1: Achoimre maidir le hachar na réimsí beo agus na réimsí díghrádaithe de phortaigh ardaithe taobh istigh de chraobhchóras na limistéar ainmnithe portaigh ardaithe 37

Tábla 4.3: Samplaí d'obair athchóiriúcháin bunaithe ar dhraenacha ar an bportach ard a bhlocáil 43

Tábla 4.4: Ardú suntasach maidir leis an maoschlár a tugadh chun aire ag písiméadar uimh. 6 ar Phortach na Greallaí mar gheall ar ghlanleagan na gcrann buaircíneach i mí Lúnasa 2011 (mar chuid de na bearta athchóiriúcháin faoin Thionscadal LIFE Choillte) 47

Tábla 5.1: Láithreacha a tugadh san áireamh i ndáil le forálacha Airteagal 6(3) maidir le móin a bhaint le húsáid ag baile 57

Tábla 7.1: Achoimre faoin gClár Caomhnúcháin maidir le Craobhchóras na Limistéar Ainmnithe Portaigh Ardaithe (An tSraith Tosaigh 2017–2022) 85

Tábla A1.1: Limistéir SAC Phortaigh Ardaithe in Éirinn 96

# LIOSTA NA bPLÁTAÍ

Pláta 2.1: Limistéar SAC Phortach Ardaithe Sheithe Fhraoigh, Co. Chiarraí 10

Plátaí 2.2 agus 2.3: Samplaí de phortaigh ardaithe beo na hÉireann - fásra ar an gcaighdeán is fearr 11

Pláta 4.1: Portach Ardaithe Cuckoo Hill (Co. Ros Comáin) sula ndearna Bord na Móna draenacha a bhlocáil 45

Pláta 4.2: Portach Ardaithe Cuckoo Hill (Co. Ros Comáin) tar éis do Bhord na Móna draenacha a bhlocáil 45

Pláta 4.3: Speicis Sphagnum ag teacht chun cinn i ndraein bhlocáilte ar Phortach Ardaithe Cuckoo Hill 45

Pláta 4.4: Limistéar SAC Phortach Ardaithe Chlóirthigh – portach ardaithe beo 10 mbliana tar éis dambaí móna a chur isteach 45

Pláta 4.5: Limistéar NHA Phortach Ardaithe Dhún na Coille sula ndearnadh bearta athchóiriúcháin (Íomhá: John Derwin, Coillte) 46

Pláta 4.6: Limistéar NHA Phortach Ardaithe Dhún na Coille tar éis bearta athchóiriúcháin a chur i gcrích (Íomhá: John Derwin, Coillte) 46

Pláta 4.7: Fásra lena gcruthaítear móin fréamhaithe i Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh 47

Pláta 4.8: Grianghraf ina léirítear uisce éadomhain (<20 cm) á choinneáil ag bunda imeallach 1m ar airde i Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh 48

Pláta 5.1: Eolas léirmhíniúcháin i Limistéar SAC Phortach Ardaithe an Chlóirthigh 70

Pláta 5.2: Cosán cláir i Limistéar SAC Phortach Ardaithe an Chlóirthigh 70

Pláta 6.1: Sampla de phortach réitithe i gContae Ros Comáin a ndearnadh athbháthadh air rud a fhéadann linn dé-ocsaíd charbóin a dhéanamh as portach réitithe seachas a bheith ina fhoinse dé-ocsaíd charbóin. 74

Pláta 6.2: Gabhalchaonach casta (Dicranum undulatum) ar Phortach Chlóirthigh (Íomhá: le caoinchead George Smith, www.blackthornecology.ie) 75

Pláta 6.3: Dambaí móna i nDún gConaill 77

# LIOSTA NA LÉARÁIDÍ


Léaráid 2.1: Acmhainn nádúrtha na bportach ardaithe 12

Léaráid 2.2: Mapa ar a léirítear an méid den phortach ard atá ar fáil go fóill i bPoblacht na hÉireann 13

Léaráid 2.3: Portaigh ainmnithe agus neamhainmnithe sa cheantar thart ar Limistéar SAC Phortach Chlóirthigh 14

Léaráid 2.4: Scéimléaráid maidir leis an tionchar míchuimseach is féidir a theacht ar ghnáthóg portaigh ardaithe beo agus díghrádaithe de bharr móin a bhaint i réimse atá ina "thaca beatha" 19

Léaráid 2.5: Scéimléaráid maidir leis an tionchar a bhíonn ag draenáil imeallach ar eicihidreolaíocht portaigh ardaithe i ndáil le portach ardaithe ar beag tréscaoilteacht i gceist leis an bhfoshraith, e.g. Cré Locha 20

Léaráid 2.6: Codarsnacht maidir le báisteach i rith an tsamhraidh ar fud na tíre (Aib–Meán Fómh.) 22

Léaráid 2.7: Codarsnacht maidir le laethanta báistí i rith an tsamhraidh ar fud na tíre 22

Léaráid 4.1: Mapa ar a léirítear an obair athchóiriúcháin atá beartaithe maidir le réimse de Limistéar SAC Phortach Choill Chonnaidh 40

Léaráid 4.2: Limistéar SAC Phortach Ardaithe Lios na gCaorach. Sampla den dea-thoradh ar obair athchóiriúcháin le dambaí móna ar phortach ard. Léiriú méadú ar an réimse dearg (éiceatóg láir) agus ar an réimse bándearg (fo-réimse láir) ar an méadú a tháinig ar phortach ardaithe beo mar gheall ar an obair athchóiriúcháin 44

Léaráid 5.1: Réimsí talún a ndearnadh fiosrúchán géar ina leith ar Phortach Chill Taobháin agus ar Phortach Chluain Creamha 58

Léaráid 5.2: Réimsí taobh istigh de Limistéar SAC Loch Rí inar féidir móin a bhaint gan cur isteach ar aidhmeanna caomhantais sonracha maidir le portach ardaithe beo ar an láthair 59

Léaráid 5.3: Réimsí taobh istigh de Phortach Mhuine Bheag agus de Phortach Dhoire Mhic Aogáin inar féidir móin a bhaint gan cur isteach ar aidhmeanna caomhantais sonracha maidir le portach ardaithe beo ar an láthair 60

Léaráid 5.4: Réimse taobh istigh de Limistéar SAC Phortach Loch Loirgín/Thurlach Ghleann an Mhadadh inar féidir móin a bhaint i réimsí den phortach ard atá fágtha gan cur isteach ar aidhmeanna caomhantais sonracha maidir le portach ardaithe beo ar an láthair 61

Léaráid 6.1: Feidhm, úsáid, seirbhísí agus buntáistí eile maidir le héiceachóras an phortaigh ardaithe 73

Léaráid A2.1: Comhchoibhneas idir meán-MFAC agus báisteach 99

Léaráid A2.2: SAC Phortach Chlóirthigh, grianghraf orta-choigeartaithe ina léirítear na teorainneacha leis an bportach ard 101

Léaráid A2.3: SAC Phortach Chlóirthigh, Torthaí Suirbhéireacht Éiceolaíochta na bliana 2009 101

Léaráid A2.4: SAC Phortach Chlóirthigh íomhánna LiDAR 2012 102

Léaráid A2.5: SAC Phortach Chlóirthigh., fána de réir mar is léir ó íomhánna LiDAR 2012 102

Léaráid A2.6: SAC Phortach Chlóirthigh,. bealaí draenála de réir mar is léir ó íomhánna LiDAR 2012 103

Léaráid A2.7: SAC Phortach Chlóirthigh, an dóigh athchóiriúcháin de réir mar is léir ó shamhaltú eicihidreolaíochta 103

Léaráid A4.1: An áit a bhfuil Portach Chill Taobháin agus Portach Chluain Creamha i Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin 214

Léaráid A4.2: Ar chlé: Mapa uiscíocha Phoblacht na hÉireann ar a léirítear suíomh na bportach ardaithe móna a thugtar san áireamh leis an tsuirbhéireacht ar an achar ón bport bainte móna imeallach go go an portach ARB agus an portach DRB. Ar dheis: torthaí na suirbhéireachta arna rangú de réir chineál an uiscígh. 215

Léaráid A4.3: Torthaí na suirbhéireachta geoifisice a rinneadh ar an taobh thiar theas de Phortach Chlóirthigh, Co. Uíbh Fháilí (thuas) agus an léirmhíniú ó thaobh cúrsaí geolaíochta (thíos). 216

Léaráid A4.4: Imeall neamhbhearnaithe Phortach Chill Taobháin, de réir na mapála a rinne an tSuirbhéireacht Ordanáis sa bhliain 1838 (faoi dhath donn), á leagan anuas ar theorainneacha na láithreach mar a bhí sna blianta 1973, 1995, 2005 agus 2012 (sonraí de chuid OSI agus GSI). 217

Léaráid A4.5: Mapa uiscíocha na buncharraige i gcoimpléasc Phortach Chluain Creamha agus Chluain Láir agus sa cheantar máguaird. Tá na huiscíocha atá faoi bhun na láithreach ar aon chineál leo siúd atá faoi Phortach Chlóirthigh (foinse sonraí: GSI). 218

Léaráid A4.6: Mapa geolaíochta (Fo-ithir) ceathartha den sil-leagan neamhtháite i gcóngar choimpléasc Phortach Chluain Creamha agus Chluain Láir agus an cheantair máguaird. Tá cúinsí cosúil lena bhfuil faoi bhun chuid mhór de Phortach Chlóirthigh. (foinse sonraí: GSI). 219

Léaráid A4.7: Mapa de Phortach Chill Taobháin, Limistéar SAC Loch Rí, ar a léirítear chomh fada ó dheas agus a bheadh móin á baint de réir mar atá á bheartú. 220

Léaráid A4.8: Portach Chluain Creamha, Limistéar SAC Loch Rí. Cé nach bhfuil aon phortach ARB ar fáil i bhfoisceacht 250m, tá portach ARB (coillearnach bogaigh san áireamh) agus portach DRB ar fáil i bhfoisceacht 650m, rud a thabharfadh le tuiscint go bhfuil deis shuntasach tionchar a thabhairt i bhfeidhm murar féidir tionchar screamhuisce a chur as an áireamh. 221

Léaráid A4.9: Ionaid na dtraschriosanna GPR agus ERT ar Phortach Chill Taobháin agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin. 223

Léaráid A4.10: Ionaid na dtraschriosanna GPR agus ERT ar Phortach Chluain Creamha agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin. 223

Léaráid A4.11: Ionaid na bpointí samplála móna ar Phortach Chill Taobháin agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin. 224

Léaráid A4.12: Ionaid na bpísiméadar agus pointí samplála tarathar gúiste ar Phortach Chill Taobháin agus sa réimse cóngarach dó, Limistéar SAC Loch Rí 225

Léaráid A4.13: Mapa dromchla fhoshraith móna de Phortach Chill Taobháin agus an limistéar díreach soir uaidh, ag teannadh leis na réimsí is cóngaraí de phortach DRB, Limistéar SAC Loch Rí. 226

Léaráid A4.14: Trasghearradh geolaíochta arna riomh de réir sonraí geoifisice agus geolaíochta le traschrios ERT R4 ar Phortach Chill Taobháin; (Thíos) Torthaí Suirbhéireacht ERT maidir le traschrios ERT R4, Portach Chill Taobháin, Limistéar SAC Loch Rí. 227

Léaráid A4.15: Comhrianta tiús tille ar Phortach Chill Taobháin, Limistéar SAC Loch Rí. 227

Léaráid A4.16: Comhrianta tiús tille ar Phortach Chluain Creamha, Limistéar SAC Loch Rí. 228

Léaráid A4.17: Scéimléaráid lena léirítear an tionchar a bhíonn ag draenáil móna ar leibhéil uisce agus ar an ábhar orgánach. 230

Léaráid A4.18: Léiriú ar an gcoibhneas maidir le hábhar orgánach de réir mar a chonacthas agus mar a samhaltaíodh chomh maith leis an achar ón draein imeallach, Limistéar SAC Loch Rí, Co. Ros Comáin. 231

Léaráid A4.19: Scéimléaráid lena léirítear (1a agus 1b) an tionchar a bhíonn ag fánáin chinniúnacha a tharraingítear de bharr dhraenáil le himeall réimse ar féidir leo an bealach a réiteach do mhaolú suntasach ar bhrú screamhuisce in uiscíoch faoi bhun an phortaigh sa chaoi is go gcuirtear athrú ar chúrsaí eicihidreolaíochta achar fada ón draein. 233

Léaráid A4.20: Léiriú ar an gcosaint a thugann foshraith ar bheagán tréscaoilteachta (faoi dhath dorcha liath) d'uiscíoch faoi bhun portaigh móna ar an tionchar a bheadh ag draenáil imeallach. 234

Léaráid A4.21: Mapa ar a léirítear na fánáin hiodrálach measta ingearacha ar fud Phortach Chill Taobháin. 235

Léaráid A4.22: An réimse de Phortach Chill Taobháin ar féidir leanúint de mhóin a bhaint air gan cur isteach ar phortach ARB ná ar phortach DRB taobh istigh de Limistéar SAC Loch Rí 236

Léaráid A4.23: An réimse de Phortach Chluain Creamha ar féidir leanúint de mhóin a bhaint air gan cur isteach ar phortach ARB ná ar phortach DRB taobh istigh de Limistéar SAC Loch Rí 237

Léaráid A5.1 Scéimléaráid de ghnáthchainéal draenála agus cainéal dhá chéim 239

Léaráid A5.2 Na fo-abhantrachtaí draenála is tábhachtaí maidir le Portach Cheathrú na gCapall 240

Léaráid A5.3 Mapa ar a leagtar amach na bearta bainistíochta a meastar gá leo maidir le draenáil i Limistéar SAC Phortach Cheathrú na gCapall 242

2b:creative +44(0)28 92 669888

An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

NATURA 2000

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
7 Plá Íle
Baile Átha Cliath 2, DO2 TW98, Éire

t: +353-53-9117384/9117456 e: peatlandsmanagement@chg.gov.ie w: www.npws.ie www.chg.gov.ie